# Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na Ráitis Airgeadais **2020**

Líonraí Gáis Éireann

gasnetworks.ie

# Clár Ábhar


| | |
|---|---|
| Stiúrthóirí agus Eolas Eile | 2 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 3 |

## Ráitis Airgeadais 44

| | |
|---|---|
| Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách | 45 |
| Ráiteas faoi Ioncam an Ghrúpa | 56 |
| Ráiteas Grúpa faoi Ioncam Cuimsitheach Eile | 57 |
| Clár Comhardaithe Grúpa | 58 |
| Ráiteas an Ghrúpa faoi Athruithe ar Ghnáthscaireanna | 59 |
| Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreafaí Airgid | 60 |
| Nótaí le Ráitis Airgeadais an Ghrúpa | 61 |
| Clár Comhardaithe na Cuideachta | 116 |
| Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe sa Chothromas | 117 |
| Ráiteas na Cuideachta ar Shreafaí Airgid | 118 |
| Nótaí a ghabhann le Ráitis Airgeadais na Cuideachta | 119 |

# Stiúrthóirí agus Eolas Eile

| | |
|---|---|
| **Stiúrthóirí** | Cathal Marley (Cathaoirleach)<br>Brendan Murphy<br>Edwina Nyhan<br>Denis O'Sullivan<br>Michael O'Sullivan<br>Liam O'Sullivan |
| **An Rúnaí** | Liam O'Riordan |
| **Oifig Chláraithe** | Bóthar na n-Oibreacha Gáis<br>Corcaigh<br>Éire |
| **Dlíodóirí** | McCann Fitzgerald<br>Riverside One<br>Cé Sir John Rogerson<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Iniúchóir** | Deloitte Ireland LLP<br>Cuntasóirí Cairte & Comhlacht Iniúchóireachta Reachtúla<br>6 Cé an Lapaigh<br>Corcaigh |
| **Baincéirí** | AIB<br>Bosca Poist 71<br>An Meal Theas<br>Corcaigh |
| **Uimhir Chuideachta** | 555744 |

## Tuarascáil na Stiúrthóirí

# Cuireann Stiúrthóirí Líonraí Gáis Éireann (“na Stiúrthóirí”) a dtuarascáil Stiúrthóirí agus ráitis airgeadais an Ghrúpa i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Príomhghníomhaíochtaí, Forbhreathnú Cuideachta agus Samhail Ghnó

Corpraíodh Líonraí Gáis Éireann ("an Chuideachta") ar an 13 Eanáir 2015 mar fhochuideachta de chuid Ervia faoi úinéireacht 100% agus thosaigh an chuideachta ag trádáil ar an 1 Lúnasa 2015. Fochuideachtaí de chuid na Cuideachta iad GNI (RA) Teoranta, Líonraí Gáis Éireann (IOM) DAC agus Aistriú Sheirbhísí Líonra DAC (Oibreoir Neamhspléach Chóras Gaslink DAC a thugtaí air roimhe sin) agus tá siad ina gcuid de Ghrúpa Líonraí Gáis Éireann ("an Grúpa") agus Ervia mar mháthairchuideachta dheiridh an Ghrúpa.

Fóntas líonra rialáilte atá sa Chuideachta, agus í á rialáil ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntas ("CRU").

Is í príomhghníomhaíocht na Cuideachta ná gás nádúrtha a iompar thar ceann gach custaiméir gáis. Tá an Chuideachta ina húinéir ar, agus oibríonn, tógann agus déanann sí cothabháil ar líonra gáis tarchurtha agus dáileacháin den chéad scoth a chuimsíonn 14,617 ciliméadar de phíblínte lena n-áirítear dhá idirnascaire agus píblíne faoin bhfarraige in Albain, i dTuaisceart Éireann agus ar Oileán Mhanann.

Tá tábhacht straitéiseach ar leith le gás nádúrtha do gheilleagar na hÉireann, arb ionann é agus thart ar 31% de phríomh-mheascán fuinnimh na hÉireann agus a ghineann thart ar 51.9% de leictreachas na hÉireann. Ós rud gurb é an gás nádúrtha an breosla iontaise is glaine, is é an ceann is éifeachtúla le dul in éineacht le fuinneamh in-athnuaite eadrannach ar nós gaoithe agus gréine. Freisin soláthraíonn an líonra gáis cúltaca agus solúbthacht riachtanach don eangach leictreachais nuair a théann leibhéil na gaoithe i laghad, gné a bhíonn ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí agus giniúint leictreachais in-athnuaite eadrannaigh ag dul i méid i gcónaí. Agus é ar fáil faoi láthair i 22 chontae in Éirinn, agus níos mó ná 706,000 custaiméir gnó agus cónaitheach ag brath air, creidimid go bhfuil ról tábhachtach ag gás nádúrtha maidir le cuidiú le hÉirinn a spriocanna timpeallachta a bhaint amach ar an mbealach is cost-éifeachtúla agus is féidir, go gearrthéarmach, go meántéarmach agus go fadtéarmach.

Tá an tsábháilteacht agus béim láidir ar chustaiméirí ag croílár an bhealaigh a oibríonn an gnó, chomh maith le héiteas gnó, a léiríonn a freagracht as bonneagar mór gáis a chuireann le dul chun cinn sóisialta eacnamaíoch na hÉireann agus lena spriocanna comhshaoil.

Gníomhaíonn Aurora Telecom, ainm trádála de chuid na Cuideachta, mar sholáthraí seirbhíse mórdhíola, rochtana oscailte d'oibreoirí teileachumarsáide agus do chustaiméirí gnó, agus é ag soláthar seirbhísí snáithín dhorcha agus bandaleithid bhainistithe.

## Taifid Chuntasaíochta

Creideann na stiúrthóirí go bhfuil siad tar éis ceanglais Alt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, maidir leis an oibleagáid atá orthu leabhair chuntais leordhóthanacha a choinneáil, a chomhlíonadh, óir fostaítear foireann chuntasaíochta a bhfuil saineolas cuí acu agus cuirtear leoracmhainní ar fáil don fheidhm airgeadais. Coimeádtar taifid chuntasaíochta na Cuideachta ar Bhóthar na n-Oibreacha Gáis, Corcaigh.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Torthaí don Bhliain agus Díbhinní

Tá na torthaí don bhliain leagtha amach sa ráiteas ioncaim agus sna nótaí gaolmhara. B'ionann an t-ioncam don bhliain agus €447 milliún (2019: €470 milliún) agus b'ionann an brabús tar éis cánach agus €94 milliún (2019: €109 milliún). Ba é méid iomlán shócmhainní an Ghrúpa ná €2.7 billiún (2019: €2.8 billiún) agus dliteanais de €1.6 billiún (2019: €1.7 billiún) ag deireadh na bliana.

D'ainneoin na ndúshlán éagsúil ar tugadh aghaidh orthu de thoradh COVID-19, ní raibh tionchar ábhartha aige ar an bhfeidhmíocht airgeadais le haghaidh na bliana. Tar éis fhaomhadh na Stiúrthóirí, íocadh díbhinn ar luach €47.28 milliún (2019: €54.4 milliún) le Ervia i rith na bliana airgeadais.

## Taighde agus Forbairt

Gabhann Líonraí Gáis Éireann do thionscadail nuálacha chun earnáil an fhuinnimh a fhorbairt agus tacú le fuinneamh níos glaine sa todhchaí. Ina measc siúd tá tionscadail i réimsí an Gháis Nádúrtha Chomhbhrúite ('GNC') agus Gás In-athnuaite. Déantar tuilleadh breithniú orthu siúd faoin gceannteideal 'Abhcóideacht Gáis'.

## Athbhreithniú ar an nGnó agus Forbairtí sa Todhchaí

Tá Líonraí Gáis Éireann tiomanta do na caighdeáin sábháilteachta is airde ar fad agus le linn 2020, leanamar orainn ag bainistiú ghnéithe uile na n-oibriúchán ar bhealach sábháilte agus freagrach ó thaobh na timpeallachta de.

In 2020, b'ionann toirt iomlán an gháis a iompraíodh tríd an líonra gáis d'Éirinn, do Thuaisceart Éireann agus d'Oileán Mhanann agus thart ar 76.3 TWh. D'ainneoin thionchar COVID-19, bhí an t-éileamh gáis i 2020 ar aon dul den chuid is mó leis an éileamh i 2019.

Le linn na bliana airgeadais, sholáthair gáscheantar na Coiribe 34.4% de riachtanais gháis Phoblacht na hÉireann, iompórtáladh 63.9% ón Ríocht Aontaithe agus tháinig an chuid eile den ghás ón áit stórála i ngáscheantair Chionn tSáile a stad den táirgeadh i mí Iúil 2020.

Tá trácht ar thionchar an Bhreatimeachta leagtha amach thíos faoi 'Príomhrioscaí agus Príomhréimsí Éiginnteachta'.

### Rialú Praghsanna

I mí Lúnasa 2017, d'eisigh an CRU a chinneadh maidir le Rialú Praghais a ceathair (RP4) lena socraítear an leibhéal ioncaim a bhfuil Líonraí Gáis Éireann ceadaithe a aisghabháil chun a ghnó a rith ó Dheireadh Fómhair 2017 go mí Mheán Fómhair 2022. Ciallaíonn an cinneadh go mbaileoidh Líonraí Gáis Éireann ioncam iomlán de €1,913.6 milliún i gcaitheamh na tréimhse. Tá ullmhúcháin ar siúl anois le haghaidh na tréimhse nua de rialú praghsanna toisc go rachaidh RP4 in éag i mí Mheán Fómhair 2022.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Rialacháin agus Táillí

Ar leibhéal an AE, tá na Cóid Líonra AE reatha curtha i bhfeidhm go hiomlán anois. Dá bharr sin, aistrítear an bhéim chuig an athbhreithniú atá le teacht ón gCoimisiún Eorpach ar chreat reachtaíochta gáis an AE, a mheastar go gcuirfear ar fáil é i 2021 agus ar na Cóid Líonra nua a thiocfaidh chun cinn mar thoradh ar an athbhreithniú. Chuige sin, leanann an Chuideachta ar aghaidh ag glacadh páirte i meithleacha oibre éagsúla cumainn gháis san AE, atá dírithe ar thionchar a imirt ar an athbhreithniú ar an reachtaíocht gáis agus ar chur le staidéir ghaolmhara teicniúla agus rialála. Beidh tionchar ag an 'Comhaontú Glas' a d'fhógair an Coimisiún Eorpach i mí na Nollag 2019 ar an athbhreithniú ar reachtaíocht gáis agus is dóchúil go ndíreofar ann ar gháis in-athnuaite.

Ríomhadh na taraifí gais le haghaidh na bliana 2020/21 ar bhonn an tsraith iomlán cinntí a baineadh Ó Chód Líonra Taraife an AE (AE 2017/460) ('TAR NC'). Chuimsigh sé sin an cinneadh na costais gháis chraptha a aisghabháil laistigh d'ioncam rialáilte den chéad uair. Léiríonn na taraifí tarchurtha le haghaidh 20/21 méadú c.8% ón mbliain roimhe, atá spreagtha go príomha ag na costais chraptha sin a chur san áireamh agus méadú ina dhiaidh sin ar ioncam le haghaidh na tréimhse sin. Léiríonn na taraifí dáileacháin le haghaidh 20/21 méadú thart ar 5% ón mbliain roimhe. Bhí plé gníomhach ag an gCuideachta leis an CRU chun na méaduithe taraife sin a chuíchóiriú le linn tréimhse d'éiginnteacht eacnamaíoch de thoradh phaindéim COVID-19. Sa deireadh, mar thoradh ar an bplé sin, ceadaíodh na taraifí gáis le haghaidh na tréimhse sin a dhaingniú agus a aontú leis an CRU. Chuir an Chuideachta fáilte roimh an gcinneadh sin mar an gcur chuige b'oiriúnaí i dtreo an ioncam sin a aisghabháil, ar aon dul leis na blianta roimhe.

Tá an chomhchomhairle faoi Airteagal 28 TAR NC, ar athbhreithniú bliantúil é chun comhchomhairle a reáchtáil faoin leibhéal reatha iolraitheoirí agus fachtóirí séasúracha le haghaidh táirgí acmhainne neamhbhliantúla, agus leibhéal na lascainí ar tháirgí (e.g. Sreabhadh Contrátha Fíorúil) ar siúl. Dá ndéanfaí aon athruithe ar an gcaoi a bpléitear leis na réimsí sin faoi láthair, d'fhéadfadh go mbeadh tionchair acu siúd ar aisghabháil ioncaim agus ar shocrú taraifí gáis le haghaidh na tréimhse/na dtréimhsí ábhartha. Tá an Chuideachta i mbun idirchaidrimh leis an CRU agus le páirtithe leasmhara eile chun cinntiú go dtuigtear athruithe féideartha sna réimsí sin, agus a dtionchar ar aisghabháil ioncaim/shocrú taraifí le haghaidh na dtréimhsí amach anseo. D'fhoilsigh an CRU a chomhchomhairle ar Airteagal 28 i mí Feabhra 2021 agus tiocfaidh deireadh leis an gcomhchomhairle i mí an Mhárta 2021. Déanfaidh an CRU breithniú ar thoradh an phróisis chomhchomhairle agus beidh aon chinntí a dhéanfar cuimsithe sa phróiseas um shocrú taraifí le haghaidh 2021/2022. Foilseofar na Taraifí nuashonraithe don Líonra Tarchurtha Gáis, a chuimseoidh an toradh ar chinneadh an CRU i mí an Mheithimh 2021.

I gcomhréir le Cód Líonra an AE maidir le Cothromú Gáis de Líonraí Tarchuir (2014/312), thosaigh an Chuideachta ag trádáil ar an Ardán Trádála Gáis de chuid Energy Broking Ireland i Meitheamh 2018 chun an gás atá de dhíth leis an líonra a chothromú go fisiciúil (is é sin chun an brú a choinneáil laistigh de réimsí oibriúcháin) a fháil. I mí Aibreáin 2019, tar éis comhchomhairle le rannpháirtithe sa mhargadh gáis agus leis an CRU, thug an Chuideachta isteach athruithe ar an gcóras chun teacht isteach a réiteach agus baineadh/leasaíodh lamh____áltais áirithe. I mí an Mheithimh 2019, bhain an Chuideachta amach córasú iomlán ar Phointe Idirnaisc Bhaile Mhic Ghormáin. Mar thoradh ar na bearta sin, baineadh comhlíonadh iomlán an Chód Cothromaithe Líonra amach.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Rialacháin agus Taraifí (ar lean)

Tá clárlann deimhnithe curtha i bhfeidhm ag an gCuideachta le haghaidh gáis in-athnuaite insteallta eangaí in Éirinn. Uirlis atá sa chlárlann a dhéanann taifeadadh ar chainníochtaí de ghás inathnuaite arna n-instealladh, arna malartú nó arna ndíol; agus dá bharr sin, a rianaíonn gach móilín gáis in-athnuaite a tháirgtear. Déanfar cinnte leis go mbeifear in ann gás in-athnuaite a dheimhniú agus go gcuirfidh sé le spriocanna na hÉireann um athrú aeráide. I 2020, mhol Líonraí Gáis Éireann reachtaíocht don Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ('DECC') le cur i bhfeidhm i bPoblacht na hÉireann ('ROI') chun Líonraí Gáis Éireann a shannadh mar an Comhlacht Eisiúna chun Ráthaíochtaí Bunaidh do ghás in-athnuaite a eisiúint le haghaidh ROI, i gcomhréir le hAirteagal 19 den Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite 2018/2001/CE (RED II). Tá an moladh sin á bhreithniú ag DECC faoi láthair.

Tá an Chuideachta fós i mbun idirchaidrimh leis an CRU agus leis an DECC maidir leis an Rialachán ar Shlándáil an tSoláthair Gáis (AE 2017/1938), a tháinig i bhfeidhm i mí na Samhna 2017. Tá obair ar siúl idir an DECC agus an Roinn um Straitéis Ghnó, Fuinnimh agus Tionscail 'Department of Business, Energy and Industrial Strategy/'BEIS') sa Ríocht Aontaithe agus tá an Eangach Náisiúnta agus Líonraí Gáis Éireann rannpháirteach, chun aontú ar shocruithe le haghaidh mheicníocht dlúthpháirtíochta agus cúitimh an Rialacháin seo.

## Maoiniú

Bhí seasamh maoinithe an Ghrúpa láidir arís i 2020. I mí Eanáir, chuir an Grúpa comhaontú saoráide €12m i gcrích le Danske Bank A/S chun maoiniú a chur ar fáil i dtreo an tionscadail Green Connect. Ar an 31 Nollaig 2020, bhí €1,595.6 milliún de shaoráidí tiomanta ag an nGrúpa (2019: €1,585.9 milliún). Ba é luach na n-iasachtaí ar an 31 Nollaig 2020, lasmuigh de Ghrúpa Ervia ná €1,134.4 milliún (2019: €1,186.6 milliún). Tá Líonraí Gáis Éireann rátáilte mar A ag Standard & Poor's agus A3 ag Moody's Investor Services. Leis an rátáil chreidmheasa dhaingean sin cuirtear ar chumas Líonraí Gáis Éireann rochtain a bheith aici ar rogha leathan d'fhoinsí maoinithe agus déantar cinnte gur féidir léi rochtain a fháil ar mhaoiniú ar chostas iomaíoch.

## Abhcóideacht Gáis

I bhFís na Cuideachta 2050, a seoladh i 2019, cuirtear straitéis ar fáil um fhorbairt líonra gáis atá neodrach ó thaobh carbóin. Soláthróidh sé fuinneamh glan solúbtha, a thacóidh le hastaíochtaí a laghdú i ngach earnáil de gheilleagar na hÉireann ar an gcostas is ísle is féidir. Colún lárnach atá sa ghás in-athnuaite i bhfís na Cuideachta mar atá an líonra gáis a dhícharbónú go hiomlán faoi 2050, i dteannta le hidrigin. Is féidir gás in-athnuaite a chur in ionad gáis nádúrtha go héasca agus tá sé ar cheann de na bealaí gur féidir le Líonraí Gáis Éireann astaíochtaí $CO_2$ na hÉireann a laghdú ar fud na n-earnálacha lárnacha mar leictreachas, tionscal, teas agus iompar.

I 2020, tógadh dhá hionad líonta ghasta um GNC agus iad inrochtana don phobal i gCluain Sceach i mBaile Átha Cliath agus ar Bhóthar Bhéal Átha Síomóin i Luimneach. Osclaíodh an dara hionad líonta ghasta um GNC atá inrochtana don phobal sa tír i stáisiún peitril Circle K i gCaiseal mar chuid den líonra náisiúnta forbartha atá dírithe ar breosla glan a chur ar fáil d'earnáil na bhFeithiclí Earraí Troma.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Abhchóideacht Gáis (ar lean)

I mí na Bealtaine 2020, dearbhaíodh an chéad saoráid insteallta sainchuspóra in Éirinn sa Chois, Co. Chill Dara mar phointe isteach agus chuaigh sé in éineacht leis an gCoirib mar cheann den dá fhoinse dhúchasach gáis ar líonra gáis na hÉireann (tar éis gur dúnadh gáscheantar Chionn tSáile i mí Iúil 2020). Chuaigh gás in-athnuaite arna tháirgeadh go háitiúil isteach sa líonra gáis agus Tesco agus Diageo ag ceannach gás in-athnuaite óna gcuid dramhaíola bia agus dí chun a gcuid oibríochtaí a chumhachtú.

Leanann an Chuideachta ar aghaidh ag glacadh páirte i roinnt fóram agus tionscnamh gáis in Éirinn agus san Eoraip, a dhéanann measúnú ar an gcaoi a bhféadfaí hidrigin a iompar agus líonraí gáis reatha á n-úsáid. I 2020 thóg an Chuideachta líonra dáileacháin neamhspleách i Scioból an Bhrúnaigh chun ligean dúinn tástáil a dhéanamh ar an gcaoi a bhfeidhmíonn meascáin de ghás nádúrtha agus de hidrigin sa líonra agus freisin le fearais le sruth.

Chlúdaigh caiteachas caipitil de €112 milliún (2019: €110 milliún) cláir leanúnacha chun sábháilteacht agus iontaofacht an líonra a fheabhsú i 2020. Ina theannta sin sholáthair an Chuideachta níos mó ná 39,700 ordú um obair chothabhála bheartaithe ar fud líonraí tarchurtha agus dáileacháin. Cé go raibh tionchar ag an gcur chuige náisiúnta agus ag srianta chun scaipeadh COVID-19 a shrianadh ar chur i gcrích oibreacha caipitil i R2 2020, aisghabhadh cion mór de sin nuair a thosaigh gníomhaíochtaí tógála arís í mí an Mheithimh 2020.

Tá Líonraí Gáis Éireann tiomanta chun seirbhís a chur ar fáil do chustaiméirí ar dtús. I 2020, sholáthair an Chuideachta seirbhísí ardchaighdeáin do níos mó ná 706,000 custaiméir tí agus gnó. D'ainneoin na ndúshlán a bhí romhainn mar thoradh ar COVID-19, thug ár gcuid custaiméirí scór láidir dúinn fós le aghaidh seirbhíse agus mar gur léirigh muid ár luachanna branda mar atá Sábháilteacht, Ionracas, Feidhmíocht, Comhar agus Seirbhís do Chustaiméirí.

Rinneadh an Plean Bainistíochta Teagmhais de chuid Bhainistíocht Gáis Mhiondíola ('PBTBGM') a ghairm i mí an Mhárta 2020, an lá céanna ar dhearbhaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte go raibh COVID-19 catagóirithe mar phaindéim dhomhanda. Faoin PBTBGM tionóladh meitheal oibre a bhí déanta suas de Líonraí Gáis Éireann, den CRU agus de mhiondíoltóirí gáis mhiondíola. Ba é céad bheart an ghrúpa ná creidmheas éigeandála a mhéadú do chustaiméirí Íoc mar a Úsáidtear. Cuireadh é sin i bhfeidhm i mí an Mhárta chun cabhrú le custaiméirí féinleithlisithe a gcuid gáis a choimeád ar siúl. Freisin cuireadh i bhfeidhm próiseas athraitheach um oibreacha láithreáin chun cinntiú go dtabharfaí tosaíocht d'oibreacha riachtanacha. Cuireadh srian le hobair allamuigh áfach, ar aon dul leis an treoir sláinte poiblí. Agus iad ag obair le soláthraithe gáis, dhear Líonraí Gáis Éireann agus chuir siad i bhfeidhm próiseas margaidh nua a cheadaigh do chustaiméirí gáis in earnáil na FBManna iarratas a dhéanamh ar tharscaoileadh muirir acmhainne áit ar cuireadh iallach orthu oibríochtaí a stadadh mar thoradh ar COVID-19. Bhí an scéim, ar tugadh an 'Scéim um Chur ar Fionraí Soláthair' i bhfeidhm ar feadh 3 mhí ó mhí Bhealtaine go mí Iúil, agus bhí 2,263 iarratas próiseáilte go rathúil trí chóras láimhe den chuid is mó agus baineadh amach coigiltis de €1.4 milliún do chustaiméirí gnó mar thoradh air.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Abhchóideacht Gáis (ar lean)

Éascaíonn Líonraí Gáis Éireann an próiseas le haghaidh custaiméirí gáis atá ag aistriú ó sholáthraí gáis amháin go soláthraí eile. I 2020, bhí 9 soláthraí miondíola iomaíocha gníomhach i margadh na hÉireann. Le linn na tréimhse ó Eanáir 2020 go Nollaig 2020, d'athraigh os cionn 113,000 custaiméir gáis a soláthraí. Ó osclaíodh an margadh gáis i gcomhair iomaíochta i 2004, próiseáladh níos mó ná 1.25 milliún athrú soláthraí.

## Príomhtháscairí Feidhmíochta

Déanann na Stiúrthóirí monatóireacht ar fheidhmíocht trí úsáid a bhaint as tacar príomhtháscairí feidhmíochta airgeadais agus eile mar atá leagtha amach thíos.

| Príomh-Tháscaire Feidhmíochta | BA 2020 | BA 2019 |
|---|---|---|
| Ráta Minicíochta Iomlán na dTeagmhas Ama Chaillte – Fostaithe (>1 lá #/100k uair an chloig*) | 0.11 | 0 |
| Freagairt Éigeandála | 29 nóim | 27 nóim |
| Seirbhís do Chustaiméirí - Réiteach Chéad Theagmhála | 91% | 84% |
| Ceangail Nua (méid conraithe GWh) | 635 | 769 |
| Rátáil Chreidmheasa Moody's | A3 Dearfach | A3 Seasta |
| Rátáil Chreidmheasa S&P | A Seasta | A Seasta |
| TRÚCDA | €265m | €284m |
| **Comhshaol** | | |
| % Athchúrsáil Dramhaíola | 99% | 99% |
| Úsáid Uisce M3 in aghaidh na bliana | 20,121 | 9,240 |
| Monatóireacht Fuinnimh na hEarnála Poiblí agus Sprioc Tuairiscithe de 33% sáraithe | 47% | 45% |
| **Fostaí** | | |
| Oiliúint (Laethanta) | 599 | 1,198 |
| **Sóisialta** | | |
| Uaireanta Saorálaí | 586 | 1,460 |

Úsáidimid an Ráta Minicíochta Teagmhas Ama Caillte (RMTAC) le haghaidh líon na dtimpistí fhostaithe in aghaidh gach 100,000 uair an chloig a oibrítear a bhfuil de thoradh air gur gá do bhall foirne > 1 lá a thógáil ón obair a rianú

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha

Tá an Grúpa agus an Chuideachta neamhchosanta ar roinnt mhaith rioscaí de bharr castacht rialaithe agus oibriúcháin ár ngnó. Má bhíonn tuiscint againn ar na rioscaí agus na deiseanna féideartha sin, beidh an Grúpa agus an Chuideachta in ann cinntí níos eolaí a dhéanamh, agus luach breise a bhaint amach dár gcuid páirtithe leasmhara dá bharr.

Ó thaobh riosca, bliain dhúshlánach ab ea 2020 don chuid is mó de ghnóthais, agus Líonraí Gáis Éireann san áireamh. Thug an chuideachta aghaidh go díreach ar an dúshlán seo i dtaobh COVID-19 áfach agus chuir sí a cuid Pleananna Leanúnachais Ghnó agus struchtúir Bainistíochta Géarchéime i bhfeidhm i mí an Mhárta. Bhí tionchar suntasach ag paindéim COVID-19 ar ár bpróifíl riosca agus ábhar machnaimh lárnach ab ea é agus na rioscaí atá leagtha amach thíos á mbainistiú. Ina theannta sin, rinne an chuideachta pleanáil éifeachtach i gcomhair rioscaí a bhaineann le fachtóirí/fachtóirí spreagtha seachtracha eile mar an Breatimeacht agus athrú aeráide. Rinne Líonraí Gáis Éireann infheistíocht i dtionscnaimh inbhuanaitheachta agus straitéisí fadtéarmacha mar GNC, gás inathnuaite agus hidrigin.

Tá creat cuimsitheach riosca ag an nGrúpa atá tacaithe ag beartas agus nósanna imeachta riosca Ervia. Cuimsíonn sé sin próisis chun príomhrioscaí a aithint, meicníochtaí chun rialuithe a dhearadh agus a chur i bhfeidhm agus bearta gaolmhara chun príomhrioscaí a bhainistiú agus chun feasacht faoi rioscaí agus bainistíocht riosca a fheabhsú ar fud na heagraíochta.

Tá próiseas ráithiúil um rialáil riosca i bhfeidhm ag an gCuideachta:

- lena gcinntítear gur riosca tosaíochta atá sa tSábháilteacht agus go mbíonn gach ball foirne gníomhach maidir le rioscaí sábháilteachta a aithint agus a bhainistiú ina réimse faoi seach;
- lena gcuirtear trédhearcacht agus infheictheacht ar fáil maidir le riosca agus bainistíocht riosca ar fud na heagraíochta chun tacú leis an gCuideachta lena cuid freagrachtaí a chomhlíonadh;
- lena dtugtar faoi athbhreithniú ar an timpeallacht inmheánach agus seachtrach chun rioscaí nua agus forbartha a mheas chomh maith le rioscaí a mbeadh tionchar mór ag gabháil leo agus gur beag an dóchúlacht go dtiocfaidh siad chun cinn agus aon athruithe ar rioscaí aitheanta agus chun deiseanna a aithint;
- lena ndéantar breithniú ar bhainistíocht páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, cur i gcrích straitéis agus oibríochtaí gnó leanúnacha na Cuideachta;
- lena n-aithnítear nádúr, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá os comhair na Cuideachta;
- lena ndéantar tionchar rioscaí aitheanta agus an dóchúlacht go dtarlóidh siad a mheas;
- lena ndéantar measúnú ar chumas na Cuideachta na rioscaí a d'fhéadfadh a tharlú a bhainistiú agus a mhaolú trí rialuithe agus bearta cuí a chur i bhfeidhm; agus
- lena dtuairiscítear próifíl riosca an Ghrúpa do Choiste Bainistíochta Riosca Ghrúpa Ervia agus ar aghaidh go Bord Líonraí Gáis Éireann agus do Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Bhord Ervia.

## Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha (ar lean)

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

Chun príomhrioscaí agus príomh-éiginnteachtaí na Cuideachta a shocrú, i measc na bpríomhábhar a dhéanaimid a mheas tá an timpeallacht sheachtrach, plé lenár bpáirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, agus an cur chuige i dtreo bhainistíocht riosca fiontair. Measann na Stiúrthóirí gurb iad na rioscaí atá leagtha amach thíos na príomhfhachtóirí riosca a d'fhéadfadh go mbeadh éifeacht ábhartha agus drochéifeacht acu ar bhrabúis oibriúcháin nó ar sheasamh airgeadais na Cuideachta.

Bainistíonn Líonraí Gáis Éireann rioscaí maidir le cearta daonna, ábhair shóisialta agus fhostaí agus frithbhreabaireacht agus frithéillitheacht ina sheasamh beartais, a straitéis, a fheidhmíocht agus a chinnteoireacht, ach dar linne ní hiad na príomhrioscaí iad atá os comhair na heagraíochta faoi láthair.

Scarfaidh Ervia agus a chuid fochuideachtaí (Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann) mar dhá fhochuideachta neamhspleácha ó thaobh oibríochtaí i 2022 agus ó thaobh an dlí i 2023; tá clár daingean oibre ar siúl agus rialachas láidir tionscadail i bhfeidhm agus ní mheastar gur príomhriosca é do Líonraí Gáis Éireann faoi láthair.

**Sláinte agus Sábháilteacht:** D'fhéadfadh eachtra mhór sláinte agus sábháilteachta dul i bhfeidhm go mór ar fhostaí, ar chonraitheoir nó ar an bpobal i gcoitinne agus dochar mór a dhéanamh dóibh. D'fhéadfadh go dtarlódh riosca ó thaobh éillithe, shláinte an phobail nó shlándáil soláthair mar thoradh ar fhadhb chomhshaoil. Tá an Chuideachta tiomanta do na caighdeáin sábháilteachta is airde ar fad agus do gach gné d'oibríochtaí a bhainistiú go sábháilte agus go freagrach. Feidhmíonn an Chuideachta córas cuimsitheach um bainistíocht sábháilteachta atá deimhnithe go ISO45001 lena gcinntítear go ndearann, go dtógann, go n-oibríonn agus go gcothabhálann sí an líonra agus úsáid á baint as foireann ag a bhfuil inniúlacht theicniúil chun na leibhéil is airde d'fheidhmíocht sábháilteachta a chur ar fáil. Cuireann an Chuideachta tionscnaimh shábháilteachta chun cinn ar fud an fhiontair.

**COVID-19:** Breoiteacht ar scála mór i measc fostaithe de thoradh eipidéime nó paindéime (bagairt COVID-19) a théann i bhfeidhm ar dhaonra na hÉireann, agus a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar shláinte agus ar fholláine fostaithe, ar oibríochtaí, ar sholáthar seirbhísí agus ar an tslabhra soláthair. Tá foirne Bainistíochta Géarchéime ('FBGanna') i bhfeidhm agus leantar ar aghaidh ag plé le páirtithe leasmhara lárnacha (FSS, HAS, CRU agus Ranna Rialtais). Tá socrú leanúnachais ghnó agus teagmhasacha i bhfeidhm agus cuirtear i bhfeidhm iad agus déantar tástáil orthu de réir mar a fhorbraíonn an scéal. Tá formhór na bhfostaithe ag obair ón mbaile agus oibrithe riachtanacha aitheanta le haghaidh oibre oifige/allamuigh/láithreáin agus rialuithe tacaíochta COVID-19 i bhfeidhm de réir pleananna freagartha. Tá próiseas comhordaithe um theachtaireachtaí d'fhostaithe ar siúl ag na FBGanna tríd an gclár 'Sábháilte ag an Obair Sábháilte sa Bhaile' ar fud an fhiontair. Tá Plean Freagartha COVID-19 i bhfeidhm ag Líonraí Gáis Éireann chomh maith le Plean um Dhéileáil le COVID-19 a dhéantar a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta ar aon dul le treoirlínte an Rialtais. Déantar measúnuithe cuimsitheacha riosca COVID-19 ar fud ár gcuid oifigí / láithreán le haghaidh cuairteanna riachtanacha ar oifigí/láithreáin. Lean an Clár Infheistíochta Caipitil ar aghaidh le haghaidh oibreacha riachtanacha agus tá an Chuideachta ag obair i ndlúthpháirt lenár gcuid conraitheoirí chun aon éilimh a bhainistiú a thagann chun cinn ó shrianta COVID-19.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha (ar lean)

**Fás agus Dícharbónú:** Tá dícharbónú fuinnimh fós ar cheann de na dúshláin mhóra atá roimh Éirinn. Dírítear le beartais fhuinnimh an AE agus na hÉireann ar an laghdú fadtéarmach ar úsáid breoslaí iontaise, gás nádúrtha (arb é an breosla iontaise is glaine) san áireamh agus mar thoradh air sin ní úsáidtear go leor an líonra gáis agus méaduithe taraife. Measann Líonraí Gáis Éireann go bhfuil gá le tacaíocht beartais agus dreasachtaí airgeadais chun tionscal gáis inathnuaite na hÉireann a fhorbairt. Tá baol ann nach bhforbródh tionscal gáis inathnuaite mura dtiocfadh na dreasachtaí agus na tacaí sin chun cinn.

Tá Líonraí Gáis Éireann geallta chun bheith chun tosaigh i bhforbairt bonneagair agus i soláthar seirbhíse in Éirinn atá comhlíontach agus inbhuanaithe trí chinntiú go n-aithnítear ról líonra gáis dícharbónaithe (i gcomhpháirt le leictreachas in-athnuaite) i gcóras fuinnimh na hÉireann amach anseo, agus go dtuigtear é i measc príomh-pháirtithe leasmhara agus go bhfuil meas acu air. Tá an Chuideachta ag infheistiú i dtionscnaimh inbhuanaitheachta agus i straitéisí fadtéarmacha mar GNC, gás in-athnuaite agus chun cinntiú go bhfuil an líonra gáis réidh le hidrigin a bhogadh agus a stóráil.

Tá GNC bunaithe ag Líonraí Gáis Éireann mar fhoinse mhalartach breosla i gcomhair feithiclí earraí troma, chun tacú le dícharbónú in earnáil an iompair agus tá sé ag stiúradh an chláir oibre in-athnuaite trí shaoráidí insteallta um ghás in-athnuaite a thabhairt isteach ar a líonra. Tá Líonraí Gáis Éireann agus Ervia ag déanamh iniúchta faoi láthair ar indéantachta na dteicneolaíochtaí hidrigine le cuimsí san eangach gháis. Tá an Chuideachta tiomanta chun aistriú go líonra gáis inathnuaite chun tacú le fás eagraíochta agus geilleagar ísealcharbóin inbhuanaithe.

Ábhar spreagtha é tacaíocht na hEorpa don Hidrigin agus tá spéis sa Hidrigin mar earnáil fhuinnimh sa todhchaí ag dul i méid. Tá sprioc um instealladh eangach bith-mheatáin (1.6 TWh faoi 2030) sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i lár 2020. Tá DECC ag obair faoi láthair ar chás gnó do scéim tacaíochta do bhithmheatán agus tá Líonraí Gáis Éireann ag tabhairt ionchuir dó.

Tá prionsabail na hinbhuanaitheachta agus an dícharbónaithe ag croílár cinntí gnó agus straitéiseacha. Tá ár gcreat Inbhuanaitheachta tacaithe ag na trí cholún – eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaol agus ag sé cinn de Spriocanna na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe (‘UNSDGs’).

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha (ar lean)

Shínigh Líonraí Gáis Éireann an Gealltanas Ísealcharbóin, Tionscnamh Gnó sa Phobal do ghnóthais na hÉireann chun am agus acmhainní a infheistiú in oibríocht níos inbhuanaithe a chruthú, trí héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus úsáid carbóin a laghdú. Díríonn an Gealltanas Ísealcharbóin ar fhoinsí astaíochta Scóip 1 agus Scóip 2 a thaifeadadh agus a laghdú ach tá Líonraí Gáis Éireann ag díriú ar fhoinsí astaíochta ina dhiaidh sin. I 2020 thug Líonraí Gáis Éireann aighneacht don Tionscadal Nochta Carbóin ('TNC') den chéad uair. Creidiúnú chun tosaigh ar an domhan atá i TNC do chuideachtaí agus do chathracha chun tionchar a gcuid oibríochtaí ar an gcomhshaol a nochtadh. Is í an aidhm atá i gceist leis ná glacadh le tuairisciú i leith an chomhshaoil agus bainistíocht riosca mar ghnáth gné den ghnó, chun nochtadh, léargais agus beart i dtreo domhain inbhuanaithe a spreagadh. I 2020 bronnadh rátáil TNC de B- ar an gCuideachta, ar éacht suntasach é do rannpháirtí céaduaire. Freisin d'fhoilsigh an Chuideachta a dara Tuarascáil Inbhuanaitheachta "Sustainability in Action" i 2020.

Déantar breithniú ar thionscnaimh bhreise faoi 'Inbhuanaitheacht' thíos.

**Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais:** Mar gheall ar ghníomhaíochtaí Líonraí Gáis Éireann bíonn sé nochta do roinnt rioscaí airgeadais: riosca creidmheasa, riosca leachtachta agus riosca ráta úis. Déanann an Chuideachta monatóireacht ar agus tugann sí faoi mheasúnú tionchair ar aon eachtraí macrai-eacnamaíocha a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an ngnó e.g. an Breatimeacht agus COVID-19 chun cinntiú nach mbíonn aon drochthionchar acu ar bhaint amach spriocanna gnó na Cuideachta.

Bhunaigh an Chuideachta polasaithe bainistithe riosca chun na rioscaí atá ann don Ghrúpa a shainaithint agus a anailísiú, chun srianta agus rialúcháin riosca a leagan síos agus chun monatóireacht a dhéanamh ar riosca agus a dhéanamh cinnte go gcloítear leis na teorainneacha atá leagtha síos. Déantar na polasaithe agus na córais bhainistithe riosca airgeadais sin a athbhreithniú go rialta chun go mbeidh siad ag teacht le hathruithe sna dálaí margaidh agus le gníomhaíochtaí Líonraí Gáis Éireann. Féach ar nóta 23 de na nótaí airgeadais le haghaidh anailíse iomláine ar spriocanna, beartais agus neamhchosaint na Cuideachta maidir le bainistiú riosca airgeadais.

**Timpeallacht Rialála:** Tá gníomhaíochtaí gnó Líonraí Gáis Éireann faoi réir raon leathan agus fhorbartha d'fhorálacha reachtaíochta agus de rialáil. Tá cláir agus acmhainní tiomnaithe i bhfeidhm chun é sin a bhainistiú, agus glactar cur chuige réamhghníomhach i dtreo plé leis na húdaráis rialála in Éirinn, i dTuaisceart Éireann, sa Bhreatain Mhór agus in AE.

**An Breatimeacht:** Cuireadh Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAE-RA i gcrích idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe ar an 24 Nollaig 2020. Chomh maith le trádáil earraí agus seirbhísí, clúdaítear raon leathan de réimsí eile sa chomhaontú. Déantar soláthar sa chomhaontú chun leanúint ar aghaidh leis na socruithe reatha um thrádáil agus idirnascacht gáis, a d'éascaigh an RA agus a chumhdaigh reachtaíocht ábhartha Fuinnimh an AE i ndlí an RA i rith 2020.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha (ar lean)

Mar thoradh ar an méid thuas, tá Líonraí Gáis Éireann cinnte fós nach mbeidh aon drochthionchar ar shreafaí gáis nádúrtha de thoradh imeacht fhoirmiúil an Ríochta Aontaithe ó AE ar an 31 Nollaig 2020. Tharla sé sin tar éis plé fhairsing thar thréimhse leanúnach le páirtithe leasmhara ábhartha a raibh ina measc oibreoirí eile phíblíne gáis nádúrtha agus rialaitheoirí fuinnimh sa RA agus in Éirinn, chomh maith le páirtithe leasmhara san AE.

Cé nach ngearrfar aon taraifí allmhairithe ná onnmhairithe ar an ngás nádúrtha, ó Eanáir 2021 tá ceanglas riaracháin do GNI (RA) dearbhuithe onnmhairithe a chur faoi bhráid HMRC, agus tá ceanglas ar lastóirí allmhairithe agus Líonraí Gáis Éireann dearbhuithe custaim a chur isteach ar allmhairí gáis nádúrtha ón mBreatain Mhór. I rith 2020 bhí dlúthphlé ag Líonraí Gáis Éireann le HMRC agus Coimisinéirí Ioncaim na hÉireann chun cinntiú go mbeadh an Chuideachta réidh leis na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh.

Freisin tá bearta agus teagmhasachtaí curtha i bhfeidhm ag Líonraí Gáis Éireann chun cinntiú go maolaítear gach ceanglas maidir lena chuid oibríochtaí Slabhra Soláthair, ceanglais Cosanta Sonraí agus go maolaítear aon phríomhnochtuithe eile maidir leis an mBreatimeacht.

Tá Líonraí Gáis Éireann tiomanta leanúint lenár gcuid caidreamh láidir le páirtithe leasmhara chun cinntiú go n-íoslaghdaítear gach riosca féideartha tar éis imeacht an RA ón AE, agus leanfaimid ar aghaidh ag plé leis na páirtithe leasmhara sin (e.g. DECC, CRU, BEIS, Ofgem agus an Eangach Náisiúnta) chuige sin.

**Slándáil Soláthair Líonra:** Mura mbeadh Líonraí Gáis Éireann in ann soláthar leordhóthanach gáis a choimeád chun freastal ar éileamh reatha agus amach anseo d'fhéadfadh go ndéanfaí dochar dá chlú agus dochar airgeadais chomh maith. Tar éis infheistíocht agus soláthar tionscadal mar nascadh píblíne Ar Tír Iardheisceart na hAlban, mhéadaigh cumas na hÉireann freastal ar an éileamh gáis i gcás go mainneodh an bonneagar ba mhó ó 28% (2016) go 85% (2018) (bunaithe ar na sonraí is deireanaí atá ar fáil).

Cuireadh tús le tógáil Sheachbhóthar Bhaile Locha chun iontráil an dá idirnascaire in Éirinn a scaradh. Leis sin éascófar uasrátáil gáis chuig réigiún an iarthair agus cuirfear atreisiú réigiún an deiscirt ar fáil ar oileán na hÉireann.

I 2021, déanfaidh an DECC athbhreithniú ar Shlándáil Soláthair Fuinnimh agus cuirfidh Líonraí Gáis Éireann ionchur agus aiseolas ar fáil ar ár ról mar úinéir agus oibreoir an líonra gáis.

Tuarann an Plean Forbartha Líonra reatha fás i ngach cás agus leanann Líonraí Gáis Éireann ar aghaidh ag cinntiú go gcoimeádtar líonra gáis dianseasmhach, daingean agus sábháilte chun slándáil soláthair a ráthú do chustaiméirí trí hinfheistíocht chuí agus éifeachtúil.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha (ar lean)

**Bonneagar Ríthábhachtach TF:** D'fhéadfadh go dtarlódh dochar do chlú agus dochar airgeadais i gcás cibearionsaí nó sárú sonraí ar shócmhainní teicneolaíochta na faisnéise mar thoradh ar ionsaí seachtrach nó sceitheadh inmheánach sonraí.

***Cibearionsaí:*** Déanann acmhainní tiomanta bainistíocht ar ár mbonneagar criticiúil TF agus béim láidir curtha ar an gcibearshlándáil. Tosaíocht atá i mbainistíocht ár mbonneagar criticiúil TF agus Teicneolaíochta Oibriúcháin ('TF') agus ár n-athléimneacht i gcoinne cibearionsaí nó sárú sonraí, agus cinntiú ag an am céanna go mbíonn na córais lárnacha TF ar fáil atá riachtanach chun tacú le hoibríochtaí lárnacha gnó. Chuir ár gcuid córas TF ar chumas formhór ár mbaill foirne oibriú i gcian le linn shrianta COVID-19. Ar aon dul leis an timpeallacht sheachtrach, leanann an Chuideachta ar aghaidh ag feabhsú a cuid slándála maidir le bonneagar TF agus faoi láthair tá Ionad Oibríochtaí Slándála bainistithe agus inscálaithe á chur i bhfeidhm acu. Cuirtear béim i gcónaí ar fheasacht faoi shlándáil a ardú agus ar rialuithe cuí ar shlándáil TF a chur i bhfeidhm leis an leibhéal méadaithe cumarsáide trí chumarsáidí inmheánacha foirne agus trí Oiliúint Cibearshlándála agus cláir fheasachta, agus trí rialuithe cuí um shlándáil TF agus OT a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta agus go háirithe i rith 2020 agus iad i bhfeidhm fós mar fhreagairt ar shocruithe oibre le linn COVID-19.

Déanann an Chuideachta idirchaidreamh leis an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála ('LNCS') ar bhonn rialta chun tuairiscí a chur ar fáil faoi na rialuithe cibearshlándála TF agus OT atá i bhfeidhm againn, go háirithe agus Líonraí Gáis Éireann sannaithe mar 'Oibreoir Seirbhísí Riachtanacha ('OSR') agus tá oibleagáidí áirithe orainn faoi Threoir NIS an AE a bhfuil an LNCS in Éirinn ina Údarás Náisiúnta Inniúlachta lena aghaidh agus freagracht air as rialachas, maoirseacht agus cloí gach OSR le Treoir NIS an AE. Freisin mhéadaigh Ervia agus Líonraí Gáis Éireann cumhdach chomhiomlán airgeadais faoin bpolasaí reatha cibearárachais agus leanann siad orthu ag déanamh monatóireachta ar fhorbairtí ar phréimheanna cibearárachais chun cinntiú go bhfuil neart cumhdaigh ann i gcoinne sáraithe.

***Sárú Sonraí:*** Tugann Líonraí Gáis Éireann tosaíocht do bhainistíocht ar riosca an sceitheadh neamhúdaraithe sonraí i gcás sonraí íogaire nó pearsanta ó sheirbhísí TF/OT, ríomhairí, bunachair sonraí, láithreáin ghréasáin, ábhair phriontáilte agus aon chórais/ardáin digiteacha eile a stórálann sócmhainní faisnéise/sonraí arb é an toradh a bheadh air ná scriosadh, ionramháil nó foilsiú mídhleathach sonraí íogaire, aicmithe do dhaoine aonair nó do ghrúpaí neamhúdaraithe. Tháinig rialacháin nuashonraithe GDPR i bhfeidhm i mBealtaine 2018 agus ceanglais lárnacha ag gabháil leo. Tá rialuithe agus cláir oibre i bhfeidhm ag an gcuideachta chun an riosca sin a mhaolú. Tá Oifigeach Cosanta Sonraí agus foireann cheaptha i bhfeidhm, chomh maith le clár oibre soiléir um Rialachas Gnó chun cabhrú leis an ngnó le cloí le ceanglais GDPR agus bainistíocht sonraí. Tá roinnt tionscnamh agus sruthanna oibre ann lena n-áirítear oiliúint éigeantach GDPR, pleananna feasachta agus cumarsáide, sruthanna oibre agus tionscadail mar iad siúd i ndáil le Coimeád Sonraí, Cailliúint Sonraí a chosc agus sonraí oscailte agus an clár oibre iomlán agus an clár comhlíontachta i ndáil le GDPR.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha (ar lean)

**Soláthar Seirbhísí do Thríú Páirtithe:** Braitheann Líonraí Gáis Éireann ar roinnt príomhchonraitheoirí agus príomhsholáthraithe chun a chuid clár bliantúil cothabhála agus caiteachais chaipitil a chur i gcrích. Dá mainneofaí na cláir chriticiúla a chur i gcrích d'fhéadfadh go mbeadh tionchar oibriúcháin aige sin ar an líonra gáis. Tá an Chuideachta ag tabhairt aghaidhe ar an riosca trí bhainistíocht dlúthchaidreamh agus athbhreithniú agus tástáil leanúnach ar a cuid socruithe sonracha teagmhasachta. Tá Líonraí Gáis Éireann ag bainistiú phróiseas soláthair do Chonradh nua um Oibreacha Seirbhíse Líonra. Tiocfaidh deireadh leis an téarma le haghaidh na conartha reatha i mí Iúil 2021. Aistreofar go réidh na seirbhísí idir conarthaí. Tá plean díshlógtha forbartha ag an gconraitheoir reatha chun oibreacha reatha a chríochnú, lena gcuimsítear socruithe chun oibreacha ar fhabhtanna/oibreacha glanta suas a dhéanamh tar éis conartha. Tabharfar tosaíocht d'oibreacha cothabhála agus déanfar oibreacha gearrthéarmacha níos práinní go dtí deireadh na conartha reatha. Coimeádfar cothabháil bheartaithe níos fadtéarmaí i leataobh le cur i gcrích faoin gconradh nua.

**Taithí Custaiméara:** Tá Líonraí Gáis Éireann tiomanta chun tosaíocht a thabhairt dár gcuid custaiméirí agus chun muinín agus tacaíocht ár gcuid custaiméirí a choimeád. Bíonn an Chuideachta i gcónaí ag iarraidh na leibhéil seirbhíse a fheabhsú a chuireann sé ar fáil ar bhonn laethúil do chustaiméirí, agus é mar aidhm aici feabhas seirbhíse a bhaint amach i ngach gné den ghnó. I gCairt Custaiméirí Líonraí Gáis Éireann leagtar amach gealltanas na Cuideachta dár gcustaiméirí. Tá Straitéis shoiléir um Plé le Páirtithe Leasmhara agus Straitéis shoiléir Branda i bhfeidhm ag an gCuideachta.

## Treoir an AE maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais

Le Treoir an AE maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais (2014/95) mar atá trasuithe ag Rialacháin an AE (Nochtadh na faisnéise neamh-airgeadais agus éagsúlachta ag gnóthais agus grúpaí móra áirithe) 2017 mar atá leasaithe ag Rialacháin an AE (Nochtadh na faisnéise neamh-airgeadais agus éagsúlachta ag gnóthais agus grúpaí móra áirithe) (Leasú) 2018 ("na Rialacháin") ceanglaítear ar chuideachtaí móra réimse leathan faisnéise neamh-airgeadais a thuairisciú ina dtuarascáil Stiúrthóirí. Comhlíonann an Chuideachta an sainmhíniú ar 'chuideachta infheidhme' chun críocha na Rialachán. De réir na Rialachán, ceanglaítear ar chuideachtaí a seasamh beartais agus a bhfeidhmíocht a leagan amach i ndáil le cúrsaí comhshaoil, sóisialta agus fostaí, meas ar chearta daonna, agus ábhair fhrithéillithe agus fhrithbhreabaireachta. Tá cuntas tugtha ar rioscaí i ndáil leis na hábhair sin sa chuid thuas faoi Phríomhrioscaí agus Phríomh-éiginnteachtaí agus taispeántar na PTFanna neamhairgeadais ábhartha sa chuid faoi Phríomhtháscairí Feidhmíochta thuas. Tá cuntas tugtha thíos ar an obair a dhéantar ar fud ár ngnó chun inbhuanaitheacht a chur chun cinn, in éineacht leis na beartais a chleachtar i réimsí comhshaoil, sóisialta agus ionaid oibre, cearta daonna agus i réimsí na frithbhreabaireachta agus an fhrithéillithe.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Treoir an AE maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais (ar lean)

| Ceanglas Tuairiscithe | Ionad Faisnéise | Leathanaigh | Polasaithe Ábhartha | Cur síos ar thoradh na mbeartas sin |
|---|---|---|---|---|
| **Ábhair Chomhshaoil** | *Inbhuanaitheacht* | 20 | • Beartas Comhshaoil<br>• Beartas Fuinnimh | • Trí na Beartais Chomhshaoil agus Fhuinnimh a chur i bhfeidhm déantar cinnte go mbíonn gach duine a oibríonn thar ceann Líonraí Gáis Éireann freagrach as cloí le ceanglais chomhshaoil agus fhuinnimh agus as caighdeáin arda comhshaoil a bhaint amach.<br>• Tríd an mBeartas Comhshaoil a chur i bhfeidhm tugtar aghaidh ar na príomhréimsí mar atá athrú aeráide, bithéagsúlacht, dramhaíl, úsáid acmhainní agus soláthar.<br>• Tríd an mBeartas Fuinnimh a chur i bhfeidhm tugtar aghaidh go sonrach ar fheidhmíocht fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh. |
| **Ábhair Shóisialta agus Fhostaí** | *Inbhuanaitheacht* | 22 | • Beartas i leith Freagrachta Corparáidí<br>• Beartas ar Chosaint Sonraí<br>• Beartas Sábháilteachta<br>• An Beartas um Dhínit san Ionad Oibre | • Le cur i bhfeidhm an Bheartais ar Fhreagracht Chorparáideach déantar cinnte go gcuirtear Straitéis Líonraí Gáis Éireann ar Fhreagracht Chorparáideach i bhfeidhm. Mar thoradh air sin, rinneadh an Marc um Fhreagracht as Obair Ghnó a athdheimhniú, ar aon dul le ISO26000 ó Business in the Community Ireland.<br>• Le cur i bhfeidhm an Bheartais ar GDPR déantar cinnte go gcomhlíonfaidh agus go sáróidh Líonraí Gáis Éireann a chuid oibleagáidí maidir le cosaint sonraí. Tá oiliúint GDPR ar líne déanta ag gach ball foirne agus conraitheoir.<br>• Le cur i bhfeidhm an Bheartais ar Shábháilteacht déantar cinnte go gcuirtear clár cuimsitheach de thionscnaimh sláinte agus fholláine ar fáil ar fud an ghnó.<br>• Le cur i bhfeidhm an Bheartais um Dhínit san Ionad Oibre déantar cinnte nach nglacfaidh Líonraí Gáis Éireann le cineál ar bith bulaíochta, ciaptha ná ciaptha ghnéis san ionad oibre nó a mbeadh éifeacht acu ar an ionad oibre. Le cur i bhfeidhm an bheartais déantar iompraíocht den sórt sin a chosc agus tá na nósanna imeachta éifeachtacha i bhfeidhm chun déileáil leis an ábhar san áit a dtarlaíonn sé. |

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Treoir an AE maidir le Tuairisciú Neamhairgeadais (ar lean)

| Ceanglas Tuairiscithe | Ionad Faisnéise | Leathanaigh | Polasaithe Ábhartha | Cur síos ar thoradh na mbeartas sin |
|---|---|---|---|---|
| **Cearta Daonna** | *Meas ar Chearta Daonna* | 25 | • Cód Iompair<br>• Ráiteas ar Sclábhaíocht an Lae Inniu | • Le cur i bhfeidhm an Chóid Iompair déantar cinnte go ndéanann gach duine atá ag obair le haghaidh nó thar ceann Líonraí Gáis Éireann a gcuid gnó ar bhealach ina léirítear meas ar chearta daonna agus ar dhínit gach duine.<br>• Le cur i bhfeidhm an Ráitis ar Sclábhaíocht an Lae Inniu déantar cinnte go mbíonn trédhearcacht i ngnó féin GNI agus ina chur chuige i dtreo déileáil le sclábhaíocht sa lá atá inniu ann ar fud a chuid slabhraí soláthair agus bíonn sé ag súil leis na caighdeáin arda chéanna óna chuid conraitheoirí, soláthraithe agus páirtithe gnó eile. |
| **Frithbhrea-baire-acht agus Frithéilliú** | *Frithbhreabaireacht agus Frithéilliú* | 26 | • Beartas Frithbhreabaireachta agus Frithéillithe | • Tá cur i bhfeidhm an Bheartas Frithbhreabaireachta agus Frithéillithe ag croílár ionracas Líonraí Gáis Éireann, a chlú agus a rath san fhadtéarma. Má tharlaíonn breabaireacht ar bith glacfar beart smachta, suas le agus lena n-áirítear briseadh as post. Tá comhlíonadh na mbeartas sin mar chuid de théarmaí na fostaíochta agus mar chuid de na téarmaí chun gnó a dhéanamh lenár gcuid conraitheoirí nó gníomhairí.<br>• Le cur i bhfeidhm an bheartais Fhrithchalaoise déantar cinnte go dtuigeann gach duine lena mbaineann an beartas céard atá i gceist le calaois agus cur chuige na Cuideachta ina leith, agus an méid a bhítear ag súil uathu maidir le calaois a chosc agus a thuairisciú. |
| | | | | **Cur síos** |
| **Ceanglais Tuairiscithe Eile** | *Samhail Ghnó* | 4 | | • Príomhghníomhaíochtaí, forbhreathnú cuideachta agus samhail ghnó |
| | *PTFanna Neamhairgeadais* | 9 | | • Príomhtháscairí Feidhmíochta |
| | *Príomhrioscaí agus Aird chuí Beartais* | 10 | | • Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha |

Bainistíonn Líonraí Gáis Éireann rioscaí maidir le cearta daonna, ábhair shóisialta agus fhostaí agus frithbhreabaireacht agus frithéillitheacht ina sheasamh beartais, a straitéis, a fheidhmíocht agus a chinnteoireacht.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Inbhuanaitheacht

I rith 2020 lean Líonraí Gáis Éireann ag cumhdach na hinbhuanaitheachta ina straitéis agus a chuspóir. Tá Creat Inbhuanaitheachta na Cuideachta tacaithe ag na trí cholún – eacnamaíoch, sóisialta agus comhshaol agus ag sé cinn de Spriocanna na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe ('UNSDGs'). Déantar breithniú ar thionscnaimh faoi gach ceann de na colúin sin thíos.

Tá sé cinn de na UNSDGanna glactha ag Líonraí Gáis Éireann le cur chun cinn. Tá an straitéis inbhuanaitheachta dírithe ar shé cinn de na spriocanna sin, trí phríomhsprioc agus trí sprioc thacaíochta. Tá an Chuideachta geallta chun cinntiú go mbíonn na réimsí sin ag croílár ár straitéise ar chinntí gnó.

Tuigeann Líonraí Gáis Éireann an tionchar a bhíonn aige ar an timpeallacht agus ar na pobail ina n-oibríonn sé. Ábhar bróid don Chuideachta é go bhfuil sé i measc díreach 40 cuideachta in Éirinn ag a bhfuil an marc um Ghnó ag Obair go Freagrach atá ailínithe leis an ISO26000 i gcomhair na Freagrachta Sóisialta. Mar phríomhchuideachta fóntas, sainítear an inbhuanaitheacht ag ár ról i bhfuinneamh inacmhainne agus glan a chur ar fáil amach anseo do mhuintir na hÉireann trí dhícharbónú an líonra gáis agus laghdú ar astaíochtaí i ngach earnáil de shochaí na hÉireann.

Áirítear le héachtaí suntasacha i 2020;

- foilsiú ár ndara tuarascáil ar inbhuanaitheacht. "Sustainability in Action" ina leagtar béim ar dhul chun cinn maidir le prionsabail na UNSDGanna a chur i bhfeidhm.
- rannpháirtíocht san Ardán Nochta Carbóin den chéad uair. Bronnadh rátáil TNC de B- ar Líonraí Gáis Éireann, ar éacht suntasach é do rannpháirtí céaduaire.
- athdheimhniú de réir na 5 Chórais Bhainistíochta ISO ISO14001 Córas Bainistíochta Comhshaoil, ISO50001 Bainistíocht Fuinnimh, ISO45001 Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde, ISO9001 Córas Bainistíochta Cáilíochta agus ISO55001 Bainistíocht Sócmhainní.
- an sprioc um Éifeachtúlacht Fuinnimh san Earnáil Phoiblí (33% faoi 2020) a shárú agus feabhas 47% ar éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach.
- bronnadh an dámhachtain as 'Tionscnamh Sláinte agus Sábháilteachta na Bliana ar aip 'HazCon' na Cuideachta ag na Dámhachtainí Líonraí i 2020. Leis an dámhachtain i gcomhair Thionscnamh Sláinte agus Sábháilteachta na bliana aithnítear gealltanas eisceachtúil chun sláinte agus sábháilteachta ar an iomlán.
- gnóthaíodh an Dámhachtain as Éacht Fuinnimh Inbhuanaithe agus an Dámhachtain d'Eagraíocht Mhór Ghlas na bliana ag na Dámhachtainí Glasa i 2020.
- i measc sé eagraíocht a cuireadh ar ghearrliosta le haghaidh dámhachtain ghnó na bliana.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Inbhuanaitheacht (ar lean)

Ba é sin an chéad uair gur ghnóthaigh Líonraí Gáis Éireann na dámhachtainí sin, ag ócáid a meastar gurb í an ócáid chomhshaoil is mó in Éirinn do ghnóthais. Téann an Dámhachtain d'Eagraíocht Mhór Ghlas na Bliana chuig an ngnó mór ar féidir leis dea-chleachtas comhshaoil a léiriú ón mbun aníos i ngach gné de ghnó mór a rith. Rinne na moltóirí iniúchadh ar gach gné den ghnó lena n-áirítear bainistíocht dramhaíola, bithéagsúlacht, úsáid soláthraithe nó ábhar glas, éifeachtúlachtaí iompair, fuinnimh agus uisce, plé le bail foirne agus rannpháirtíocht an phobail.

### Tionchar comhshaoil

Tá cur chuige atriallacha ilbhliana glactha ag Líonraí Gáis Éireann i dtreo tionchar a chuid gníomhaíochtaí gnó ar an gcomhshaol a laghdú. I measc cloch míle ar an turas bhí cur i bhfeidhm an Chórais um Bainistíocht Chomhshaoil (deimhnithe de réir ISO14001) i 2012, deimhniú faoin gCóras Bainistíochta Fuinnimh (ISO50001) a bhaint amach i 2014 agus a bheith ar cheann de na chéad chuideachtaí sa tír chun an Caighdeán ISO55501 um Chóras Bainistíochta Sócmhainní a bhaint amach i 2015. Cuirfidh infheistíocht i gcórais agus i bpróisis úrscothacha um bainistíocht sócmhainní le feidhmíocht fheabhsaithe sócmhainní líonra agus le héifeachtúlacht fuinnimh. I 2020, rinneadh Líonraí Gáis Éireann a athdheimhniú go rathúil arís de réir ISO14001 agus ISO5001 i dteannta le córais ISO, ISO45001, ISO55001 agus ISO9001.

Chun ár dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú tá cuspóirí forbartha ag Líonraí Gáis Éireann i roinnt réimsí lena n-áirítear astaíochtaí aeir/carbóin, úsáid fhuinnimh, giniúint dramhaíola agus úsáid éifeachtúil acmhainní ar féidir gach ceann acu a fhíorú laistigh dár gCóras Bainistíochta Comhshaoil atá deimhnithe de réir ISO14001 agus ár gCóras Bainistíochta Fuinnimh ISO50001. Rinneadh ár bhfardal Gás Ceaptha Teasa a fhíorú go neamhspleách i gcomhréir le sonraíochtaí ISO14064-3:2019 le treoir um Bailíochtú agus Fhíorú Ráiteas faoi Gháis Cheaptha Teasa.

Cuireann an mheitheal oibre ar fhuinneamh comhshaoil cur chuige comhtháite agus straitéiseach chun cinn i dtreo bhainistíocht comhshaoil agus fuinnimh ar fud an ghnó agus ár mbonn sócmhainní. Cabhraíonn foirne uirlisí deartha intí saincheaptha agus treoir i leith an chomhshaoil lenár gcuid dearthóirí, pleanálaithe agus comhghleacaithe oibríochtaí le cur chuige caighdeánaithe a chur i bhfeidhm i dtreo bainistíochta comhshaoil.

I 2020, in éineacht le cuideachtaí móra ar fud an domhain d'iarr Líonraí Gáis Éireann beart uaillmhianacha agus comhchoiteann i leith an dúlra trí chlárú leis an nGlao Gnímh ag 'Business for Nature'. Tá tosaíocht tugtha ag an gCuideachta don dúlra trí ghealltanais bhithéagsúlachta agus é mar aidhm aici glantionchar dearfach a imirt ar an mbithéagsúlacht ar fud ár gcuid oibríochtaí faoi 2025.

Mar atá sonraithe thuas ghlac an Chuideachta páirt san Ardán Nochta Carbóin den chéad uair i 2020 agus tá na sonraí faoi astaíochtaí carbóin agus faisnéis faoi athrú aeráide nochta go poiblí aici.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## An Bhithéagsúlacht

Cuireadh an Clár ilghnéitheach um Feabhsú Bithéagsúlachta de chuid Líonraí Gáis Éireann a bhfuil dámhachtainí bainte aige, agus atá i bhfeidhm ó bhí 2017 ann, ar ghearrliosta do dhámhachtain CSR Chambers Ireland i 2020. Leanann an Chuideachta ar aghaidh lena cuid oibre mar bhall d'Ardán Gnó agus Bithéagsúlachta na hÉireann agus chuaigh sí isteach le príomhchuideachtaí ar fud an domhain ag lorg beart uaillmhianach agus comhchoiteann i leith an dúlra trí chlárú leis an nGlao Gnímh ag 'Business for Nature'. I 2020 d'fhorbair Líonraí Gáis Éireann Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta chun tacú le Clár na cuideachta um Feabhsú Bithéagsúlachta. Is í aidhm an chláir seo ná eolas agus feasacht ar an mbithéagsúlacht a fheabhsú i measc ball fhoirne agus páirtithe leasmhara.

I measc tionscnamh eile um feasacht ar an mbithéagsúlacht ar tugadh fúthu i rith na bliana bhí:

- seimineáir ghréasáin ar an mbithéagsúlacht a dhéanamh le baill foirne agus lena dteaghlaigh.
- leabhrán ar an mbithéagsúlacht do gharraíodóirí a urrú a cuireadh ar fáil tríd an Irish Examiner mar chuid de Sheachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta.
- tacú le Plean Pailneoirí na hÉireann. Agus sócmhainní aici ar fud oileán na hÉireann, thuig an Chuideachta go raibh deis ann líonra de ghnáthóga a chuidíonn le pailneoirí a chruthú ar fud na tíre agus ár gcuid eolais a roinnt le gnóthais eile. Rinneamar suirbhéanna éiceolaíochta, chuireamar móinéir bláthanna fiáine (seamair dhearg a chur san áireamh) agus chuireamar suas boscaí éin.

## Laghdú Dramhaíola

Tá an Chuideachta geallta chun an méid dramhaíola a théann go líonadh talún a laghdú agus rianaímid ár ndul chun cinn gach mí. Is í an sprioc fhadtéarmach ná nach rachadh dramhaíl ar bith go líonadh talún faoi 2025. I mbliana ba é an figiúr iomlán d'athchúrsáil inár gcuid oifigí ná 99%. Anuas air sin, déantar iniúchadh ar ár gcuid soláthraithe dramhaíola go léir chun cleachtas oibriúcháin a mheas agus chun cinntiú go gcloítear lenár gcuid caighdeán.

## Fuinneamh

Is rannpháirtí gníomhach í Líonraí Gáis Éireann i dtionscnamh Monatóireachta agus Tuairiscithe san Earnáil Phoiblí ('MTEP') de chuid an Rialtais. Cé gurb í an aidhm atá i gceist leis an MTEP ná coigiltis fhuinnimh de 33% a bhaint amach don earnáil phoiblí faoi 2020, tá Líonraí Gáis Éireann ar an mbealach chuig an sprioc sin a shárú, agus coigiltis fhuinnimh de 47% bainte amach aige cheana.

I measc na mbeart chun coigiltis fhuinnimh a bhaint amach tá:

- iarrachtaí méadraithe agus éifeachtúlachtaí fuinnimh a bhíonn ar siúl i ngach ionad oifige.
- uasghrádú ar réitigh neamhéifeachtúla solais agus teasa.
- feithiclí éifeachtúla a chur in ionad seanfheithiclí neamhéifeachtúla atá faoi réir nósanna imeachta feabhsaithe um chigireacht.
- cláir a chur i gcrích chun feasacht fostaithe ar úsáid breosla a mhéadú.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

Nuair a dhéanfar athchóiriú ar fhoirgnimh chuideachta amach anseo cuimseofar ábhair inbhuanaitheachta agus beidh éifeachtúlacht fuinnimh agus bainistíocht acmhainní ag croílár aon dearaí uasghrádaithe.

## Astaíochtaí GCT agus Feidhmíocht Charbóin

Tá prionsabail na hinbhuanaitheachta agus an dícharbónaithe ag croílár ár gcuid cinntí gnó agus straitéiseacha. Mar a sonraíodh thuas faoi 'Phríomhrioscaí agus Phríomhéiginnteachtaí shínigh Líonraí Gáis Éireann an Gealltanas Ísealcharbóin, Tionscnamh Gnó sa Phobal do ghnó na hÉireann chun am agus acmhainní a infheistiú in oibríocht níos inbhuanaithe a chruthú, trí héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus úsáid carbóin a laghdú.

I 2020 rinneadh Fardal Gás Ceaptha Teasa Líonraí Gáis Éireann a fhíorú go neamhspleách i gcomhréir le sonraíochtaí ISO 14064-3:2019 le treoir um Bailíochtú agus Fhíorú Ráiteas faoi Gháis Cheaptha Teasa.

## Soláthar Inbhuanaithe

Tá Líonraí Gáis Éireann ag stiúradh cleachtas feabhsaithe um inbhuanaitheacht trína shlabhra soláthair iomlán. Bíonn ceanglais chomhshaoil agus inbhuanaitheachta cumhdaithe sa phróiseas soláthair suas go céim sholáthair an chonartha. Ceanglaítear ar chonraitheoirí móra tuairiscí míosúla a thabhairt ar a gcuid feidhmíochta de réir raon de PTFanna comhshaoil i ndáil le bainistíocht dramhaíola agus úsáid fhuinnimh. Ina theannta sin spreagann ár gconarthaí an dea-chleachtas comhshaoil le linn chur i gcrích an tionscadail.

## Tionchar sóisialta

In 2020, bhí Líonraí Gáis Éireann fós ar na 40 cuideachta in Éirinn a fuair an caighdeán Marc do Ghnóthas atá ag Obair go Freagrach, ar aon dul le ISO26000, ó Ghnó sa Phobal in Éirinn. Is é an Marc an t-aon chaighdeán Freagrachta Corparáidí agus Inbhuanaitheachta in Éirinn atá iniúchta go neamhspleách. Mar shealbhóir an Mhairc, is ball muid den Ghrúpa Ceannairí Inbhuanaitheachta agus is comhchathaoirleach muid de Ghrúpa an Gheilleagair Ísealcharbóin.

Ainmníodh an Chuideachta i gcomhair roinnt Dámhachtainí ag Chambers Ireland i gcomhair Thionchar Gnó Inbhuanaithe i 2020 a chuimsigh Barr Feabhais sa Phobal, Comhpháirtíocht Charthanais is Fearr, Barr Feabhais san Ionad Oibre agus Barr Feabhais sa Timpeallacht.

| | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---:|---:|
| **Príomhtháscairí Feidhmíochta Sóisialta** | | |
| Uaireanta Oibre Deonaí | 586 | 1,460 uair an chloig |
| Saorálaíochas ar chlár | 1 as 6 fostaí | 1 as 4 fostaí |

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Ár gComhghleacaithe

Is í an phríomhaidhm atá againn ná go mothóidh na daoine atá ag obair ar fud ár gcomhlachta gur áit den scoth le hoibriú atá i Líonraí Gáis Éireann, agus gur taithí saibhrithe sásúil é teacht chun na hoibre gach uile lá. Mar eagraíocht, táimid tiomanta do chluas éisteachta a thabhairt dár ndaoine i slite éagsúla. Áirítear leis sin suirbhéanna rannpháirtíochta, trínár bhfóraim d'fhostaithe agus clár de chumarsáid dhé-bhealaigh ceannaireachta. Trí leanúint de bheith ag éisteacht agus aghaidh a thabhairt ar réimsí atá tábhachtach dár ndaoine, táimid ábalta bearta an-dearfach a dhéanamh chun dul i bhfeidhm ar ár gcultúr, chun feabhas a chur ar an dóigh a ndéanaimid rudaí agus an dóigh a mbímid ag tacú lenár ndaoine. Tá sé d'aidhm againn timpeallacht a chruthú ina mothaíonn gach duine dár bhfoireann go pearsanta agus go gairmiúil go bhfuil ról fiúntach acu..

Bliain dhúshlánach ab í 2020 agus muid ag dul i dtaithí ar an saol le COVID-19 agus ag déileáil leis an tionchar a bhí aige ar ár saol agus ar ár ngnó chomh maith. Trí éisteacht go géar lenár gcuid fostaithe chuamar i dtaithí go héifeachtach ar an bpaindéim chun déanamh cinnte gur leanamar ar aghaidh ag soláthar seirbhísí riachtanach agus ag tabhairt tacaíochta dár gcuid fostaithe agus chun cinntiú go mbeidís sábháilte agus iad ag obair ar an láithreán, san oifig nó sa bhaile.

I mí na Nollag chríochnaigh an Chuideachta a tríú suirbhé bliantúil ar rannpháirtíocht agus i rith na bliana thugamar dhá thobshuirbé chomh maith. Ligeann na suirbhéanna sin dúinn na nithe ar a leagann ár gcuid fostaithe tábhacht a thuiscint chun gur féidir linn na tionscnaimh chearta a chur ar fáil le tacú leo. Freisin cabhraíonn siad le déanamh cinnte gur féidir le foirne áitiúla leanúint ar aghaidh ag déanamh dul chun cinn i réimsí rannpháirtíochta atá tábhachtach dóibh.

Rinneamar an-dul chun cinn i 2020 agus muid ag obair as lámh a chéile agus leanamar ar aghaidh ag soláthar seirbhísí riachtanacha. Le linn 2020, chuir foirne ar fud an ghnó pleananna gníomhaíochtaí áitiúla i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí rannpháirtíochta ab ábhartha agus ba thábhachtaí dóibh. Cuireadh na pleananna sin in oiriúint mar thoradh ar COVID-19 agus béim nua curtha ar chumarsáid, obair foirne, chomhar agus shábháilteacht.

Ar fud na heagraíochta freisin tá cláir náisiúnta curtha ar fáil againn mar scagadh sláinte; rinneamar dul chun cinn lenár gclár oibre Ibelong um éagsúlacht agus chuimsiú agus trí ghrúpa nua fostaithe tugtha isteach againn agus sholáthraíomar gníomhaíochtaí folláine lenar áiríodh seisiúin aireachais, sraith podchraoltaí folláine agus ár gclár cúraim dhroma. Freisin thugamar tacaíocht do chomhar le tacaí teicneolaíochta mar áiseanna glao físe agus comhdhála agus teachtaireachtaí meandracha. Tugtar tosaíocht fós do chumarsáid lenár ndaoine i gcaitheamh na paindéime – agus déanamh cinnte go bhfaigheann ár ndaoine faisnéis shoiléir, ábhartha agus tráthúil.

I 2020, reáchtálamar ár nDámhachtainí Daoine, ár searmanas bliantúil um dhámhachtainí aitheantais den dara huair. Reáchtáladh an ócáid sin go fíorúil, agus nach mór 800 fostaí rannpháirteach inti. Bhí an deis ag baill foirne daoine ar fud na heagraíochta a ainmniú le haghaidh ceann de na dámhachtainí a raibh ina measc 'laochra neamhaitheanta' agus 'dámhachtain saoránaigh eisceachtúil'.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Pobal

Tá sé ríthábhachtach caidreamh oibre a fhorbairt sna pobail ina mbímid ag obair chun ár gcuid gnó a dhéanamh go héifeachtach. Ciallaíonn sé sin infheistiú i ndaoine, ina gcuid riachtanas, ina gcuid caitheamh aimsire agus ina dtodhchaí. Lenár gclár um chuimsiú sóisialta dírítear ar na réimsí lárnacha mar atá oideachas, infhostaitheacht agus inrochtaineacht.

***Oideachas***

I 2020 leanamar ar aghaidh lenár gclár oideachais Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Mata ('STEM') i gcomhpháirt le Junior Achievement Ireland i mbunscoileanna ar fud na tíre. Athsheoladh an clár Energize go fíorúil i mí Dheireadh Fómhair chun saorálaithe gnó a éascú leis an gclár a chur ar fáil i gcéin do scoileanna ar fud na tíre. Ba í 2020 an 10ú bliain dár gcomhpháirtíocht le Junior Achievement Ireland bhí 350 ball fhoirne de chuid Líonraí Gáis Éireann ag obair go deonach ar chláir Junior Achievement go dtí seo, agus bhí siad ag obair le níos mó 25,000 dalta ar fud na tíre.

Freisin thugamar tacaíocht do thionscnaimh STEM eile mar Sheachtain na hEolaíochta agus Seachtain na n-Innealtóirí agus thug fostaithe Líonraí Gáis Éireann 586 uair an chloig d'obair dheonach i 2020. Bhí alt faoi fhoireann Líonraí Gáis Éireann san eagrán speisialta den irisleabhar Business Plus ar Fhreagracht Chorparáideach Shóisialta inar tugadh sonraí ar an tacaíocht leantach don oideachas agus don chuimsiú sóisialta le linn COVID-19. Chuimsigh sé sin tacaíocht a thabhairt do chomhpháirtithe trí ocht ríomhaire glúine a chur ar fáil do dhaltaí, €20,000 a thabhairt do bhainc bhia agus acmhainní agus físeáin in-íoslódáilte saor in aisce a chur ar fáil.

***Infhostaitheacht***

Thacaigh Líonraí Gáis Éireann leis an gclár um scileanna ag obair a chuireann chun cinn oideachas do dhaltaí meánscoile, agus é ag obair le Coláiste de Nágla Corcaigh ar an gclár scileanna ag obair ó bhí 2006 ann. I 2020 cheiliúir an chuideachta deich mbliana dá comhpháirtíocht le Coláiste Beneavin i bhFionnghlas.

I rith na bliana 2020, trínár gcomhpháirtíocht le Inner City Enterprise, leanamar ar aghaidh lenár dtacaíocht don Tionscadal Cruinneachán Fáis, fiontar sóisialta a bhfuil dámhachtainí gnóthaithe aige agus trína n-athraítear talamh neamhúsáidte ó bhonn go hacmhainn pobail trí chruinneacháin fháis a shuiteáil.

***Inrochtaineacht***

I rith 2020 luathaigh muid ár gcomhpháirtíocht le Age Action trí thacú lena gciste freagartha agus cruatain le haghaidh COVID-19, trína soláthraíodh deontais aonuaire chun cabhrú le speansais nach raibh coinne leo. Freisin rinne ár gcomhghleacaithe obair dheonach chun daoine breacaosta a theagasc ar úsáid na teicneolaíochta um fóin phóca agus glaonna físe chun cabhrú leo coimeád i dteagmháil lena dteaghlaigh agus iad ag clutharú. Leanamar ar aghaidh le haláraim aonocsaíd charbóin ar luach €50,000 a thabhairt do Age Action, mar a thugaimid gach bliain; suiteáladh na haláraim i dtithe a gcuid úsáideoirí seirbhíse. Freisin thugamar fáltais ónár suirbhéanna custaiméara agus bhailigh ár gcomhghleacaithe cistí i rith na bliana.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara

Tuigeann agus leagann Líonraí Gáis Éireann luach ar an ról ríthábhachtach a ghlacann páirtithe leasmhara ina ghnó. Tá plean cuimsitheach ag an gCuideachta um plé le páirtithe leasmhara ina nglactar cur chuige iomlánaíoch, praiticiúil i dtreo plé le páirtithe leasmhara bunaithe ar an gCaighdeán um Plé le Páirtithe Leasmhara atá aitheanta go hidirnáisiúnta (AA1000SES). Tuigtear gur tábhachtach seisiúin a reáchtáil le páirtithe leasmhara agus tacú leis an bpobal i mbailte áit a n-aithnítear go bhfuil an líonra gáis ag dul i méid. Oibríonn an Chuideachta le pobail chun déanamh cinnte nach ndéanann tionscadail fhoirgníochta sa cheantar ach an oiread cur isteach agus is féidir agus tugtar tuairiscí rialta i nuachtáin áitiúla agus ar stáisiúin raidió áitiúla.

## Tionchar eacnamaíoch

Tá tábhacht straitéiseach ar leith le gás nádúrtha do gheilleagar na hÉireann, arb ionann é agus 31% de phríomh-mheascán fuinnimh na hÉireann agus a ghineann 51.9% de leictreachas na hÉireann.

Is í an aidhm atá ag Líonraí Gáis Éireann ná seirbhís iontach, éifeachtach, chost-éifeachtúil atá ar leas ár gcustaiméirí uile a chur ar fáil. Sócmhainn náisiúnta luachmhar atá i líonra gáis na hÉireann a mbeidh ról mór aige i bhfuinneamh glan a bhaint amach sa todhchaí ar an mbealach is lú costais atá slán sábháilte.

Tá an gás nádúrtha ina pháirtí idéalach d'fhoinsí fuinnimh in-athnuaite mar fhuinneamh gaoithe agus gréine. Le gás in-athnuaite ach go háirithe is féidir a chinntiú go mbíonn foinse dhaingean, in-athnuaite agus inbhuanaithe dhúchasach d'fhuinneamh ag Éirinn mar chuid dá meascán fuinnimh amach anseo.

## Infheistíocht inár dTodhchaí

Freastalaíonn Líonraí Gáis Éireann ar os cionn 706,000 custaiméir gáis in Éirinn, lena n-áirítear os cionn 27,000 gnóthais. Tá bonneagar náisiúnta líonra gáis na hÉireann, atá luacháilte ag €2.7 billiún, 14,617km ar fad agus nascann sé bailte agus sráidbhailte i gcontaetha iolracha ar fud na tíre. I 2020 cheanglaíomar 8,091 custaiméir gnó agus cónaithe nua leis an líonra gáis agus thugamar 635GWh d'éileamh nua ar ghás nádúrtha ar chonradh.

I 2020 bhí feidhmíocht láidir airgeadais againn. Agus an tsábháilteacht mar thosaíocht dar gcuid sócmhainní agus oibríochtaí, rinneamar €112m a infheistiú inár mbonneagar gáis agus líonra teileachumarsáide agus béim láidir curtha ar fhás a spreagadh agus ar ceangail nua leis an líonra a mhéadú, GNC a fhorbairt mar bhreosla iompair agus cláir a chur i gcrích chun sábháilteacht agus iontaofacht an líonra a fheabhsú.

## Meas ar Chearta Daonna

Mar chuid de Ghrúpa Ervia, déanann Líonraí Gáis Éireann a gcuid gnó ar bhealach ina léirítear meas ar chearta daonna agus ar dhínit gach duine, agus é ag iarraidh cloí le gach dlí agus rialachán is infheidhme. Bítear ag súil go leagfaidh fostaithe Líonraí Gáis Éireann luach ar a gcuid comhfhostaithe agus déileáil le daoine eile le cothroime, comhionannas, dínit agus meas. Bítear ag súil freisin go mbeidh siad aireach ar fhianaise ar bith ar sháruithe ar chearta daonna inár gcuid oibríochtaí díreach nó in oibríochtaí ár gcomhpháirtithe gnó agus go dtuairisceoidh siad cás ar bith ina meastar go bhfuil sárú ar chearta daonna tar éis tarlú.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Meas ar Chearta Daonna (ar lean)

Ní ghlacann Líonraí Gáis Éireann ar chor ar bith le sclábhaíocht an lae inniu (mar atá sainithe in Acht na Ríochta Aontaithe ar Sclábhaíocht Nua-aimseartha 2015). Táimid geallta chun gníomhú go heiticiúil agus le hionracas inár gcuid plé agus caidreamh gnó go léir agus chun córais agus rialuithe éifeachtacha a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú le cinntiú nach dtarlaíonn sclábhaíocht an lae inniu áit ar bith inár ngnó féin ná inár gcuid slabhraí soláthair.

Cuireann an tAcht um Sclábhaíocht Nua-aimseartha 2015 de chuid na Ríochta Aontaithe oibleagáidí ar eagraíochtaí ar mhéid áirithe a leanann ar aghaidh lena ngnó sa Ríocht Aontaithe. Tá reachtaíocht cosúil leis ag Poblacht na hÉireann, is í sin go príomha an tAcht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) 2008, mar atá leasaithe leis an Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) (Leasú) 2013.

Is féidir leis an sclábhaíocht tarlú i bhfoirm ar bith sa lá atá inniu ann, lena n-áirítear sclábhaíocht bhrúite, saothar brúite agus éigeantach agus gáinneáil ar dhaoine, agus an ghné choiteann a bhaineann leo go léir ná go mbaineann duine amháin saoirse ó dhuine eile chun leas a bhaint astu um ghnóthachan pearsanta nó gnó. Eintitis infheidhme iad an Chuideachta agus a cuid fochuideachta GNI (RA) Teoranta chun críocha an Achta ar Sclábhaíocht Nua-aimseartha agus tacaíonn siad go hiomlán le haidhmeanna an Achta.

Tá Líonraí Gáis Éireann geallta chun cinntiú go mbíonn trédhearcacht ina ghnó féin agus ina chur chuige i dtreo déileáil le sclábhaíocht sa lá atá inniu ann ar fud a chuid slabhraí soláthair agus bíonn sé ag súil leis na caighdeáin arda chéanna óna chuid conraitheoirí, soláthraithe agus páirtithe gnó eile.

Tá prionsabail Acht an RA ar Sclábhaíocht Nua-aimseartha cumhdaithe inár gCód Iompair Gnó agus forbraíodh ceanglais in aghaidh na sclábhaíochta agus in aghaidh na gáinneála ar dhaoine le cuimsiú i bpróisis soláthair agus i socruithe conarthacha.

Tá Ráiteas Líonraí Gáis Éireann faoin Sclábhaíocht agus faoin nGáinneáil ar Dhaoine ar fáil le féachaint air ar ár suíomh gréasáin www.gasnetworks.ie.

## Frithbhreabaireacht agus Frithéilliú

Ar fud Ghrúpa Ervia, ní ghlactar le calaois, le breabaireacht ná le héilliú agus leagtar cúram ar gach fostaí as aon ghníomhartha measta calaoise, breabaireachta nó éillithe nó iompraíocht amhrasach a dtagann siad trasna orthu a thuairisciú.

Cuireann an tionscnamh seo um ionracas ar fud ghrúpa Ervia 'Doing the Right Thing' an luach ionracais chun cinn agus cuirtear béim ar thábhacht na hiompraíochta eiticiúla. Mar chuid den tionscnamh, eisítear leabhráin treorach chuig fostaithe maidir le príomhbheartais bainteach le heitic le tuairiscí bliantúla ar oiliúint agus comhráite ráithiúla foirne ar an ionracas.

Tugadh faoi athbhreithniú ar fud na cuideachta i rith 2020 chun déanamh cinnte nach raibh tionchar ar bith ag na hathruithe ar na bealaí oibre de thoradh COVID-19 ar éifeachtacht na rialuithe a bhí i bhfeidhm chun riosca na calaoise, na breabaireachta nó an éillithe a láimhseáil.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Frithbhreabaireacht agus Frithéilliú (ar lean)

Chuir an gnó clár feasachta i bhfeidhm, a chuimsigh na teachtaireachtaí lárnacha ó bheartais ábhartha, sonraí faoi chainéil chun labhairt amach agus naisc le hábhar tacaíochta chun cabhrú le heolas a chur ar fáil faoin ngníomh ceart le glacadh, chun cuspóirí na cuideachta a bhaint amach ar bhealach eiticiúil.

## Rialachas Corparáideach

Fochuideachtaí faoi úinéireacht 100% Ervia atá i Líonraí Gáis Éireann. Feidhmíonn Ervia mar ghrúpa a bhfuil cúig rannán aige in aon mhúnla il-fóntais amháin. Is iad Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann na rannáin fhóntais oibriúcháin. Soláthraíonn an rannán Tionscadal Mór eochair-thionscadail bhonneagair náisiúnta. Soláthraíonn Seirbhísí Gnó gach seirbhís idirbhirt agus tacaíochta do Ghrúpa Ervia. Cuireann Lárionad Ghrúpa Ervia maoirseacht agus rialachas i bhfeidhm do na gníomhaíochtaí Grúpa uile.

Sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ("an Cód") leagtar amach na prionsabail um rialachas corparáideach a cheanglaítear ar bhoird chomhlachtaí Stáit cloí leo. Mar fhochuideachta de chuid Ervia, tá bearta cuí i bhfeidhm ag an gCuideachta chun cloí le forálacha ábhartha an Chóid a chinntiú. Tá na Stiúrthóirí freagrach as an gcloí sin a chinntiú. I gcomhréir le hAlt 1.9 de cheanglais Ghnó agus Tuairiscithe Airgeadais an Chóid, tugann an Chuideachta tuairisc do Ervia ar a cloí leis an gCód.

Comhlíonann an Chuideachta an sainmhíniú ar eintiteas leasa phoiblí mar go bhfuil fiachas liostaithe aici ar mhargadh rialáilte. In Alt 1551(1) d'Acht na gCuideachtaí 2014 ceanglaítear ar stiúrthóirí eintiteas leasa phoiblí Coiste Iniúchóireachta a bhunú. Baineann Líonraí Gáis Éireann leas as an díolúine faoi Alt 1551(11)(a) mar fhoghnóthas. Bunaíodh Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca ag leibhéal an Ghrúpa mar gheall ar an struchtúr boird aonadach a ghlac Ervia. Tá coistí cuí i bhfeidhm ag Ervia, a bhíonn ag feidhmiú i ndáil le Grúpa Ervia ina iomláine, agus mar sin de, níor bunaíodh aon choistí den chineál sin ag leibhéal na Cuideachta. Ó thaobh an rialachais de, déanann Bord Líonraí Gáis Éireann agus Bord Ervia araon maoirseacht agus bainistíocht ar chúrsaí Cuideachta.

I bhfianaise stádas Líonraí Gáis Éireann mar eintiteas leasa phoiblí, comhlíonann Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Ghrúpa Ervia a chuid oibleagáidí faoi alt 1551(14) d'Acht na gCuideachtaí 2014 (chun Stiúrthóirí Líonraí Gáis Éireann a chur ar an eolas faoi thoradh na hIniúchóireachta Reachtúla agus moltaí a chur isteach (más gá) ar phróisis tuairiscithe airgeadais) trí threorú do na hiniúchóirí reachtúla, Deloitte Ireland LLP, an tuarascáil atá ina ceangal faoi Airteagal 11 (1) de Rialachán (AE) Uimh 537/2014 do Bhord a sheoladh chuig Bord Stiúrthóirí Líonraí Gáis Éireann chomh maith le Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Ervia. Chun níos mó eolais a fháil faoi Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Ervia, féach ar Thuarascáil Bhliantúil Ervia ag www.ervia.ie.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Rialachas Corparáideach (ar lean)

I gcás na bliana airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2020, fuair Bord Ervia cúnamh maidir lena oibleagáidí a chur i gcrích toisc gur dáileadh róil agus freagrachtaí áirithe ar Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Ervia, ar Choiste Infheistíochta/Bonneagair Ervia, ar Choiste Luach Saothair Ervia agus ar an gCoiste Project 23. Bunaíodh an Coiste Project 23 chun maoirseacht a dhéanamh ar scaradh agus bhunú Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann mar dhá eintiteas neamhspleácha tar éis gur chinn an Rialtas go mbeadh Uisce Éireann ina fhóntas rialáilte neamhspleách faoi úinéireacht phoiblí agus é scartha ó Ghrúpa Ervia i rith 2023.

Cabhraíonn na Coistí le Bord Ervia trí bhreithniú níos mionsonraithe a dhéanamh ar shaincheisteanna rialachais, oibriúcháin agus airgeadais agus cuireann siad tuairisc chuig Bord Ervia maidir le moltaí riachtanacha ar bith. Bhí 5 chruinniú ag Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Ervia i rith na bliana, bhí 7 gcruinniú ag an Coiste Luach Saothair i rith na bliana, bhí 11 cruinniú ag an gCoiste Infheistíochta/Bonneagair i rith na bliana agus bhí 6 chruinniú ag an gCoiste Project 23 (an Coiste ar leagadh cúram air as maoirseacht a dhéanamh ar scaradh Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann) i rith na bliana.

Comhlíonann an Chuideachta an sainmhíniú ar chuideachta thrádáilte faoi Alt 1372 d'Acht na gCuideachtaí 2014 ar an mbonn gur cuideachta gníomhaíochta sainithe í ag a bhfuil dintiúir atá glactha um thrádáil ar mhargadh rialáilte i Stát LEE agus dá bharr sin go gcomhlíonann sé na forálacha is infheidhme in Alt 1373 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

## Na Stiúrthóirí agus an Rúnaí agus a gcuid Leasanna

Is iad Stiúrthóirí na Cuideachta ná Cathal Marley, Denis O'Sullivan, Edwina Nyhan, Brendan Murphy, Michael O'Sullivan agus Liam O'Sullivan.

Is é Cathaoirleach Bhord na Cuideachta ná Cathal Marley. Is é Rúnaí na Cuideachta ná Liam O'Riordan. Tá leasanna na Stiúrthóirí agus an Rúnaí nochta i nóta 4 de na ráitis airgeadais.

Faoi réir cead a fháil ón Aire, tá an chumhacht ag Ervia Stiúrthóirí na Cuideachta a cheapadh agus a bhaint. Chomh luath is a cheaptar iad, faigheann Stiúrthóirí doiciméid mhionsonraithe faisnéise, chomh maith le heolas rialachais, airgeadais agus oibriúcháin. Bíonn teacht ag na stiúrthóirí ar chláir oiliúna agus coimeádtar riachtanais fhorbartha leanúnacha na Stiúrthóirí faoi athbhreithniú ag an gCathaoirleach agus ag Rúnaí na Cuideachta.

I gcomhréir leis na hAirteagail Chomhlachais, níl na Stiúrthóirí i dteideal táillí a fháil. Is ionann luach saothair na Stiúrthóirí, mar a chuirtear síos air i nóta 4 de na ráitis airgeadais, agus cionroinnt den luach saothair iomlán a thuilleann siad mar fhostaithe faoi thuarastal de chuid Ervia, agus tá sin bunaithe ar na seirbhísí a sholáthraíonn siad don Ghrúpa. Tá luach saothair Stiúrthóir Bainistíochta na Cuideachta leagtha amach i nóta 4 de na ráitis airgeadais.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Na Stiúrthóirí agus an Rúnaí agus a gcuid Leasanna (ar lean)

Tá sceideal tinrimh do na cruinnithe Boird leagtha amach thíos.

| Stiúrthóir | Cruinnithe (Ar freastalaíodh orthu/ Incháilithe) |
|---|---|
| Cathal Marley (Cathaoirleach) | 12/13 |
| Brendan Murphy | 12/13 |
| Edwina Nyhan | 12/13 |
| Denis O'Sullivan | 13/13 |
| Liam O'Sullivan | 13/13 |
| Michael O'Sullivan | 12/13 |

## Róil agus Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá cothromaíocht chuí scileanna, taithí agus eolais ag Stiúrthóirí na Cuideachta le gur féidir leo a gcuid dualgas agus freagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach.

Is é ról na Stiúrthóirí ná ceannaireacht agus treoir a thabhairt don Chuideachta laistigh de chreat rialuithe críonna agus éifeachtacha a chumasaíonn riosca a mheasúnú agus a bhainistiú, agus a bheith cinnte, le dearbhú réasúnta, gur leor na rialuithe chun cloí le hoibleagáidí reachtúla agus rialachais a bhaint amach.

Áirítear le freagrachtaí na Stiúrthóirí na tuarascálacha bliantúla agus ráitis airgeadais a fhaomhadh chomh maith leis an bplean gnó bliantúil agus beartais agus nósanna imeachta sábháilteachta. Chuimsigh gníomhaíochtaí na Stiúrthóirí i gcaitheamh na bliana athbhreithniú ar agus faomhadh an Ráitis ar Bheartas Comhlíontachta an Stiúrthóra, na ráitis airgeadais agus na ráitis airgeadais eatramhacha neamhiniúchta a fhaomhadh agus cúrsaí sábháilteachta.

## Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí as Thuarascáil na Stiúrthóirí agus na Ráitis Airgeadais

Tá na Stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí 2014 agus na rialachán is infheidhme. Tá na Stiúrthóirí freagrach as coimeád agus ionracas faisnéise corparáidí agus airgeadais áirithe ar láithreán gréasáin an Ghrúpa www.gasnetworks.ie. D'fhéadfadh go mbeadh an reachtaíocht in Éirinn a bhaineann le hullmhúchán agus scaipeadh na Ráiteas Airgeadais difriúil le reachtaíocht dlínsí eile.

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú maidir le gach uile bhliain airgeadais. De réir an dlí, ullmhaíonn na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais, mar atá glactha ag an Aontas Eorpach ("creat ábhartha um thuairisciú airgeadais"). Faoi dhlí na gcuideachtaí, níl cead ag na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh go dtí go bhfuil siad sásta go dtugann siad léargas ceart agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta amhail ar dháta dheireadh na bliana airgeadais, agus ar bhrabús agus caillteanas an Ghrúpa sa bhliain airgeadais, agus go gcloíonn siad ar gach bealach eile le hAcht na gCuideachtaí 2014.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Ráiteas faoi Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na Ráitis Airgeadais (ar lean)

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú do ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá stuama agus réasúnta;
- a lua cé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a aithint, agus aird a thabhairt ar chúiseanna imeachta ábhartha ar bith ó na caighdeáin sin agus aon tionchar gaolmhar a bhí aige; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Grúpa agus an Chuideachta de bheith i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as cinntiú go gcoimeádann an Grúpa agus an Chuideachta nó go socraíonn siad go gcoimeádfaí taifid chuntasaíochta chruinne ina mínítear agus ina dtaifeadtar i gceart idirbhearta an Ghrúpa agus na Cuideachta, a chumasaíonn uair ar bith sócmhainní, dliteanais, seasamh airgeadais agus brabús nó caillteanas an Ghrúpa agus na Cuideachta a shocrú le cruinneas réasúnta; a chuireann ar a gcumas déanamh cinnte go gcloíonn na ráitis airgeadais agus tuarascáil na Stiúrthóirí le hAcht na gCuideachtaí 2014 agus a chumasaíonn iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá siad freagrach chomh maith as sócmhainní an Ghrúpa agus na Cuideachta a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh dá bharr chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

## Nochtuithe atá ina gceangal faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go bhfuil ceanglais an Chóid comhlíonta ag Líonraí Gáis Éireann. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas:

### A. Anailís ar Shochair Fhostaí

Tá sonraí ar líon na bhfostaithe a bhfuil a sochair fostaí iomlán (gan costais phinsin fhostóra agus sochair scoir a chur san áireamh) don bhliain do gach banna de €25,000 ó €50,000 in airde leagtha amach thíos:

| | 2020 Líon na bhfostaithe | 2019 Líon na bhfostaithe |
|---|---:|---:|
| €50,000-€75,000 | 210 | 205 |
| €75,001-€100,000 | 143 | 134 |
| €100,001-€125,000 | 70 | 65 |
| €125,001-€150,000 | 25 | 20 |
| €150,001-€175,000 | 8 | 11 |
| €175,001 agus os a chionn | 4 | 8 |

Nóta: Tá gach sochar fostaí gearrthéarma maidir le seirbhísí a tugadh le linn an tréimhse tuairiscithe ináirithe sa nochtadh thuas. Féach ar Nóta 5 de na Ráitis Airgeadais i gcomhair anailís bhreise ar na sochair éagsúla atá ináirithe.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## B. Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear le costais shainchomhairliúcháin an costas a thabhaítear go díreach ó chomhairle sheachtrach. Sainmhínítear costais shainchomhairliúcháin mar cheapacháin a sholáthróidh seirbhísí intleachtúla nó seirbhísí atá bunaithe ar shaineolas (e.g. anailís agus comhairle ó shaineolaithe) trí thuarascálacha, staidéir, measúnuithe, moltaí, tograí, srl., a chabhróidh le cinnteoireacht nó ceapadh beartas, agus é seo ar feadh tréimhse theoranta chun tasc ar leith a chur i gcrích. Ní áirítear leo gnáthfheidhmeanna oibre atá á seachfhoinsiú. Áit a gcuireann Ervia obair chomhairliúcháin ar conradh thar ceann Líonraí Gáis Éireann, cuirtear costas gaolmhar na hoibre san áireamh thíos.

| | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|
| Comhairle Dlí | 122 | 142 |
| Comhairle airgeadais | 388 | 120 |
| Feabhsú/athrú gnó | 1,917 | 1,795 |
| Eile | 150 | 249 |
| **Costais chomhairliúcháin iomlána** | **2,577** | **2,306** |
| | | |
| Caipitilithe | - | 8 |
| Ráiteas Ioncaim | 2,577 | 2,299 |
| **Costais chomhairliúcháin iomlána** | **2,577** | **2,306** |

## C. Costais dlí agus socraíochtaí dlí

Cuireann an tábla thíos miondealú de na méideanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse thuairiscithe ar fáil maidir le costais dlí, socruithe agus imeachtaí réitigh agus eadrána. Ní áirítear sa tábla seo caiteachas a bhain le comhairle ghinearálta dlí toisc go n-áirítear é sna costais shainchomhairliúcháin thuas.

| | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|
| Costais agus táillí dlí | 1,837 | 633 |
| Socraíochtaí | 365 | 618 |
| **Iomlán** | **2,202** | **1,251** |
| Líon na gcásanna dlí | 9 | 3 |

Nóta 1: Ní chlúdaíonn an nochtadh seo íocaíochtaí a rinne ár gcuideachta árachais.

Nóta 2: Baineann an líon cásanna le cásanna ar chuir Líonraí Gáis Éireann féin tús leo nó le himeachtaí dlí a tógadh ina aghaidh, agus ní áirítear leis imeachtaí árachais.

Nóta 3: Áirítear le costais dlí 2020 thuas méid de €80,946 i ndáil le hábhar dlí a bhaineann le Coillte.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## D. Caiteachas Taistil agus Cothabhála

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a aicmiú mar seo a leanas:

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---:|---:|
| **Baile** | | |
| Bord | - | - |
| Fostaithe | 869 | 1,519 |
| | | |
| **Idirnáisiúnta** | | |
| Bord | - | - |
| Fostaithe | 49 | 182 |
| **Iomlán** | **918** | **1,701** |

B'ionann caiteachas taistil agus cothaithe Stiúrthóirí Líonraí Gáis Éireann i rith 2020 ná €nialas (2019: €nialas). Meastar gur tabhaíodh caiteachas taistil agus cothaithe arna thabhú ag Stiúrthóirí Líonraí Gáis Éireann agus iad ag feidhmiú mar fhostaithe.

## E. Fáilteachas

Cuimsíonn an ráiteas ioncaim an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

| | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---:|---:|
| Fáilteachas na foirne | 24 | 123 |
| Fáilteachas na gcliant | 17 | 37 |
| **Iomlán** | **41** | **160** |

## Trédhearcacht

### Saoráil Faisnéise

Tá an Chuideachta faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014 ("an tAcht FOI"). D'ullmhaigh agus d'fhoilsigh an Chuideachta Scéim Foilsithe Eiseamláir de réir cheanglais Alt 8 den Acht FOI. Is féidir eolas a fháil faoin scéim ar láithreán gréasáin na Cuideachta www.gasnetworks.ie. Faoin scéim, foilsíonn an Chuideachta a oiread faisnéise agus is féidir go rialta ar bhealach oscailte inrochtana lasmuigh de shaoráil faisnéise agus prionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta á gcur san áireamh.

### Cosaint Sonraí

Ionas gur féidir leis an gCuideachta seirbhís éifeachtach a chur ar fáil do chustaiméirí agus ionas gur féidir léi caidreamh a bhunú agus a bhainistiú leis na custaiméirí, is gá don Chuideachta sonraí a bhaineann leis an gcustaiméir a bhailiú agus a úsáid. Tá an Chuideachta tiomanta do chearta agus príobháideachas a chustaiméirí a chosaint i gcomhréir leis an Dlí ar Chosaint Sonraí.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Nochtaí Cosanta agus Cúis Imní a Léiriú

Tá meicníocht ann ar féidir le fostaithe agus bainisteoirí Líonraí Gáis Éireann í a úsáid chun cúiseanna imní a chur in iúl, nó chun nochtadh a dhéanamh ar mhaithe leis an bpobal, de réir an Achta um Nochtadh Cosanta 2014, agus tá an mheicníocht seo sonraithe i mBeartas um Nochtadh Cosanta Ghrúpa Ervia. Tá tuilleadh treorach do bhainisteoirí agus d'fhostaithe á leagan amach i gCód Iompair Gnó Ghrúpa Ervia, Beartas Frithchalaoise Ghrúpa Ervia agus Beartas Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillithe Ghrúpa Ervia. De réir Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta 2014 ceanglaítear ar Líonraí Gáis Éireann Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú maidir le nochtadh cosanta arna dhéanamh faoin Acht. I gcomhréir leis an riachtanas seo, dearbhaíonn Líonraí Gáis Éireann nach raibh aon nochtadh cosanta le tuairisciú le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2020.

## Cothromaíocht, Éagsúlacht agus Cuimsiú

I rith 2020, leanadh ar aghaidh i gClár Ibelong Ervia um Éagsúlacht agus Chuimsiú ag díriú ar phobal oibre dinimiciúil, éagsúil agus uileghabhálacha a chruthú áit a mothaíonn fostaithe muintearas, agus ar straitéis um éagsúlacht agus um chuimsiú a chumhdach san eagraíocht. Seoladh an clár i 2019 agus é mar chuspóir éagsúlacht agus cuimsiú a chumhdach san áit oibre trí straitéis um Éagsúlacht agus Chuimsiú a chruthú, plean straitéiseach ibelong a chur i bhfeidhm ó 2019-2023, agus sraith mhéadrachta agus tomhas a thabhairt isteach chun dul chun cinn sa réimse sin a rianú.

Déanann an Chomhairle Éagsúlachta agus Cuimsithe, a chuimsíonn ionadaithe ar fhostaithe ó gach leibhéal den eagraíocht agus urraíocht fheidhmiúcháin, maoirseacht ar an gclár oibre ibelong um Éagsúlacht agus Chuimsiú. I 2019 agus 2020, tugadh tosaíocht ar dtús d'éagsúlacht inscne in Ervia, agus í tacaithe ag seoladh Líonra na mBan de chuid ibelong, an chéad grúpa acmhainní fostaí de chuid Ervia. Tugadh an t-Innéacs Éagsúlachta agus Cuimsithe isteach don Scórchárta Cothromaithe i 2020 agus moladh tuilleadh méadrachta le cur i bhfeidhm oiliúna ar Chlaonadh Neamh-chomhfhiosach agus deireadh curtha le gearrliostaí iarrthóirí inscne singile sa phróiseas earcaíochta agus roghnúcháin. I measc buaicphointí eile i 2020 bhí dhá ghrúpa fostaithe breise, an ibelong Rainbow Network agus an ibelong Family Network. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar thallann mná ar gach leibhéal den eagraíocht cruthaíodh agus seoladh Clár um Fhorbairt Tallainne Mná. Anuas air sin, tugadh faoi athbhreithniú ar bheartais AD Ervia d'fhonn ár gcuid beartas a fheabhsú ó thaobh na hÉagsúlachta agus an Chuimsithe i 2021 agus 2022. Bronnadh dámhachtain 2020 Global Gartner Communications ar an gclár ibelong as Barr Feabhais sa Rannpháirtíocht Fostaithe.

## Brústocaireacht a Rialáil

I gcomhréir le ceanglais an Acht um Brústocaireacht a Rialáil 2015, tá an Chuideachta Cláraithe ar an gclár brústocaireachta a choimeádann an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus tá tuairisceáin riachtanacha déanta aige le haghaidh na dtréimhsí tuairisceáin i 2020.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Polasaí ar Íocaíocht Creidiúnaithe/Íocaíochtaí Prasa

Tá rialuithe inmheánacha cuí airgeadais i bhfeidhm laistigh den Chuideachta chun comhlíonadh le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2012-2016, a chinntiú.

Shínigh an Chuideachta an Cód um Íocaíocht Phras, arna lainseáil ag an Rialtas i 2015, agus de bhun a fhorálacha, geallann sí soláthraithe a íoc in am, treoir shoiléir a thabhairt do sholáthraithe maidir le nósanna imeachta íocaíochta agus na soláthraithe a spreagadh le glacadh leis an gcód laistigh dá slabhraí soláthair féin.

## Ráiteas faoin gCóras Rialaithe Inmheánaigh

### Scóip na Freagrachta

Aithníonn na Stiúrthóirí an fhreagracht atá orthu a chinntiú go gcoinneofaí agus go ndéanfaí córas éifeachtach rialaithe inmheánach a chur i bhfeidhm.

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha le riosca a bhainistiú go leibhéal infhulaingthe seachas fáil réidh leis agus níl ann ach cinnteacht réasúnta seachas iomlán go bhfuil na sócmhainní slán, idirbhearta ceadaithe agus cuntas ceart coimeádta díobh agus go n-aithneofaí nó go stopfaí earráidí ábhartha i dtréimhse ghairid ama.

Tá an córas um rialú inmheánach, atá de réir na treorach a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i Líonraí Gáis Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

### Bainistíocht Riosca

Tá dualgas ar fhostaithe uile Líonraí Gáis Éireann as bainistiú éifeachtach riosca a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear córais rialaithe inmheánacha Líonraí Gáis Éireann a dhearadh, a oibriú agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Is é POF Ghrúpa Ervia an feidhmeannach freagrach a bhfuil an fhreagracht dheiridh aige. Tarmligeann POF an Ghrúpa róil shoiléire agus freagrachtaí soiléire ar a Fhoireann Feidhmiúcháin agus na daoine faoina stiúir maidir le bainistiú riosca agus le cinntiú go bhfuil córais rialaithe inmheánacha ag feidhmiú go héifeachtúil.

### Timpeallacht Riosca agus Rialaithe

Déanann na Stiúrthóirí cinnte go bhfuil na córais chuí um rialú inmheánach agus bainistíocht riosca i bhfeidhm ag an gCuideachta tríd na struchtúir agus na córais seo a leanas a úsáid:

***Coiste Iniúchta agus Riosca***

Tá Ervia tar éis struchtúr Boird aonadach a ghlacadh chuige féin, agus is é an Bord seo atá iomlán freagrach as rialachas Ervia agus a fhochuideachtaí lena n-áirítear Líonraí Gáis Éireann. Tá coistí cuí i bhfeidhm ag leibhéal Ghrúpa Ervia, a bhíonn ag feidhmiú i ndáil le Grúpa Ervia ina iomlán.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Timpeallacht Riosca agus Rialaithe (ar lean)

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (an "CIR") ag Ervia ar a bhfuil 4 chomhalta neamhfheidhmiúcháin Boird a bhfuil an saineolas riachtanach acu don ról. Ar bhonn "eisceachtaí amháin", cuireann an CIR Bord Líonraí Gáis Éireann ar an eolas faoi aon cheisteanna a thagann aníos le linn dó a bheith ag athbhreithniú ráiteas airgeadais de chuid Líonraí Gáis Éireann, i gcás go mbaineann na cúrsaí sin le faomhadh na Ráiteas Airgeadais. Ó thaobh an rialachais de, déanann Bord Líonraí Gáis Éireann agus Bord Ervia araon maoirseacht ar chúrsaí Líonraí Gáis Éireann.

Déanann an CIR maoirseacht ar an timpeallacht riosca agus rialaithe thar ceann Bhord Ervia agus tá sé freagrach as cabhrú le Bord Ervia a fhreagrachtaí a chomhlíonadh de réir mar a bhaineann siad leis an réimse sin. Gach ráithe, déanann an CIR athbhreithniú substainteach ar son Bhord Ervia ar Phróifíl Riosca Ervia arna ullmhú ag na bainisteoirí, a n-áirítear leis rioscaí a bhaineann le Líonraí Gáis Éireann, agus cinntíonn an t-athbhreithniú seo maoirseacht na bpríomhrioscaí agus na rioscaí nua agus breithniú ar éifeachtúlacht fhreagairtí na mbainisteoirí do na cúiseanna neamhchosanta ar riosca is mó a gcaithfidh Ervia Group dul i ngleic leo. Déanann an CIR athbhreithniú freisin ar iontaofacht fhoriomlán an chórais bainistithe riosca, lena n-áirítear éifeachtúlacht na bhfeidhmeanna riosca agus iniúchóireachta inmheánaí.

***Fóram Dearbhaithe Comhtháite***

Tá freagracht ar Líonraí Gáis Éireann faoin gCód as a chinntiú go ndéantar córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh a oibriú agus go leantar ar aghaidh leo. Tá measúnú ar éifeachtacht na rialuithe sin de dhíth gach bliain. Chun aghaidh a thabhairt ar an riachtanas sin, d'fhorbair Grúpa Ervia an Fóram Dearbhaithe Chomhtháite ("FDC"), a thuairiscíonn chuig Phríomhoifigeach Airgeadais Ghrúpa Ervia.

Tagann an FDC le chéile gach ráithe lena dheimhniú go gcomhordaítear gach gníomhaíocht dearbhaithe agus aontú riachtanach, agus go dtugtar fianaise maidir leo, ar bhealach struchtúrtha. Ag deireadh na bliana, dearbhaíonn an FDC don Bhord cé acu an bhfuil na rialuithe éifeachtach nó nach bhfuil. Tugann próisis an FDC, chomh maith le roinnt gníomhaíochtaí eile rialachais, riosca agus rialaithe ar fud Ghrúpa Ervia, tacaíocht don Bhord agus an Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach á chomhaontú. Cuimsíonn an creat don Fhóram um Dhearbhú Comhtháite gníomhaíochtaí agus déanann sé comhdhlúthú agus comhordú breise ar bhealach struchtúrtha gach gníomhaíocht dhearbhaithe san eagraíocht thar an múnla "Trí Líne Cosanta" um bainistíocht riosca. Cinntíonn seo go ndéanann Líonraí Gáis Éireann a oiread maoirseachta ar riosca agus rialachas agus is féidir maidir le rialú, ionas gur féidir leis acmhainneacht eagraíochtúil a fhorbairt. Cuirtear an ARC ar an eolas faoi thorthaí an IAF ar bhonn ráithiúil.

***Iniúchadh Inmheánach***

Tá feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí seanbhunaithe in Ervia, a bhfuil acmhainní leordhóthanacha faoina lámh agus a thugann faoi chlár oibre arna chomhaontú leis an CIR do Ghrúpa Ervia ina iomláine, lena n-áirítear Líonraí Gáis Éireann. Tuairiscíonn Ceann Ghrúpa na hIniúchóireachta Inmheánaí díreach don CIR agus don Phríomhoifigeach Airgeadais Ghrúpa Ervia.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Timpeallacht Riosca agus Rialaithe (ar lean)

Soláthraíonn an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí cur chuige córasach agus rialaithe chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht rialachas, bainistíocht riosca agus rialú inmheánach an Ghrúpa, lena n-airítear Líonraí Gáis Éireann agus feabhas a chur air.

Seo a leanas obair áirithe na feidhme Iniúchóireachta Inmheánaí:

- Déanann sí meastóireacht ar nochtadh do riosca i ndáil le spriocanna straitéiseacha Ghrúpa Ervia, Líonraí Gáis Éireann san áireamh, a bhaint amach.
- Measúnú ar na córais a cuireadh ar bun chun comhlíonadh na mbeartas, pleananna, nósanna imeachta, dlíthe agus rialachán a áirithiú.
- Measúnú ar na modhanna atá ann chun sócmhainní a chosaint.
- Monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na bpróiseas bainistíochta riosca agus na próisis sin a mheas.
- Cuireann sí seirbhísí comhairleacha ar fáil maidir le rialachas, bainistíocht riosca agus rialú de réir mar is cuí.

***Feidhm Bainistíochta Riosca***

Tá feidhmeannas Bainistithe Riosca seanbhunaithe in Ervia freisin, a bhfuil na hacmhainní leordhóthanacha faoina lámh agus atá freagrach as dearadh agus cur i bhfeidhm Creata um Bainistíocht Riosca Fiontair, agus as a chinntiú go bhfuil taithí agus scileanna bainistithe riosca leordhóthanacha ar fáil ar fud an Ghrúpa, Líonraí Gáis Éireann san áireamh. Tuairiscíonn Ceann Bainistíochta Riosca Ervia díreach don CIR agus do Phríomhoifigeach Airgeadais Ghrúpa Ervia agus freastalaíonn siad ar gach cruinniú CIR. Ina theannta sin, bíonn cruinnithe ráithiúla ag Coiste Bainistíochta Riosca an Ghrúpa, agus Príomhfheidhmeannach an Ghrúpa ina gcathaoirleach air.

Déanann an feidhmeannas Bainistithe Riosca na rudaí seo a leanas go háirithe:

- A chinntiú go mbíonn próisis agus maoirseacht imleor, chomhsheasmhach i bhfeidhm leis na rioscaí atá ann do Líonraí Gáis Éireann a aithint, a thomhas, a bhainistiú, a thuairisciú agus le monatóireacht a dhéanamh orthu.
- A chinntiú go leantar ar aghaidh leis an maoirseacht agus go ndéantar measúnú ar phróifíl riosca Líonraí Gáis Éireann, lena n-áirítear príomhrioscaí, rioscaí atá ag teacht chun cinn agus le feiceáil níos mó agus níos mó, agus rioscaí a mbeadh tionchar mór acu ach is beag an seans go dtarlóidís. Áirítear leis sin cur síos ar na rioscaí seo agus ar na bearta nó na straitéisí cuí maolaithe agus an éifeacht a bhíonn leo.
- Déanann sé cultúr oiriúnach bainistíocht riosca a chumhdach.

***Gnéithe den Timpeallacht Rialaithe***

Chomh maith leis na príomhstruchtúir a bhfuil tagairt dóibh thuas, dearbhaíonn na Stiúrthóirí go bhfuil timpeallacht rialaithe, a chuimsíonn na gnéithe seo a leanas, i bhfeidhm i Líonraí Gáis Éireann.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Timpeallacht Riosca agus Rialaithe (ar lean)

- Freagracht ar bhainistíocht ag gach leibhéal i Líonraí Gáis Éireann agus Ervia as rialú inmheánach agus bainistíocht riosca ar a bhfeidhmeanna gnó faoi seach;
- Creat um Rialachas Corparáideach a chuimsíonn rialú airgeadais agus measúnú riosca. Déanann bainisteoirí agus feidhmeanna Líonra Gáis Éireann agus Iniúchóireacht Inmheánaí agus Riosca Ervia monatóireacht ar sin;
- Struchtúr eagraíochtúil atá leagtha amach go soiléir, agus a bhfuil teorainneacha údaraithe agus meicníochtaí tuairiscithe sainaitheanta ann do leibhéil níos airde bainistíochta agus do Bhord Líonraí Gáis Éireann, chomh maith le bainisteoirí agus Bord Ervia
- Sraith chuimsitheach beartas agus nósanna imeachta a bhaineann le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais, caiteachas caipitiúil san áireamh. Teastaíonn faomhadh an Bhoird Ervia le haghaidh tionscadal mór caipitiúil, agus déanann Coiste Infheistíochta/Bonneagair Ervia dlúthmhonatóireacht orthu ar bhonn leanúnach;
- Próisis bhunaithe chun rioscaí gnó a aithint agus a mheasúnú trí nádúr, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá os comhair Líonraí Gáis Éireann a aithint lena n-áirítear an mhéid agus na catagóirí a mheasann sé a bheith inghlactha. Próisis eile chun rioscaí gnó a aithint agus a mheasúnú lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh na rioscaí aitheanta agus measúnú a dhéanamh ar chumas na Cuideachta na rioscaí a thagann chun cinn a bhainistiú agus a mhaolú trí phleananna agus straitéisí gaolmhara um maolú
- Dealú cuí dualgas agus taifeadadh próiseas agus rialuithe atá dírithe ar chalaois a chosc agus a bhrath;
- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil a athbhreithníonn agus a aontaíonn Bord Líonraí Gáis Éireann;
- Córas cuimsitheach de thuairisciú airgeadais;
- Déantar sraith chuimsitheach táscairí ar fhaisnéis na bainistíochta agus táscairí feidhmíochta gach ráithe a cheadaíonn monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn de réir cuspóirí fadtéarmacha agus buiséad bliantúil;
- Beartais inmheánacha a cheanglaíonn ar gach fostaí cloí go hionraic leis na caighdeáin eitice is airde. Áirítear leis na beartais sin an Cód Iompair Ghnó, Beartas Frith-Chalaoise, Beartas Frith-Bhreabaireachta agus Frith-Éillitheachta, Beartas um Rialáil Brústocaireacht a Rialáil agus Beartas ar Nochtuithe Cosanta;
- Clár cuimsitheach frithchalaoise a chuimsíonn beartas frithchalaoise, oiliúint agus cumarsáid agus plean um fhreagairt do chalaois;
- Athbhreithnithe córasacha ar rialuithe inmheánacha airgeadais agus oibriúcháin ag Iniúchóireacht Inmheánach Ervia agus Bainistíocht Riosca. Sna hathbhreithnithe sin, leagtar béim ar na réimsí is mó ina bhfuil riosca de réir mar a aithnítear ag measúnú riosca; agus
- Measúnú ar chreat rialaithe inmheánaigh a chiallaíonn bualadh faoi mheasúnú riosca leathan, athbhreithniú a dhéanamh ar oibriúchán agus éifeachtúlacht phriomhpholasaithe agus phróisis, tuairisciú ar féin-mheasúnú rialú inmheánaigh, tuairisciú míosúil ar fheidhmíocht, a fhaigheann tacaíocht ó ghníomhaíochtaí ráthaíochta Riosca, Iniúchadh Inmheánach agus Sheachtrach.

Níor cuireadh béim ar aon saincheist ábhartha inár dtimpeallacht rialaithe inmheánaigh le linn 2020.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá creat láidir ag Líonraí Gáis Éireann d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar leorgacht na rialuithe inmheánacha agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí agus atá siad, lena n-áirítear na rialuithe airgeadais, oibriúcháin, comhlíontachta agus próisis bainistíochta riosca. Tá Stiúrthóirí Líonraí Gáis Éireann sásta go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm oiriúnach don ghnó.

Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh i ndáil le Líonraí Gáis Éireann, is é atá mar bhonn agus taca aige ná obair na mbainisteoirí feidhmiúcháin sa Chuideachta atá freagrach as forbairt agus cothú an chreata rialaithe inmheánaigh. Cuireann an CIR leis an obair seo, agus déanann siadsan maoirseacht ar obair feidhme Riosca Ervia, ar obair Iniúchóireachta Inmheánaí Ervia, agus ar na ráitis a dhéanann na hiniúchóirí seachtracha ina litreacha do bhainisteoirí agus/nó i dtuairiscí nach iad. Cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus do Bhord Líonraí Gáis Éireann, nuair is cuí, go pras.

Cuimsíonn monatóireacht leanúnach ag bainisteoirí Ervia agus Líonraí Gáis Éireann:

- Athbhreithniú agus breithniú ar an gclár Iniúchóireachta Inmheánaí agus breithniú ar a thuarascálacha agus a thorthaí i dtaobh Líonraí Gáis Éireann. Déanann an ARC athbhreithniú freisin ar an gclár iniúchóireachta inmheánaí do Líonraí Gáis Éireann.
- Athbhreithniú ar thuairisciú rialta ón Iniúchadh Inmheánach maidir le stádas na timpeallachta rialaithe inmheánaigh i Líonraí Gáis Éireann agus stádas na saincheisteanna a ardaíodh roimhe sin ina dtuarascálacha féin. Déanann an CIR athbhreithniú ar na tuarascálacha seo freisin.
- Rannpháirtíocht san Fhóram Dearbhaithe Chomhtháite.
- Tuarascáil ullmhaithe ag Stiúrthóir Feidhmiúcháin Líonraí Gáis Éireann maidir le héifeachtúlacht oibriú an chórais rialaithe inmheánaigh, idir airgeadais agus oibriúcháin.
- Cruinnithe míosúla le Feidhmeannas Ervia chun cúrsaí airgeadais, riosca, iniúchóireachta inmheánaí agus oibriúcháin i dtaca le Líonraí Gáis Éireann a phlé.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach (ar lean)

Áirítear leis an monatóireacht leanúnach a dhéanann an ARC;

- Athbhreithniú ar thuarascálacha an Fhóraim Dearbhaithe Chomhtháite maidir leis an gcóras um rialú inmheánach i Líonraí Gáis Éireann. Cuirtear seo i bhfeidhm go ráithiúil mar chuid d'athbhreithniú thorthaí Ghrúpa Ervia ón bhFóram Dearbhaithe Chomhtháite.
- Athbhreithniú ar thuarascálacha ó iniúchóirí seachtracha, ina bhfuil sonraí faoi aon saincheisteanna ábhartha maidir le rialú airgeadais inmheánach.
- Athbhreithniú agus plé ar an tuarascáil ó Stiúrthóir Feidhmiúcháin Líonraí Gáis Éireann maidir le héifeachtúlacht oibriú na gcóras rialaithe inmheánaigh, idir airgeadas agus oibriúcháin.

Cuimsíonn monatóireacht leanúnach ag Bord Líonraí Gáis Éireann;

- Athbhreithniú agus plé ar an tuarascáil ó Stiúrthóir Feidhmiúcháin Líonraí Gáis Éireann maidir le héifeachtúlacht oibriú na gcóras rialaithe inmheánaigh, idir airgeadas agus oibriúcháin.
- Athbhreithniú ar thuarascálacha ón iniúchóir seachtrach, ina bhfuil sonraí faoi aon saincheist ábhartha maidir le rialú airgeadais.

### Caiteachas Caipitil agus Oibriúcháin

Tá córais dhaingne agus éifeachtacha i bhfeidhm chun comhlíonadh a chinntiú, de réir mar is cuí, maidir leis na prionsabail, na ceanglais agus na treoirlínte ábhartha sa Chód Caiteachais Phoiblí. Mar gheall ar ghníomhaíocht aistrithe i ndáil leis an gCód Caiteachais Phoiblí nuashonraithe (2019) i rith 2020, meastar go mbainfear amach comhlíonadh iomlán na gceanglas breise sa Chód Caiteachais Phoiblí (2019) sa bhliain atá le teacht.

I mBeartas Soláthair Ervia (PD02) tugtar sonraí ar na nósanna imeachta nach mór do Ervia ('an Grúpa') cloí leo chun tacú le ceanglais soláthair san eagraíocht. Trí PD02 a chur i bhfeidhm déantar cinnte go bhfaightear luach ar airgead i gcleachtais soláthair, go gcloítear le dlíthe AE agus Éireannacha maidir le soláthar poiblí, go ndéantar próisis tairisceana a bhainistiú go cuí agus go gcoimeádtar forbhreathnú rialachais agus bainistíochta ar an bpróiseas soláthair ar fud an Ghrúpa.

I mBeartas Ervia um Fhaomhadh Caiteachais agus Conarthaí (PD03) leagtar amach an creat um rialáil caiteachais airgeadais agus conarthaí lena n-áirítear an próiseas údaraithe agus leibhéil údaraithe i gcomhair caiteachais chaipitil agus oibriúcháin in Ervia agus i ngach ceann dá chuid fochuideachtaí. Ní mór go gcloífeadh gach faomhadh caiteachais agus conartha le ceanglais Chreat Rialachais Ervia agus PD03.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Caiteachas Caipitil agus Oibriúcháin (ar lean)

I rith 2020, tugadh faoi athbhreithniú ar an gcreat rialachais um chaiteachas airgeadais agus chonarthaí lenar áiríodh an próiseas údaraithe. Ina dhiaidh sin feabhsaíodh an creat rialachais ionas go mbeadh sé ag teacht leis na critéir um luach ar airgead sa Chód Caiteachais Phoiblí nuashonraithe, mar a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí na Nollag 2019. Chuimsigh sé sin idirdhealú freagrachtaí agus tabhairt isteach struchtúr athbhreithnithe um Gheata Faofa agus ceanglais chaighdeánaithe um thuairisiciú. D'fhaomh an Bord an beartas athbhreithnithe PD03 i mí na Nollag 2020.

Tá feidhm ag an gcreat atá bunaithe ag an mbeartas seo ó dháta an fhaofa ag Bord Ervia. Admhaítear áfach go mbeidh idirthréimhse i gceist a mbeidh sé riachtanach lena linn próisis agus nósanna imeachta nua a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin cuirfear oiliúint bhreise foirne ar chur i bhfeidhm an bheartais athbhreithnithe ar fáil ar fud an Ghrúpa i 2021.

Ní mór aird a thabhairt sa chaiteachas caipitil go léir ar cheanglais soláthair náisiúnta agus AE i dteannta le comhlíonadh aon cheanglas a d'fhéadfadh a bheith socraithe ag an CRU, ceanglais i ndáil leis an gcomhshaol agus le pleanáil agus tosaíochtaí bonneagair. Úsáidtear modhanna cuí um measúnú infheistíochta i ndáil le tionscadail chaipitil agus cláir chaipitil chun cinnteoireacht éifeachtach a éascú.

Feidhmíonn an próiseas gealltanas caipitil le haghaidh Líonraí Gáis Éireann ar an mbonn go n-iarrfadh an chuideachta na ceadanna ábhartha ón Aire roimh ré i gcomhair imchlúdaigh iomláin de ghealltanais chaipitil le tabhairt fúthu le linn na bliana airgeadais dár gcionn.

Cuirtear infheistíochtaí caipitil lena n-áirítear conarthaí ar luach níos mó ná €3.5m i láthair an Choiste (feidhmiúcháin) um Faomhadh Caiteachais le haghaidh athbhreithnithe agus faofa shonraigh. Ní mór faomhadh a fháil ó Bhord Ervia agus ó Bhord Líonraí Gáis Éireann le haghaidh caiteachais chaipitil ar bith atá níos mó ná €10m.

Iarrann Líonraí Gáis Éireann ceadanna Aire ar leithligh sula dtugtar gealltanas do thionscadal caipitil aonair ar bith nó do chlár caipitil nua ar chostas €20m nó níos mó i gcás caiteachais rialáilte agus €10m i gcás caiteachais neamhrialáilte. Cuirtear ceadanna Aire faoi bhráid na Máthair-roinne agus ranna rialtais ábhartha eile atá rannpháirteach sa phróiseas ceadaithe don iarratas sonrach. Chomh maith leis sin, cuirtear iarratais ar fhaomhadh aire faoi bhráid NewERA a chuireann comhairle airgeadais agus gnó atá sonrach do thionscadal ar DHLGH, sula dtugtar cead Aire.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Caiteachas Caipitil agus Oibriúcháin (ar lean)

Coimeádtar an Bord ar an eolas faoi mheasúnú ar stádas tionscadal agus clár caipitil de réir mar a théann siad ar aghaidh lena n-áirítear tuairiscí ar chur i bhfeidhm de réir an phlean, amscálaí agus caighdeán. Déantar tuairisciú faoin mbuiséad agus difear a chur faoi bhráid an Bhoird fosta. Gabhann cuspóirí sonracha le gach tionscadal agus déantar iad a thomhas dá réir. Áirítear le tairiscintí agus conarthaí ina dhiaidh sin PTFanna a úsáidtear chun feidhmíocht a thomhas le linn an tionscadail. Cuirtear athbhreithnithe tar éis tionscadail agus tuairiscí dúnta airgeadais i láthair Bhord Líonraí Gáis Éireann, Choiste Infheistíochta/Bonneagair Ervia agus Bord Ervia le meastóireacht a dhéanamh orthu. Éascaíonn cruinnithe ar dhúnadh tionscadal cur chuige 'ceachtanna foghlamtha' a chuirtear i bhfeidhm ansin i dtionscadail reatha agus ina dhiaidh sin ar fud na heagraíochta.

## Rialachán Ginearálta ar Chosaint Sonraí (GDPR)

Níl aon ábhar imní suntasach léirithe ag Oifigeach um Chosaint Sonraí Ghrúpa Ervia maidir le neamhchomhlíonadh i ndáil le riachtanais reachtacha faoi GDPR.

## Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Tá athbhreithniú déanta ag na Stiúrthóirí ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh go dtí dáta faofa na Ráiteas Airgeadais, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochtúla agus comhlíontachta agus córais bhainistíochta riosca do 2020 agus cinnteoidh sé go ndéanfar athbhreithniú den chineál céanna i 2021. Rinne an CIR athbhreithniú mionsonraithe, agus thuairiscigh siad a gcuid torthaí do Bhord Ervia.

Níor aithníodh aon laigí ábhartha sa timpeallacht rialaithe inmheánaigh fad is a bhí an t-iniúchadh inmheánach á dhéanamh i 2020 nár tugadh aghaidh orthu nó nach bhfuil aghaidh á thabhairt orthu agus nár cuireadh faoi bhráid Ervia agus an Coiste Iniúchta & Riosca.

## Ráiteas ar Fhaisnéis Iniúchta Ábhartha

I gcomhréir le hAlt 330 d'Acht na gCuideachtaí 2014, measann na Stiúrthóirí go bhfuil gach céim riachtanach glactha acu chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha don iniúchadh agus tá sé socraithe acu go bhfuil iniúchóirí reachtúla an Ghrúpa ar an eolas faoin fhaisnéis sin. Sa mhéid is eol dóibh, níl aon fhaisnéis iniúchta ábhartha ann nach bhfuil iniúchóir reachtúil na Cuideachta ar an eolas fúithi.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Ráiteas Comhlíontachta na Stiúrthóirí

Dearbhaíonn Stiúrthóirí na Cuideachta go bhfuil siad freagrach as a chinntiú go bhfuil an Chuideachta ag comhlíonadh a hoibleagáidí ábhartha de réir Alt 225 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Tá na Stiúrthóirí den tuairim go bhfuil na beartais, struchtúir agus socruithe atá i bhfeidhm ag an gCuideachta oiriúnach chun cur ar chumas na Cuideachta, a hoibleagáidí bainteacha a chomhlíonadh go hábhartha. Tá "oibleagáidí bainteacha" na Cuideachta sainaitheanta sa Ráiteas Beartais um Chomhlíontacht agus sa Mhaitrís Chomhlíontachta ghaolmhar, ina n-aithnítear na príomhghníomhaíochtaí agus seiceálacha nach mór a bheith i bhfeidhm. Tá an Ráiteas Beartais um Chomhlíontacht seo curtha in iúl do bhainisteoirí sinsearacha uile na Cuideachta chun comhlíonadh leanúnach agus daingean an Bheartais Chomhlíontachta a chinntiú. Rinne na Stiúrthóirí athbhreithniú i lár agus ag deireadh na bliana airgeadais ar na socruithe agus struchtúir a bhí ann don bhliain 2020 chun a chinntiú go raibh an Chuideachta ag comhlíonadh a hoibleagáidí bainteacha go hábhartha. Feabhsófar an Ráiteas Beartais Comhlíontachta chun oibleagáidí comhlíontachta na Cuideachta a chomhlíonadh de réir mar a fhorbraíonn na hoibleagáidí sin agus/nó gnó na Cuideachta.

Is próiseas dinimiciúil é an comhlíonadh, a bhfuil an-chuid beartas agus nósanna imeachta ag teastáil chun go mbeidh éifeachtúlacht ag baint leis an mbeartas comhlíontachta, chomh maith le tiomantas na Stiúrthóirí agus na mbainisteoirí sinsearacha, agus tacaíocht ó na fostaithe, conraitheoirí agus gníomhairí uile. Tá na Stiúrthóirí geallta chun timpeallacht a chothú ar leibhéal an Bhoird agus ar fud na Cuideachta lena múscláitear feasacht agus lena dtugtar aird ar agus a gcuirtear chun cinn aidhmeanna an Bheartais Comhlíontachta.

## Acht na gCuideachtaí 2014

Tá Líonraí Gáis Éireann díolmhaithe ón oibleagáid an 'Chuideachta Gníomhaíochta Sainithe' a úsáid chun cur síos ar an gcineál cuideachta ina hainm de bhun Alt 151 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

## Gnóthas Leantach

Tá ionchas réasúnach ag na Stiúrthóirí go leanfaidh an Grúpa agus an Chuideachta ag freastal ar a ndliteanais mar a thagann siad go ceann i bhfad agus dá réir sin ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn ghnóthais leantaigh. Tá €462 milliún de shaoráidí bainc neamhtharraingthe ar fáil don Ghrúpa (2019: €410 milliún) in éineacht le réamhaisnéisí láidre brabúsachta le haghaidh 2021, chun dliteanais a ghlanadh de réir mar a thagann siad chun a bheith dlite. Dá réir sin, tá na Stiúrthóirí fós ag dul i muinín bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le hullmhú na ráiteas airgeadais sin. Tá níos mó sonraí faoin measúnú gnóthais leantaigh sin agus faoi shuíomh leachtachta an Ghrúpa curtha ar fáil i nóta 1(a) agus 23(ii), faoi seach, leis na ráitis airgeadais sin.

# Tuarascáil na Stiúrthóirí – (ar lean)

## Iniúchóir Neamhspleách

Tá an Chuideachta ar an eolas faoi na ceanglais maidir le huainíocht Chomhpháirtí Iniúchóireachta agus Chomhlacht Iniúchóireachta, faoi na socruithe aistrithe i gcomhair uainíochta agus faoin srian ar theidlíocht an iniúchóra reachtúil chun seirbhísí áirithe nach seirbhísí iniúchóireachta iad a chur ar fáil le haghaidh eintitis leasa phoiblí.

Tar éis cead a fháil ón Aire, ceapadh Deloitte LLP i dtosach mar iniúchóirí do Ghrúpa Ervia, lenar áiríodh Líonraí Gáis Éireann i mí Lúnasa 2014. Fuarthas cead ón Aire ar an 25 Márta 2019 le Deloitte Ireland LLP a cheapadh mar iniúchóirí seachtracha do Ghrúpa Ervia lenar áiríodh Líonraí Gáis Éireann le haghaidh na mblianta 2019, 2020 agus 2021, tar éis próiseas tairisceana a thabhairt chun críche.

## Síntiúis Pholaitíochta

Ní dhearnadh aon síntiúis pholaitiúla i gcaitheamh na bliana airgeadais (2019: nialas).

## Teagmhais Iarchláir Chomhardaithe

Níor tharla eachtraí suntasacha a chuir as don Ghrúpa ó bhí deireadh na bliana airgeadais ann, seachas mar atá luaite i nóta 27 de na ráiteas airgeadais.

**Ar son agus thar ceann Líonraí Gáis Éireann:**

| | | 29 Márta 2021 |
|---|---|---|
| Cathal Marley | Denis O'Sullivan | Dáta Faofa |

# Ráitis Airgeadais

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig baill Líonraí Gáis Éireann

## Tuairisc ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

### Tuairim ar ráitis airgeadais Líonraí Gáis Éireann (an 'chuideachta')

Is é ár dtuairim go dtugann ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta:

- léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta amhail ar an 31 Nollaig 2020 agus ar an mbrabús don bhliain airgeadais dár críoch sin; agus
- gur ullmhaíodh i gceart iad i gcomhréir leis an gcreat tuairiscithe airgeadais is ábhartha, agus, go háirithe le ceanglais Acht na gCuideachtaí 2014 agus, maidir le ráitis airgeadais an Ghrúpa, le hAirteagal 4 den Rialachán IAS.

Is éard atá sna ráitis airgeadais ná:

### ráitis airgeadais an Ghrúpa:

- Ráiteas faoi Ioncam Grúpa;
- Ráiteas Grúpa faoi Ioncam Cuimsitheach Eile;
- Clár Comhardaithe an Ghrúpa;
- ráiteas an Ghrúpa faoi Athruithe ar Ghnáthscaireanna;
- Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreafaí Airgid; agus
- na nótaí lena mbaineann 1 go dtí 28, lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta suntasacha mar atá leagtha amach i nóta 1.

### Ráitis Airgeadais na Cuideachta:

- Clár Comhardaithe na Cuideachta;
- Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe sa Chothromas;
- Ráiteas na Cuideachta ar Shreafaí Airgid; agus
- na nótaí lena mbaineann 29A go 29V lena n-áirítear achoimre ar bheartais chuntasaíochta suntasacha mar atá leagtha amach i nóta 29A agus nóta 1.

Is é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a bhí curtha i bhfeidhm i leith ullmhúchán ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta ná Acht na gCuideachtaí 2014 agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (CATF) mar atá glactha ag an Aontas Eorpach ("an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha").

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig baill Líonraí Gáis Éireann (ar lean)

## Bonn leis an tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) (CII (Éire)) agus an dlí is infheidhme. Tá cur síos déanta ar ár bhfreagrachtaí faoi réir na gcaighdeán sin sa chuid "Freagrachtaí an Iniúchóra maidir le hiniúchadh ar na ráitis airgeadais" dár dtuarascáil.

Táimid neamhspleách ón nGrúpa agus ón gCuideachta i gcomhréir leis na ceanglais eiticiúla atá ábhartha lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eiticiúil eisithe ag Údarás Maoirseachta Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann, mar atá curtha i bhfeidhm ar eintitis leasa phoiblí, agus tá ár bhfreagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta againn i gcomhréir leis na ceanglais seo.

Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte againn leordhóthanach agus cuí chun bunús a sholáthar dár dtuairim.

## Achoimre ar ár gcur chuige iniúchóireachta

| | |
|---|---|
| **Príomhábhair iniúchóireachta** | Ba iad na príomhábhair iniúchóireachta a aithníodh sa bhliain reatha ná:<br>• Cruinneas an aithint ioncaim; agus<br>• Cruinneas, luacháil, agus leithdháileadh sócmhainní caipitlithe laistigh de réadmhaoin, gléasra agus sócmhainní doláimhsithe. |
| **Ábharthacht** | B'ionann an ábharthacht a socraíodh sa bhliain reatha don Ghrúpa agus €10 milliún ar bhonn tuairim is 1% de ghlansócmhainní agus €9.5 milliún don Chuideachta, i gcomhréir le sciar na Cuideachta de ghlansócmhainní an Ghrúpa. |
| **Raon Feidhme a Mheas** | Socraíodh raon feidhme ár n-iniúchta ag ár measúnú ar rioscaí an mhíráitis ábhartha, ár meastóireacht ar ábharthacht agus cur i bhfeidhm na hábharthachta sin againn. Bhí na fachtóirí seo a leanas i measc na bhfachtóirí a mheasamar agus raon feidhme iniúchadh an Ghrúpa á mheas chomh maith leis an leibhéal oibre a bhí le déanamh do gach cuideachta ábhartha: tábhacht airgeadais agus rioscaí sonracha na cuideachta; agus éifeachtacht na timpeallachta rialaithe agus gníomhaíochtaí monatóireachta, lena n-áirítear rialuithe ar fud an Ghrúpa. |
| **Athruithe suntasacha ar ár gcur chuige** | Ní dhearnadh aon athruithe suntasacha ar ár gcur chuige sa bhliain reatha. |

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig baill Líonraí Gáis Éireann (ar lean)

## Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Thángamar ar an gconclúid, agus iniúchadh á dhéanamh againn ar na ráitis airgeadais, gur cuí úsáid bhunús gnóthais leantaigh cuntasaíochta ag na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

Chuimsigh ár meastóireacht ar mheasúnú na stiúrthóirí ar chumas an Ghrúpa agus na Cuideachta leanúint ar aghaidh ag glacadh le bunús gnóthais leantaigh don chuntasaíocht:

- Mheasamar oiriúnacht an mhodha arna úsáid ag na stiúrthóirí agus measúnú an ghnóthais leantaigh á dhéanamh i gcomhthéacs an chreat tuairiscithe airgeadais is infheidhme. Rinneamar meastóireacht ar ábharthacht agus athbhreithniú ar iontaofacht na sonraí bunúsacha a d'úsáid na stiúrthóirí chun an measúnú a dhéanamh.
- Rinneamar meastóireacht ar na toimhdí ar a bhfuil measúnú na stiúrthóirí bunaithe trí shocrú cibé acu an raibh tacaíocht leordhóthanach do na toimhdí faoina bhun lenar áiríodh na meicníochtaí éagsúla um rialú praghais atá i bhfeidhm.
- Rinneamar measúnú ar chruinneas staire na réamhaisnéisí arna n-ullmhú ag na bainisteoirí trí athbhreithniú a dhéanamh ar an bpróiseas buiséadaithe atá i bhfeidhm don Ghrúpa agus don Chuideachta.
- Rinneamar athbhreithniú agus iniúchadh ar na réamhaisnéisí réamhbhreathnaitheacha trí mheastóireacht ar "Bhuiséad 2021" agus "Plean Gnó 2020 – 2024" arna ullmhú ag Líonraí Gáis Éireann.
- Rinneamar athbhreithniú sonrach ar shaoráidí maoinithe an Ghrúpa agus na Cuideachta lenar áiríodh; athbhreithniú ar sheasamh airgid thirim an Ghrúpa agus na Cuideachta amhail deireadh na bliana airgeadais, na hacmhainní airgeadais atá ar fáil don Ghrúpa agus don Chuideachta agus béim curtha ar an bpróifíl um aisíocaíocht fiachais.
- Rinneamar meastóireacht ar leordhóthanacht na nochtuithe ábhartha arna ndéanamh sna ráitis airgeadais.

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níor aithníomar aon éiginnteachtaí ábhartha maidir le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras a chaitheamh, ina n-aonar nó le chéile, ar chumas an Ghrúpa agus na Cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse de dhá mhí déag ar a laghad ón uair a dhéantar na ráitis airgeadais a údarú le heisiúint.

Tá cur síos déanta sna codanna ábhartha den tuarascáil seo ar ár bhfreagrachtaí féin agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí i dtaobh an ghnóthais leantaigh.

## Príomhábhair Iniúchóireachta

Is ionann príomhábhair iniúchóireachta agus na hábhair úd, dar lenár mbreithiúnas gairmiúil, ba mhó tábhachta inár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais na bliana airgeadais reatha agus áirítear leo na rioscaí measta is suntasaí maidir le míráiteas ábhartha (cibé acu go raibh nó nach raibh siad de thoradh na calaoise) a d'aithníomar, lenar áiríodh iad siúd is mó a raibh éifeacht acu ar: an straitéis iomlán iniúchóireachta, leithdháileadh acmhainní san iniúchadh; agus iarrachtaí na foirne rannpháirtíochta. Tugadh aghaidh ar na hábhair sin i gcomhthéacs ár n-iniúchta ar na ráitis airgeadais ina n-iomláine, agus i dteacht ar thuairim ina leith, agus ní thugaimid tuairim ar leithligh maidir leis na hábhair sin.

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig baill Líonraí Gáis Éireann (ar lean)

| Cruinneas an Aithint Ioncaim | |
|---|---|
| **Cur síos ar phríomhábhar iniúchóireachta** | Is ó sheirbhísí iompair gáis go príomha, i margaí rialaithe agus neamhrialaithe, a thagann ioncam €447.3 milliún an Ghrúpa agus na Cuideachta. Tá sonraí leagtha amach i nóta 3 leis na ráitis airgeadais leis an bpolasaí cuntasaíochta atá leagtha amach i Nóta 1 (d) (xi). Tagann an t-ioncam rialaithe ó phróiseas um rialú praghsanna arna fhorchur ag an rialaitheoir ábhartha, is é sin go príomha ná an Coimisiún um Rialáil Fóntas ("CRU"), trína ndéanann an rialaitheoir athbhreithniú ar na hioncaim a bhfuil sé ceadaithe ag an nGrúpa a aisghabháil trí tharaifí gáis as oibriú agus cothabháil leanúnach an líonra gáis. Is tríd an gcóras den chuid is mó a ghintear an t-ioncam rialaithe. Cuimsíonn iarmhéid ioncaim an Ghrúpa cion d'ioncam neamhbhilleáilte ach ní bhaineann aon bhreithiúnas teoranta leis sin mar gheall ar an bpróiseas um rialú praghsanna atá i bhfeidhm. Gintear ríomhaireacht an ioncaim neamhbhilleáilte ag an gcóras.<br><br>Ina theannta sin tá ioncaim neamhrialaithe ag an nGrúpa agus ag an gCuideachta a mbaineann cuntasaíocht i gcomhair ioncaim iarchurtha le cuid acu. Tá sonraí leagtha amach i nóta 19 leis na ráitis airgeadais leis an bpolasaí cuntasaíochta atá leagtha amach i Nóta 1 (d) (xi). Tá riosca ann nach ndéanfaí ioncaim iarchurtha a thaifeadadh go cruinn ag deireadh na bliana.<br><br>Tá sé socraithe againn gur príomhábhar iniúchóireachta atá i gcruinneas an aithint ioncaim. |
| **An chaoi ar fhreagair raon feidhme ár n-iniúchta don phríomhábhar iniúchóireachta** | Fuaireamar tuiscint ar na socruithe ioncaim rialaithe agus neamhrialaithe atá i bhfeidhm ar fud an Ghrúpa agus na Cuideachta.<br><br>Rinneamar measúnú ar an dearadh, shocraíomar cur i bhfeidhm agus rinneamar tástáil ar éifeachtacht oibriúcháin na rialuithe inmheánacha ábhartha ar shruthanna ioncaim suntasacha an Ghrúpa agus na Cuideachta.<br><br>Le haghaidh an ioncaim arna ghineadh ag an gcóras a aithníodh i dtaobh sheirbhísí iompair agus dáileacháin gháis, fuaireamar tuiscint ar na rialuithe inmheánacha ábhartha agus na córais bhilleála (lena n-áirítear idirphlé leis an mórleabhar ginearálta) i bhfeidhm le haghaidh na sruthanna ioncaim sin. Freisin rinneamar tástáil ar éifeachtacht oibriúcháin na rialuithe TF ábhartha le cúnamh na speisialtóirí Comhairleacha Riosca.<br><br>Le haghaidh ioncaim rialaithe, rianaíomar an t-ioncam atá aitheanta go méideanna a gearradh i sonraisc do chustaiméirí agus fáil na híocaíochta ó na custaiméirí sin ina dhiaidh sin. Freisin thástálamar méid an gháis arna ghearradh as agus chinntíomar go raibh na muirir sin i gcomhréir leis na taraifí praghais rialála. Le haghaidh ioncaim neamhbhilleáilte ag deireadh na bliana, ar bhonn samplach, réitíomar na méideanna le taifid iompair/dáileacháin, le sonraisc tar éis dheireadh na bliana agus fáltais i gcomhair íocaíochtaí.<br><br>D'úsáideamar nósanna imeachta anailíse chun cruinneas an ioncaim tarchuir agus dáileacháin a meas agus béim curtha ar choigeartuithe láimhe ar na sruthanna ioncaim sin.<br><br>Rinneamar athbhreithniú ar ríomhaireachtaí na n-ioncam iarchurtha a ghabhann le hioncaim neamhrialaithe tríd an ioncam iarchurtha a athríomh, ar bhonn samplach.<br><br>Rinneamar meastóireacht ar iomláine agus leordhóthanacht na nochtuithe ábhartha arna ndéanamh sna ráitis airgeadais le tagairt do cheanglais IFRS 15. |
| **Príomhbharúlacha** | Níl aon bharúlacha againn i dtaobh na méideanna agus na nochtuithe a bhaineann le cruinneas an ioncaim. |

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig baill Líonraí Gáis Éireann (ar lean)

| Cruinneas, luacháil agus leithdháileadh sócmhainní caipitlithe laistigh de réadmhaoin, gléasra agus sócmhainní doláimhsithe | |
|---|---|
| **Cur síos ar phríomhábhar iniúchóireachta** | Príomhréimse béim don Ghrúpa agus don Chuideachta atá in infheistíocht líonra. Tá an chuid is mó de bhonn sócmhainní an Ghrúpa agus cuid mhór de chaiteachas bliantúil an Ghrúpa agus na Cuideachta déanta suas de réadmhaoin, ghléasra agus threalamh agus sócmhainní doláimhsithe arb ionann iad agus €2,529.9 milliún. B'ionann an caiteachas caipitlithe iomlán i 2020 agus €112.1 milliún ar fud Réadmhaoine, Gléasra agus Trealamh agus iarmhéideanna Sócmhainní Doláimhsithe. Tá sonraí leagtha amach i nóta 9 agus 11 le ráitis airgeadais an Ghrúpa (nóta 29D agus 29F le ráitis airgeadais na Cuideachta) leis an bpolasaí cuntasaíochta atá leagtha amach i nóta 1 (d) (ii) agus (iv).<br><br>Ag brath ar a nádúr, d'fhéadfadh go ndéanfaí caiteachas a chaipitliú nó a chur chun cuntais sa bhliain ina thabhaítear an costas. Agus an cinneadh sin á dhéanamh beidh ar na Stiúrthóirí a mheas cibé acu an nginfear tairbhí eacnamaíochta amach anseo leis an gcaiteachas, lena mbaineann breithiúnas suntasach, agus an gcomhlíonann sé na critéir um chaipitliú i gcomhréir leis an bpolasaí cuntasaíochta. Shocraíomar gur príomhábhar iniúchóireachta é seo mar gheall ar an riosca go ndéanfaí caiteachas a chaipitliú go míchruinn agus nach mbeadh sé ar aon dul le ceanglais IAS 16 agus IAS 38. |
| **An chaoi ar fhreagair raon feidhme ár n-iniúchta don phríomhábhar iniúchóireachta** | Mheasamar cibé acu ar chomhlíon polasaithe cuntasaíochta an Ghrúpa agus na Cuideachtaí i ndáil le caipitliú caiteachais IFRS.<br><br>Rinneamar measúnú ar an dearadh, shocraíomar cur i bhfeidhm agus rinneamar tástáil ar éifeachtacht oibriúcháin na rialuithe inmheánacha ábhartha ar phróiseas caipitlithe an Ghrúpa agus na Cuideachta.<br><br>Rinneamar meastóireacht ar an dearadh, shocraíomar cur i bhfeidhm agus rinneamar tástáil ar éifeachtacht oibriúcháin na rialuithe inmheánacha ábhartha ar bhainistíocht tionscadal an Ghrúpa agus na Cuideachta ar shócmhainní caipitlithe (a chuimsigh buiséad i gcomparáid le hiniúchadh domhain iarbhír).<br><br>Freisin thástálamar rialuithe TF ábhartha, le cúnamh speisialtóirí Comhairleacha Riosca, lenar áiríodh idirphlé idir príomh-mhórleabhair agus mórleabhair thánaisteacha chun measúnú go n-aistrítear go tráthúil míreanna arna gcaipitliú chuig clár na sócmhainní seasta.<br><br>Rinneamar iniúchadh ar chonarthaí agus/nó shonraisc bhunúsacha, ar bhonn samplach, chun cinntiú go ndéanfaí costais a thaifeadadh go cuí agus gur cuí an t-aicmiú idir caiteachas caipitiúil agus oibriúcháin lenar áiríodh fíorú go raibh an tionscadal/an tsócmhainn coimisiúnaithe go cuí más ceann caipitiúil a bhí i gceist.<br><br>Fuaireamar fianaise, ar bhonn samplach, ar leithdháileadh cuí iarratas ceannaigh chuig tionscadail chaipitil fhaofa.<br><br>Rinneamar iniúchadh ar agus fuaireamar fianaise i gcomhair aon mhíreanna móra idir-réitigh idir clár na sócmhainní seasta agus an mór-leabhar ginearálta.<br><br>Rinneamar iniúchadh ar mhiontuairiscí na gcruinnithe ag Coiste an Ghrúpa um Fhaomhadh Infheistíochta mar fhianaise go bhfuair na míreanna go léir inár sampla breiseanna an faomhadh cuí.<br><br>Rinneamar meastóireacht ar iomláine agus leordhóthanacht na nochtuithe ábhartha arna ndéanamh sna ráitis airgeadais le tagairt do cheanglais IAS 16 agus IAS 38. |

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig baill Líonraí Gáis Éireann (ar lean)

| Cruinneas, luacháil agus leithdháileadh sócmhainní caipitlithe laistigh de réadmhaoin, gléasra agus sócmhainní doláimhsithe | |
|---|---|
| **Príomhbharúlacha** | Níl aon bharúlacha againn i dtaobh na méideanna agus na nochtuithe a bhaineann le caipitliú réadmhaoine, gléasra agus trealaimh agus sócmhainní doláimhsithe. |


Dearadh ár gcuid nósanna imeachta iniúchóireachta maidir leis na hábhair sin i gcomhthéacs ár n-iniúchta ar na ráitis airgeadais ina n-iomláine agus gan tuairim a chur in iúl faoi chuntais ná nochtuithe aonair. Ní leasaítear ár dtuairim i leith na ráiteas airgeadais i dtaobh ceann ar bith de na rioscaí a bhfuil cur síos orthu thuas, agus ní thugaimid tuairim i leith na n-ábhar aonair sin.

## Cur i bhfeidhm na hábharthachta againn

Sainímid ábharthacht mar mhéid an mhíráitis a chiallódh gur dóchúil go n-athrófaí nó go rachfaí i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha duine a bheadh réasúnta eolach, ag brath ar na ráitis airgeadais. Úsáidimid ábharthacht chun raon feidhme ár gcuid oibre iniúchta a phleanáil agus chun torthaí ár gcuid oibre a mheas.

Shocraíomar gurb ionann ábharthacht an Ghrúpa ná €10 milliún, arb ionann é agus thart ar 1% de ghlansócmhainní. Mheasamar gurb iad na glansócmhainní an ghné ríthábhachtach chun ábharthacht a mheas mar gur cuideachta bonneagair atá i Líonraí Gáis Éireann agus go measfadh úsáideoirí na ráiteas airgeadais gur príomh-mhéadracht í luach glansócmhainne chun feidhmíocht a mheas. Mheasamar fachtóirí cainníochtúla agus cáilíochtúla mar ár dtuiscint ar Líonraí Gáis Éireann agus a thimpeallacht, stair na mí-ráiteas agus an timpeallacht rialaithe atá i bhfeidhm. Ina theannta sin, thángamar ar an gconclúid gurb iad glansócmhainní an tagarmharc ábhartha freisin don Chuideachta bunaithe ar an réasúnaíocht thuas. I gcion le sciar na Cuideachta de ghlansócmhainní an Ghrúpa shocraíomar ábharthacht don Ghrúpa ag €9.5 milliún.

D'aontaíomar leis an nGrúpa Iniúchóireachta agus Riosca go ndéanfaimis aon difríochtaí iniúchta sa bhreis ar €500,000 a thuairisciú dóibh, chomh maith le difríochtaí faoi bhun na tairsí sin, ar gá tuairisciú orthu ar bhoinn cháilíochtúla. Freisin tuairiscímid don Choiste Iniúchóireacht agus Riosca faoi ábhair nochta a d'aithníomar nuair a bhí cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais á mheas againn.



# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig baill Líonraí Gáis Éireann (ar lean)

## Forbhreathnú ar raon feidhme ár n-iniúchta

Shocraíomar raon feidhme ár n-iniúchta trí thuiscint a fháil ar an nGrúpa agus a thimpeallacht, lena n-áirítear rialuithe ar fud an Ghrúpa, agus measúnú a dhéanamh ar rioscaí an mhíráitis ábhartha ar leibhéal an Ghrúpa. Dhíríomar raon feidhme ár n-iniúchadh Grúpa ar iniúchadh ar na trí heintitis trádála dlíthiúla a dhéanann suas an Grúpa. Is ionann na heintitis sin agus na príomhaonaid ghnó agus tá siad freagrach as 100% d'ioncam agus 100% de shócmhainní iomlána an Ghrúpa. Cuireadh ár gcuid oibre iniúchta i gcomhair gach eintitis i gcrích ar leibhéil ábharthachta a bhí infheidhme maidir le gach eintiteas aonair. Ar leibhéal eintiteas Grúpa thástálamar freisin an próiseas um chomhdhlúthú.

## Eolas eile

Is éard atá san eolas eile ná eolas a áirítear sa Tuarascáil Bhliantúil, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár n-iniúchóra ina thaobh. Tá na stiúrthóirí freagrach as an eolas eile atá sa tuarascáil bhliantúil.

Ní chumhdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile agus, ach amháin a mhéid a luaitear a mhalairt go soiléir inár dtuarascáil, ní chuirimid in iúl aon chineál de chonclúid dearbhaithe air.

Tá sé de fhreagracht orainn an fhaisnéis eile a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, machnamh a dhéanamh an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó ár n-eolas a fuarthas san iniúchóireacht nó faisnéis atá míchruinn go hábhartha. Má aithnímid neamhréireachtaí ábhartha nó míráitis ábhartha fhollasacha den sórt sin, ceanglaítear orainn a shocrú cibé acu an bhfuil míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó an bhfuil míráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go gcinneann muid go bhfuil míthuairisc ábhartha ar an bhfaisnéis eile seo, caithimid an fhíric sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

## Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Mar a míníodh i Ráiteas Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí do Thuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith sásta go dtugann siad léargas fíor agus cothrom agus go gcomhlíonann siad i ngach bealach eile Acht na gCuideachtaí 2014, agus tá siad freagrach as cibé rialú inmheánach a chinneann siad is gá a chur i bhfeidhm ionas gur féidir ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé an de dheasca calaoise nó earráid atá sé.

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig baill Líonraí Gáis Éireann (ar lean)

Trí na ráitis airgeadais a ullmhú, tá an Bord freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas an Ghrúpa agus na Cuideachta leanúint mar ghnóthas leantach, agus tá sé freagrach as cúrsaí a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh, mar is infheidhme, agus úsáid á bhaint as an mbunús gnóthais leantaigh cuntasaíochta mura bhfuil sé ar intinn ag na stiúrthóirí an Grúpa nó Cuideachta a leachtú nó stop a chur le gnóthaí, nó mura bhfuil aon rogha eile aige ach é sin a dhéanamh.

## Freagrachtaí na n-iniúchóirí as iniúchadh na ráiteas airgeadais

Is iad ár gcuspóirí ná dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíthuairisc, mar gheall ar chalaois nó ar earráid, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint lenár dtuairim san áireamh. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní deimhniú é go mbraithfidh iniúchadh, arna chur i bhfeidhm de réir ISA (Éireann), míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt ó chalaois nó earráid agus meastar gur míráitis ábhartha iad más féidir a bheith ag súil leis go réasúnta, go mbeadh tionchar acu ina n-aonar, nó le chéile, ar chinntí eacnamaíocha úsáideora arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna (Éire) cleachtaimid breithiúnas gairmiúil agus coimeádaimid amhras gairmiúil le linn an iniúchta. Agus:

- Na rioscaí a aithint agus a mheas maidir le míráiteas ábhartha ar na ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chalaois nó earráid, nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na rioscaí sin, agus fianaise iniúchóireachta a fháil ar leor agus ar chuí í chun bonn a chur faoinár dtuairim. Maidir leis an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha de thoradh calaoise, is airde é ná an riosca i gcás míráiteas ábhartha de thoradh earráide, mar i gcás calaoise d'fhéadfadh go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon turas, bréagléiriú, nó sárú an rialaithe inmheánaigh i gceist.
- Faighimid tuiscint ar an rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchta a dhearadh atá cuí ar na cúinsí, ach ní chun críocha tuairim a chur in iúl faoi éifeachtacht rialú inmheánach an Ghrúpa agus na Cuideachta.
- Measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta a úsáideadh agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe bainteacha arna dhéanamh ag na stiúrthóirí.
- Cinnimid ar oiriúnacht úsáid na Stiúrthóirí den bhunús gnóthais leantaigh cuntasaíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear, an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann leis na himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Ghrúpa agus na Cuideachta leanúint mar ghnóthas leantach. Má chinnimid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, caithfimid na nochtadh a bhaineann léi sna ráitis airgeadais a léiriú inár dtuarascáil iniúchóireachta nó, má tá na nochtadh sin uireasach, caithfimid ár dtuairimí a mhodhnú. Tá ár gconclúidí bunaithe ar fhianaise iniúchóireachta a fhaightear suas le dáta thuarascála an iniúchóra. D'fhéadfadh imeachtaí nó cúinsí amach anseo stop a chur leis an eintiteas (nó i gcás inar cuí, an grúpa) leanúint mar ghnóthas leantach, áfach.
- Meastóireacht a dhéanamh ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtuithe, agus cibé acu an léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha ar bhealach lena mbaintear amach cur i láthair cóir.

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig baill Líonraí Gáis Éireann (ar lean)

- Dóthain fianaise chuí a fháil ón iniúchadh maidir leis an eolas airgeadais faoi na gníomhaíochtaí gnó sa Ghrúpa chun tuairim a thabhairt ar na ráitis airgeadais (comhdhlúthaithe). Tá iniúchóir an Ghrúpa freagrach as treoir, maoirseacht agus feidhmíocht iniúchta an Ghrúpa. Is iad iniúchóir an Ghrúpa amháin atá freagrach as tuairim an iniúchta.

Téimid i dteagmháil leis na daoine atá faoi chúram rialachais maidir le, i measc rudaí eile, raon feidhme agus uainiú na hiniúchóireachta agus torthaí suntasacha na hiniúchóireachta, lena n-áirítear easpaí suntasacha i smacht inmheánach a aithníonn an t-iniúchóir le linn na hiniúchóireachta.

I gcás eintiteas liostaithe agus eintiteas leasa phoiblí, cuireann an t-iniúchóir ráiteas ar fáil freisin dóibh siúd a bhfuil cúram leagtha orthu as rialachas ina sonraítear gur chloígh an t-iniúchóir leis na ceanglais eitice ábhartha maidir le neamhspleáchas, lena n-áirítear an Caighdeán Eitice d'Iniúchóirí (Éire) 2016, agus déanann siad cumarsáid leo faoi gach caidreamh agus ábhartha eile a d'fhéadfadh go mbeadh tionchar réasúnta acu ar neamhspleáchas an iniúchóra, agus áit is infheidhme, faoi chosaintí gaolmhara.

Áit a gceanglaítear ar an iniúchóir tuairisc a thabhairt faoi phríomhábhair iniúchta, ó na hábhair a chuirtear dóibh siúd a bhfuil cúram leagtha orthu as rialachas, socraíonn an t-iniúchóir cérbh iad na hábhair sin ba mhó tábhachta san iniúchadh ar ráitis airgeadais na tréimhse reatha agus gurb iad na príomhábhair iniúchta mar sin. Cuireann an t-iniúchóir síos ar na hábhair sin i dtuairisc an iniúchóra ach amháin má tá cosc ar nochtadh poiblí faoin ábhar de thoradh dlí nó rialacháin, nó, ar chúinsí thar a bheith annamh, socraíonn an t-iniúchóir nár cheart ábhar a chur in iúl i dtuairisc an iniúchóra mar bheifí ag súil go réasúnta gur mhó na droch-thorthaí ar é a chur in iúl ná tairbhí na cumarsáide sin do leas an phobail.

## Tuarascáil ar cheanglais dhlíthiúla agus rialála eile

### Tuairim faoi ábhair eile arna fhorordú ag Acht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe amháin ar an obair déanta le linn na hiniúchóireachta, tuairiscímid go bhfuil:

- An fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte againn a mheasaimid go bhfuil siad riachtanach chun críocha an iniúchta againn.
- Dar linn gur leor taifid chuntasaíochta na cuideachta chun iniúchóireacht réidh agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.
- Tá clár comhardaithe na Cuideachta ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.
- Dar linn go bhfuil an fhaisnéis tugtha sna codanna sin de thuarascáil na Stiúrthóirí mar atá sonraithe dár n-athbhreithniú ag teacht leis na ráitis airgeadais agus go n-ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig baill Líonraí Gáis Éireann (ar lean)

## Ráiteas faoi Rialachas Corparáideach mar atá ina cheangail faoi Acht na gCuideachtaí 2014

Tuairiscímid, i ndáil leis an bhfaisnéis a tugadh sa Ráiteas ar Rialachas Corparáideach agus atá cuimsithe i dTuarascáil na Stiúrthóirí:

- Dar linne, bunaithe ar an obair a rinneadh le linn an iniúchta, go bhfuil an fhaisnéis atá tugtha sa Ráiteas ar Rialachas Corparáideach de bhun fho-alt 2(c) d'alt 1373 Acht na gCuideachtaí 2014 ag teacht le ráitis airgeadais reachtúla na cuideachta i dtaobh na bliana airgeadais atá i gceist agus gur ullmhaíodh an fhaisnéis sin i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Bunaithe ar an eolas atá againn agus ar ár dtuiscint ar an gcuideachta agus ar a timpeallacht a fuarthas le linn na hiniúchóireachta, níl aon mhíráitis ábhartha aitheanta againn san fhaisnéis sin.

## Nithe ar gá dúinn a thuairisciú de réir eisceachta

Bunaithe ar an eolas agus an tuiscint ar an nGrúpa agus an gCuideachta agus ar a timpeallacht a fuarthas le linn na hiniúchóireachta, níl aon mhíráitis ábhartha aitheanta againn sna codanna úd de thuarascáil na stiúrthóirí mar atá sonraithe dár n-athbhreithniú.

Ceanglaítear orainn, le hAcht na gCuideachtaí 2014 tuairisciú duit más amhlaidh, dar linne, nár sholáthair an chuideachta an fhaisnéis atá ina ceangal de réir Rialachán 5(2) go 5(7) ó Rialacháin an Aontais Eorpaigh 2017 (Nochtadh Faisnéise Neamhairgeadais agus Éagsúlachta ag gnóthais mhóra agus grúpaí áirithe) (mar atá leasaithe) don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir le forálacha Acht na gCuideachtaí 2014, lena n-éilítear orainn a thuairisciú duit mura ndearnadh luach saothair agus idirbhearta na Stiúrthóirí a nochtadh mar atá sonraithe de réir an dlí, inár dtuairimí.

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016) (an "Cód Cleachtais"), éilítear orainn a thuairisciú duit mura léiríonn an ráiteas maidir le córas an rialaithe inmheánaigh atá riachtanach faoin gCód Cleachtais, mar atá curtha san áireamh sa Ráiteas ar Rialachas Corparáideach i dTuarascáil na Stiúrthóirí, go bhfuil an Grúpa ag cloí le mír 1.9(iv) den Chód Cleachtais nó nach bhfuil an ráiteas ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn mar thoradh ar ár n-obair iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

# Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig baill Líonraí Gáis Éireann (ar lean)

## Ábhair eile a cheanglaítear orainn plé leo

Tar éis mholadh an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, cheap Líonraí Gáis Éireann arís muid ar an 25 Márta 2019 chun iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais ag tosú leis na ráitis don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019 suas go dtí agus lena n-áirítear an bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus an fhéidearthacht ann síneadh go dtí an bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2023. Is í an tréimhse de phlé iomlán gan choinne lena n-áirítear athnuachan agus athcheapadh an chomhlacht roimhe sin ná 6 bliana, lena chlúdaítear na blianta dar críoch an 31 Nollaig 2015 go dtí an 31 Nollaig 2020.

Níor soláthraíodh na seirbhísí neamhiniúchóireachta a bhí coiscthe ag Caighdeán Eitice IAASA agus d'fhanamar neamhspleách ar an gcuideachta agus an t-iniúchadh á dhéanamh.

Tá ár dtuairim iniúchta ag teacht leis an tuairisc bhreise don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a cheanglaítear orainn a sholáthar i gcomhréir le ISA (Éire) 260.

## Úsáid ár dtuarascála

Déantar an tuarascáil do bhaill na Cuideachta amháin, mar chomhlacht, i gcomhréir le hAlt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Rinneadh ár gcuid oibre iniúchóireachta ionas gur féidir linn a chur in iúl do bhaill na Cuideachta na cúrsaí sin is gá dúinn a chur in iúl dóibh i dtuarascáil iniúchóra agus don chúis sin amháin. Go dtí an méid is mó atá ceadaithe de réir an dlí, ní ghlacaimid freagracht as aon duine seachas an Chuideachta agus baill den Chuideachta agus baill den Chuideachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchóireachta, don tuarascáil seo, nó do na tuairimí atá againn.

Honor Moore

Le haghaidh agus thar ceann Deloitte Ireland LLP
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla
6 Cé an Lapaigh
Corcaigh

30 Márta 2021

Nótaí: Ní chuireann iniúchadh dearbhú ar fáil maidir le cothabháil agus ionracas an láithreáin ghréasáin, lena n-áirítear rialuithe a úsáideadh chun é sin a bhaint amach, agus go háirithe cibé acu go bhféadfadh gur tháinig aon athruithe ar na ráitis airgeadais ó foilsíodh ar dtús iad. Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as na hábhair sin ach ní féidir le nós imeachta rialaithe ar bith dearbhú iomlán a thabhairt sa réimse sin.

Tá reachtaíocht in Éirinn lena rialaítear ullmhúchán agus scaipeadh na ráiteas airgeadais dhifriúil le reachtaíocht dlínsí eile.

# Ráiteas faoi Ioncam an Ghrúpa
## don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 €'000 | 2019 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Oibríochtaí leanúnacha** | | | |
| Ioncam | 3 | 447,277 | 469,863 |
| Glanchostais oibriúcháin (gan dímheas ná amúchadh san áireamh) | 4 | (181,923) | (185,510) |
| **Brabús oibriúcháin roimh dhímheas agus amúchadh (EBITDA)** | | **265,354** | **284,353** |
| Dímheas agus amúchadh | 6 | (137,787) | (138,862) |
| **Brabús oibriúcháin** | | **127,567** | **145,491** |
| Ioncam airgeadais | 7 | 2,020 | 1,883 |
| Costais airgeadais | 7 | (19,011) | (20,511) |
| Glanchostais airgeadais | 7 | (16,991) | (18,628) |
| **Brabús roimh cháin ioncaim** | | **110,576** | **126,863** |
| Costais cáin ioncaim | 8 | (17,011) | (17,959) |
| **Brabús don bhliain airgeadais** | | **93,565** | **108,904** |

# Ráiteas Grúpa faoi Ioncam Cuimsitheach Eile
## don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020<br>€'000 | 2019<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Brabús don bhliain airgeadais** | | **93,565** | **108,904** |
| **Ioncam Cuimsitheach eile** | | | |
| **Earraí a d'fhéadfadh a bheith athaicmithe chun brabúis nó caillteanais ina dhiaidh sin:** | | | |
| Difríochtaí aistrithe nuair a dhéantar fochuideachtaí eachtracha a chomhdhlúthú | | (2,464) | 2,448 |
| (Caillteanais) / gnóthachain chóirluacha ar fhálta sreabhadh airgid | | (795) | 1,003 |
| Cáin iarchurtha ar ghluaiseacht fhálta sreafa airgid | 8 | 99 | (125) |
| **Iomlán na n-earraí a d'fhéadfadh a bheith athaicmithe chun brabúis nó caillteanais ina dhiaidh sin** | | **(3,160)** | **3,326** |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán eile don bhliain, glan ó cháin ioncaim** | | **(3,160)** | **3,326** |
| **Iomlán an ioncaim chuimsithigh don bhliain** | | **90,405** | **112,230** |
| **Iomlán an ioncaim chuimsithigh inchurtha i leith:** | | | |
| Úinéirí na Cuideachta | | 90,405 | 112,230 |
| **Iomlán an ioncaim chuimsithigh don bhliain** | | **90,405** | **112,230** |

# Clár Comhardaithe Grúpa

**amhail an 31 Nollaig 2020**

| | Nótaí | 31-Noll-20 €'000 | 31–Noll-19 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Acmhainní Neamhreatha** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 9 | 2,506,937 | 2,549,595 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 11 | 27,403 | 22,974 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 23 | - | 16,263 |
| **Iomlán na sócmhainní neamhreatha** | | **2,534,340** | **2,588,832** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Trádáil agus Infháltais Eile | 13 | 54,524 | 60,983 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 14 | 96,905 | 101,274 |
| Taiscí srianta | 15 | 17,603 | 17,717 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 23 | 4,449 | 764 |
| Fardail | 12 | 3,016 | 2,578 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **176,497** | **183,316** |
| **Sócmhainní iomlána** | | **2,710,837** | **2,772,148** |
| **Gnáthscaireanna agus dliteanais** | | | |
| **Gnáthscaireanna** | | | |
| Scairchaipiteal agus Scairbhiseach | | (318,353) | (318,353) |
| Ranníocaíocht chaipitiúil | | (363,083) | (363,083) |
| Tuilleamh coinnithe | | (426,182) | (379,900) |
| Cúlchiste cosanta sreabhadh airgid | | 1,199 | 503 |
| Cúlchiste aistrithe | | (657) | (3,121) |
| **Iomlán na ngnáthscaireanna inchurtha i leith shealbhóirí ghnáthscaireanna na Cuideachta** | | **(1,107,076)** | **(1,063,954)** |
| **Dliteanais** | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 17 | (1,022,854) | (1,148,408) |
| Ioncam iarchurtha | 19 | (16,927) | (8,723) |
| Deontais rialtais | 20 | (69,647) | (76,660) |
| Soláthairtí | 21 | (3,391) | (6,245) |
| Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile | 22 | (15,287) | (13,603) |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 23 | - | (447) |
| Dliteanas iarchurtha cánach | 8 | (205,125) | (206,499) |
| **Dliteanais neamhreatha iomlána** | | **(1,333,231)** | **(1,460,585)** |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 17 | (114,860) | (41,789) |
| Ioncam iarchurtha | 19 | (8,682) | (10,069) |
| Deontais rialtais | 20 | (6,613) | (6,546) |
| Soláthairtí | 21 | (4,758) | (4,776) |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 23 | (277) | (2,447) |
| Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile | 22 | (135,331) | (178,461) |
| Dliteanais chánach reatha | 8 | (9) | (3,521) |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **(270,530)** | **(247,609)** |
| **Dliteanais iomlána** | | **(1,603,761)** | **(1,708,194)** |
| **Cothromas agus dliteanais iomlána** | | **(2,710,837)** | **(2,772,148)** |

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

| | | |
|---|---|---|
| | | 29 Márta 2021 |
| Cathal Marley | Denis O'Sullivan | Dáta Faofa |

# Ráiteas an Ghrúpa faoi Athruithe ar Ghnáthscaireanna
## don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Scairchaipiteal agus Scairbhiseach | Ranníocaíocht chaipitiúil | Cúlchiste cosanta sreabhadh airgid | Cúlchiste aistrithe | Tuilleamh coinnithe | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2019** | **(318,353)** | **(363,083)** | **1,381** | **(673)** | **(325,400)** | **(1,006,128)** |
| Brabús don bhliain | - | - | - | - | (108,904) | (108,904) |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain airgeadais, glan ó cháin ioncaim | - | - | (878) | (2,448) | - | (3,326) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | **-** | **-** | **(878)** | **(2,448)** | **(108,904)** | **(112,230)** |
| Díbhinní (nóta 26) | - | - | - | - | 54,404 | 54,404 |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2019** | **(318,353)** | **(363,083)** | **503** | **(3,121)** | **(379,900)** | **(1,063,954)** |
| Brabús don bhliain | - | - | - | - | (93,565) | (93,565) |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain airgeadais, glan ó cháin ioncaim | - | - | 696 | 2,464 | - | 3,160 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | **-** | **-** | **696** | **2,464** | **(93,565)** | **(90,405)** |
| Díbhinní (nóta 26) | - | - | - | - | 47,283 | 47,283 |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2020** | **(318,353)** | **(363,083)** | **1,199** | **(657)** | **(426,182)** | **(1,107,076)** |

É go léir inchurtha i leith úinéirí na Cuideachta.

# Ráiteas an Ghrúpa faoi Shreafaí Airgid
## don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 16 | **216,983** | **245,917** |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí as réadmhaoin, fearas agus trealamh | | (105,246) | (110,215) |
| Íocaíochtaí as sócmhainní doláimhsithe | | (10,468) | (10,105) |
| Deontais faighte | 20 | 7,998 | 631 |
| **Airgead tirim úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(107,716)** | **(119,689)** |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Fáltais ó iasachtaí | | - | 652,823 |
| Aisíocaíocht iasachtaí | | (42,692) | (655,125) |
| Aisíoc dliteanais léasa | 10 | (241) | (236) |
| Aisíoc iasachta le máthairghnóthas deiridh | | (23,000) | (85,000) |
| Díbhinní íoctha | 26 | (47,283) | (54,404) |
| **Glanairgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí maoiniúcháin** | | **(113,216)** | **(141,942)** |
| | | | |
| **Glanlaghdú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid** | 14 | **(3,949)** | **(15,714)** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana | 14 | 101,274 | 116,590 |
| Éifeachtaí luaineachta an ráta malairte ar airgead á choimeád | 14 | (420) | 398 |
| **Airgead tirim agus coibhéis airgid thirim ar an 31 Nollaig** | 14 | **96,905** | **101,274** |

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa

| | |
|---|---|
| 1. | Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta |
| 2. | Eolas Deighilteach |
| 3. | Ioncam |
| 4. | Glanchostais oibriúcháin (gan dímheas ná amúchadh san áireamh) |
| 5. | Sochair fostaí |
| 6. | Dímheas agus Amúchadh |
| 7. | Glanchostais Airgeadais |
| 8. | Cáin |
| 9. | Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh |
| 10. | Sócmhainní agus Dliteanais Léasa |
| 11. | Sócmhainní doláimhsithe |
| 12. | Fardal |
| 13. | Trádáil agus Infháltais Eile |
| 14. | Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim |
| 15. | Taiscí Srianta |
| 16. | Airgead Tirim Faighte ó Oibríochtaí |
| 17. | Iasachtaí agus Fiachas Eile |
| 18. | Oibleagáidí leasa scoir |
| 19. | Ioncam Iarchurtha |
| 20. | Deontais Rialtais |
| 21. | Soláthairtí |
| 22. | Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile |
| 23. | Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais |
| 24. | Tomhas Luacha Chóir |
| 25. | Fochuideachtaí |
| 26. | Páirtithe Gaolmhara |
| 27. | Iartheagmhais |
| 28. | Faomhadh na Ráiteas Airgeadais |

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta

### (a) Bunús leis an Ullmhúchán

Cuideachta gníomhaíochta sainithe í Líonra Gáis Éireann ('an Chuideachta'), atá faoi theorainn scaireanna, agus a corpraíodh in Éirinn, ar an 13 Eanáir 2015. Is é seoladh a hoifige cláraithe ná Bóthar na n-Oibreacha Gáis, Corcaigh, Éire. Is í uimhir chlárúcháin na cuideachta ná 555744. I ráitis airgeadais an Ghrúpa cuirtear le chéile ráitis airgeadais na Cuideachta agus a cuid fochomhlachtaí (nóta 25) (a dtagraítear dóibh i dteannta a chéile mar 'an Grúpa'), suas go dtí an 31 Nollaig gach bliain. Is é Ervia sa deireadh a rialaíonn an Chuideachta agus a cuid fochuideachtaí. Bhain an Chuideachta leas as an díolúine in alt 304(2) d'Acht na gCuideachtaí 2014 gan a ráiteas ioncaim aonair, a ráiteas ar ioncam cuimsitheach agus na nótaí bainteacha a chur i láthair atá mar chuid de ráitis airgeadais fhaofa na Cuideachta.

Ullmhaítear ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta i gcomhréir leis na Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais Idirnáisiúnta (IFRS) agus le cinntí cláir oibre Choiste Léirmhíniúcháin na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais, mar a dtacaíonn an tAE leo, agus atá i bhfeidhm do na tréimhsí cuntasaíochta dar críoch an 1 Eanáir 2020. Déantar na ráitis airgeadais seo a ullmhú de réir na rialacha cuntasaíochta um chostas bunaidh, ach amháin i gcás ionstraimí airgeadais díorthacha áirithe a tomhaistear ar luach cóir. Sainítear luach cóir mar an praghas a bhfaighfí as sócmhainn a dhíol nó a d'íocfaí chun dliteanas a aistriú in idirbheart ordúil idir rannpháirtithe margaidh ar dháta an tomhais.

Leagtar amach thíos beartais chuntasaíochta shuntasacha an Ghrúpa. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach na polasaithe sin maidir le gach bliain arna cur i láthair sna ráitis airgeadais gan glacadh leis na ráitis airgeadais mar atá leagtha amach i nóta 1 (b) san áireamh. Agus na polasaithe cuntasaíochta sin á gcur i bhfeidhm is gá breithiúnais agus meastacháin a úsáid a mbíonn tionchar acu ar na méideanna arna n-aithint sna ráitis airgeadais. Féach ar chuid 1 (e) den nóta seo chun tuilleadh sonraí a fháil faoi na meastacháin agus na breithiúnais chuntasaíochta is suntasaí a chuirtear i bhfeidhm.

**Gnóthas leantach**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

Tá neart acmhainní airgeadais ag an nGrúpa agus ag an gCuideachta agus creideann na Stiúrthóirí go bhfuil an Grúpa i suíomh maith chun a chuid rioscaí a bhainistiú go rathúil. Bhí €97 milliún d'airgead tirim agus de choibhéisí airgid thirim ag an nGrúpa amhail an 31 Nollaig 2020, chomh maith le saoráidí bainc neamhtharraingthe geallta de €462 milliún lena gcuirtear leachtacht theannta agus tá réamhaisnéisí daingne aige maidir le brabúsacht agus sreabhadh airgid oibriúcháin le haghaidh na bliana 2021 agus ina diaidh. Dá bharr sin tá neart acmhainní ar fáil don Ghrúpa chun suíomh glandliteanais reatha an Ghrúpa a chlúdach mar atá €94 milliún ar an 31 Nollaig 2020 (2019: €64 milliún, lena n-áirítear saoráidí gearrthéarmacha a aisíoc a thiocfaidh in aibíocht i 2021. Tá níos mó sonraí faoi shuíomh leachtachta an Ghrúpa curtha ar fáil i nóta 23 (ii) leis na ráitis airgeadais sin.

Tá ionchas réasúnta ag na Stiúrthóirí go bhfuil neart acmhainní ag an nGrúpa chun leanúint ar aghaidh ag oibriú ar feadh dhá mhí déag ar a laghad ón dáta ar ar faomhadh na ráitis airgeadais. Agus iad ag teacht ar an measúnú sin, bhreithnigh na Stiúrthóirí tionchar leantach agus féideartha phaindéim Covid-19 ar ghnó an Ghrúpa le linn thréimhse an mheasúnaithe, lenar áiríodh réamh-mheastacháin airgeadais nuashonraithe a mheas.

### (b) Caighdeáin chuntasaíochta nua IFRS i bhfeidhm don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

Ghlac an Grúpa agus an Chuideachta leis na leasuithe seo a leanas ar chaighdeáin, nach raibh aon tionchar ábhartha acu ar thorthaí ná ar nochtuithe ráitis airgeadais an Ghrúpa:

- Leasuithe ar IAS 1 agus ar IAS 8: Sainmhíniú ar Ábhar
- Leasuithe ar IFRS 3: Sainmhíniú ar Ghnólacht
- Leasuithe ar IFRS 9, IAS 39 agus IFRS 7: Leasú ar Thagarmharc Ráta Úis
- Leasuithe ar Thagairtí don Chreat Coincheapúil i gCaighdeáin IFRS

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

### (c) Caighdeáin agus léirmhínithe IFRS nua nár glacadh leo fós

Eisíodh na caighdeáin chuntasaíochta nua agus na leasuithe seo a leanas ar chaighdeáin reatha ach níl feidhm acu fós le haghaidh na tréimhse cuntasaíochta seo nó níl siad formhuinithe ag an AE go fóill:

- Leasuithe ar Chur i Láthair na Ráiteas Airgeadais IAS 1: Aicmiú Dliteanas mar Reatha nó Neamhreatha
- Leasuithe ar IFRS 16: Lascainí Cíosa i ndáil le Covid-19
- Leasuithe ar IAS 16: Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh - Fáltais roimh úsáid bheartaithe
- Feabhsúcháin Bhliantúla ar Chaighdeáin IFRS Timthriall 2018- 2020
- Leasuithe ar IAS 37: Conarthaí Troma - Na Costais as Conradh a Chomhlíonadh
- Leasuithe ar Chomhcheangail Ghnó IFRS 3: Tagairtí don Chreat Coincheapúil
- Leasuithe ar IFRS 9, IAS 39, IFRS 7, IFRS 4 agus IFRS 16 Athchóiriú ar Thagarmharc Ráta Úis – Céim 2
- Leasuithe ar IFRS 4 Conarthaí Árachais – siarchur IFRS 9
- Leasuithe ar IAS 1 Cur i láthair na Ráiteas Airgeadais agus IFRS Ráiteas Cleachtais 2: Nochtadh Beartas Cuntasaíochta
- Leasuithe ar IAS 8 Polasaithe cuntasaíochta, Athruithe ar Mheastacháin Chuntasaíochta agus Earráidí: Sainmhíniú ar Mheastacháin Chuntasaíochta.
- Conarthaí Árachais IFRS 17

Meastar nach mbeidh tionchar mór ag cur i bhfeidhm na leasuithe eile ar IFRS agus na bhfeabhsúchán bliantúil, arna n-eisiúint ar an 31 Nollaig 2020, ach nach bhfuil i bhfeidhm fós, ar ráitis airgeadais an Ghrúpa.

### (d) Polasaithe Cuntasaíochta Suntasacha

**(i) Bonn an Chomhdhlúthaithe**

*i. Comhcheangail ghnó*

Déantar cuntas ar chomhcheangail ghnó tríd an modh éadála amhail ar an dáta éadála, (.i. nuair a aistrítear rialú chuig an nGrúpa).

Déantar dea-thoil a thomhas ar an dáta éadála mar:

- luach cóir na comaoine arna haistriú, móide
- méid aitheanta aon leasanna neamhrialaitheacha san eintiteas arna fháil, móide
- má bhaintear amach an comhcheangal gnó i gcéimeanna, luach cóir leas reatha gnáthscaireanna an eintitis san eintiteas arna fháil, lúide
- glanmhéid aitheanta na sócmhainní inaitheanta arna bhfáil agus na ndliteanas arna nglacadh.
  Nuair atá barrachas dearfach i gceist, aithnítear sin mar dhea-thoil. Nuair atá barrachas diúltach i gceist, aithnítear gnóthachan cheannach sladmhargaidh láithreach i mbrabús nó caillteanas.

Cláraítear costais a bhaineann le héadáil, seachas na costais a bhaineann le heisiúint urrúis fiachais nó chothromais, a thabhaíonn an Grúpa i ndáil le comhcheangal gnó mar chaiteachas de réir mar a thabhaítear iad.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

*ii. Fochuideachtaí*

Is aonáin iad fochuideachtaí atá faoi rialú an Ghrúpa. Tá smacht i gceist nuair atá an Grúpa neamhchosanta ar, nó nuair atá cearta aige chun torthaí inathraitheacha an eintitis de bharr na bainte atá aige leis agus go bhfuil sé de chumas aige dul i bhfeidhm ar na tuairisceáin sin trína chumhacht thar an eintiteas. Cuimsítear ráitis airgeadais na bhfochuideachtaí i ráitis airgeadais an Ghrúpa ón dáta ar a dtosaítear smacht go dtí an dáta ar a dtagann deireadh le smacht.

I ráitis airgeadais na Cuideachta, cuirtear infheistíochtaí i bhfochuideachtaí ar aghaidh mar chostas lúide aon mhuirir bhearnúcháin.

*iii. Idirbhearta a chuirtear as an áireamh i ndiaidh chomhdhlúthaithe*

Déantar iarmhéideanna agus idirbhearta inghrúpa agus ioncam/speansais neamhréadaithe ar bith ó idirbhearta inghrúpa a dhíchur in ullmhú ráitis airgeadais an Ghrúpa. Déantar gnóthachain néamhréadaithe a thagann chun cinn ó idirbhearta le hinstitiúidí infheistiúcháin ar cuireadh modh cuntasaíochta an chothromais i bhfeidhm orthu a dhíbirt i gcoinne na hinfheistíochta sa mhéid is atá leas ag an nGrúpa san institiúid infheistiúcháin. Déantar caillteanais neamhréadaithe a dhíbirt ar an gcaoi chéanna le gnóthachain neamhréadaithe, ag díreach sa mhéid is nach bhfuil aon fhianaise ar bhearnú.

*iv. Cailliúint rialaithe*

Nuair a chailltear smacht, dí-aithníonn an Grúpa sócmhainní agus dliteanais na fochuideachta agus aon ghnéithe de ghnáthscaireanna a bhaineann leis an bhfochuideachta. Aithnítear sa ráiteas ioncaim aon bharrachas nó easnamh a thagann chun cinn nuair a chailltear smacht.

**(ii) Airgeadra Eachtrach**

Cuirtear na ráitis airgeadais seo i láthair in euro, arb é airgeadra feidhmiúil na Cuideachta agus airgeadra chur i láthair an Ghrúpa é chomh maith.

*i. Idirbhearta airgeadra eachtraigh*

Déantar idirbhearta in airgeadraí eachtracha a thaifeadadh ag an ráta a bhíonn i réim ar dháta na n-idirbheart. Tá sócmhainní agus dliteanais airgid arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha aistrithe go dtí an t-airgeadra feidhmiúil ag na rátaí atá i bhfeidhm ag an dáta tuairiscithe. Aithnítear i mbrabús nó i gcaillteanas an gnóthachan nó caillteanas airgeadra eachtraigh a thagann chun cinn tar éis an t-aistriú a dhéanamh. Déantar na sócmhainní neamhairgeadaíochta a thomhaistear ar chostas stairiúil in airgeadra eachtrach a aistriú agus úsáid á baint as an ráta malartaithe atá i bhfeidhm ar dháta an idirbhirt, agus ní aistrítear arís iad ina dhiaidh sin.

*ii. Oibríochtaí eachtracha*

Aistrítear go euro, ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag an dáta tuairiscithe, sócmhainní agus dliteanais oibríochtaí eachtracha, ag cur san áireamh dea-thoil agus coigeartuithe luacha chóir mar thoradh ar éadáil. Aistrítear torthaí na n-oibríochtaí eachtracha go euro ar mheánrátaí malairte don tréimhse, nuair is ionann iad agus neasúchán réasúnta ar na rátaí iarbhír arna dtabhú. Aithnítear difríochtaí malairte tar éis athaistriú na nglansócmhainní oscailte agus na torthaí in ioncam cuimsitheach eile agus cuirtear i láthair iad mar ghné ar leithligh de ghnáthscaireanna (cúlchiste aistrithe).

**(iii) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh**

*i. Aithint*

Déantar réadmhaoin, gléasra agus trealamh a thomhas ag costas lúide dímheas carntha agus caillteanais bhearnúcháin fhabhraithe air sin. Cuimsítear i gcostais costais díreacha (lena n-áirítear costais atá inchurtha go díreach i leith saothair agus forchostais), costais díchoimisiúnaithe nó athchóirithe agus ús arna thabhú chun tógáil na sócmhainne a mhaoiniú nuair a thógann tógáil tréimhse ama nach beag le críochnú.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Is ionann sócmhainní arna dtógáil agus an costas as réadmhaoin, gléasra agus trealamh a cheannach, a thógáil agus a shuiteáil sula mbaintear úsáid tháirgiúil astu.

*ii. Caiteachais ina dhiaidh sin*

Aithnítear caiteachas ina dhiaidh sin, mar shampla, an costas as cuid nó mír réadmhaoine, fearais agus trealaimh a athsholáthar, i luach tugtha anonn na míre más dócha go sreabhfaidh na tairbhí eacnamaíochta a bheidh ag baint leis an mír sa todhchaí chuig an nGrúpa, agus más féidir a costas a thomhas go hiontaofa. Déantar luach tugtha anonn na coda athsholáthraithe a dhí-aithint. Aithnítear na costais as seirbhísiú laethúil ar réadmhaoin, fhearas agus threalamh sa bhrabús nó caillteanas de réir mar a aithnítear iad.

*iii. Dímheas*

Déantar dímheas ar mhíreanna réadmhaoine, gléasra agus trealaimh ón uair a bhíonn siad ar fáil le húsáid.

Ríomhtar an muirear as dímheas go príomha chun costas na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealaimh a dhíscríobh, lúide costas iarmharach measta, ar bhonn an mhéid chothroim thar a saol úsáideach measta. Déantar dímheas ar shócmhainní léasaithe thar téarma an léasa nó a saol úsáideach, cibé acu is giorra. Is iad na haicmithe móra sócmhainne agus a saol úsáideach measta ná:

| | |
|---|---|
| Píblínte dáileacháin | 60 bliain |
| Píblínte tarchurtha | 25 - 40 bliain |
| Stáisiúin chomhbhrúiteora | 20 bliain |
| Tuirbíní | 30,000 - 48,000 uair an chloig |
| Méadair | 15 bliain |
| Foirgnimh | 40 bliain |

Ní ghearrtar dímheas ar thalamh ná sócmhainní arna dtógáil.

Déantar an modh dímheasa, saolta úsáideacha (lena n-áirítear uaireanta táirgthe) agus luachanna iarmharacha a athbhreithniú ar gach dáta tuairiscithe agus déantar iad a choigeartú más cuí.

*iv. Costais iasachta*

Déantar costais iasachta a chaipitliú mar chostas sócmhainne má tá siad inchurtha go díreach i leith éadáil, tógáil nó táirgeadh sócmhainne cáilithí. Is é atá i sócmhainn cháilitheach ná sócmhainn nach mór cuid mhór ama a chaitheamh ar a hullmhú lena húsáid bheartaithe nó lena díol. Tagann deireadh le caipitliú úis nuair a dhéantar an tsócmhainn a choimisiúnú nó áit ar cuireadh isteach ar fhorbairt ghníomhach ar feadh tréimhse fada ama.

Aithnítear gach costas iasachta eile i mbrabús nó caillteanas sa tréimhse ina dtabhaítear iad.

**(iv) Sócmhainní Doláimhsithe**

*i. Bogearraí agus bogearraí arna bhforbairt*

Cuimsíonn costais as bogearraí sócmhainní a fhorbraítear go hinmheánach agus sócmhainní a cheannaítear go seachtrach.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Tagraíonn bogearraí a fhorbraítear go hinmheánach a bhaineann go díreach le táirgeadh táirgí bogearraí inaitheanta agus uathúla atá rialaithe ag an nGrúpa. Aithnítear na costais sin mar shócmhainní doláimhsithe má mheastar gur dóchúil go mbeidh tairbhí eacnamaíocha ag baint leis na táirgí sin a sháróidh na costais. Ní dhéantar na costais sin a chaipitliú ach má chomhlíontar na critéir atá leagtha amach in IAS 38. Áirítear leis an gcaiteachas caipitlithe an costas as ábhair, saothar díreach, forchostas atá inchurtha go díreach i leith an tsócmhainn a ullmhú le haghaidh a húsáide beartaithe agus costais iasachta ar shócmhainní cáilithe.

Déantar ceadúnais bogearraí ríomhaire faighte a chaipitliú ar bhonn na gcostas a tabhaíodh chun na sócmhainní sonracha a fháil agus úsáid a bhaint astu, ar chuntar go gcomhlíonann na costais na critéir in IAS 38 i gcomhair caipitliú.

*ii. Amúchadh sócmhainní doláimhsithe*

Déantar sócmhainní doláimhsithe a amúchadh ar bhonn líne dírí i mbrabús agus caillteanas thar a saol úsáideach measta, ón dáta a bhfuil siad ar fáil le húsáid. Ní dhéantar amúchadh a mhuirearú ar dhea-thoill ná ar shócmhainní forbartha nach bhfuil ar fáil le húsáid fós. Déantar bogearraí agus sócmhainní doláimhsithe a amúchadh, ar bhonn líne dírí, thar a saol úsáideach measta de idir trí agus seacht mbliana.

Athbhreithnítear modhanna amúchta, saolta úsáideacha agus luachanna iarmharacha ar gach dáta tuairiscithe agus déantar coigeartú orthu más cuí.

*iii. Costais iasachta*

Féach ar iv de pholasaí cuntasaíochta (iii) thuas.

**(v) Bearnú Sócmhainní**

*i. Sócmhainní nach bhfuil faoi réir amúchta*

Déantar sócmhainní doláimhsithe a bhfuil saol úsáideach éiginnte acu nó nach bhfuil réidh le húsáid fós, agus dea-thoil a thástáil go bliantúil le haghaidh bearnúcháin.

*ii. Sócmhainní atá faoi réir dímheasa/amúchta*

Déantar athbhreithniú ar shuimeanna glanluacha na sócmhainní sin ar gach dáta tuairiscithe chun socrú cibé acu an bhfuil aon chomhartha bearnúcháin orthu. Más ann do chomhartha bearnúcháin, ansin meastar méid inaisghabhála na sócmhainne.

*iii. Caillteanas bearnúcháin a aithint*

Chun críocha bearnúchán a mheasúnú, cuirtear sócmhainní i ngrúpaí ag na leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid ar féidir a aithint astu féin (aonaid giniúna airgid nó AGAnna). Aithnítear caillteanas bearnúcháin le haghaidh na méide ag a sáraíonn suim ghlanluacha sócmhainne a méid in-aisghabhála. Is é atá sa mhéid in-aisghabhála ná luach cóir sócmhainne lúide costas as diúscairt nó luach úsáide sócmhainne, cibé acu is airde. Aithnítear caillteanais bhearnúcháin sa chuntas brabúis nó caillteanais. Déantar caillteanais bhearnúcháin arna n-aithint i dtaobh AGAnna a leithdháileadh ar dtús chun an méid glanluacha d'aon dea-thoil dáilte ar an AGA a laghdú, agus ina dhiaidh sin leithdháiltear iad chun laghdú a dhéanamh ar mhéid glanluacha na sócmhainní eile san AGA ar bhonn pro rata.

*iv. Caillteanas bearnúcháin a aisiompú*

Ní dhéantar caillteanas bearnúcháin a fhreaschur maidir le dea-thoil. I dtaobh sócmhainní eile, déantar caillteanais bhearnúcháin arna n-aithint i dtréimhsí roimhe sin a mheasúnú ar gach dáta tuairiscithe le haghaidh aon chomharthaí gur tháinig laghdú ar an gcaillteanas nó nach ann dó a thuilleadh. Ní fhreaschuirtear caillteanas bearnúcháin ach amháin chomh fada is nach sáraíonn méid glanluacha na sócmhainne an méid a shocrófaí, glan ó dhímheas nó amúchadh, dá mba rud é nár aithníodh caillteanas bearnúcháin sa chéad áit.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

Déanfar freaschur chaillteanas bearnúcháin do AGA a leithdháileadh ar shócmhainní an aonaid, ach amháin dea-thoil, pro rata le méideanna tugtha anonn na sócmhainní sin. Aithnítear an freaschur láithreach i mbrabús nó i gcaillteanas. Agus úsáid á baint as méid tugtha anonn athbhreithnithe na sócmhainne déantar soláthar do dhímheas/amúchadh ar bhonn líne dírí thar an saol úsáideach fágtha atá measta don tsócmhainn.

**(vi) Léasanna**

*An Grúpa mar Léasaí*

Measann an Grúpa cibé acu an léas nó nach léas conradh nó an gcuimsíonn an conradh sin léas nó nach gcuimsíonn, ag tús an chonartha. Aithníonn an Grúpa sócmhainn cheart úsáide agus dliteanas léasa comhfhreagrach i dtaobh gach socrú léasa ina bhfuil sé ina léasaí, ach amháin léasanna gearrthéarmacha (atá sainithe mar théarma léasa de 12 mí nó níos lú) nó léasaí sócmhainní íseal-luacha. I dtaobh léasanna gearrthéarmacha agus íseal-luacha, aithníonn an Grúpa na híocaíochtaí léasa mar chaiteachas oibriúcháin de réir an mhéid chothroim thar théarma an léasa, ach amháin más rud é go bhfreagraíonn bonn córasach eile níos fearr don phatrún ama ina mbaintear leas as an sochar eacnamaíoch a fhaightear ó na sócmhainní léasaithe.

Déantar an dliteanas léasa a thomhas ar dtús ag luach reatha na n-íocaíochtaí léasa nach bhfuil íoctha ag an dáta tosaithe, agus iad lascainithe tríd an ráta atá intuigthe sa léasa a úsáid. Murar féidir an ráta sin a shocrú go héasca, baineann an Grúpa úsáid as an ráta iasachta incriminteach. Tá an ráta incriminteach iasachtaithe sainithe mar an ráta úis a bheadh ar an léasaí a íoc leis na cistí atá riachtanach chun sócmhainn a fháil thar téarma agus urrús mar a chéile a bheadh den luach céanna le sócmhainní ceart úsáide i dtimpeallacht eacnamaíoch chosúil a thógáil ar iasacht thar téarma cosúil agus le hurrús cosúil.

Cuimsíonn na híocaíochtaí léasa atá cuimsithe sa tomhas ar an dliteanas léasa:

- Íocaíochtaí léasa seasta (lena n-áirítear íocaíochtaí substainte seasta), lúide aon dreasachtaí léasa infhála,
- Íocaíochtaí léasa inathraitheacha a bhraitheann ar innéacs nó ráta, agus a thomhaistear ar dtús ag úsáid innéacs nó ráta ag an dáta tosaigh,
- An méid a mheasann an léasaí a bheidh le híoc faoi na ráthaíochtaí luacha iarmharaigh,
- Praghas feidhmithe na roghanna ceannaithe, más amhlaidh go bhfuil an léasaí réasúnta cinnte go mbeidh sé in ann na roghanna sin a fheidhmiú, agus
- Íocaíocht pionós de bharr fhoirceannadh an léasa, más amhlaidh go bhfreagróidh téarma an léasa d'fheidhmiú rogha chun an léas a fhoirceannadh.

Cuirtear an dliteanas léasa i bhfeidhm laistigh d'iasachtaí agus d'fhiachas eile sa chlár comhardaithe.

Ina dhiaidh sin déantar an dliteanas léasa a thomhas tríd an tsuim ghlanluacha a mhéadú le hús ar an dliteanas léasa a léiriú (agus modh an ráta úis éifeachtaigh á úsáid) agus tríd an tsuim ghlanluacha a laghdú chun íocaíochtaí léasa arna ndéanamh a léiriú.

Déanann an Grúpa an dliteanas léasa a thomhas arís (agus déanann sé coigeartú comhfhreagrach ar an tsócmhainn ghaolmhar cheart úsáide) pé uair;

- A bhfuil an téarma léasa athraithe nó a bhfuil athrú ar an measúnú ar chleachtadh rogha ceannaigh, sa chás sin déantar an dliteanas léasa a thomhas arís tríd na híocaíochtaí léasa athbhreithnithe a lascainiú agus ráta lascaine athbhreithnithe á úsáid.
- A athraíonn na híocaíochtaí léasa de thoradh athruithe ar innéacs nó ráta nó athrú ar íocaíocht ionchais faoi luach iarmhartach ráthaithe, sa chás sin déantar an dliteanas léasa a thomhas arís tríd na híocaíochtaí léasa athbhreithnithe a lascainiú agus an ráta lascaine tosaigh á úsáid (ach amháin má athraíonn an íocaíocht léasa de thoradh athraithe ar ráta úis comhlúthach, sa chás sin úsáidtear ráta lascaine athbhreithnithe).

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

- A leasaítear conradh léasa agus nach ndéantar cuntas i leith an leasú léasa mar léasa ar leithligh, sa chás sin déantar an dliteanas léasa a thomhas arís tríd na híocaíochtaí léasa athbhreithnithe a lascainiú agus ráta lascaine athbhreithnithe á úsáid.

Ní dhearna an Grúpa aon choigeartú den chineál sin i rith na tréimhse atá á cur i láthair.

Cuimsíonn na sócmhainní cheart úsáide an tomhas tosaigh ar an dliteanas léasa comhfhreagrach, íocaíochtaí léasa arna ndéanamh ar nó roimh an lá tosaithe (lúide aon dreasachtaí léasa arna bhfáil cheana) agus aon chostais díreacha tosaigh.

Aon uair a thabhaíonn an Grúpa oibleagáid i dtaobh costas chun sócmhainn léasaithe a díchóimeáil nó a bhaint, an suíomh ar a raibh an tsócmhainn suite a athchóiriú nó an tsócmhainn bhunaidh a athchóiriú go dtí an riocht ina raibh sí roimhe sin de réir théarmaí agus choinníollacha an léasa, déantar foráil a aithint agus a thomhas faoi IAS 37. Cuirtear na costais san áireamh sa tsócmhainn ghaolmhar cheart úsáide, ach amháin má thabhaítear na costais sin chun fardail a dhéanamh.

Déantar réadmhaoin cheart úsáide a thomhas ina dhiaidh sin ar chostas lúide dímheas carntha agus caillteanais bhearnúcháin. Déantar iad a dhímheas thar an tréimhse níos giorra de théarma léasa agus de shaol úsáideach na bunsócmhainne. Má aistríonn léas úinéireacht na sócmhainne bunúsaí nó má léiríonn costas na sócmhainne ceart úsáide go bhfuil an Grúpa ag súil le rogha ceannaigh a ghlacadh, baintear dímheas den tsócmhainn cheart úsáide thar shaolré úsáideach na sócmhainne bunúsaí. Tosaíonn an dímheas ar dháta tosaithe an léasa.

Cuirtear na sócmhainní cheart úsáide i láthair laistigh de 'Réadmhaoin, gléasra agus trealamh' sa chlár comhardaithe. Cuireann an Grúpa IAS 36 i bhfeidhm chun socrú cibé acu an bhfuil sócmhainn cheart úsáide bearnaithe agus tugann sé cuntas i leith aon chaillteanas bearnúcháin aitheanta mar atá cur síos i gcuid (iv) thuas.

Ní áirítear cíosanna inathraitheacha nach mbraitheann ar innéacs ná ráta sa tomhas ar an dliteanas léasa agus ar an tsócmhainn cheart úsáide. D'aithneofaí na híocaíochtaí gaolmhara mar speansas sa tréimhse ina tharlaíonn an imeacht nó an coinníoll a spreagann na híocaíochtaí sin agus bheadh siad curtha san áireamh sa líne chuí i speansais oibriúcháin sa ráiteas ioncaim.

Mar bheart praiticiúil, tugann IFRS 16 cead don léasaí na gnéithe neamhléasa a fhágáil le chéile, agus cuntas a thabhairt d'aon ghnéithe léasa agus neamhléasa bainteacha mar shocrú aonair. Níor bhain an Grúpa leas as an mbeart praiticiúil seo.

*An Grúpa mar Léasóir*

Déantar léasanna a bhfuil an Grúpa ina léasóir ina leith a aicmiú mar léasanna airgeadais nó oibriúcháin. Aon uair a dhéanann téarmaí an léasa na rioscaí agus sochair a bhaineann le húinéireacht a aistriú den chuid is mó chuig an léasaí, déantar an conradh a aicmiú mar léas airgeadais. Déantar gach léas eile a aicmiú mar léas oibriúcháin.

Déanann an Grúpa comhaontuithe léasa agus é ina léasóir i dtaca le cuid dá phíblínte, agus déantar na léasanna sin a aicmiú mar léasanna oibriúcháin. Déantar ioncam cíosa ó léasanna oibriúcháin a aithint de réir an mhéid chothroim thar téarma an léasa chuí, ach amháin más rud é go bhfreagraíonn bonn córasach eile níos fearr don phatrún ama ina mbaintear leas as an sochar eacnamaíoch a fhaightear ó na sócmhainní léasaithe. Déantar costais dhíreacha thosaigh, a thabhaítear i rith an phróisis idirbheartaíochta agus socraithe don léas oibriúcháin, a chur le méid anonn na sócmhainne léasaithe agus déantar iad a aithint de réir an mhéid chothroim thar téarma an léasa.

Déantar na méideanna atá iníoctha ag léasaithe faoi léasanna airgeadais a aithint mar infháltais ag méid atá comhionann leis an nglaninfheistíocht a rinne an Grúpa sna léasanna. Leithdháiltear léas airgeadais do thréimhsí cuntasaíochta chun cóimheas toraidh tréimhsiúil síoraí a léiriú ar ghlaninfheistíocht an Ghrúpa atá amuigh i dtaobh na léasanna sin.

Nuair a chuimsíonn conradh gnéithe léasa agus neamhléasa, cuireann an Grúpa i bhfeidhm IFRS 15 chun an chomaoin faoin chonradh a leithdháileadh ar gach gné.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

**(vii) Fardail**

*i. Fardail*

Déantar fardail a thomhas agus úsáid á baint as costas nó glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle, agus úsáid á baint as an bhfoirmle chostais is túisce isteach is túisce amach (FIFO) i gcomhréir le Fardail IAS 2. Tá costas déanta suas de phraghas ceannaigh agus gach costas díreach a tabhaíodh agus na fardail á dtabhairt chuig a n-ionad reatha agus a riocht reatha. Is é atá i nglanluach inréadaithe ná an costas díola iarbhír nó measta, lúide gach costas atá le tabhú roimh dhiúscairt.

Déantar soláthar sonrach le haghaidh nithe a bhfuil dochar déanta dóibh, atá imithe as feidhm nó nach féidir a úsáid, nuair is cuí sin.

*ii. Gás a stocáil*

Coinnítear stoic gáis chun na brúnna atá riachtanach laistigh den chóras Líonra a choimeád. Ní choinnítear na stoic seo le hathdhíol agus déantar iad a thomhas ar chostas nó glanluach inréadaithe, cibé acu is ísle.

**(viii) Sócmhainní agus Dliteanais Airgeadais**

*i. Ionstraimí airgeadais díorthacha*

Téann an Grúpa i mbun ionstraimí airgeadais díorthacha éagsúla chun a neamhchosaint ar rioscaí rátaí úis agus rioscaí rátaí malartaithe a bhainistiú, lena n-áirítear réamhchonarthaí malairte eachtraí, babhtálacha ráta úis agus babhtálacha ráta úis a bhaineann le boilsciú. Déantar tuilleadh sonraí faoi ionstraimí airgeadais díorthacha a nochtadh i nóta 23.

Déantar díorthaigh a aithint ar dtús ag luach cóir agus déantar iad a atomhas go luach cóir ag gach dáta tuairiscithe ar leith. Déantar gnóthachain nó caillteanais a aithint sa chuntas brabúis nó caillteanais láithreach, ach amháin más ionstraim fhálaithe shainithe agus éifeachtach iad. Sa chás sin, braitheann uainiú an aitheantais sa chuntas brabúis nó caillteanais ar nádúr na gaolmhaireachta fálaithe.

Cé go ndéantar díorthach a bhfuil luach cóir dearfach aige a aithint mar shócmhainn airgeadais, déantar díorthach a bhfuil luach cóir diúltach aige a aithint mar dhliteanas airgeadais. Ní dhéantar díorthaigh a fhritháireamh sna ráitis airgeadais ach amháin má bhíonn an ceart agus cuspóir dlíthiúil ag an nGrúpa é sin a dhéanamh. Déantar díorthach a chur i láthair mar shócmhainn neamhreatha nó mar dhliteanas neamhreatha más amhlaidh go bhfuil aibíocht na hionstraime atá fágtha níos mó ná 12 mí agus mura bhfuiltear ag súil leis go ndéanfar é a réadú nó a shocrú laistigh de 12 mí.

Sonraíonn an Grúpa díorthaigh áirithe mar ionstraimí fálaithe i dtaca leis an riosca malairte eachtraí agus an riosca ráta úis i bhfálta luacha chóir, fálú ar an sreabhadh airgid, nó fálú de ghlaninfheistíochtaí in airgeadraí eachtracha. Tugtar cuntas d'fhálaithe in aghaidh riosca malairte eachtraí ar cheangaltais dhaingne mar fhálta ar an sreabhadh airgid.

Ag tús na gaolmhaireachta fálaithe, déanann an Grúpa an ghaolmhaireacht idir an ionstraim fhálaithe agus an mhír a fhálaítear a dhoiciméadú, chomh maith lena cuspóirí bainistíochta riosca agus an straitéis atá á chur i bhfeidhm aige chun tabhairt faoi idirbhearta fálaithe éagsúla. Ina theannta sin, ag tús an phróisis fhálaithe agus ar bhonn leanúnach, déanann an Grúpa doiciméadú ar cibé acu an bhfuil an ionstraim fhálaithe éifeachtúil chun athruithe ar luachanna cóir nó ar shreafaí airgid na míre fálaithe a bhfuil an riosca fálaithe ag gabháil léi a fhritháireamh, nó nach bhfuil. Más amhlaidh go bhfuil, ciallaíonn sé sin go gcomhlíonann an ghaolmhaireacht fhálaithe na ceanglais seo a leanas maidir le héifeachtúlacht fálaithe:

- go bhfuil gaolmhaireacht eacnamaíoch idir an mhír fhálaithe agus an ionstraim fhálaithe;
- nach bhfuil forlámhas ag tionchar an riosca chreidmheasa ar athruithe luachanna a eascraíonn as an ngaolmhaireacht eacnamaíoch sin; agus

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

- go bhfuil cóimheas fálaithe na gaolmhaireachta fálaithe mar an gcéanna leis an gcóimheas atá mar thoradh ar an méid atá ag an mhír fhálaithe atá á fálú ag an nGrúpa i ndáiríre agus méid na hionstraime fálaithe a úsáideann an Grúpa i ndáiríre chun an méid sin den mhír fhálaithe a fhálú.

Má theipeann ar an ngaolmhaireacht fhálaithe an ceanglas éifeachtúlachta fálaithe a bhaineann leis an gcóimheas fálaithe a chomhlíonadh, ach go bhfanann an cuspóir bainistíochta riosca don ghaolmhaireacht fhálaithe shonraithe sin mar an gcéanna, déanann an Grúpa coigeartú ar chóimheas fálaithe na gaolmhaireachta fálaithe (i.e. athchothromaíonn sé an fálú) ionas go gcomhlíonfaidh sé na critéir cháilithe arís eile.

Stopann an Grúpa de bheith ag úsáid cuntasaíocht fhálaithe sa chás nach gcomhlíonann an ghaolmhaireacht fhálaithe (nó cuid di) na critéir cháilithe a thuilleadh (i ndiaidh athchothromaithe, más infheidhme), agus sa chás sin amháin. Cuimsíonn sé sin na cásanna ina dtéann an ionstraim fhálaithe in éag nó ina ndíoltar, ina bhfoirceanntar nó ina bhfeidhmítear í. Déantar an foirceannadh a thuairisciú go hionchasach. Déantar an coigeartú luacha chóir ar mhéid anonn na míre fálaithe, a eascraíonn ón riosca fálaithe, a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ón dáta sin. Fágtar leis an gcothromas aon ghnóthachan nó caillteanas a aithnítear in ioncam cuimsitheach eile agus a charntar sa chúlchiste fálaithe don sreabhadh airgid ag an am sin, agus déantar é a athaicmiú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais chomh luath agus a tharlaíonn an t-idirbheart réamhaisnéise. Nuair nach bhfuiltear ag súil leis a thuilleadh go dtarlóidh idirbheart réamhaisnéise, déantar an gnóthachan nó an caillteanas sa chúlchiste fálaithe don sreabhadh airgid a athaicmiú láithreach chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais.

Nuair a théann ionstraim fhálaithe in éag, nó má dhíoltar nó má fhoirceanntar í, nó nuair nach gcomhlíonann fálú na critéir le haghaidh cuntasaíocht fhálaithe a thuilleadh, déantar aon ghnóthachan nó caillteanas carntha iarchurtha den fhálú sa chothromas ag an am sin a athaicmiú chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais láithreach.

*(a) Fálta ar an sreabhadh airgid*

Áit a sainítear ionstraim airgeadais dhíorthach mar fhálú den éagsúlacht ar shreafaí airgeadais de chuid dliteanais aitheanta, gealltanais daingin, nó idirbheart tuartha ar mór an dóchúlacht go ndéanfar é, aithnítear an chuid éifeachtach d'aon ghnóthachan nó caillteanas ar an ionstraim airgeadais dhíorthach go díreach in ioncam cuimsitheach eile. Nuair a aithnítear sócmhainn nó dliteanas mar thoradh ar an ngealltanas daingean nó an t-idirbheart tuartha, baintear an gnóthachan nó caillteanas carnach ó ioncam cuimsitheach eile agus cuimsítear é sa tomhas tosaigh ar an tsócmhainn nó an dliteanas. Mura ndéantar sin baintear an gnóthachan nó caillteanas carnach ó ioncam cuimsitheach eile agus aithnítear i mbrabús nó caillteanas é ag an am céanna leis an idirbheart fálaithe. Aithnítear an chuid neamhéifeachtach de ghnóthachan nó caillteanas ar bith sa ráiteas ioncaim láithreach. Léiríonn luachanna córa riosca creidmheasa na hionstraime agus cuimsíonn siad coigeartuithe chun riosca creidmheasa eintiteas agus comhpháirtí an Ghrúpa a thógáil san áireamh áit is cuí sin.

Nuair a chuirtear deireadh le hionstraim nó gaolmhaireacht fálaithe ach nuair a mheastar go dtarlóidh an t-idirbheart fálaithe fós, fanann an gnóthachan nó caillteanas carnach ag an bpointe sin in ioncam cuimsitheach eile agus aithnítear é i gcomhréir leis an bpolasaí thuas nuair a tharlaíonn an t-idirbheart. Murar dóchúil a thuilleadh go dtarlóidh an t-idirbheart fálaithe, maidir leis an ngnóthachan carnach neamhréadaithe atá aitheanta in ioncam cuimsitheach eile, aithnítear i mbrabús nó caillteanas é láithreach.

*(b) Fálta luacha chóir*

Áit a bhfuil ionstraim airgeadais dhíorthach sainithe mar fhálú luacha chóir, aithnítear athruithe ar luach cóir an díorthaigh i mbrabús nó caillteanas. Freisin sonraítear an mhír fhálaithe ag luach cóir i dtaobh an riosca arna fhálú; aithnítear an gnóthachan nó caillteanas atá inchurtha i leith an riosca fhálaithe i mbrabús nó caillteanas (mír líne céanna leis an díorthach) agus coigeartú déanta ar mhéid tugtha anonn na míre fálaithe. Aithnítear an chuid neamhéifeachtach sa ráiteas ioncaim láithreach. Léiríonn luachanna córa riosca creidmheasa na hionstraime agus cuimsíonn siad coigeartuithe chun riosca creidmheasa eintiteas agus comhpháirtí an Ghrúpa a thógáil san áireamh áit is cuí sin.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

**ii. Iasachtaí**

Aithnítear iasachtaí ar dtús ag luach cóir lúide costais atá inchurtha i leith idirbhirt. I ndiaidh a n-aitheantais tosaigh, sonraítear na hiasachtaí nach bhfuil i ngaolmhaireacht fálaithe luacha chóir ag an gcostas amúchta le húsáid mhodh an ghlanráta úis. Déantar iasachtaí atá sainithe i ngaol luacha chóir a thomhas ar luach cóir i gcomhair rioscaí fálaithe, agus aithnítear i mbrabús agus caillteanas aon ghnóthachain nó chaillteanais a thagann chun cinn ar athruithe ar luach cóir, ach amháin má tá na hathruithe sin inchurtha i leith riosca creidmheasa an Ghrúpa féin, agus sa chás sin aithnítear iad siúd laistigh d'ioncam cuimsitheach eile.

**iii. Sócmhainní agus dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha**

*Trádáil agus Infháltais Eile*

Aithnítear infháltais trádála agus infháltais eile ar dtús ag an bpraghas idirbhirt infhála agus ina dhiaidh sin iompraítear iad ag an luach sin mar nach ann do ghné maoinithe suntasach lúide liúntas cuí i gcomhair caillteanas creidmheasa ionchais. Déantar soláthar do chaillteanais bhearnúcháin agus úsáid á baint as samhail chaillteanas creidmheasa ionchais don saolré, agus an bearnúchán ionchais aitheanta mar speansas i gcostais oibriúchán. Ríomhtar an méid caillteanais creidmheasa ionchais trí rátaí caillteanais ionchais a chur i bhfeidhm, bunaithe ar an bhfeidhmíocht iarbhír bailiúcháin airgid stairiúil, chuig próifíl an fhiachais aoise le tosca maicreacnamaíocha amach anseo agus tosca a bhaineann go sonrach leis na féichiúnaithe san áireamh.

*Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim*

Áirítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, airgead ar lámh agus taiscí atá in-aisíoctha ar éileamh lúide rótharraingtí atá iníoctha ar éileamh.

Áit arb ann do na coinníollacha agus don rún i gcomhair frithchúithimh, measctar iarmhéideanna dochair le hiarmhéideanna creidmheasa agus cuirtear an comh-iarmhéid sin i láthair sa chlár comhardaithe.

*Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile*

Déantar iníocthaigh trádála agus eile a thaifeadadh ar luach cóir i dtosach, ar gnách gurb é méid tosaigh an tsonraisc móide aon chostais idirbhirt atá inchurtha go díreach ina leith, agus a thugtar anonn ina dhiaidh sin ar chostas amúchta agus úsáid a bhaint as modh an ghlanráta úis.

*Iasachtaí agus iarmhéideanna le cuideachtaí Grúpa (Cuideachta)*

Tá iasachtaí agus iarmhéideanna le cuideachtaí Grúpa ina sócmhainní nó ina ndliteanais airgeadais neamhdhíorthacha nach bhfuil luaite i margadh gníomhach. Cuirtear san áireamh iad in infháltais reatha trádála agus eile agus in iníochtaigh eile i gclár comhardaithe na Máthairchuideachta, ach amháin iad siúd lena ngabhann ionchas um bailiú níos faide na dhá mhí déag tar éis dháta an chláir chomhardaithe, a chuirtear san áireamh in infháltais neamhreatha trádála agus eile nó in iníocthaigh neamhreatha trádála agus eile. Déantar iad sin a thomhas ag luach cóir ar dtús agus ina dhiaidh sin tugtar cuntas ina leith ar chostas amúchta lúide caillteanas creidmheasa ionchais.

**(ix) Forálacha agus Dliteanais Theagmhasacha**

Déanann an Grúpa meastóireacht ar nochtuithe ar dhliteanais theagmhasacha a bhaineann le dlíthíocht atá le teacht nó éilimh eile gan réiteach atá faoi réir réitigh chaibidlithe, idirghabhála, eadrána nó rialú Rialtais. Aithnítear soláthar nuair is dóchúil gurb ann d'oibleagáid ar féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ina leith tar éis anailís chúramach a dhéanamh ar an ábhar aonair. Cuimsíonn anailís measúnú ar an dóchúlacht go n-éireoidh le héileamh gan réiteach, nó go dtiocfaidh dliteanas chun cinn, agus an pointe aitheantais don dliteanas gaolmhar.

Aithnítear mar dhliteanais theagmhasacha ábhair ar oibleagáidí féideartha iad nó nach gcomhlíonann na critéir aitheantais i gcomhair soláthair, ach amháin más beag an fhéidearthacht go n-aistreofar tairbhí eacnamaíochta.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

B'fhéidir go n-athródh soláthairtí arna socrú amach anseo de bharr forbairtí nua agus de réir mar a bhíonn faisnéis nua ar fáil. D'fhéadfadh go mbeadh costais iarbhír difriúil leis an soláthar measta mar gheall ar an éiginnteacht nádúrtha sa phróiseas meastóireachta sin. Tá sonraí faoi sholáthairtí nochta i nóta 21.

**(x) Deontais**

Aithnítear deontas mar dhliteanas sa chlár comhardaithe ar dtús nuair atá ráthaíocht réasúnta ann go bhfaighfear é agus go gcomhlíonfaidh an Grúpa na coinníollacha a bhaineann leis. Aithnítear na deontais ioncaim atá mar chúiteamh don Ghrúpa as speansais arna dtabhú sa ráiteas ioncaim ar bhonn córasach sa tréimhse chéanna ina dtabhaítear na speansais. Déantar deontais a chúitíonn an Grúpa as costas sócmhainne a amúchadh don ráiteas ioncaim ar bhonn córasach thar shaol úsáideach na sócmhainne chun an muirear dímheasa a mheaitseáil.

**(xi) Ioncam**

Is ó sheirbhísí iompair gáis go príomha, i margaí rialaithe agus neamhrialaithe, a thagann ioncam an Ghrúpa. Forbraíonn, oibríonn agus déanann an Grúpa cothabháil ar na líonraí tarchuir agus dáileacháin gáis nádúrtha in Éirinn agus cuireann siad seirbhísí iompair gáis ar fáil do sholáthraithe agus lastóirí. Freisin oibríonn an Grúpa agus tá siad ina n-úinéirí ar an dá phíblíne idirnascaire gáis idir Albain agus Éire agus tá sócmhainní bonneagair líonra acu i dTuaisceart Éireann agus ar Oileán Mhanann. Cuimsíonn ioncam an Ghrúpa ioncam ó léasa oibriúcháin, a aithnítear i gcomhréir le IFRS 16 (féach polasaí cuntasaíochta (vi) thíos) freisin.

Déantar ioncam a thomhas bunaithe ar an gcomaoin a measann an Grúpa a bheith i dteideal i gconradh le custaiméir, agus ní áirítear méideanna arna mbailiú ar son tríú páirtithe. Aithníonn an Grúpa ioncam nuair a chomhlíontar na hoibleagáidí feidhmíochta, mar a leagtar amach iad sa chonradh, nó de réir mar a chomhlíontar iad. Aithnítear ioncam ó acmhainn iompair (billeáilte agus neambhilleáilte) thar am de réir mar a chomhlíontar an oibleagáid fheidhmíochta arb é acmhainn líonra a sholáthar, agus aithnítear aon ioncam a bhaineann le tráchtearraí ar bhonn an tréchuir don tréimhse le haghaidh gach custaiméir. Aithnítear ranníocaíochtaí custaiméara in ioncam iarchurtha nuair a fhaightear iad, agus scaoiltear chuig an ráiteas ioncaim iad i gcomhréir le comhlíonadh na n-oibleagáidí feidhmíochta. Tá oibleagáid fheidhmíochta shingil aitheanta mar na hoibreacha ceangail agus aithnítear an t-ioncam thar am de réir mar a chríochnaítear na hoibreacha ceangail.

Má mheastar nach gcomhlíontar na critéir um aithint ioncaim le haghaidh idirbhirt, cuirtear moill le haithint ioncaim go dtí go meastar gur dóchúil inbhailitheacht. Áit is gá, déantar ioncam agus infháltais a lascainiú chun gné mhaoinithe an idirbhirt a léiriú agus cuirtear an foirceannadh úis i láthair go bliantúil mar chreidmheas don ráiteas ioncaim.

Braitheann roinnt foinsí ioncaim de chuid an Ghrúpa ar fhaomhadh a fháil ón rialaitheoir tionscail, an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRU). In imthosca áirithe, d'fhéadfadh an t-ioncam rialaithe "ceadaithe" a bheith róghnóthaithe nó tearcghnóthaithe sa bhliain airgeadais. Is féidir aon róghnóthú nó tearcghnóthú a chuimsiú, laistigh de pharaiméadair áirithe, agus an t-ioncam rialála le haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin á ríomh. Ní dhéantar aon choigeartú um róghnóthú nó tearcghnóthú sa bhliain ina dtagann siad chun cinn.

**(xii) Brabús Oibriúcháin**

Sonraítear brabús oibriúcháin roimh ghlanchostais airgeadais agus cháin ioncaim.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

**(xiii) Glanchostais Airgeadais**

Cuimsíonn costais airgeadais ús iníoctha ar iasachtaí, muirear maoinithe ar sholáthairtí, (aitheanta tar éis measúnaithe más ábhartha) gluaiseachtaí luacha chóir ar ionstraimí airgeadais a aicmítear mar luach cóir trí bhrabús nó caillteanas agus glanchostais úis pinsin. Maidir le costais iasachta nach bhfuil inchurtha go díreach i leith éadáil, thógáil nó táirgeadh sócmhainne cáilithí, aithnítear i mbrabús nó caillteanas iad agus úsáid á baint as modh an úis ghlain. Déantar an glanchostas úis as pinsean a ríomh tríd an ráta lascaine ag tús na tréimhse a chur i bhfeidhm ar an nglandliteanas nó ar an nglansócmhainn sainithe.

Cuimsíonn ioncam airgeadais gluaiseachtaí luacha chóir ar ionstraimí airgeadais atá aicmithe mar luach cóir tríd an gcuntas brabúis nó caillteanais nó aon ioncam úis ar chistí infheistithe. Déantar ioncam úis a aithint de réir mar a fhabhraíonn sé i mbrabús nó caillteanas, ag baint úsáide as modh an úis ghlain.

Cuirtear i láthair coigeartuithe luacha chóir ar ionstraimí maoinithe a aithníodh i mbrabús nó caillteanas, mar ioncam airgeadais nó costais airgeadais, de réir mar is cuí.

**(xiv) Cáin Ioncaim**

Cuimsíonn speansas cánach ioncaim cáin reatha agus iarchurtha. Aithnítear cáin ioncaim sa ráiteas ioncaim ach amháin sa mhéid a bhaineann sé le míreanna atá aitheanta go díreach i ngnáthscaireanna nó in ioncam cuimsitheach eile.

Is é atá sa cháin reatha ná an cháin iníoctha nó infhála mheasta ar an ioncam nó caillteanas inchánach don tréimhse, agus úsáid á baint as rátaí cánach a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil ar an dáta tuairiscithe, agus aon choigeartú ar cháin iníoctha i dtaobh na dtréimhsí roimhe sin. Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach reatha a chúiteamh nuair atá ceart chun cúitimh ar féidir a chur i bhfeidhm de réir an dlí ann laistigh den údarás cánach céanna agus áit arb é an rún ná socrú ar ghlanbhonn nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

Aithnítear cáin iarchurtha maidir le gach difríocht shealadach idir méideanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas chun críocha tuairiscithe airgeadais agus na méideanna a úsáidtear chun críocha cánachais. Tomhaistear cáin iarchurtha ag na rátaí cánach a bhfuiltear ag súil leo sna tréimhsí ina bhfuiltear ag súil le freaschur na ndifríochtaí sealadacha i bhfianaise rátaí cánach agus dlíthe a achtaíodh nó a achtaíodh go substainteach faoin dáta tuairiscithe.

Meastar go bhfuil sócmhainn chánach iarchurtha in-aisghabhála agus mar sin ní aithnítear í go dtí, ar bhonn na fianaise go léir atá ar fáil, gur dóchúil go mbeidh brabúis inchánach oiriúnacha sna blianta beaga atá amach romhainn, óna mbeifear in ann aisiompú na ndifríochtaí sealadacha bunúsacha a dhéaduchtú.

Déantar sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha a chúiteamh nuair atá ceart chun cúitimh ar féidir a chur i bhfeidhm de réir an dlí ann chun sócmhainní cánach reatha a chúiteamh i gcoinne dliteanas cánach reatha arna thobhach ag an údarás cánach céanna agus nuair atá sé ar intinn ag an nGrúpa a chuid sócmhainní agus dliteanas cánach reatha a shocrú ar ghlanbhonn.

Aithnítear soláthar le haghaidh na n-ábhar sin a bhfuil an socrú cánach éiginnte maidir leo ach go meastar gur dóchúil é go mbeidh eis-sreabhadh cistí chuig údarás cánach sa todhchaí. Déantar na soláthairtí a thomhas ag an meastachán is fearr ar an méid a mheastar go dtiocfaidh sé chun a bheith iníoctha. Bunaítear an measúnú ar bhreithiúnas gairmithe cánach sa Ghrúpa agus é tacaithe ag taithí roimhe sin i dtaobh na ngníomhaíochtaí den sórt sin agus i gcásanna áirithe bunaithe ar shainchomhairle neamhspleách ar cháin.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

**(xv) Oibleagáidí Leasa Scoir**

*i. Cuntas tugtha i leith scéim pinsin sochair shainithe mar Phlean Grúpa*

Oibríonn Grúpa Ervia scéim pinsin sochair sainithe. Glacann roinnt fostaithe de chuid Líonraí Gáis Éireann páirt sa scéim sin. Tugtar cuntas i leith na scéime mar Phlean Grúpa i gcomhréir le IAS 19. (Athbhreithnithe i 2011: Sochair d'Fhostaithe) agus mar sin aithnítear iomlán an ghlandliteanas (nó an ghlansócmhainn) pinsin a bhaineann leis an scéim i ráitis airgeadais Ghrúpa Ervia seachas i ráitis airgeadais Líonraí Gáis Éireann – féach ar Thuarascáil Bhliantúil Ghrúpa Ervia le haghaidh nochta iomláin i dtaobh na scéime.

*ii. Scéimeanna pinsin ranníocaíochta sainithe*

Is ionann scéim ranníocaíochta sainithe agus scéim sochair iarfhostaíochta faoina n-íocann aonán ranníocaíochtaí seasta isteach in aonán ar leithligh, agus ní bheidh aon oibleagáid dlí ná inchiallaithe ar bith air méideanna breise a íoc. Déantar na ranníocaíochtaí atá iníoctha faoi na scéimeanna ranníocaíochta sainithe a mhuirearú ar bhrabús nó chaillteanas sna tréimhsí a gcuireann fostaithe seirbhísí ar fáil lena linn.

**(xvi) Bearta Neamh-GAAP**

Sainítear EBITDA mar thuillimh roimh ús, cháin, dhímheas agus amúchadh. Sainítear glanfhiachas mar iomlán na n-iasachtaí agus an fhiachais eile agus é coigeartuithe do thionchar fhálta luacha chóir lúide taiscí airgid saor in aisce. Baineann an Grúpa úsáid as na bearta neamh-GAAP sin chun eolas úsáideach faoi fheidhmíocht agus mhaoiniú a chur ar fáil don lucht bainistíochta, do stocshealbhóirí agus pháirtithe leasmhara seachtracha.

## (e) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Chriticiúla

Éilítear ar an nGrúpa, agus é ag cur na bpolasaithe cuntasaíochta sin i bhfeidhm, meastacháin, boinn tuisceana agus breithiúnais áirithe a dhéanamh a chreideann sé a bheith réasúnach bunaithe ar an eolas atá ar fáil. Déantar iad sin a mheasúnú agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, agus tugadh aird chuí ar na fachtóirí macra-eacnamaíocha ábhartha (lenar áiríodh paindéim Covid-19 agus an Breatimeacht).

Bíonn tionchar ag na meastacháin, na boinn tuisceana agus na breithiúnais sin ar na méideanna sócmhainní agus dliteanais ar dháta na ráitis airgeadais agus na méideanna ioncaim agus costais a aithnítear le linn na dtréimhsí tuairiscithe a chuirtear i láthair. D'fhéadfadh éifeacht ábhartha a bheith ag athruithe ar na meastacháin sin ar na ráitis airgeadais.

Ar bhonn leanúnach, déanann an Grúpa meastóireacht ar a chuid meastachán agus úsáid á baint as taithí stairiúil, dul i gcomhairle le saineolaithe agus modhanna eile a mheastar a bheith cuí ar na cúinsí áirithe. D'fhéadfadh go mbeadh difríocht idir torthaí iarbhír agus na meastacháin sin, agus aithnítear an éifeacht a bhíonn aige sin sa tréimhse ina nochtar na fíricí as a n-eascraíonn an t-athbhreithniú.

**(i) Breithiúnais chriticiúla le beartais chuntasaíochta an Ghrúpa a chur i bhfeidhm**

Is iad seo a leanas na breithiúnais chriticiúla seachas iad sin a bhaineann le meastacháin (a ndéileáiltear leo astu féin thíos) atá déanta ag an nGrúpa agus na beartais chuntasaíochta sin á gcur i bhfeidhm agus a bhfuil an éifeacht is mó acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

*(a) Rangú ar chostas idir caiteachas oibriúcháin agus caiteachas caipitil*

Teastaíonn breithiúnais shuntasacha le caiteachas a rangú mar chaiteachas caipitil nó oibriúcháin, go háirithe i gcásanna a mbíonn eilimintí de ghníomhaíochtaí feabhsúcháin (caipiteal) agus cothabháil (oibriúchán) araon ann. Tá beartais, rialuithe agus nósanna imeachta chuí i bhfeidhm ag an nGrúpa chun maolú i gcoinne an riosca go ndéanfaí caiteachas neamh-incháilithe a chaipitliú.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 1. Ráiteas um Beartais Chuntasaíochta (ar lean)

**(ii) Neamhchinnteacht meastacháin**

Is iad seo a leanas na príomhbhoinn tuisceana maidir leis an todhchaí agus le príomhfhoinsí neamhchinnteacht meastacháin ag deireadh an tréimhse tuairiscithe a bhféadfadh riosca suntasach a bheith ann go mbeadh coigeartú ábhartha dá bharr ar na suimeanna glanluacha sócmhainní agus caiteachais laistigh den bhliain seo chugainn.

*(a) Sócmhainní bonneagar agus na sócmhainní a úsáidimid inár ngnó*

Amhail an 31 Nollaig 2020, b'ionann comhiomlán réadmhaoin, gléasra agus trealamh (RG&T) an Ghrúpa agus €2,534.3 milliún. (2019: (€2,572.6 milliún), arbh ionann é sin agus formhór shócmhainní an Ghrúpa. Dá réir sin tá na meastacháin agus na boinn tuisceana a rinneadh le luach iompair a dheimhniú criticiúil do na ráitis airgeadais mar gheall go bhféadfadh éifeacht shuntasach a bheith ag in-aisghabhálacht na méideanna, nó a n-easnamh, ar fheidhmíocht agus staid airgeadais an Ghrúpa amach anseo.

*Dímheas agus saolré fhóinteach*

Aithníonn an Grúpa muirir dhímheasa agus amúchta go bliantúil (2020: €137.8 milliún) a ríomhtar go príomha chun costas RF&T agus sócmhainní doláimhsithe a laghdú thar a saolta eacnamaíochta úsáideacha ionchais. I gcás RG&T ach go háirithe, is gá breithiúnas suntasach chun saol úsáideach measta na sócmhainní a shocrú, atá bunaithe ar thaithí, ionchais faoin todhchaí agus fachtóirí eile. Tá saolta úsáideacha measta do shócmhainní móra leagtha amach sna polasaithe cuntasaíochta sin (cuid (d)). Déanann an Grúpa athbhreithniú ar shaolta úsáideacha shócmhainní go bliantúil agus déantar aon athrú riachtanach a choigeartú go hionchasach. Mar gheall ar chomh tábhachtach is atá infheistíocht shócmhainne don Ghrúpa, d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith ag éagsúlachtaí idir saolta eacnamaíochta iarbhír agus mheasta ar thorthaí sa todhchaí, torthaí dearfacha nó diúltacha. Níor aithin an Grúpa aon athruithe go stairiúil i saota úsáideacha a raibh tionchar ábhartha acu ar thorthaí oibriúcháin. Féach ar nóta 9 i gcomhair anailíse íogaire ar an tionchar áit a ndearnadh talamh slán de shaol eacnamaíoch úsáideach ní ba ghiorra do réadmhaoin, ghléasra agus threalamh an Ghrúpa.

*(b) Soláthairtí agus dliteanais eile*

Bíonn neamhchinnteacht meastacháin ag baint le measúnachtaí thoradh airgeadais staideanna neamhchinnte tráchtála agus dlíthiúla agus bíonn gá le breithiúnas, meastachán agus boinn tuisceana a úsáid. Is ionann na méideanna atá aitheanta mar sholáthar agus meastachán is fearr an Ghrúpa ar an gcaiteachas a theastaíonn chun oibleagáidí reatha a shocrú ar an dáta tuairiscithe. Agus an toradh dóchúil á mheas, bunaíonn an Grúpa a mheasúnú ar fhíorais atá ar fáil, ar thaithí stairiúil, ar chomhairle ó chomhairleoirí dlí agus saineolaithe eile agus ar fhachtóirí chuí bhreise eile a mheastar a bheith réasúnta sna cúinsí. Mar sin tagtar ar mheastachán athbhreithnithe ag gach dáta tuairiscithe chun déanamh cinnte go bhfreagraíonn na méideanna arna bhfabhrú don mheastachán is fearr ar na costais a iompróidh an Grúpa sa deireadh. B'fhéidir go n-athródh an fhoráil riachtanach amach anseo de bharr forbairtí nua agus de réir mar a bhíonn eolas nua ar fáil. Mar gheall ar nádúr na soláthairtí sin agus an éiginnteacht meastacháin atá i gceist, meastar nach praiticiúil anailís íogaire bhreise ar na méideanna sin. Féach ar nóta 21 chun tuilleadh sonraí a fháil.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 2. Eolas Deighilteach

Tá Deighleoga Oibriúcháin IFRS 8 glactha ag an nGrúpa sna ráitis airgeadais. Ceanglaítear de réir IFRS 8 go n-aithneofaí deighleoga oibriúcháin ar bhonn tuairiscí inmheánacha faoi ghnéithe den Ghrúpa a ndéanann an Príomhchinnteoir Oibriúcháin athbhreithniú orthu go rialta chun acmhainní a leithdháileadh don deighleog agus chun a feidhmíocht a mheas. I gcás an Ghrúpa, tá an Príomhchinnteoir Oibriúcháin aitheanta mar Bhord Líonraí Gáis Éireann.

Mar sin is iad deighleoga oibriúcháin an Ghrúpa na cinn a úsáideann Bord Líonraí Gáis Éireann go hinmheánach chun an gnó a rith agus chun cinntí straitéiseacha a dhéanamh. Cuirtear faisnéis ar fáil do Bhord Líonraí Gáis Éireann i dtaobh an Ghrúpa ar bhonn deighleoige singile chun críoch feidhmíocht a mheasúnú agus acmhainní a leithdháileadh. Déanann Bord Líonraí Gáis Éireann athbhreithniú ar thorthaí oibriúcháin ar leibhéal Ghrúpa Líonraí Gáis Éireann. I bhfianaise an mhéid sin, tá deighleog shingil ag an nGrúpa chun críocha an tuairiscithe airgeadais. Dá bharr sin is iad na brabúis deighleoige agus na sócmhainní agus na dliteanais deighleoige mar a thuairiscítear don phríomhchinnteoir oibriúcháin ná iad siúd atá leagtha amach i Ráiteas Ioncaim an Ghrúpa agus i gClár Comhardaithe an Ghrúpa faoi seach agus mar sin ní chuirtear aon fhaisnéis deighleoige bhreise ar fáil sa nóta seo.

**(a) Ioncam**

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Seo a leanas an t-ioncam seachtrach agus é roinnte de réir ionaid gheografaigh:** | | |
| Éire | 410,972 | 432,132 |
| An RA (Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann san áireamh) | 36,305 | 37,731 |
| **Iomlán** | **447,277** | **469,863** |

Áirítear le hioncam an Ghrúpa do 2020 de €447.3 milliún (2019: €469.9 milliún), ioncaim de €121.3 milliún (2019: €125 milliún) agus €70.5 milliún (2019: €65.1 milliún) agus €48.3 milliún (2019: €50.9 milliún) a tháinig chun cinn ó dhíolacháin le triúr custaiméirí is mó an Ghrúpa.

**(b) Sócmhainní neamhreatha de réir ionaid gheografaigh**

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Éire | 2,153,107 | 2,160,819 |
| An RA (Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann san áireamh) | 381,233 | 411,750 |
| **Iomlán** | **2,534,340** | **2,572,569** |

Cuimsíonn sócmhainní neamhreatha chun críocha an nochta seo réadmhaoin, gléasra, trealamh agus sócmhainní doláimhsithe. Eisítear ionstraimí airgeadais díorthacha.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 3. Ioncam

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Rialaithe[1] | 400,235 | 414,916 |
| Neamhrialaithe – conarthaí iompair | 25,908 | 27,603 |
| Neamhrialaithe - conarthaí i gcomhair ceangal nua | 4,442 | 5,464 |
| Neamhrialaithe- eile[2] | 16,692 | 21,880 |
| **Iomlán** | **447,277** | **469,863** |

[1] Is é atá in ioncam rialaithe ná ioncam tráchtearra agus acmhainne arna thuilleamh agus arna rialáil ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntas ("CRU") agus ag an Northern Ireland Authority for Utility Regulaton ("NIAUR").

[2] Baineann ioncam neamhrialaithe eile go príomha le hioncam ó ghnó teileachumarsáide Aurora agus le díolacháin le haghaidh seirbhísí oibriúcháin a chuidíonn leis an gcóras iompair gháis a úsáid.

## 4. Glanchostais oibriúcháin (gan dímheas ná amúchadh san áireamh)

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| Costas ar shochair fostaí | 5 | (44,921) | (41,550) |
| Seirbhísí fruilithe agus conraithe | | (7,819) | (8,162) |
| Costais ábhar, cothabhála agus fochonraitheora | | (45,691) | (45,093) |
| Rátaí agus saoráidí | | (32,269) | (30,426) |
| Costais lársheirbhísí idirbhirt agus tacaíochta | 26 | (25,993) | (27,074) |
| Speansais oibriúcháin eile | | (26,830) | (33,205) |
| Ioncam oibriúcháin eile | | 1,600 | - |
| **Iomlán** | | **(181,923)** | **(185,510)** |

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 4. Glanchlostais Oibriúcháin (gan dímheas ná amúchadh san áireamh) (ar lean)

**Sonraítear costais oibriúcháin tar éis go ngearrtar muirir:**

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **(a) Luach saothair an iniúchóra** | | |
| - iniúchadh ar ráitis airgeadais an Ghrúpa[1] | (145) | (144) |
| - seirbhísí árachais eile | (27) | (27) |
| – seirbhísí comhairleacha cánach | - | - |
| - seirbhísí eile seachas seirbhísí iniúchóireachta | - | (60) |
| **Iomlán** | **(172)** | **(231)** |

[1] Cuimsíonn an t-iniúchadh ar ráitis airgeadais an Ghrúpa an t-iniúchadh ar fhochuideachtaí.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **(b) Luach saothair na stiúrthóirí*** | | |
| Stiúrthóirí - táillí | - | - |
| Stiúrthóirí - luach saothair | (491) | (459) |
| Stiúrthóirí - ranníocaíochtaí leis an bpinsean sochair shainithe | (69) | (61) |
| Stiúrthóirí - ranníocaíochtaí le pinsean ranníocaíochta sainithe | - | (4) |
| **Iomlán** | **(560)** | **(524)** |

*I gcomhréir le hAirteagail Chomhlachais an Ghrúpa, níl na Stiúrthóirí i dteideal táillí a fháil. Léiríonn luach saothair na Stiúrthóirí mar atá nochta thuas cionroinnt den luach saothair iomlán a tuilleadh mar fhostaithe a fuair tuarastal ó Ervia, bunaithe ar na seirbhísí a tugadh don Ghrúpa. Ba é líon na stiúrthóirí a raibh ranníocaíochtaí pinsin sochair shainithe fabhraithe chucu ná 6 (2019:6) agus ba é líon na stiúrthóirí a raibh ranníocaíochtaí pinsin ranníocaíocht sainithe fabhraithe chucu ná nialas (2019:1).

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **(c) Tuarastal agus sochair an Stiúrthóra Bainistíochta** | | |
| Bunthuarastal an Stiúrthóra Bainistíochta | (200) | (195) |
| Sochair fostaí ghearrthéarmacha eile | (51) | (49) |
| Sochair iarfhostaíochta - ranníocaíochtaí pinsin | (35) | (34) |
| **Iomlán** | **(286)** | **(278)** |

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 5. Sochair fostaí

### (a) (i) Sochair chomhiomlána fhostaí

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Sochair ghearrthéarmacha foirne | (43,928) | (41,299) |
| Sochair iarfhostaíochta - ranníocaíochtaí pinsin | (5,617) | (5,357) |
| Costais árachais sóisialta | (4,752) | (4,497) |
| | (54,297) | (51,153) |
| Párolla caipitlithe | 9,376 | 9,603 |
| **Costais shochair fostaí arna mhuirearú ar an gcuntas brabúis agus caillteanais** | **(44,921)** | **(41,550)** |

### (ii) Sochair ghearrthéarmacha foirne

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Pá agus tuarastail | (41,211) | (38,644) |
| Ragobair | (1,125) | (1,058) |
| Liúntais | (682) | (742) |
| Eile[1] | (910) | (855) |
| **Iomlán** | **(43,928)** | **(41,299)** |

[1] Áirítear le sochair ghearrthéarmacha fhostaí eile go príomha sochair bhuana árachais sláinte agus saoil agus liúntais taistil inchánach.

Ba é meánlíon míosúil na bhfostaithe a sholáthair seirbhísí don Ghrúpa agus don Chuideachta le haghaidh na bliana ná 546 (2019: 532).

D'aithin an Grúpa speansais as foirceannadh fostaí de €nialas i gcaitheamh na tréimhse tuairiscithe (2019: €nialas). Féach nóta 21 le haghaidh sonraí sochair fhoirceanta gearrtha in aghaidh na forála athstruchtúraithe.

## 6. Dímheas agus Amúchadh

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| Dímheas sealúchais, gléasra agus trealaimh | 9 | (137,939) | (139,052) |
| Dímheas shócmhainní ceart úsáide | 10 | (362) | (362) |
| Amúchadh sócmhainní doláimhsithe | 11 | (5,986) | (5,964) |
| Amúchadh deontas | 20 | 6,500 | 6,516 |
| **Iomlán** | | **(137,787)** | **(138,862)** |

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 7. Glanchostais Airgeadais

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| **Roimh atomhais** | | | |
| **Costais airgeadais** | | | |
| Ús agus muirir eile a gearradh ar iasachtaí | | (19,181) | (19,285) |
| Ús caipitlithe | | 270 | 218 |
| Muirear airgeadais um dhliteanas léasa | 10 | (100) | (104) |
| **Iomlán na gcostas airgeadais** | | **(19,011)** | **(19,171)** |
| | | | |
| **Atomhais** | | | |
| Glanathruithe ar luach cóir díorthach maoinithe neamhainmnithe | | 1,948 | 1,883 |
| Glanathruithe ar luach cóir ionstraimí airgeadais arna sonrú i ngaolmhaireacht fhálaithe luacha chóir | | 72 | (1,340) |
| **Iomlán na míreanna atomhais** | | **2,020** | **543** |
| | | | |
| **Iomlán** | | | |
| Ioncam airgeadais | | 2,020 | 1,883 |
| Costais airgeadais | | (19,011) | (20,511) |
| **Glanchostais airgeadais** | | **(16,991)** | **(18,628)** |

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 8. Cáin

### Costais cáin ioncaim

| | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Speansas reatha cánach** | | |
| Cáin reatha | (17,847) | (21,610) |
| Coigeartuithe i dtaobh na mblianta roimhe seo | (27) | 47 |
| | (17,874) | (21,563) |
| **Creidmheas cánach iarchurtha** | | |
| Údarú agus freaschur difríochtaí sealadacha | 1,423 | 3,254 |
| Coigeartuithe i dtaobh na mblianta roimhe seo | (560) | 350 |
| | 863 | 3,604 |
| **Iomlán na gcostas ar cháin ioncaim** | **(17,011)** | **(17,959)** |

### An ráta cánach éifeachtach a idir-réiteach

| | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Brabús roimh cháin ioncaim | 110,576 | 126,863 |
| Cáin gearrtha ag 12.5% (2019: 12.5%) | (13,822) | (15,858) |
| Speansais nach bhfuil inasbhainte chun críocha cánach[1] | (1,785) | (1,480) |
| Ioncam nach bhfuil inchánach | 493 | 492 |
| Brabúis a ngearrtar cáin orthu ag rátaí níos airde[2] | (1,285) | (1,445) |
| Éifeacht an athraithe ar an ráta cánach | - | (132) |
| Coigeartú malartaithe | (25) | 67 |
| Coigeartuithe i dtaobh na mblianta roimhe[3] | (587) | 397 |
| | **(17,011)** | **(17,959)** |

*Féach ar ráiteas an Ghrúpa faoi ioncam cuimsitheach eile ina bhfuil sonraí faoi na tionchair chánach.*

[1] Baineann go príomha le dímheas ar chaiteachas caipitil nach bhfuil incheadaithe chun críocha cánach.

[2] Brabúis fhochuideachta RA faoi réir cánachais ag 19% i gcomparáid leis an ráta cánach Éireannach de 12.5%.

[3]Coigeartuithe i dtaobh na mblianta roimhe mar thoradh go príomha ar réiteach na dtuairisceán cánach don bhliain roimhe.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 8. Cáin (ar lean)

**Sócmhainní agus dliteanais chánach reatha**

| | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Dliteanais chánach reatha** | **(9)** | **(3,521)** |

**Sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha**

| | Ionstraimí airgeadais díorthacha | Dímheas cánach luathaithe[1] | Ús[2] | Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Ar an 1 Eanáir 2019** | 197 | (217,293) | 7,626 | - | (209,470) |
| Aitheanta sa ráiteas ioncaim | - | 4,322 | (558) | (160) | 3,604 |
| Arna n-aithint i ngnáthscaireanna | (125) | - | - | - | (125) |
| Coigeartú malartaithe | - | (926) | 418 | - | (508) |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **72** | **(213,897)** | **7,486** | **(160)** | **(206,499)** |
| | | | | | |
| Aitheanta sa ráiteas ioncaim | | 2,058 | (1,210) | 15 | 863 |
| Arna n-aithint i ngnáthscaireanna | 99 | - | - | - | 99 |
| Coigeartú malartaithe | - | 849 | (437) | | 412 |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **171** | **(210,990)** | **5,839** | **(145)** | **(205,125)** |

[1] Tagann an dliteanas cánach chun cinn go príomha mar thoradh ar dhifríochtaí sealadacha trátha ag eascairt ó shócmhainní an Ghrúpa a bheith faoi réir liúntas caipitil (dímheas cánach) thar thréimhse níos giorra ná an tréimhse a chuirtear i bhfeidhm ar dhímheas cuntasaíochta (bunaithe ar shaol úsáideach measta na sócmhainní).

[2] Tagann an tsócmhainn chánach iarchurtha chun cinn go príomha mar thoradh ar dhifríochtaí sealadacha trátha idir an uair a thabhaítear muirir úis áirithe ag an nGrúpa agus nuair a fhaightear an asbhaint ghaolmhar cánach corparáide, ar bhonn íoctha.

Ní dhearnadh soláthar i gcomhair cánach iarchurtha i ndáil leis na cúlchistí neamhloghtha de chuid fhochuideachta an Ghrúpa thar lear arbh ionann iad agus €156.5 milliún amhail an 31 Nollaig 2020 (2019 €145.6 milliún).

## 9. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| | | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh - sócmhainní faoi úinéireacht | | 2,502,466 | 2,544,762 |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh - sócmhainní léasaithe | 10 | 4,471 | 4,833 |
| **Réadmhaoin, gléasra agus trealamh - arna gcur i láthair ar an gclár comhardaithe** | | **2,506,937** | **2,549,595** |

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 9. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh (ar lean)

**Réadmhaoin, gléasra agus trealamh - sócmhainní faoi úinéireacht**

| | Talamh agus Foirgnimh | Fearas, píblíne agus innealra | Sócmhainní atá á dtógáil | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas** | | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2019** | 67,995 | 4,301,206 | 31,759 | 4,400,960 |
| Breiseanna | - | 7,830 | 94,541 | 102,371 |
| Diúscairtí | - | (5,467) | - | (5,467) |
| Aistrithe sa bhliain | (3) | 77,643 | (77,640) | - |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | - | 13,850 | 184 | 14,034 |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **67,992** | **4,395,062** | **48,844** | **4,511,898** |
| Breiseanna | - | 11,848 | 89,841 | 101,689 |
| Diúscairtí | - | (4,017) | - | (4,017) |
| Aistrithe sa bhliain | - | 68,564 | (68,564) | - |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | - | (13,189) | (102) | (13,291) |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **67,992** | **4,458,268** | **70,019** | **4,596,279** |
| **Caillteanais fhabhraithe dímheasa agus bearnúcháin** | | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2019** | (24,158) | (1,802,084) | - | (1,826,242) |
| Dímheas don bhliain | (1,498) | (137,554) | - | (139,052) |
| Diúscairtí | - | 5,467 | - | 5,467 |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | - | (7,309) | - | (7,309) |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **(25,656)** | **(1,941,480)** | **-** | **(1,967,136)** |
| Dímheas don bhliain | (1,436) | (136,503) | - | (137,939) |
| Diúscairtí | - | 4,017 | - | 4,017 |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | - | 7,245 | - | 7,245 |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **(27,092)** | **(2,066,721)** | **-** | **(2,093,813)** |
| **Suimeanna glanluacha** | | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2019[1] | 42,336 | 2,453,582 | 48,844 | 2,544,762 |
| **Ar an 31 Nollaig 2020[1]** | **40,900** | **2,391,547** | **70,019** | **2,502,466** |

[1] Áirítear le suim ghlanluacha na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealaimh sócmhainní atá faoi réir socruithe léasa oibriúcháin mar atá curtha síos orthu i nóta 10 'An Grúpa mar Léasóir'. Ba í luach anonn na sócmhainní seo amhail an 31 Nollaig 2020 ná €82 milliún (31 Nollaig 2019: €95.2 milliún) agus tá sé san áireamh i ngléasra, píblíne agus innealra.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 9. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh (ar lean)

I rith na bliana, rinne an Grúpa ús de €0.3 milliún a chaipitliú (2019: €0.2 milliún) i gcostais iasachtaithe. Ba é an ráta caipitlithe ná 1.47% (2019: 1.69%). I rith na bliana freisin rinne an Grúpa €9.1 milliún de chostais phárolla a chaipitliú (2019: €9.3 milliún).

**Gealltanais chaipitil**

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'milliún | €'milliún |
| Caiteachas caipitil atá ar conradh ach nach bhfuil soláthar déanta ina leith | 53 | 35 |

**Íogaire dímheasa**

Ós rud é gur réimse é d'éiginnteacht meastacháin, mar atá cur síos air i nóta 1 (e) thíos, cuirimid íogaire ar fáil i leith an mhuirir dhímheasa dá mba amhlaidh go ndéanfaí talamh slán de shaol eacnamaíoch úsáideach (SEU) ní ba ghiorra:

| | Méadú ar speansas dímheasa |
|---|---|
| | €'000 |
| UEL teoranta go 2050 | 11,284 |
| UEL teoranta go 2060 | 2,892 |
| UEL teoranta go 2070 | 448 |

## 10. Sócmhainní agus Dliteanais Airgeadais

### An Grúpa mar Léasaí

Chuaigh an Grúpa i mbun shocruithe éagsúla léasaithe a bhaineann go ginearálta le foirgnimh, talamh agus sócmhainní teileachumarsáide a ligean ar cíos. Ní dhéantar aon srianta suntasacha nó neamhghnácha a cur i bhfeidhm de réir théarmaí na léasanna seo. Is ar bhonn neamhthuilleamaí atá na socruithe léasa go léir.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 10. Sócmhainní agus Dliteanais Léasa (ar lean)

**Suimeanna arna n-aithint ar an gclár comhardaithe**

*Sócmhainní ceart úsáide*

| | Talamh agus Foirgnimh | Fearas, píblíne agus innealra | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas** | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2019** | 529 | 4,629 | 5,158 |
| Breiseanna | 37 | - | 37 |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **566** | **4,629** | **5,195** |
| Breiseanna | - | - | - |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **566** | **4,629** | **5,195** |
| | | | |
| **Caillteanais fhabhraithe dímheasa agus bearnúcháin** | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2019** | - | - | - |
| Iomlán don bhliain | (97) | (265) | (362) |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **(97)** | **(265)** | **(362)** |
| Iomlán don bhliain | (97) | (265) | (362) |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **(194)** | **(530)** | **(724)** |
| | | | |
| **Suimeanna glanluacha** | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2019 | 469 | 4,364 | 4,833 |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **372** | **4,099** | **4,471** |
| | | | |
| **Dliteanais léasa** | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2019** | (513) | (3,242) | (3,755) |
| Breiseanna | (37) | - | (37) |
| Costas úis | (6) | (98) | (104) |
| Íocaíochtaí léasa | 100 | 240 | 340 |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **(456)** | **(3,100)** | **(3,556)** |
| Breiseanna | - | - | - |
| Costas úis | (5) | (95) | (100) |
| Íocaíochtaí léasa | 100 | 241 | 341 |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **(361)** | **(2,954)** | **(3,315)** |

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 10. Sócmhainní agus Dliteanais Léasa (ar lean)

**Anailísithe mar seo a leanas:**

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Neamh-reatha | (3,068) | (3,221) |
| Reatha | (247) | (335) |
| **Iomlán** | **(3,315)** | **(3,556)** |

Tá anailís aibíochta ar dhliteanais léasa curtha i láthair i nóta 17. Níl an Grúpa ag déileáil le riosca leachtach suntasach maidir lena dhliteanais léasa. Déantar monatóireacht ar dhliteanais léasa laistigh de na feidhmeanna gnó ábhartha.

### An Grúpa mar Léasóir

Téann an Grúpa isteach i socruithe léasa oibriúcháin chun ceadú do thríú páirtithe codanna den chóras Iompair Líonra Gáis a úsáid. I gcomhréir le polasaí cuntasaíochta an Ghrúpa, meastar gur tuilleadh gach fáltas ó na socruithe sin, mar chuid d'oibríochtaí lárnacha an Ghrúpa agus dá réir sin aithnítear an t-ioncam léasa mar ioncam sa ráiteas ioncaim. Leagtar amach thíos próifíl d'ioncam léasa oibriúcháin neamh-inchealaithe neamhlascainithe a bheidh le haithint mar ioncam sna blianta amach romhainn. Bíonn fad de idir 3 agus 11 bliain ag téarmaí neamhéagtha na léasa.

**Anailís ar aibíocht**

| | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Bliain 1 | 22,185 | 22,948 |
| Bliain 2 | 20,889 | 21,984 |
| Bliain 3 | 16,708 | 20,748 |
| Bliain 4 | 8,296 | 16,682 |
| Bliain 5 | 10,671 | 8,296 |
| Bliain 6 ar aghaidh | 87,418 | 98,175 |
| **Iomlán** | **166,167** | **188,833** |

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 11. Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí agus eile | Bogearraí i mbun forbartha | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas** | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2019** | 140,976 | 7,150 | 148,126 |
| Breiseanna (forbartha go hinmheánach san áireamh) | - | 7,274 | 7,274 |
| Aistrithe sa bhliain | 6,023 | (6,023) | - |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | 111 | 4 | 115 |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **147,110** | **8,405** | **155,515** |
| Breiseanna (forbartha go hinmheánach san áireamh) | - | 10,430 | 10,430 |
| Aistrithe sa bhliain | 10,328 | (10,328) | - |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | (68) | (4) | (72) |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **157,370** | **8,503** | **165,873** |
| **Caillteanais fhabhraithe amúchta agus bearnúcháin** | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2019** | (126,514) | - | (126,514) |
| Amúchadh don bhliain | (5,964) | - | (5,964) |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | (63) | - | (63) |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **(132,541)** | **-** | **(132,541)** |
| Amúchadh don bhliain | (5,986) | - | (5,986) |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | 57 | - | 57 |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **(138,470)** | **-** | **(138,470)** |
| **Suimeanna glanluacha** | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2019 | 14,569 | 8,405 | 22,974 |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **18,900** | **8,503** | **27,403** |

I rith na bliana rinne an Grúpa €0.3 milliún de chostais phárolla a chaipitliú (2019: €0.3 milliún).

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 12. Fardal

| | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Stoc gáis agus ábhair innealtóireachta** | **3,016** | **2,578** |

Níor gealladh aon fhardal mar urrús.

## 13. Trádáil agus Infháltais Eile

| | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Úsáid infháltas córais - billeáilte | 2,888 | 3,448 |
| Úsáid infháltas córais - neamhbhilleáilte | 39,977 | 36,100 |
| Infháltais trádála eile - billeáilte | 2,453 | 2,659 |
| Infháltais trádála eile - neamhbhilleáilte | 2,556 | 2,461 |
| Infháltais Eile | 1,390 | 3,522 |
| Méideanna dlite ó ghnóthais neamhrialaithe | 19 | 845 |
| **Fo-iomlán** | **49,283** | **49,035** |
| Deontas infhaighte | - | 7,099 |
| Réamhíocaíochtaí | 5,241 | 4,849 |
| **Iomlán** | **54,524** | **60,983** |
| | | |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | |
| Neamh-reatha | - | - |
| Reatha | 54,524 | 60,983 |
| **Iomlán** | **54,524** | **60,983** |

Is ionann infháltais trádála go príomha agus úsáid infháltas córais do líonraí phíblíne gáis an Ghrúpa i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann. Is ionann infháltais trádála eile go príomha agus infháltais neamhrialáilte faoi chonradh custaiméara agus infháltais tánaisteacha rialáilte faoi chonradh custaiméara.

Níor aithin an Grúpa aon liúntais ábhartha do chaillteanas creidmheasa ionchais agus ní mheasann an Grúpa go dtarlóidh aon chaillteanas suntasach infháltas nach bhfuil soláthar déanta dó.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 13. Trádáil agus Infháltais Eile (ar lean)

### Úsáid Infháltais an Chórais:

**Poblacht na hÉireann:** Tá úsáid ioncam córais in Éirinn déanta suas d'ioncam as Úsáid Dáileacháin Córais (DUoS) agus ioncam as Úsáid Tarchuir Córais (TUoS). Is iad na téarmaí creidmheasa do DUoS agus TUoS araon ná deich lá gnó agus bhí fiche a hocht lastóir eachtrach ann faoi dheireadh na bliana. Déanann an Grúpa billeáil ioncam TUoS agus DUoS agus bailíonn siad iad. Tá sonrasc le tabhairt do na lastóirí as an ioncam ceadaithe ar bhonn míosúil deich lá gnó tar éis dheireadh na míosa agus íocaíocht dlite deich lá gnó ó dháta an tsonraisc. Faoi cód oibriúcháin an Líonra gháis, d'fhéadfaí go n-iarrfaí ar Lastóirí Sláine Airgeadais a chur ar fáil chun an Grúpa a chosaint in aghaidh neamhíocaíocht sonrasc Iompair gháis. Coinnítear cistí a fuarthas agus a bhaineann leis ar éarlais agus cuimsítear iad laistigh den iarmhéid éarlaise teoranta. Féach ar nóta 15. Níor aithin an Grúpa aon chaillteanas bearnúcháin sa tréimhse reatha nó sa tréimhse thuairiscithe roimhe seo.

**RA (Tuaisceart Éireann):** Cuimsíonn ioncam ó úsáid an chórais i dTuaisceart Éireann ioncam ó Úsáid an Chórais Leithdháilte (DUoS). Is é an riarthóir a eisíonn sonraisc agus bíonn muirear úis laethúil le híoc i gcás nach ndéantar íocaíocht astu. D'fhéadfaí go n-iarrfaí ar Lastóirí Sláine Airgeadais a chur ar fáil chun an Grúpa a chosaint in aghaidh neamhíocaíocht sonrasc Iompair gháis. Coinnítear cistí a fuarthas agus a bhaineann leis ar éarlais agus cuimsítear iad laistigh den iarmhéid éarlaise teoranta. Féach ar nóta 15. Níor aithin an Grúpa aon chaillteanas bearnúcháin sa tréimhse reatha nó sa tréimhse thuairiscithe roimhe seo.

### Infháltais Eile:

Cuimsíonn infháltais thrádála eile infháltais ó chonarthaí custaiméara neamhrialaithe, infháltais ó dhamáistí tríú páirtí, infháltais ó Aurora Telecom agus infháltais ó chonarthaí custaiméara rialaithe atá coimhdeach i dtaca le húsáid chórais DUoS agus TUoS. Déantar íocaíochtaí i dtaobh ceangal nua nó athruithe sula ndéantar an obair. Déantar riosca creidmheasa ar gach infháltas eile a bhainistiú trí mhonatóireacht agus bainistíocht réamhghníomhach ar iarmhéideanna agus grinnscrúdú creidmheasa (más infheidhme).

Is é uasnochtadh infháltais trádála agus infháltais eile an Ghrúpa do riosca creidmheasa ar an dáta tuairiscithe ná €49.3 milliún (2019: €49.0 milliún). Ní dhéantar réamhíocaíochtaí €4.7 milliún (2019: €4.9 milliún) a fhágáil as an áireamh mar nach n-eascraíonn aon neamhchinnteacht chreidmheasa.

Is féidir anailís a dhéanamh mar seo a leanas ar an uasnochtadh do riosca creidmheasa le haghaidh infháltas trádála agus eile ar an dáta tuairiscithe de réir réigiúin gheografaigh:

**Infháltais trádála - de réir réigiúin gheografaigh**

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Poblacht na hÉireann | 42,793 | 41,671 |
| An RA (Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann san áireamh) | 6,490 | 7,364 |
| **Iomlán** | **49,283** | **49,035** |

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 13. Trádáil agus Infháltais Eile (ar lean)

Bailítear an chuid is mó d'infháltais trádála agus d'infháltais eile an Ghrúpa laistigh de 30 lá ó dháta an tsonraisc. Níor athraigh iompraíocht íocaíochta na gcustaiméirí le linn phaindéim Covid-19. Mar gheall ar acmhainneacht creidmheasa na n-infháltas trádála agus eile de chuid an Ghrúpa, ní úsáideann an Grúpa maitrís soláthair agus meastar nach gá coigeartú i dtaobh fachtóirí macrai-eacnamaíocha mar nach mbeadh tionchar ábhartha aige ar na caillteanais chreidmheasa ionchais (CEC) arna n-aithint. Seachas sin déantar measúnú ar CEC ar fhéichiúnaithe aonair. Mar a sonraíodh thuas, níor aithin an Grúpa aon liúntais ábhartha do chaillteanas creidmheasa ionchais agus ní mheasann an Grúpa go dtarlóidh aon chaillteanas suntasach infháltas nach bhfuil soláthar déanta dó. Díscríobhann an Grúpa infháltais trádála agus eile nuair atá faisnéis ann a chomharthaíonn go bhfuil deacracht mhór airgeadais ag an bhféichiúnaí agus nach féidir a bheith ag súil leis go réasúnta go dtarlóidh aisghabháil e.g. nuair a cuireadh an féichiúnaí i leachtacht nó nuair a chuaigh siad isteach in imeachtaí féimheachta. Níl ceann ar bith de na hinfháltais trádála a díscríobhadh faoi réir gníomhaíochtaí forfheidhmithe.

Léiríonn an tábla seo a leanas an ghluaiseacht i liúntas i gcomhair chaillteanas creidmheasa ionchais a aithníodh i gcomhair infháltais trádála agus eile i gcomhréir leis an gcur chuige simplithe mar atá leagtha amach in IFRS 9.

**Arna measúnú ina aonar**

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Ar an 1 Eanáir | (507) | (464) |
| Caillteanais bhearnúcháin ar shócmhainní airgeadais | (110) | (65) |
| Liúntas a úsáideadh | 21 | 22 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(596)** | **(507)** |

Seo a leanas mar a aosaítear infháltas trádála agus eile, glan ar chaillteanais chreidmheasa ionchais:

| | Glaninfháltas | Glaninfháltas |
|---|---|---|
| | 2020 | 2019 |
| | €'000 | €'000 |
| Ní thar an dáta dlite | 47,529 | 47,014 |
| 0 – 30 lá thar am | 1,621 | 1,470 |
| 31 – 120 lá thar am | 119 | 157 |
| > 120 lá thar am | 14 | 394 |
| **Iomlán** | **49,283** | **49,035** |

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 14. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

Coinnítear airgid tirim agus coibhéisí airgid thirim chun críocha gealltanais ghearrthéarmacha airgid thirim a chomhlíonadh.

| | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Taiscí gearrthéarmacha | 59,500 | 62,000 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | 37,405 | 39,274 |
| **Iomlán** | **96,905** | **101,274** |

Cuimsíonn airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim go príomha iarmhéideanna airgid thirim agus taiscí gearrthéarmacha bainc le haibíocht tosaigh de níos lú ná trí mhí. Tá suim ghlanluacha na sócmhainní sin comhionann le thart ar a luach cóir. Tá teorainn leis an riosca creidmheasa ar chistí leachtacha mar gur bainc iad na contrapháirtithe agus rátaí creidmheasa infheistíochta acu atá sannta ag na gníomhaireachtaí náisiúnta um rátáil creidmheasa. Is é Polasaí Ciste an Ghrúpa ná féachaint chuig déileáil le contrapháirtithe ag a bhfuil rátáil creidmheasa ag íosmhéid de A- ar a laghad (S&P nó a choibhéis).

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Ar an 1 Eanáir | 101,274 | 116,590 |
| Laghdú ar airgead tirim agus choibhéisí airgid thirim sa ráiteas faoi shreafaí airgid | (3,949) | (15,714) |
| Éifeachtaí luaineachta an ráta malairte ar airgead á choimeád | (420) | 398 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **96,905** | **101,274** |

## 15. Taiscí Srianta

| | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Reatha | 17,603 | 17,717 |
| **Iomlán** | **17,603** | **17,717** |

Áirítear le taiscí srianta méideanna arna gcoinneáil i dtaobh taiscí urrúis de chuid lastóirí líonra gáis (nóta 13) agus comhaontuithe áirithe ceangail (nóta 19). Déantar measúnú rialta ar an leibhéal d'urrús lastóra atá i bhfeidhm, agus déantar taiscí nó aisíocaíochtaí breise más gá, i gcomhréir le Cód Oibríochtaí Líonraí Gáis Éireann. Coimeádtar urrúis slándála i gcomhair chomhaontuithe ceangail chun an costas caipitil as tionscadail mhóra ceangail a mhaoiniú (fillte ar an gcustaiméir ar bhonn céimnithe thar 2-3 bliana) agus chun íocaíochtaí acmhainne a mhaoiniú (fillte ar an gcustaiméir thar thréimhse de suas le 7 mbliana).

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 16. Airgead Tirim Faighte ó Oibríochtaí

| | Nótaí | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Brabús don bhliain | | 93,565 | 108,904 |
| Coigeartuithe le haghaidh: | | | |
| Dímheas agus amúchadh | 6 | 137,787 | 138,862 |
| Glanchostais airgeadais | 7 | 16,991 | 18,628 |
| Costais cáin ioncaim | 8 | 17,011 | 17,959 |
| | | 265,354 | 284,353 |
| Athruithe ar chaipiteal oibre: | | | |
| Athrú ar fhardail | | (438) | (903) |
| Athruithe ar infháltais trádála agus eile | | (2,256) | 1,957 |
| Athrú sa trádáil agus suimeanna iníoctha eile | | (485) | (2,113) |
| Athrú ar ioncam iarchurtha | | 6,817 | 685 |
| Athrú ar sholáthairtí | | (2,872) | (1,938) |
| **Airgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **266,120** | **282,041** |
| Ús íoctha[1] | | (27,853) | (15,476) |
| Cáin ioncaim a íocadh | | (21,284) | (20,648) |
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | **216,983** | **245,917** |

[1] Áirítear le hús íoctha i 2020 ús de €11.0 milliún íoctha leis an máthairghnóthas deiridh.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 17. Iasachtaí agus Fiachas Eile

Sa nóta seo tugtar eolas faoi théarmaí conarthacha na n-iasachtaí úsmhara de chuid an Ghrúpa. Féach ar nóta 23 chun níos mó eolais a fháil faoi nochtadh an Ghrúpa do ráta úis, ráta malairte agus riosca leachtachta.

**Aibíocht iasachtaí agus fiachais eile de réir cineáil (táillí bainteacha san áireamh)**

| | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Bannaí | (919,270) | (918,297) |
| Iasachtaí ó institiúidí airgeadais[1] | (215,129) | (268,344) |
| Dliteanais léasa | (3,315) | (3,556) |
| **Iomlán** | **(1,137,714)** | **(1,190,197)** |

**Iasachtaí agus fiachas eile anailísithe mar seo a leanas:**

| | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Idir aon bhliain amháin agus cúig bliana | (298,487) | (424,847) |
| Níos mó ná cúig bliana | (724,367) | (723,561) |
| **Neamhreatha** | **(1,022,854)** | **(1,148,408)** |
| | | |
| Níos lú ná aon bhliain amháin | (114,860) | (41,789) |
| **Reatha** | **(114,860)** | **(41,789)** |
| | | |
| **Iomlán** | **(1,137,714)** | **(1,190,197)** |

[1] Iena n-áirítear nótaí socrúcháin príobháideacha.

Áirítear le méid iomlán na n-iasachtaí fiachas ráta chomhlúthaigh de €99.8 milliún (2019: €139.5 milliún), fiachas ráta sheasta de €1,034.5 milliún (2019: €1044.5 milliún) d'fhiachas ráta sheasta a tarraingíodh aníos ó iasachtóirí éagsúla.

Coimeádtar iasachtaí áirithe le páirtithe gaolmhara, féach ar nóta 26 chun na sonraí iomlána a fháil faoi nochtuithe ag páirtí gaolmhar.

**Glanfhiachas**

| | | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| Iomlán iasachtaí agus fiachas eile | | (1,137,714) | (1,190,197) |
| Lúide fálta luacha chóir aitheanta laistigh d'iasachtaí | 23 | 4,131 | 15,318 |
| Lúide airgead agus coibhéis airgid | 14 | 96,905 | 101,274 |
| **Glanfhiachas** | | **(1,036,678)** | **(1,073,605)** |

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 17. Iasachtaí agus Fiachas Eile (ar lean)

Athruithe ar dhliteanais ag eascairt ó ghníomhaíochtaí maoinithe

| | Amhail an 1 Eanáir | Fáltais | Aisíocaíocht | Léasanna (nóta 10) | Athrú ar luach cóir dliteanas airgeadais | Gluaiseacht mhalairte | Neamhairge-ad tirim eile | Amhail an 31 Nollaig |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **2019** | | | | | | | | |
| Bannaí | (619,560) | (298,128) | - | - | - | - | (609) | (918,297) |
| Iasachtaí ó institiúidí airgeadais | (572,266) | (354,695) | 655,125 | - | 8,849 | (4,362) | (995) | (268,344) |
| Dliteanais léasa | (3,755) | - | - | 199 | - | - | - | (3,556) |
| **Fo-iomlán iasachtaí seachtracha agus fiachas eile** | **(1,195,581)** | **(652,823)** | **655,125** | **199** | **8,849** | **(4,362)** | **(1,604)** | **(1,190,197)** |
| An máthairghnóthas deiridh[1] | (113,100) | - | 85,000 | - | - | - | - | (28,100) |
| **Iomlán na nDliteanas ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | **(1,308,681)** | **(652,823)** | **740,125** | **199** | **8,849** | **(4,362)** | **(1,604)** | **(1,218,297)** |
| **2020** | | | | | | | | |
| Bannaí | (918,297) | - | - | - | - | - | (973) | (919,270) |
| Iasachtaí ó institiúidí airgeadais | (268,344) | - | 42,692 | - | 11,187 | - | (664) | (215,129) |
| Dliteanais léasa | (3,556) | - | - | 241 | - | - | - | (3,315) |
| **Fo-iomlán iasachtaí seachtracha agus fiachas eile** | **(1,190,197)** | **-** | **42,692** | **241** | **11,187** | **-** | **(1,637)** | **(1,137,714)** |
| An máthairghnóthas deiridh[1] | (28,100) | - | 23,000 | - | - | - | - | (5,100) |
| **Iomlán na nDliteanas ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | **(1,218,297)** | **-** | **65,692** | **241** | **11,187** | **-** | **(1,637)** | **(1,142,814)** |

[1] Cuirtear dliteanais ó ghníomhaíochtaí maoinithe leis an máthairghnóthas deiridh san áireamh i méideanna atá dlite leis an máthairghnóthas deiridh mar atá nochta i nóta 22. Féach ar nóta 26 (i) (b) le haghaidh sonraí faoi nádúr an dliteanais amhail an 31 Nollaig 2020.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 18. Oibleagáidí leasa scoir

### Cuntasaíocht tugtha ar scéim pinsin sochair shainithe mar Phlean Grúpa

Oibríonn Grúpa Ervia scéim pinsin sochair sainithe. Glacann roinnt fostaithe de chuid Líonraí Gáis Éireann páirt sa scéim sin. Tugtar cuntas i leith na scéime mar Phlean Grúpa i gcomhréir le IAS 19. Aithníonn Ervia, mar an fostóir urraithe don phlean, an glanchostas sochair sainithe, agus ní aithníonn Líonraí Gáis Éireann ach an costas as ranníocaíochtaí iníoctha don bhliain i dtaobh fhostaithe Líonraí Gáis Éireann.

Níl aon chomhaontú conarthach ná polasaí sonraithe i bhfeidhm maidir le glanchostas sochair shainithe Líonraí Gáis Éireann a ghearradh. Ríomhann achtúire an scéim pinsin an ráta ranníocaíochta maoinithe gach 3 bliana, i gcomhair Ghrúpa Ervia ina iomlán. Socraítear méid ranníocaíochta Líonraí Gáis Éireann trí ráta ranníocaíochta Ervia a chur i bhfeidhm ar thuarastail na bhfostaithe rannpháirteacha de chuid Líonraí Gáis Éireann. Féach ar Thuarascáil Bhliantúil Ghrúpa Ervia i gcomhair nochta iomláin i dtaobh na scéime.

Ba iad na ranníocaíochtaí a íocadh le Ervia maidir le fostaithe Líonraí Gáis Éireann le linn 2020 ná €4.4 milliún (2019: €4.4 milliún). Tá na costais sin curtha san áireamh i gcostas sochair fhostaí de chuid Ghrúpa Líonraí Gáis Éireann (leagtha amach i nóta 5) agus aithnítear iad in idirbheart a bhaineann le páirtí i nóta 26.

### Scéim ranníocaíochta sainithe

I rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2020, rinne Grúpa Líonraí Gáis Éireann ranníocaíocht de €1.2 milliún, maidir le scéim ranníocaíochta sainithe Ervia (2019: €1.0 milliún), thar ceann a chuid fostaithe. Tá na costais sin curtha san áireamh i gcostas sochair fhostaí de chuid Ghrúpa Líonraí Gáis Éireann (nóta 5).

## 19. Ioncam Iarchurtha

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Ar an 1 Eanáir | (18,792) | (18,107) |
| Faighte sa bhliain | (12,291) | (6,468) |
| Curtha chun sochar an ráiteas ioncaim | 5,474 | 5,783 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(25,609)** | **(18,792)** |

**Anailísithe mar seo a leanas:**

| | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Neamh-reatha | (16,927) | (8,723) |
| Reatha | (8,682) | (10,069) |
| **Iomlán** | **(25,609)** | **(18,792)** |

Déantar ranníocaíochtaí custaiméara le ceangal nua a fhaightear roimh ré, a thaifeadadh mar ioncam iarchurtha ar dtús. Ansin nuair atá na hoibreacha ceangail curtha i gcrích (oibleagáid fheidhmíochta), scaoiltear na ranníocaíochtaí sin chuig an ráiteas ioncaim.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 20. Deontais Rialtais

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Ar an 1 Eanáir | (83,206) | (88,012) |
| Infhála sa bhliain | (899) | (631) |
| Suim amúchta sa bhliain | 6,500 | 6,516 |
| Curtha chun sochair costas oibriúcháin | 291 | 88 |
| Éifeacht gluaiseachta sna rátaí malairte | 1,054 | (1,167) |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(76,260)** | **(83,206)** |

**Anailísithe mar seo a leanas:**

| | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Neamhreatha | (69,647) | (76,660) |
| Reatha | (6,613) | (6,546) |
| **Iomlán** | **(76,260)** | **(83,206)** |

Níl aon choinníollacha neamhchomhlíonta a ghabhann le deontais atá aitheanta sa ráiteas ioncaim. Ar chúinsí áirithe d'fhéadfadh go dtiocfadh deontais chun a bheith in-aisíochta mura gcloítear leis na coinníollacha atá leagtha síos sna comhaontuithe deontais. Ní mheasann an Grúpa go dtiocfaidh cúinsí den sórt sin chun cinn agus níor aisíocadh aon deontais sa bhliain airgeadais reatha ná sa bhliain airgeadais roimhe.

Bhain deontais infhála do 2020 de €0.9 milliún (2019: €0.6 milliún) le maoiniú deontais ó Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Nuálaíocht agus Líonraí (INEA) don tionscadal Causeway, le haghaidh na dtionscadal um bonneagar Green Connect, Forbairt Beartas, Nósanna Imeachta agus Oiliúna do Theicneolaíocht Oibriúcháin Líonraí Gáis Éireann agus an tionscadal REALISE. Tá roinnt coinníollacha a bhaineann leis an maoiniú deontais sin fós ar siúl ag deireadh na bliana. Fuarthas €7.1 milliún i 2020 i ndáil le maoiniú deontais ó INEA i gcomhar thionscadal Nasctha Cluden. Cuireadh an méid sin san áireamh in infháltais i ráitis airgeadais 2018 de réir mar a comhlíonadh ceanglais go léir an deontais.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 21. Soláthairtí

**Soláthairtí**

| | Athstruchtúrú | Comhshaoil | Éilimh féin-árachais | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Ar an 1 Eanáir 2020 | (165) | (2,968) | (7,888) | (11,021) |
| Soláthairtí déanta i rith na bliana | - | (1,400) | (949) | (2,349) |
| Soláthairtí úsáidte i rith na bliana | 83 | 4,368 | 770 | 5,221 |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **(82)** | **-** | **(8,067)** | **(8,149)** |

**Anailísithe mar seo a leanas:**

| | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Neamhreatha | (3,391) | (6,245) |
| Reatha | (4,758) | (4,776) |
| **Iomlán** | **(8,149)** | **(11,021)** |

**Athstruchtúrú**
I rith 2013, d'fhógair Grúpa Ervia clár deonach scarúna agus luathscoir le haghaidh fostaithe a chomhlíon critéir cháilitheacha áirithe. Rinne an Grúpa íocaíochtaí foirceanta agus íocaíochtaí pinsin gaolmhara de €0.083 milliún ar an gcomhiomlán i rith 2020 maidir le ceathrar fostaí a d'éirigh as faoi théarmaí an chláir. Meastar go mbeidh an chuid is mó de na dliteanais sin glanta faoi 2023.

**Comhshaoil**
Bhí gach dliteanas i dtaobh fhorálacha comhshaoil glanta ag deireadh na bliana.

**Éilimh féin-árachais**
Tá féin-árachas ag an nGrúpa i dtaobh éileamh áirithe as díobháil agus dochar. Is do chostais mheasta ar theagmhais a tharla suas go 31 Nollaig 2020 atá an fhoráil dheireadh bliana. Déantar íocaíochtaí de réir mar a shocraítear cásanna. Cuimsítear an muirear sa ráiteas ioncaim faoi chostais oibriúcháin. Mar gheall ar nádúr na n-éileamh sin níltear cinnte faoi dháta an tsocraithe ach measann an Grúpa go mbeidh an chuid is mó d'éilimh socraithe faoi 2023.

### Teagmhais

Tá dliteanais theagmhasacha i dtaobh deontais rialtais nochta i nóta 20.

I ngnáthchúrsa a chuid gnó, téann an Grúpa i mbun gealltanas agus tiomantais áirithe chun tríú páirtithe i dtaobh oibleagáidí le comhlíonadh faoi shocruithe conarthacha. Déantar oibleagáidí chun tríú páirtithe a ráthú trí litreacha creidmheasa nó trí bhannaí feidhmíochta arna n-eisiúint ag institiúidí airgeadais. Amhail an 31 Nollaig 2020, chuir an Grúpa €1.4 milliún (2019: €1.4 milliún) ar fáil mar ráthaíochtaí ag institiúidí airgeadais do thríú páirtithe. Ba é luach cóir na ráthaíochtaí ná €nialas ar an 31 Nollaig 2020 (2019: €nialas).

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 21. Soláthairtí (ar lean)

Bíonn an grúpa faoi réir dlíthíochta, éileamh agus díospóidí conartha éagsúla le linn ghnáthchúrsa na n-oibríochtaí. Cé go mbíonn gné éiginnteachta ag gabháil le himeachtaí ar bith den sórt sin, ní mheasaimid go mbeidh drochéifeacht ábhartha ag réiteach na n-imeachtaí sin sa deireadh ar thorthaí an Ghrúpa ó oibríochtaí, ar shreafaí airgid oibriúcháin ná ar ghlanseasamh airgeadais.

## 22. Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile

| | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Suimeanna trádála iníoctha | (7,077) | (9,674) |
| Speansais fhabhraithe | (64,647) | (65,051) |
| Méideanna dlite leis an máthairghnóthas deiridh | (39,173) | (76,385) |
| Suimeanna iníoctha eile | (24,404) | (25,359) |
| Creidiúnaithe cánachais agus árachais sóisialta[1] | (15,317) | (15,595) |
| **Iomlán** | **(150,618)** | **(192,064)** |
| | | |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | |
| Neamh-reatha | (15,287) | (13,603) |
| Reatha | (135,331) | (178,461) |
| **Iomlán** | **(150,618)** | **(192,064)** |
| | | |
| **[1]Cáin agus creidiúnaithe árachais shóisialaigh** | | |
| ÁSPC/árachas sóisialta | (1,639) | (896) |
| CBL | (13,678) | (14,699) |
| **Iomlán** | **(15,317)** | **(15,595)** |

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais

### Luach cóir de réir aicme na hionstraime airgeadais díorthaí

**Bábhtálacha trasairgeadra ráta úis (CCIRS)**

Chuaigh an Grúpa isteach i roinnt CCIRS a mheaitseáil próifíl aibíochta na dtráinsí fiachais chun fiachas seasta USD ar Láithriú Phríobháideach USD 2009 a thiontú go gealltanais luaineacha EUR tríd an riosca airgeadra a fhálú chomh maith leis an riosca ráta úis ag eascairt ó ghluaiseachtaí i rátaí úis SAM, arb ionann é agus na nochtuithe gaolmhara do ráta malairte Dollar SAM a thiontú go euro agus na rátaí úis bunúsacha a thiontú go luaineach, i ndáil leis an bhfiachas ráta sheasta.

Meaitseálann an CCIRS próifíl aibíochta an fhiachas bunúsach Láithrithe Phríobháidigh. Tá téarmaí criticiúla atá cosúil leis an mír fhálaithe ag CCIRS, amhail an ráta tagartha, dátaí íocaíochta, aibíocht agus an méid barúlach. Bíonn tionchar ag gluaiseachtaí i rátaí malairte agus rátaí úis ar luach cóir na mbabhtálacha trasairgeadra. Sainítear babhtáil thrasairgeadra mar ionstraim fhálaithe faoin gcuntasaíocht fhálaithe. Faoin ngaol cuntasaíochta fálaithe déantar an bhabhtáil trasairgeadra a imdhealú in dhá chomhpháirt ar leithligh agus ainmnítear i bpáirt é mar fhálú luacha chóir (FVTPL - ainmnithe) agus fálú sreafa airgid (FVTOCI).

Nochtar an Grúpa don tagarmharc ráta úis seo a leanas ina chuid gaol cuntasaíochta fálaithe, atá faoi réir leasú ar an tagarmharc ráta úis. Rinne an Grúpa breithniú ar an nuashonrú ar IFRS 9 agus rinne sé measúnú ar an leasú ar an Tagarmharc Ráta Úis. Mheas an Grúpa nach raibh aon tionchar ábhartha i gceist mar gheall ar an ngearrthéarma go dtí aibíocht (tá an ionstraim le teacht in aibíocht ar an 31 Márta 2021).

**Babhtálacha ráta úis**

Chuaigh an Grúpa i mbun bhabhtálacha ráta úis chun an ráta úis éifeachtach a shocrú ar €111 milliún d'fhiachas Láithrithe Phríobháidigh atá chun teacht in aibíocht i 2021. Cuireann an luach cóir na rátaí seasta, comhlúthacha agus margaidh san áireamh atá i bhfeidhm ag dáta an chlár chomhardaithe agus ní dhearnadh na babhtálacha seo a shainiú chun críocha cuntasaíochta fálaithe.

Aisíocadh go hiomlán i 2020 fiachas an Ghrúpa i gcomhair mhaoiniú tionscadal thar shócmhainní DAC Líonraí Gáis Éireann (IOM), i dteannta leis na babhtálacha ráta úis bainteach le boilsciú.

**Conarthaí i malairt eachtrach agus babhtálacha airgeadra**

Chuaigh an Grúpa i mbun conarthaí i malairt eachtrach i dtaca le híocaíochtaí soláthraithe (atá i ndollair SAM agus i steirling) agus i dtaca le fálú oibriúcháin atá bunaithe ar steirling. Tá aibíocht ag na conarthaí seo a shíneann chomh fada le 2021. Ní dhearnadh na trádálacha a bhí i bhfeidhm ar an 31 Nollaig 2020 a shainiú chun críocha cuntasaíochta fálaithe.

**Aicmithe cuntasaíochta agus luachanna córa**

Comhcheanglaíonn an tábla seo a leanas eolas maidir le:

- aicmí ionstraimí airgeadais bunaithe ar a gcineál agus ar a saintréithe;
- méideanna anonn na n-ionstraimí airgeadais;
- luachanna córa na n-ionstraimí airgeadais (seachas ionstraimí airgeadais nuair atá an méid anonn geall le bheith comhionann lena luach cóir); agus
- leibhéil ordlathais luachanna córa do shócmhainní airgeadais agus do dhliteanais airgeadais ar nochtadh luach cóir ina leith.

Féach ar nóta 24 le haghaidh nochtuithe faoi IFRS 13 maidir le tomhas luachanna córa.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

| | Ordlathas luachanna córa | FVTPL – neam-hainmnithe | FVTPL – ainmnithe | FVTOCI | Iomlán ar chostas amúchta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | | | | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | | | | |
| Babhtálacha trasairgeadra ráta úis | Leibhéal 2 | - | 5,618 | (1,371) | - | 4,247 |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | Leibhéal 2 | 202 | - | - | - | 202 |
| Trádáil agus infháltais eile² | | - | - | - | 49,283 | 49,283 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim³ | | - | - | - | 96,905 | 96,905 |
| Taiscí srianta | | - | - | - | 17,603 | 17,603 |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais** | | **202** | **5,618** | **(1,371)** | **163,791** | **168,240** |
| | | | | | | |
| **Dliteanais airgeadais** | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | Leibhéal 2 | - | (4,131) | - | (1,133,583) | (1,137,714) |
| Babhtálacha ráta úis | Leibhéal 2 | (132) | - | - | - | (132) |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | Leibhéal 2 | (145) | - | - | - | (145) |
| Iníocthaigh trádála agus eile¹ | | - | - | - | (70,654) | (70,654) |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais** | | **(277)** | **(4,131)** | **-** | **(1,204,237)** | **(1,208,645)** |
| | | | | | | |
| **Glan(dliteanais)/sócmhainní airgeadais** | | **(75)** | **1,487** | **(1,371)** | **(1,040,446)** | **(1,040,405)** |
| | | | | | | |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | | | | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | | | | |
| Babhtálacha trasairgeadra ráta úis | Leibhéal 2 | - | 16,733 | (576) | - | 16,157 |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | Leibhéal 2 | 870 | - | - | - | 870 |
| Trádáil agus infháltais eile² | | - | - | - | 49,035 | 49,035 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim³ | | - | - | - | 101,274 | 101,274 |
| Taiscí srianta | | - | - | - | 17,717 | 17,717 |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais** | | **870** | **16,733** | **(576)** | **168,026** | **185,053** |
| | | | | | | |
| **Dliteanais airgeadais** | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile⁴ | Leibhéal 2 | - | (15,318) | - | (1,174,879) | (1,190,197) |
| Bábhtálacha ráta úis (lena n-áirítear nasctha le boilsciú) | Leibhéal 2 | (2,245) | - | - | - | (2,245) |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | Leibhéal 2 | (649) | - | - | - | (649) |
| Iníocthaigh trádála agus eile¹ | | - | - | - | (111,418) | (111,418) |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais** | | **(2,894)** | **(15,318)** | **-** | **(1,286,297)** | **(1,304,509)** |
| | | | | | | |
| **Glan(dliteanais)/sócmhainní airgeadais** | | **(2,024)** | **1,415** | **(576)** | **(1,118,271)** | **(1,119,456)** |

1. Níor cuireadh speansais agus dliteanais chánach fhabhraithe san áireamh toisc nach ndéantar iad seo a aicmiú mar shócmhainní airgeadais.

[2] Níor cuireadh réamhíocaíochtaí ná deontais infhála san áireamh toisc nach ndéantar iad seo a aicmiú mar shócmhainní airgeadais.

[3] Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais a fhritháireamh agus léirítear an glanmhéid ar an gclár comhardaithe sa chás, agus sa chás seo amháin, go bhfuil ceart dlíthiúil ag an nGrúpa na méideanna a fhritháireamh agus go bhfuil rún aige na méideanna a shocrú ar bhonn glan nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna. Amhail an 31 Nollaig 2020, tá €64.8 milliún d'airgead tirim (2019: €53.5 milliún), frithchúitithe i gcoinne €27.4 milliún de ró-tharraingtí bainc (2019: €14.2 milliún), agus cuirtear glanseasamh de €37.4 milliún i láthair mar "airgead sa bhanc agus ar láimh" i nóta 14 (2019: €39.3 milliún). Amhail an 31 Nollaig 2020, ní raibh an Grúpa imithe i mbun aon socruithe um mháistir-glanlúacháil ná aon chomhaontuithe eile den sórt sin.

[4]Ba é luach cóir na n-iasachtaí agus an fhiachais eile ar an 31 Nollaig 2020 ná €1,214.3 milliún (2019: €1,238.4 milliún).

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

**Seo a leanas luachanna córa na n-ionstraimí airgeadais, agus iad grúpáilte de réir aicme ionstraime:**

| | Acmhainní Neamhreatha | Sócmhainní reatha | Dliteanais neamhreatha | Dliteanais reatha | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Luach cóir na n-ionstraimí airgeadais** | | | | | |
| Babhtálacha ráta úis | - | - | (394) | - | (394) |
| Babhtálacha ráta úis atá nasctha le boilsciú | - | - | - | (1,851) | (1,851) |
| Babhtálacha trasairgeadra ráta úis | 16,157 | - | - | - | 16,157 |
| Conarthaí malairte eachtraí | 106 | 764 | (53) | (596) | 221 |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **16,263** | **764** | **(447)** | **(2,447)** | **14,133** |
| | | | | | |
| **Luach cóir na n-ionstraimí airgeadais** | | | | | |
| Babhtálacha ráta úis | - | - | - | (132) | (132) |
| Babhtálacha trasairgeadra ráta úis | - | 4,247 | - | - | 4,247 |
| Conarthaí malairte eachtraí | - | 202 | - | (145) | 57 |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **-** | **4,449** | **-** | **(277)** | **4,172** |

**Sócmhainní agus dliteanais díorthacha aitheanta mar fhálta**

Cuireann an Grúpa na critéir atá sainithe ag IFRS 9 i bhfeidhm d'fhonn na díorthaigh a aicmiú mar fhálta. Is iad na hionstraimí díorthaigh atá eachtrach don Ghrúpa amháin a cháilíonn don chuntasaíocht fhálaithe.

**Éifeachtúlacht an fhálaithe**

Déantar éifeachtúlacht an fhálaithe a shocrú ag tús na gaolmhaireachta fálaithe agus trí mheasúnuithe tráthúla a dhéanamh ar éifeachtúlacht ionchasach chun a chinntiú go bhfuil gaolmhaireacht eacnamaíoch fós ann idir an mhír fhálaithe agus an ionstraim fhálaithe.

Úsáideann an Grúpa na catagóirí seo a leanas le haghaidh fálta:

**(i) Fálta luacha chóir (sainithe - FVTPL)**

Déanann na hionstraimí sin fálú ar nochtadh athruithe ar luach cóir sócmhainne nó dliteanais arna thaifeadadh sa chlár comhardaithe, nó gealltanas daingean chun sócmhainn a cheannach nó a dhíol. Ba é cion neamhéifeachtach na bhfálta luacha chóir ná €nialais le haghaidh 2020 (2019: €0.03 milliún). Ba é luach cóir na ndíorthach fálaithe i bhfálú luacha chóir sa chlár comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2020 ná sócmhainn €5.6 milliún (2019: sócmhainn €16.7 milliún).

**(ii) Fálta sreabhaidh airgid (FVTOCI)**

Ba é luach cóir na ndíorthach fálaithe i bhfálú ar an sreabhadh airgid sa chlár comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2020 ná dliteanas €1.4 milliún (2019: dliteanas €0.6 milliún). Déanann na hionstraimí sin fálú ar idirbhearta a bhfuil gach cosúlacht ar an scéal go dtarlóidh siad sa todhchaí áit a ndéantar an éagsúlacht i sreafaí airgid arna nginiúint ag an idirbheart a fhritháireamh ag athruithe ar luach an ionstraim fálaithe. Ba é an méid a aithníodh i mbrabús nó caillteanas de thoradh neamhéifeachtacht ar fhálta sreafa airgid i rith 2020 ná €nialas (2019: €nialas).

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

**Próifíl aibíochta na bhfálta ar an sreabhadh airgid**

Seo a leanas na tréimhsí ina meastar go dtarlóidh fálta ar an sreabhadh airgid agus a mbeidh tionchar acu dá bharr sin ar bhrabús nó caillteanas:

| | <1 bhliain | 1-2 bhliain | 2-5 bliana | <5 bliana | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | | | | | |
| Babhtálacha trasairgeadra ráta úis | (1,371) | - | - | - | (1,371) |
| **Díorthaigh ó fhálú ar an sreabhadh airgid** | **(1,371)** | **-** | **-** | **-** | **(1,371)** |
| | | | | | |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | | | | | |
| Babhtálacha trasairgeadra ráta úis | - | (576) | - | - | (576) |
| **Díorthaigh ó fhálú ar an sreabhadh airgid** | **-** | **(576)** | **-** | **-** | **(576)** |

Is í seo a leanas an ghluaiseacht i gcúlchiste fhálú sreabhaidh airgid an Ghrúpa:

| | CCIRS | Iomlán |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Ar an 1 Eanáir 2020 | (576) | (576) |
| Glanathrú ar luachanna córa | (795) | (795) |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **(1,371)** | **(1,371)** |

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

Tionchair na cuntasaíochta fálaithe ar staid agus feidhmíocht airgeadais

| | CCIRS 2020 €'000 | CCIRS 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Suim ghlanluacha - sócmhainn amhail an 31 Nollaig | 4,247 | 16,157 |
| Méid bharúlach | 140,000 | 140,000 |
| Aonad barúlach | USD | USD |
| Dáta aibíochta - is luaithe | 31-Márta-21 | 31-Márta-21 |
| Dáta aibíochta - is déanaí | 31-Márta-21 | 31-Márta-21 |
| Cóimheas fálaithe | 1:1 | 1:1 |
| Athrú ar luach cóir na n-ionstraimí fálaithe amuigh ón 1 Eanáir | (11,911) | (9,188) |
| Athrú ar luach cóir na míre fálaithe amuigh a úsáidtear chun éifeachtacht fálaithe a shocrú | 11,187 | 8,848 |
| Meán ualaithe an ráta / phraghais fhálaithe | 6.84/1.259 | 6.84/1.259 |
| Aonad den ráta / phraghas | Ráta úis% / ráta FX | |

Is ionann an cóimheas fálaithe agus méid na n-ionstraimí fálaithe de réir mhéid na míre fálaithe. Deimhnítear an cóimheas fálaithe cuí bunaithe ar thosca sainiúla amhail neamhchosaintí ar rátaí úis.

### Bainistíocht riosca airgeadais

Bhunaigh an Grúpa polasaithe bainistithe riosca chun na rioscaí atá ann don Ghrúpa a shainaithint agus a anailísiú, chun srianta agus rialúcháin riosca a leagan síos agus chun monatóireacht a dhéanamh ar riosca agus a dhéanamh cinnte go gcloítear leis na teorainneacha atá leagtha síos. Déantar polasaithe agus córais bhainistithe riosca airgeadais a athbhreithniú go rialta chun go mbeidh siad ag teacht le hathruithe sna dálaí margaidh agus le gníomhaíochtaí an Ghrúpa. Déanann an Grúpa iarracht, trína chaighdeáin agus a nósanna imeachta oiliúna, timpeallacht le smacht an-eagraithe agus fiúntach a fhorbairt, timpeallacht ina dtuigeann na fostaithe ar fad a ról agus a n-oibleagáidí.

Agus díorthaigh á n-úsáid, cloíonn an Grúpa leis an Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992 agus aon cheanglais agus choinníollacha de réir mar a d'fhéadfadh an tAire Airgeadais a shonrú dá réir agus tá nósanna imeachta i bhfeidhm trína ndéantar monatóireacht, athbhreithniú agus tuairisciú chuig an mBord ar an gcomhlíonadh sin ar bhonn rialta.

Ní oibrítear feidhm chiste an Ghrúpa mar ionad brabúis agus déantar bainistíocht ar sheasamh brabúis ar bhealach drogallach roimh rioscaí. Tá fáth gnó bailí taobh thiar de gach idirbheart ciste agus tá dianchosc ar sheasaimh amhantracha.

**(i) Riosca creidmheasa**

Tá an Grúpa neamhchosanta ar riosca creidmheasa ó na contrapháirtithe lena dtéann sé i mbun idirbheart. Áirítear leis sócmhainní i seilbh bhainc agus institiúidí airgeadais, idirbhearta maidir le hionstraimí airgeadais díorthacha agus nochtadh creidmheasa ag eascairt ó chaidreamh trádála le custaiméirí. Is é cuspóir na bainistíochta riosca creidmheasa ná neamhchosaint ar riosca creidmheasa a bhainistiú agus a rialú laistigh de pharaiméadair inghlactha. Níl an lucht bainistíochta ag súil go mainneoidh aon chontrapháirtí suntasach a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

Freagraíonn méid glanluacha na sócmhainní airgeadais don uasmhéid neamhchosanta creidmheasa. Ba é an t-uasnochtadh do riosca creidmheasa ar dháta an tuairiscithe ná:

| | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Trádáil agus infháltais eile (gan réamhíocaíochtaí ná deontais infhála san áireamh) | 49,283 | 49,035 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 96,905 | 101,274 |
| Taiscí srianta | 17,603 | 17,717 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 4,449 | 17,027 |
| **Iomlán** | **168,240** | **185,053** |

*(i) (a) Riosca creidmheasa bainteach le ciste*

Feidhmíonn an Grúpa feidhm láraithe chiste, a thugann faoi ghníomhaíochtaí ciste go léir an Ghrúpa. Bainistíonn an Ciste Grúpa riosca creidmheasa bainteach leis an gciste (a bhaineann le hairgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus ionstraimí díorthacha) trí theorainneacha creidmheasa contrapháirtí a úsáid lena dtógtar san áireamh, i measc fachtóirí ábhartha eile, rátálacha creidmheasa foilsithe. Is é Polasaí Ciste an Ghrúpa ná féachaint chuig idirbhearta airgid thirim agus idirbhearta díorthacha a chur i gcrích le hinstitiúidí ag a bhfuil rátáil creidmheasa de A- ar a laghad (coibhéis S&P). Cuirtear gach trádáil dhíorthach i gcrích i gcomhréir le Ceanglais agus Coinníollacha an Aire Airgeadais, arna n-eisiúint i gcomhréir le forálacha an Achta um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992. Leagann sé sin amach na critéir ar gá a chomhlíonadh maidir le gach contrapháirtí díorthaigh a mbíonn gnó ag an nGrúpa leis. Déanann an Ciste Grúpa a nochtadh contrapháirtí ciste a mheas agus a thomhas go rialta. Áit a bhféadfadh go mbeadh an nochtadh d'ionstraimí díorthacha ábhartha do ghlanluach an Ghrúpa, smaoineoidh an Grúpa faoi dhul isteach i socruithe um thacaíocht creidmheasa.

*(i) (b) Riosca creidmheasa bainteach le trádáil*

Féach ar nóta 13 chun anailís a fheiceáil de nochtadh an Ghrúpa do riosca creidmheasa bainteach le trádáil.

**(ii) Riosca maoinithe agus leachtachta**

Is ionann cur chuige an Ghrúpa maidir le riosca maoinithe agus leachtach a bhainistiú ná a chinntiú, a mhéid agus is féidir, go bhfuil acmhainní leordhóthanacha aige chun a chuid dliteanas a chomhlíonadh nuair atá siad dlite, bíodh sé sin i rith ghnáthdhálaí nó i ndálaí anáis. Tá Cistíocht an Ghrúpa freagrach as a chinntiú go bhfuil rochtain ag an nGrúpa ar leachtacht leordhóthanach le déanamh cinnte de go mbeidh an Grúpa in ann oibleagáidí a eascraíonn óna oibriúcháin laethúla, oibleagáidí maidir le haibíocht fiachas agus eisíocaíochtaí infheistíochta caipitiúla a réiteach. Forbraíonn agus coimeádann Cistíocht an Ghrúpa gaolmhaireachtaí le hinstitiúidí airgeadais chun a dtuiscint ar an ngnó a fhorbairt agus chun a dtiomantas fadtéarmach don ghnó a thógáil. Déantar gach seirbhís bhaincéireachta agus cistíochta a aimsiú ag praghsanna iomaíocha.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

*(ii) (a) Maoiniú*

Tá sé mar sprioc ag an nGrúpa a dhéanamh cinnte de go mbeidh saoráidí creidmheasa tiomanta i bhfeidhm aige chun 120% dá chroí-riachtanais tionscadail a chlúdach thar bhliain amháin agus go ndéanfar na saoráidí sin a shocrú le cúnaint airgeadais agus oibriúcháin chuí chun a chinntiú go bhfuil a dhóthain solúbthachta ag an lucht bainistíochta chun a ghnó a oibriú.

Ar an 31 Nollaig 2020, bhí €1,595.6 milliún de shaoráidí tiomanta ag an nGrúpa (2019: €1,585.9 milliún). B'ionann iasachtaí (gan léasaí san áireamh) ar an 31 Nollaig 2020 ná €1,134.4 milliún (2019: €1,186.6 milliún).

Tiocfaidh fiachas Láithrithe Phríobháidigh an Ghrúpa in aibíocht ar an 31 Márta 2021. Maoineofar an fhuascailt sin trí acmhainní reatha airgid agus trí shreafaí airgid oibriúcháin amach anseo.

Tá Líonraí Gáis Éireann rátáilte mar A ag Standard & Poor’s agus A3 ag Moody’s Investor Services. Leis an rátáil chreidmheasa dhaingean sin cuirtear ar chumas na Cuideachta rochtain a bheith aici ar rogha leathan d’fhoinsí maoinithe agus déantar cinnte gur féidir léi maoiniú ar chostas iomaíoch a ardú.

*(ii) (b) Barrachas airgid*

Is chun críocha laghdú a dhéanamh ar an leibhéal d’fhiachas go príomha a úsáidtear barrachas airgid. Cuirtear barrachais airgid i dtaisce go príomha le bainc chontrapháirtí. Déanfaidh an Grúpa airgead barrachais a infheistiú in euro nó in airgeadra oibriúcháin thar lear.

*(ii) (c) Nochtadh do riosca leachtachta*

Is ionann na nithe seo a leanas agus aibíocht chonarthach na ndliteanas airgeadais (agus na sócmhainní den chineál céanna), lena n-áirítear an íocaíocht úis neamhlascainithe a bhaineann le hiasachtaí agus an glansreabhadh airgid neamhlascainithe inchurtha i leith na n-ionstraimí airgeadais. Cuimsíonn an nochtadh insreabhadh agus eis-sreabhadh airgid le haghaidh díorthach a bhfuil ollsocraíocht airgid chomhuaineach ag gabháil leo, e.g. reámhchonarthaí i malairt eachtrach.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

| | Méid glanluacha | Sreafaí airgid conarthacha | < 1 bhliain | 1-2 bhliain | 2-5 bliana | <5 bliana |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | (1,137,714) | (1,237,179) | (128,745) | (10,314) | (330,663) | (767,457) |
| Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile | (70,654) | (70,654) | (65,466) | (5,188) | - | - |
| **Dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha** | **(1,208,368)** | **(1,307,833)** | **(194,211)** | **(15,502)** | **(330,663)** | **(767,457)** |
| Babhtálacha ráta úis | (132) | (266) | (266) | - | - | - |
| Babhtálacha trasairgeadra ráta úis | 4,247 | 5,628 | 5,628 | - | - | - |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | 57 | 57 | 57 | - | - | - |
| **Glansócmhainní airgeadais díorthacha** | **4,172** | **5,419** | **5,419** | **-** | **-** | **-** |
| **Glandliteanais airgeadais** | **(1,204,196)** | **(1,302,414)** | **(188,792)** | **(15,502)** | **(330,663)** | **(767,457)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | (1,190,197) | (1,309,684) | (61,899) | (139,636) | (331,991) | (776,158) |
| Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile | (111,418) | (111,418) | (106,271) | - | (5,147) | - |
| **Dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha** | **(1,301,615)** | **(1,421,102)** | **(168,170)** | **(139,636)** | **(337,138)** | **(776,158)** |
| Bábhtálacha ráta úis (lena n-áirítear nasctha le boilsciú) | (2,245) | (2,348) | (2,200) | (148) | - | - |
| Babhtálacha trasairgeadra ráta úis | 16,157 | 20,353 | 4,488 | 15,865 | - | - |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | 221 | 221 | 221 | - | - | - |
| **Glansócmhainní airgeadais díorthacha** | **14,133** | **18,226** | **2,509** | **15,717** | **-** | **-** |
| **Glandliteanais airgeadais** | **(1,287,482)** | **(1,402,876)** | **(165,661)** | **(123,919)** | **(337,138)** | **(776,158)** |

**(iii) Riosca margaidh**

Is é atá i riosca margaidh ná an fhéidearthacht go mbeadh drochthionchar ag athruithe ar fhachtóirí margaidh ar luach shócmhainní airgeadais, dliteanais nó sreafaí airgid ionchais an Ghrúpa don todhchaí.

Tá an Ciste Grúpa freagrach as riosca margaidh a bhainistiú maidir le rátaí úis agus rátaí malairte airgeadra. Cuirtear na hidirbhearta go léir den sórt sin i gcrích de réir na dtreoirlínte atá socraithe ag an Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile 1992 agus aon cheanglais agus choinníollacha de réir mar a d'fhéadfadh an tAire Airgeadais a shonrú dá réir. Féachann an Ciste Grúpa chuig cuntasaíocht fálaithe a chur i bhfeidhm chun luaineacht ó thaobh brabúis nó caillteanais a láimhseáil áit gurb ábhartha í i gcomhthéacs an Ghrúpa.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

*(iii) (a) Riosca an ráta malairte*

Eascraíonn riosca an ráta malairte ón bhfíric go ndéantar cuid d'oibríochtaí an Ghrúpa in airgeadraí eile seachas euro (steirling go príomha). Is é an cuspóir atá i gceist agus riosca ráta malairte á bhainistiú ná brabúsacht a chosaint agus tionchar na n-éagsúlachtaí ábhartha mar gheall ar ghluaiseachtaí sa ráta malairte a íoslaghdú. Ba é an meánráta malairte eachtraí do GBP i 2020 ná 1.125 (2019: 1.141) agus ba é an ráta ag deireadh na bliana ná 1.117 (2019: 1.181).

Is féidir nochtadh féideartha do riosca an ráta malairte a achoimriú mar seo a leanas:

- **Fochuideachtaí a oibríonn in airgeadra eachtrach (steirling)**

Déantar sócmhainní agus dliteanais oibríochtaí eachtracha a aistriú go euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dáta an tuairiscithe. Aistrítear torthaí na n-oibríochtaí eachtracha go euro ar mheánrátaí malairte don tréimhse, nuair is ionann iad agus neasúchán réasúnta ar na rátaí iarbhír arna dtabhú. Aithnítear difríochtaí malairte tar éis athaistriú na nglansócmhainní oscailte agus na torthaí in ioncam cuimsitheach eile agus cuirtear i láthair iad mar ghné ar leithligh de ghnáthscaireanna (cúlchiste aistrithe). Déanann Ciste an Ghrúpa monatóireacht ar an riosca sin, agus má mheastar gur riosca ábhartha é, déanann siad fálú ar an riosca agus margaí malairte eachtraí á n-úsáid.

Aistrítear cistiú In-Ghrúpa d'fhochomhlachtaí airgeadra eachtraigh go Euro agus úsáid á baint as na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe. Tógtar an brabús/caillteanas a thagann chun cinn ar aistriú chistiú in-ghrúpa go fochomhlachtaí eachtracha chuig an ráiteas ioncaim. Déantar an brabús/caillteanas a eascraíonn ó aistriú na ndliteanas airgeadra eachtraigh a aistriú chuig an ráiteas ioncaim freisin, sa mhéid agus a úsáidtear iad chun airgead a sholáthar nó fálú a dhéanamh in aghaidh an chistithe inghrúpa i bhfochuideachtaí eachtracha.

- **Nochtadh idirbheart**

Ó am go chéile déanann an Grúpa ceannacháin in airgeadraí eachtracha. Is é beartas an Ghrúpa ná na nochtuithe idirbhirt sin a bhainistiú trí fhéachaint chuig cheannacháin agus díolacháin atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a ghlanadh an oiread is féidir. Áit nach féidir é sin a dhéanamh, déanfar nochtuithe a fhálú agus úsáid á baint as díorthaigh atá ceadaithe faoin bPolasaí Ciste.

Faoi réir an Bheartais Chistíochta, déanfar aon idirbheart ionchasach a bhfuil coibhéis níos mó ná €300,000 aige in airgeadraí eachtracha a mheas i dtaca leis na rioscaí gnó a mbaineann leis agus, más cuí sin, déanfar na rioscaí airgeadra a fhálú chun aon neamhréireanna diúltacha a d'fhéadfadh eascairt as gluaiseachtaí airgeadra a mhaolú.

- **Fiachas in airgeadra eachtrach**

Tá Láithrithe Príobháideacha ag an nGrúpa atá ainmnithe i ndollar SAM agus a tiontaíodh go euro. Rinneadh fiachas in airgeadra eachtrach a fhálú agus babhtálacha trasairgeadra ráta úis á n-úsáid.

**Anailís ar íogaire ráta malairte**

Dá n-éireodh an euro níos láidre nó níos laige, mar a léirítear thíos, i gcomparáid le steirling ar an 31 Nollaig, thiocfadh méadú/(laghdú) ar ioncam cuimsitheach eile agus ar bhrabús nó caillteanas den mhéid a thaispeántar thíos. Tá an anailís seo bunaithe ar neamhréireanna sa ráta malairte, a mheas an Grúpa go réasúnach go bhféadfaidís a bheith ann ag an dáta tuairiscithe. Glacann an anailís leis go bhfanann na neamhréireanna eile ar fad, go háirithe rátaí úis, seasta agus déanann sí neamhshuim de thionchar na ndíolachán agus na gceannachán a bhfuiltear ag súil leo.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

| | Brabús roimh ghnóthachan/ (caillteanas) cánachais | Ioncam Cuimsitheach eile | Brabús roimh ghnóthachan/ (caillteanas) cánachais | Ioncam Cuimsitheach eile |
|---|---|---|---|---|
| | 31-Noll-20 | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 | 31-Noll-19 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Láidriú 5% | (241) | (1,991) | (259) | (1,862) |
| Lagú 5% | 241 | 1,991 | 259 | 1,862 |

Rinneadh na tuairimí seo a leanas bunaithe ar an anailís íogaireachta thuas:

- bíonn tionchar ag athruithe ar luach anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthacha nach bhfuil i ngaolmhaireacht fhálaithe ar an ráiteas ioncaim amháin, agus
- bíonn tionchar ag athruithe ar luach anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthacha ar fhálta sreabhaidh airgid iad ar ioncam cuimsitheach eile amháin.

*(iii) (b) Riosca an rátaí úis*

Eascraíonn riosca an ráta úis as athruithe rátaí úis a mbíonn tionchar acu ar luach margaidh shócmhainní agus dhliteanais airgeadais an Ghrúpa agus a théann i bhfeidhm ar ghlanioncam trí thionchar a imirt ar mhuirir airgeadais.

Clúdaíonn nochtadh an Ghrúpa do luaineachtaí i rátaí úis dhá chineál riosca:

(i) riosca go dtiocfadh athrú ar na sreafaí airgid a bhaineann le sócmhainní agus dliteanais airgeadais ar ráta comhlúthach agus
(ii) riosca go dtiocfadh athrú ar luach sócmhainní agus dliteanais airgeadais ar ráta seasta.

Déanann an Grúpa monatóireacht ar neamhchosaint ar riosca ráta úis ar bhonn leanúnach d'fhonn tairbhe a bhaint as timpeallachtaí a bhfuil ráta úis íseal acu, ar mhaithe le hoibleagáidí ráta úis an Ghrúpa a réiteach agus cinnteacht maidir le próifíl caiteachais ar rátaí úis an Ghrúpa a mhéadú. Is é beartas an Ghrúpa rátaí úis seasta a choinneáil trí íosmhéid 60% den ghlanfhiachas seasta a choinneáil ar feadh bliana agus 50% de a choinneáil ar feadh trí bliana. Úsáideann an Grúpa roinnt modhanna éagsúla, lena n-áirítear dul i mbun díorthaigh a bhaineann le fiachas ráta seasta agus rátaí úis, chun an riosca ráta úis atá ar a phunann fhiachais a bhainistiú.

Ba é meánfhad an fhiachas ráta sheasta ná 5.94 bliain (2019: 6.95 mbliana).

Ba é seo a leanas céatadán fhiachas seasta agus comhlúthach an Ghrúpa (gan dliteanais léasa a chur san áireamh) amhail an 31 Nollaig:

| | 2020 | 2020 | 2019 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | % | €'000 | % |
| Ag rátaí seasta[1] | (1,034,553) | 91.2% | (1,044,495) | 88.0% |
| Ag rátaí comhlúthacha | (99,846) | 8.8% | (139,455) | 11.8% |
| Fiachas nasctha le boilsciú | - | 0.0% | (2,691) | 0.2% |
| **Iomlán** | **(1,134,399)** | **100.0%** | **(1,186,641)** | **100.0%** |

[1] agus malairtí san áireamh.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 23. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

Bhí €922.4 milliún d'fhiachas ag ráta seasta ag an nGrúpa (gan malairtí ráta úis san áireamh) ar an 31 Nollaig 2020 (2019: €921.9 milliún).

Ar an 31 Nollaig 2020, bhí US$140 milliún ag an nGrúpa (2019: US$140 milliún) d'fhiachas ráta sheasta gan íoc ag an nGrúpa (coibhéis €111.2 (2019: €111.2 milliún) in idirbheart Láithrithe Phríobháideach dollair Mheiriceá a tugadh chun críche ar 31 Márta 2009. D'fhonn na neamhchosaintí ar rátaí malairte dollair US bainteacha a fhálú agus na bunrátaí úis a thiontú chuig euro comhlúthach, tá babhtáil thrasairgeadra ráta úis ag an nGrúpa a dhéanann próifíl aibíochta an fhiachais a mheaitseáil. Ar an 31 Nollaig 2020, bhí babhtálacha ráta úis gan íoc ag an nGrúpa le príomhshuim bharúlach de €111.2 milliún, rud a thosaigh i H2 2017 agus rinneadh iad a bhabhtáil ar feadh ceithre bliana, rud a dhaingnigh an ionstraim fhiachais Láithrithe Phríobháidigh go héifeachtach go dtí go dtiocfadh sí in aibíocht i Márta 2021.

Ar an 31 Nollaig 2020, ba é meánráta úis ualaithe na punainne fiachais seasta ná 1.33% (2019: 1.33%) a chuimsigh trí bhanna de €922.4 milliún san iomlán agus punann bhabhtálacha ráta úis de €111.2 milliún.

Déantar rátaí úis ar iasachtaí ráta athraithigh a athshocrú ar bhonn tréimhsiúil ar feadh aon, trí nó sé mhí thar an ngnáthráta margaidh.

**Anailís ar shreabhadh airgid um fhiachas ráta chomhlúthaigh**

Is í aidhm bheartais agus phróisis an Ghrúpa um bainistiú agus rialú riosca ráta úis, mar atá leagtha amach roimhe seo, ná laghdú a dhéanamh ar thionchar luaineachta gearrthéarmacha sa ráta úis ar thuilleamh an Ghrúpa. Mar sin féin, beidh tionchar ag athruithe fadtéarmacha ar rátaí úis ar thuilleamh an Ghrúpa.

Meastar go mbeadh tionchar ag gluaiseacht 50 bonnphointe i rátaí úis ar an 31 Nollaig ar bhrabús roimh chánachas de réir na méideanna arna dtaispeáint thíos, agus go mbeadh an t-athrú luach cóir ar ioncam cuimsitheach eile mar a thaispeántar thíos:

| | Brabús roimh ghnóthachan/ (chaillteanas) cánachais | | Ioncam Cuimsitheach eile | |
|---|---|---|---|---|
| | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Méadú 50 bp | (499) | (30) | - | - |
| Laghdú 50 bp | 499 | 15 | - | - |

Rinneadh na tuairimí seo a leanas bunaithe ar an anailís íogaireachta thuas:

- fanann gach athróg eile, rátaí airgeadra eachtraigh ach go háirithe, mar an gcéanna;
- ní bhaineann ach le hionstraimí airgeadais díorthacha agus fiachas comhlúthach;
- glactar leis go bhfuil díorthaigh arna sainiú mar fhálta sreafa airgid i gcoinne gluaiseachtaí i rátaí úis éifeachtach go hiomlán, arna dtaifeadadh go hiomlán laistigh de ghnáthscaireanna agus gan aon tionchar acu ar an ráiteas ioncaim;
- ní bhíonn tionchar ag athruithe ar luach tugtha anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthacha nach bhfuil i gcaidreamh fálaithe ach ar an ráiteas ioncaim amháin; agus
- déileáiltear leis an gcéim chomhlúthach d'aon mhalairt nó aon fhiachas ráta chomhlúthaigh amhail is nach mbeadh aon ráta úis socraithe cheana féin, mar sin bíonn tionchar ag athrú ar rátaí úis ar feadh 12 mí don chion úis fhabhraithe de na ríomhanna íogaireachta.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 24. Tomhas Luacha Chóir

Tá tomhas luachanna cothroma le haghaidh sócmhainní agus dliteanais airgeadais de dhíth ar roinnt polasaithe chuntasaíochta agus faisnéisithe an Ghrúpa. Agus luach cothrom de shócmhainn nó de dhliteanas á mheas úsáideann an Grúpa sonraí margaidh inbhraite a oiread agus atá siad ar fáil.

Déantar luachanna córa a chatagóiriú i leibhéil dhifriúla in ordlathas luacha chóir bunaithe ar na hionchuir a úsáidtear sna teicnící luachála mar seo a leanas;

- Leibhéal 1: praghsanna a luadh (gan athrú) i margaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní nó dliteanas go díreach mar an gcéanna.
- Leibhéal 2: ionchuir nach na praghsanna a luadh iad, a cuireadh san áireamh laistigh de Leibhéal 1, atá infheicthe le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais, go díreach (is é sin praghsanna) nó go hindíreach (is é sin bunaithe ar phraghsanna).
- Leibhéal 3: ionchuir le haghaidh na sócmhainne nó an dliteanais nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaidh inbhraite (ionchuir neamh-inbhraite).

Más féidir na hionchuir a mbaintear úsáid astu le tomhas a dhéanamh ar luach cothrom sócmhainne nó dliteanais a chatagóiriú ar leibhéil dhifriúla d'ordlathas an luacha chothroim, ansin déantar an tomhas luacha chothroim a chatagóiriú ina iomláine ar an leibhéal céanna den ordlathas luacha chothroim mar an t-ionchur luacha chothroim is ísle atá suntasach don tomhas ina iomláine. Aithníonn an Grúpa aistrithe idir leibhéil d'ordlathas luacha chóir ag deireadh na bliana tuairiscithe ar tharla an t-athrú lena linn. Ní dhearnadh aon aistrithe i 2020.

**(a) Luach cóir sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais a thomhaistear ar luach cóir ar bhonn athfhillteach**

Sa tábla seo a leanas leagtar amach na teicnící luachála a chuireann an Grúpa i bhfeidhm chun luach cóir a thomhas, i dteannta le haon ionchur dobhraiteach suntasach.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 24. Tomhas Luacha Chóir (ar lean)

| Cineál | Teicníc luachála | Ionchur dobhraite suntasach |
|---|---|---|
| Conarthaí réamh-mhalairte<br>(*Féach ar nóta 23)* | Bíonn luach cóir conarthaí réamh-mhalairte ar aghaidh bunaithe ar a bpraghas luaite, má tá sé ar fáil.<br><br>Mura bhfuil praghas luaite ar fáil, meastar luach cóir mar an difríocht idir praghas ar aghaidh na conartha agus an praghas ar aghaidh reatha um aibíocht iarmharach na conartha.<br><br>Ordlathas luachanna córa: leibhéal 2 | Tá gach ionchur suntasach a theastaíonn chun an ionstraim a luacháil go cóir inbhraite. |
| Babhtálacha ráta úis agus bábhtálacha trasairgeadra ráta úis<br>(*Féach ar nóta 23)* | Tógtar san áireamh i luach cóir na mbabhtálacha ráta úis agus na mbabhtálacha trasairgeadra ráta úis na rátaí seasta, comhlúthacha agus margaidh atá i bhfeidhm ag an dáta tuairiscithe.<br><br>Léiríonn luachanna córa riosca creidmheasa na hionstraime agus cuimsíonn siad coigeartuithe chun riosca creidmheasa eintiteas agus comhpháirtí an Ghrúpa a thógáil san áireamh nuair is cuí sin.<br><br>Ordlathas luachanna córa: leibhéal 2 | Tá gach ionchur suntasach a theastaíonn chun an ionstraim a luacháil go cóir inbhraite. |
| Láithriú Príobháideach<br>*(cuid fhálaithe den luach cóir)*<br>(*Féach ar nóta 23)* | Déantar luach cóir an ráta fiachais seasta a mheas agus na sreafaí airgid don todhchaí a lascainiú ó na glanluachanna reatha agus úsáid á baint as na rátaí margaidh atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe.<br><br>Ordlathas luachanna córa: leibhéal 2 | Tá gach ionchur suntasach a theastaíonn chun an ionstraim a luacháil go cóir inbhraite. |

**(b) Luach cóir dliteanas airgeadais nach ndéantar a thomhas ar luach cóir (ach tá nochtuithe luacha chóir de dhíth)**
Déantar luach cóir iasachtaí, arna dtomhas ag an gcostas amúchta, a mheas agus na sreafaí airgid don todhchaí a lascainiú ó na glanluachanna reatha agus úsáid á bhaint as na rátaí margaidh atá i bhfeidhm ar an dáta tuairiscithe - Ordlathas luachanna córa: leibhéal 2. Níor aicmíodh aon ionstraimí airgeadais eile ar bith a dhéantar a thomhas ag costas amúchta ach ar nochtadh luach cóir lena n-aghaidh a bhí rangaithe mar Leibhéal 3 sa bhliain reatha ná sa bhliain roimhe.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 25. Fochuideachtaí

Bhí na fochuideachtaí seo a leanas ag an nGrúpa agus ag an gCuideachta ar an 31 Nollaig 2020:

| | An chuideachta | Nádúr an Ghnó | % Sealúchás de Chaipiteal Gnáthscaireanna |
|---|---|---|---|
| 1 | GNI (UK) Limited | Tarchur Gáis | 100% |
| 2 | Líonraí Gáis Éireann (IOM) DAC | Tarchur Gáis | 100% |
| 3 | Aistriú Sheirbhísí Líonra DAC (Oibreoir Neamhspleách Chóras Gaslink DAC a thugtaí air roimhe sin) | Nach bhfuil ag Trádáil | 100% |

Ar an 31 Nollaig 2020, ba iad seoltaí oifige cláraithe na bhfochuideachtaí ná,

| | |
|---|---|
| Is í oifig chláraithe 1 ná: | 8th Floor, 20 Farringdon Street, London, United Kingdom EC4A 4AB |
| Is í oifig chláraithe 2 agus 3 ná: | Bóthar na n-Oibreacha Gáis, Corcaigh, Éire. |

## 26. Páirtithe Gaolmhara

Is é Ervia máthairchuideachta deiridh Líonraí Gáis Éireann agus is comhlacht corparáideach é atá bunaithe faoin Acht Gáis 1976. Tá Ervia 100% faoi úinéireacht thairbheach Stát na hÉireann agus dá bharr sin tá Líonraí Gais Éireann ina pháirtí gaolmhar le Rialtas na hÉireann.

Cosúil le go leor eintiteas eile, déileálann an Grúpa i ngnáthchúrsa a ghnó le comhlachtaí eile atá urraithe ag an Rialtas, ar nós an Bord Soláthair Leictreachais, Eirgrid agus Údaráis Áitiúla. Freisin déanann an Grúpa idirbhearta le bainc Éireannacha áirithe atá rialaithe go hiomlán nó i bpáirt ag Rialtas na hÉireann. Is de réir gnáth-théarmaí tráchtála a dhéantar idirbhearta go léir an Ghrúpa leis na bainc sin. Ní raibh aon chomhchruinniú ábhartha iasachtaí ná taiscí ag an nGrúpa le haon bhanc den sórt sin i rith na bliana ná ar an 31 Nollaig 2020.

Ní raibh aon leasanna tairbhiúla ag comhaltaí an Bhoird sa Ghrúpa ag aon uair i rith na bliana.

Tá luachanna idirbhirt speansais na bpáirtithe gaolmhara le haghaidh 2020 agus 2019 sonraithe thíos:

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| **Ervia** | (i) | | |
| Costais idirbhirt agus chomhaontú seirbhíse tacaíochta | (i) (a) | (25,993) | (27,074) |
| Díbhinní | (i) (b) | (47,283) | (54,404) |
| | | **(73,276)** | **(81,478)** |

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 26. Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

Tá iarmhéideanna (iníoctha)/infhaighte na bpáirtithe gaolmhara sonraithe thíos:

| | | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| Ervia | (i) | (39,173) | (76,385) |
| Uisce Éireann | (ii) | 19 | 845 |
| | | **(39,154)** | **(75,540)** |

**(i) Máthairghnóthas deiridh**

Soláthraíonn eintiteas Máthairchuideachta Ervia seirbhísí straitéiseacha, rialála, bainistíochta riosca, seachadta caipitil agus seirbhísí idirbhirt agus tacaíochta do Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann tríd an Ionad Grúpa, an réimse Príomhthionscadail agus trí Sheirbhísí Gnó.

| Seirbhísí Idirbhirt agus Tacaíochta arna Soláthar ag Máthairchuideachta Ervia | | |
|---|---|---|
| **Seirbhísí Gnó** | **Grúpa** | **Eile** |
| Seirbhísí airgeadais | Rialachas agus rialú | Mórthionscadail<br>(Soláthar mórthionscadal um bonneagar caipitil) |
| Seirbhísí soláthair | Pleanáil airgeadais | Slabhra Soláthair |
| Seirbhísí AD | Bainistíocht riosca | |
| Seirbhísí TF | Seirbhísí grúpa | |
| Seirbhísí árachais | Caidrimh le páirtithe leasmhara | |
| Seirbhísí tacaíochta tionscadail | | |
| Seirbhísí saoráide | | |
| Bainistíocht agus riarachán | | |

***(i) (a) Costais Oibriúcháin arna dtabhú ag Máthairchuideachta agus arna n-athmhuirearú ar chuideachtaí Grúpa***

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Costas ar shochair fostaí | (56,311) | (51,947) |
| Seirbhísí fruilithe agus conraithe | (3,366) | (6,990) |
| Costais ábhar, cothabhála agus fochonraitheora | (11,738) | (11,950) |
| Rátaí agus saoráidí | (695) | (1,186) |
| Speansais oibriúcháin eile | (13,686) | (14,265) |
| **Fo-iomlán roimh athmhuirearú** | **(85,796)** | **(86,338)** |
| Athmhuirearú ar ghnóthais neamhrialaithe - Uisce Éireann | 52,403 | 55,979 |
| Athmhuirearú ar fhoghnóthais - Líonraí Gáis Éireann | 25,993 | 27,074 |
| **Iomlán tar éis athmhuirearaithe**[1] | **(7,400)** | **(3,285)** |

[1] Is ionann iomlán na gcostas oibriúcháin tar éis athmhuirearaithe agus costais phinsin neamhairgid go príomha, agus ní dhéantar na costais sin a athmhuirearú ar chuideachtaí Ghrúpa Ervia

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 26. Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

**Bonn um chionroinnt Chostais Oibriúcháin Mháthairchuideachta Ervia**

- Aisghabhtar costais oibriúcháin a thabhaíonn Máthairchuideachta Ervia chun seirbhísí a sholáthar do hUisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann (agus a chuid fochomhlachtaí) ar bhonn aisghabháil costas.
- Déantar costais oibriúcháin arna dtabhú i soláthar na seirbhísí sin a athmhuirearú ar Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann agus bunaithe ar chúisíocht costais, léiríonn siad an fachtóir bunúsach a spreagann costas a ghabhann le gach ionad costais laistigh de Mháthairchuideachta Ervia. Mar shampla, aithníodh an fachtóir bunúsach a spreagann costas don ionad costas Seirbhísí Airgeadais - Cuntais Iníoctha mar "líon na sonrasc arna bpróiseáil". Mar sin, déantar costais an ionad costais Cuntais Iníoctha a athmhuirearú ar Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann bunaithe ar an gcion choibhneasta de líon na sonrasc próiseáilte.
- Déantar athbhreithniú gach bliain ar na fachtóirí aitheanta a spreagann costais do gach ionad costas chun déanamh cinnte go ndéantar costais oibriúcháin a athmhuirearú ar aon dul leis na leibhéil bhunúsacha gníomhaíochta.
- Déantar costais oibriúcháin atá inchurtha go díreach i leith Líonraí Gáis Éireann a mhuirearú go díreach ar Líonraí Gáis Éireann, nó déantar iad athmhuirearú go hiomlán ar Líonraí Gáis Éireann
- Is é an cuspóir uileghabhálach atá i gceist le cionnroinnt costas oibriúcháin mar atá leagtha amach thuas ná déanamh cinnte go ndéantar costais oibriúcháin a athmhuirearú ar Uisce Éireann agus Líonraí Gáis Éireann bunaithe ar mhodheolaíocht chóir agus trédhearcach, a léiríonn na fachtóirí bunúsacha a spreagann costais.

*(i) (b) Díbhinní*

Dhearbhaigh agus d'íoc an Chuideachta díbhinn bhliantúil de €47.3 milliún le Ervia le linn 2020 (2019: €54.4 milliún). I 2018, dhearbhaigh an Chuideachta díbhinn bhliantúil de €54.2 milliún agus d'íoc sí €49.1 milliún agus tá €5.1 milliún eile iníoctha i 2023 (le hús cuí). I mí an Mhárta 2021, d'fhaomh an Chuideachta dearbhú agus íoc díbhinne bliantúil de €15.4 milliún le Ervia le haghaidh na bliana airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020, faoi réir Ráitis Airgeadais 2020 de chuid Ervia a bheith tugtha faoi deara ag an Rialtas.

***(i) (c) Costais caiteachais chaipitil tabhaithe ag Grúpa Ervia agus athmhuirearaithe ar Líonraí Gáis Éireann.***

Déanann an Chuideachta idirbhearta le Grúpa Ervia i dtaobh tionscadail chomhfhóntais, a sholáthraítear go lárnach agus a sholáthraítear ag gnó, lena n-áirítear na costais phárolla a thabhaíonn an réimse Mórthionscadal Déantar na costais atá inchurtha go díreach i leith Líonraí Gáis Éireann a athmhuirearú ar bhonn míosúil agus gan aon fhorchostas ná corrlach curtha i bhfeidhm ag Grúpa Ervia. Ba é méid na gcostas caiteachais chaipitil a rinneadh a athmhuirearú ar Líonraí Gáis Éireann i 2020 ná €7.4 milliún. (2019: €6.7 milliún). Déantar na hiarmhéideanna a bhaineann leis na hidirbhearta a chur san áireamh sa tábla thuas.

*(i) (d) Costais Phinsin*

Oibríonn Ervia scéimeanna pinsin sochair shainithe agus ranníocaíochta sainithe araon. Glacann roinnt fostaithe de chuid an Ghrúpa páirt sna scéimeanna sin. Tugtar cuntas i leith na scéime sochair sainithe mar Phlean Grúpa i gcomhréir le IAS 19. Aithníonn Ervia, mar an fostóir urraithe don phlean, an glanchostas sochair sainithe, agus ní aithníonn an Grúpa ach an costas as ranníocaíochtaí iníoctha don bhliain i dtaobh fhostaithe an Ghrúpa. Déantar na ranníocaíochtaí atá iníoctha i dtaobh na scéime ranníocaíochta sainithe de chuid Ervia a mhuirearú ar bhrabús nó ar chaillteanas sna blianta a gcuireann fostaithe an Ghrúpa seirbhísí ar fáil lena linn.

Le linn na bliana, ba é méid iomlán na ranníocaíochtaí a bhí iníoctha i dtaobh fhostaithe an Ghrúpa ná €5.6 milliún (2019: €5.4 milliún). Tá na costais sin ináirithe i gcostas sochair fostaí an Ghrúpa, atá leagtha amach i nóta 5.

# Nótaí le ráitis airgeadais an Ghrúpa (ar lean)

## 26. Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

**(ii) Uisce Éireann**

Meastar gur páirtí gaolmhar leis an nGrúpa é Uisce Éireann. Ar an 31 Nollaig 2019, bhí aon scair vótála amháin ag Grúpa Ervia, an mháthairchuideachta deiridh in Uisce Éireann, agus gan aon chearta eacnamaíocha inchurtha i leith na scaire sin. Bhí 325 scair maidir le Cearta Eacnamaíocha Uisce ("WER") in aghaidh an duine ag an Aire Airgeadais agus ag an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil araon (2018: 325) nach raibh aon chearta vótála ag gabháil leo ach a raibh na cearta eacnamaíocha go léir ag gabháil leo arbh ghá leo chun go mbainfí leas as gníomhaíochtaí Uisce Éireann.

I ngnáthchúrsa a chuid gnó, déanann Uisce Éireann idirbhearta leis an nGrúpa i dtaobh a gcomhthionscadail fhóntais. Ní chuireann na cuideachtaí aon fhorchostas ná corrlaigh i bhfeidhm, agus mar sin déantar costais arna dtabhú a athmhuirearú go díreach. Idirbhearta caipitil atá i ngach idirbheart. Tá iarmhéideanna amuigh i dtaobh na n-idirbheart sin curtha san áireamh sa tábla thuas.

**(iii) Cúiteamh na bpríomhbhainisteoirí**

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe | (709) | (712) |
| Sochair iarfhostaíochta | (73) | (85) |
| **Iomlán** | **(782)** | **(797)** |

Tá na príomhbhainisteoirí déanta suas de Bhord Ervia, POF Ervia agus a chuid tuarascálacha díreacha. Cionroinntear cúiteamh na bpríomhbhainisteoirí ar eintitis aonair i ngrúpa Ervia bunaithe ar na seirbhísí atá tugtha.

## 27. Iartheagmhais

Níor tharla aon teagmhais idir an dáta tuairiscithe agus an dáta ar ar fhaomh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais, a mbeadh coigeartú ar na ráitis airgeadais seo ná aon nochtuithe breise ag teastáil lena n-aghaidh.

Tá sonraí na díbhinne a dearbhaíodh ó dheireadh na bliana leagtha amach i nóta 26.

## 28. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 29 Márta 2021.

# Clár Comhardaithe na Cuideachta
## amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 31-Noll-20 €'000 | 31–Noll-19 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní** | | | |
| **Acmhainní Neamhreatha** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 29D | 2,126,205 | 2,138,632 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 29F | 26,891 | 22,187 |
| Infheistíocht i bhfiontair fhochuideachtaí | 29G | 515 | 515 |
| Trádáil agus infháltais eile | 29H | 128,868 | 158,536 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 29T | - | 16,210 |
| **Iomlán na sócmhainní neamhreatha** | | **2,282,479** | **2,336,080** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Trádáil agus infháltais eile | 29H | 45,760 | 44,746 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 29J | 62,206 | 64,032 |
| Taiscí srianta | 29K | 13,511 | 13,392 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 29T | 4,402 | 541 |
| Fardail | 29I | 2,942 | 2,488 |
| **Sócmhainní reatha iomlána** | | **128,821** | **125,199** |
| **Sócmhainní iomlána** | | **2,411,300** | **2,461,279** |
| **Gnáthscaireanna agus dliteanais** | | | |
| **Gnáthscaireanna** | | | |
| Scairchaipiteal agus Scairbhiseach | | (318,353) | (318,353) |
| Ranníocaíocht chaipitiúil | | (363,083) | (363,083) |
| Tuilleamh coinnithe | | (227,232) | (200,391) |
| Cúlchiste cosanta sreabhadh airgid | | 1,199 | 503 |
| **Iomlán na ngnáthscaireanna inchurtha i leith shealbhóirí ghnáthscaireanna na Cuideachta** | | **(907,469)** | **(881,324)** |
| **Dliteanais** | | | |
| **Dliteanais neamhreatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 29O | (1,022,854) | (1,148,409) |
| Ioncam iarchurtha | 29Q | (16,927) | (8,723) |
| Deontais rialtais | 29P | (23,413) | (26,916) |
| Soláthairtí | 29R | (3,391) | (6,245) |
| Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile | 29S | (9,733) | (8,202) |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 29T | - | (447) |
| Dliteanas iarchurtha cánach | 29M | (195,124) | (196,956) |
| **Dliteanais neamhreatha iomlána** | | **(1,271,442)** | **(1,395,898)** |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | 29O | (114,860) | (39,112) |
| Ioncam iarchurtha | 29Q | (8,682) | (9,553) |
| Deontais rialtais | 29P | (4,072) | (3,906) |
| Soláthairtí | 29R | (4,758) | (4,776) |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 29T | (263) | (595) |
| Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile | 29S | (98,364) | (125,310) |
| Dliteanais chánach reatha | 29M | (1,390) | (805) |
| **Dliteanais reatha iomlána** | | **(232,389)** | **(184,057)** |
| **Dliteanais iomlána** | | **(1,503,831)** | **(1,579,955)** |
| **Cothromas agus dliteanais iomlána** | | **(2,411,300)** | **(2,461,279)** |

B'ionann an brabús a bhí inchurtha i leith na Cuideachta le haghaidh na bliana airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020 ná €74.1 milliún (2019: €85.2 milliún).

Le haghaidh agus thar ceann an Bhoird:

| Cathal Marley | Denis O'Sullivan | 29 Márta 2021 Dáta Faofa |
|---|---|---|

# Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe sa Chothromas
## don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Scairchaipiteal agus Scairbhiseach | Ranníocaíocht chaipitiúil | Cúlchiste cosanta sreabhadh airgid | Tuilleamh coinnithe | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Iarmhéid amhail ar an 1 Eanáir 2019** | (318,353) | (363,083) | 1,381 | (169,571) | (849,626) |
| Brabús don bhliain | - | - | - | (85,224) | (85,224) |
| Ioncam cuimsitheach eile don bhliain, glan ó cháin ioncaim | - | - | (878) | - | (878) |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán eile don bhliain, glan ó cháin ioncaim** | | | (878) | (85,224) | (86,102) |
| Díbhinní (nóta 29U) | - | - | - | 54,404 | 54,404 |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2019** | **(318,353)** | **(363,083)** | **503** | **(200,391)** | **(881,324)** |
| Brabús don bhliain | - | - | - | (74,124) | (74,124) |
| Speansas cuimsitheach eile don bhliain, glan ó cháin ioncaim | - | - | 696 | - | 696 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán eile don bhliain, glan ó cháin ioncaim** | - | - | 696 | (74,124) | (73,428) |
| Díbhinní (nóta 29U) | - | - | - | 47,283 | 47,283 |
| **Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2020** | **(318,353)** | **(363,083)** | **1,199** | **(227,232)** | **(907,469)** |

É go léir inchurtha i leith úinéirí na Cuideachta.

# Ráiteas na Cuideachta ar Shreafaí Airgid
## don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020

| | Nótaí | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 29L | 208,234 | 166,964 |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí as réadmhaoin, fearas agus trealamh | | (99,658) | (100,263) |
| Íocaíochtaí as sócmhainní doláimhsithe | | (10,065) | (7,302) |
| Deontais faighte | 29P | 899 | 631 |
| Ús faighte | | 2,189 | 2,555 |
| Aisíocaíocht iasachta ó fhoghnóthas | | 7,099 | 60,131 |
| **Airgead tirim úsáidte i ngníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(99,536)** | **(44,248)** |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Fáltais ó iasachtaí | | - | 652,823 |
| Aisíocaíocht iasachtaí | | (40,000) | (652,592) |
| Aisíoc dliteanais léasa | 29E | (241) | (236) |
| Aisíoc iasachta le máthairghnóthas deiridh | | (23,000) | (85,000) |
| Díbhinní íoctha | 29U | (47,283) | (54,404) |
| **Glanairgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí maoiniúcháin** | | **(110,524)** | **(139,409)** |
| | | | |
| **Glanlaghdú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid** | 29J | (1,826) | (16,693) |
| Airgead tirim agus coibhéis airgid thirim ar an 1 Eanáir | 29J | 64,032 | 80,725 |
| **Airgead tirim agus coibhéis airgid thirim ar an 31 Nollaig** | 29J | **62,206** | **64,032** |

Nóta: Léiríodh nochtuithe 2019 chun comparáidigh a thaispeáint atá ag teacht le nochtuithe 2020 - féach ar nóta 29A.

# Nótaí a ghabhann le Ráitis Airgeadais na Cuideachta


| | |
|---|---|
| 29A | Polasaithe Cuntasaíochta |
| 29B | Brabús Inchurtha i leith na Cuideachta |
| 29C | Luach Saothair na Stiúrthóirí agus Sochair Fhostaí |
| 29D | Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh |
| 29E | Sócmhainní agus Dliteanais Léasa |
| 29F | Sócmhainní Doláimhsithe |
| 29G | Infheistíocht i bhFochuideachtaí |
| 29H | Trádáil agus infháltais eile |
| 29I | Fardal |
| 29J | Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim |
| 29K | Taiscí Srianta |
| 29L | Airgead Tirim Faighte ó Oibríochtaí |
| 29M | Cáin |
| 29N | Scairchaipiteal Eisithe |
| 29O | Iasachtaí agus Fiachas Eile |
| 29P | Deontais Rialtais |
| 29Q | Ioncam Iarchurtha |
| 29R | Soláthairtí |
| 29S | Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile |
| 29T | Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais |
| 29U | Páirtithe Gaolmhara |
| 29V | Nochtuithe faoi Acht na gCuideachtaí |

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean)

## 29A. Polasaithe Cuntasaíochta

Cuireann an Chuideachta polasaithe cuntasaíochta comhsheasmhach i bhfeidhm atá ag teacht leo siúd a chuireann an Grúpa i bhfeidhm. Féach ar nóta 1. Léiríodh nochtuithe 2019 i dtaobh aicmiú sreafaí airgid ó fhochuideachtaí chun comparáidigh a thaispeáint atá ag teacht le nochtuithe 2020.

## 29B. Brabús Inchurtha i leith na Cuideachta

B'ionann an brabús a bhí inchurtha i leith na Cuideachta le haghaidh na bliana airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020 ná €74.1 milliún (2019: €85.2 milliún).

## 29C. Luach Saothair na Stiúrthóirí agus Sochair Fhostaí

Féach ar nóta 4 le haghaidh nochtuithe luach saothair Stiúrthóirí na Cuideachta. Féach ar nóta 5 le haghaidh nochtuithe shochair fhostaí an Ghrúpa agus na Cuideachta - áirítear le nochtuithe párolla don Chuideachta faoi Acht na gCuideachtaí fostaithe áirithe a aslonnaíodh ón gCuideachta chuig Ervia mar atá leagtha amach agus mar atá cur síos breise air i nóta 29V (b).

## 29D. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

| | | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh - sócmhainní faoi úinéireacht | | 2,121,734 | 2,133,799 |
| Réadmhaoin, gléasra agus trealamh - sócmhainní léasaithe | 29E | 4,471 | 4,833 |
| **Réadmhaoin, gléasra agus trealamh - arna gcur i láthair ar an gclár comhardaithe** | | **2,126,205** | **2,138,632** |

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean)

## 29D. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh (ar lean)

**Réadmhaoin, gléasra agus trealamh - sócmhainní faoi úinéireacht**

| | Talamh agus Foirgnimh | Fearas, píblíne agus innealra | Sócmhainní atá á dtógáil | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas** | | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2019** | 59,644 | 3,559,400 | 24,900 | 3,643,944 |
| Breiseanna | - | 5,448 | 89,462 | 94,910 |
| Aistrithe sa bhliain | (3) | 72,715 | (72,712) | - |
| Diúscairtí | - | (5,467) | - | (5,467) |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **59,641** | **3,632,096** | **41,650** | **3,733,387** |
| Breiseanna | - | 11,158 | 87,044 | 98,202 |
| Aistrithe sa bhliain | - | 65,506 | (65,506) | - |
| Diúscairtí | - | (4,017) | - | (4,017) |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **59,641** | **3,704,743** | **63,188** | **3,827,572** |
| **Caillteanais fhabhraithe dímheasa agus bearnúcháin** | | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2019** | (19,453) | (1,475,674) | - | (1,495,127) |
| Dímheas don bhliain | (1,217) | (108,711) | - | (109,928) |
| Diúscairtí | - | 5,467 | - | 5,467 |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **(20,670)** | **(1,578,918)** | **-** | **(1,599,588)** |
| Dímheas don bhliain | (1,217) | (109,050) | - | (110,267) |
| Diúscairtí | - | 4,017 | - | 4,017 |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **(21,887)** | **(1,683,951)** | **-** | **(1,705,838)** |
| **Suimeanna glanluacha** | | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2019[1] | 38,971 | 2,053,178 | 41,650 | 2,133,799 |
| **Ar an 31 Nollaig 2020[1]** | **37,754** | **2,020,792** | **63,188** | **2,121,734** |

[1] Áirítear le suim ghlanluacha na réadmhaoine, an ghléasra agus an trealaimh sócmhainní atá faoi réir socruithe léasa oibriúcháin mar atá curtha síos orthu i nóta 29E 'An Chuideachta mar Léasóir'.Ba í luach anonn na sócmhainní seo amhail an 31 Nollaig 2020 ná €74.5 milliún (31 Nollaig 2019: €84.7 milliún) agus tá sé san áireamh i ngléasra, píblíne agus innealra.

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean)

## 29D. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh (ar lean)

Le linn na bliana, rinne an Grúpa €0.2 milliún a chaipitliú (2019: €0.2 milliún) i gcostais iasachtaithe. Ba é an ráta caipitlithe ná 1.47% (2019: 1.69%). I rith na bliana, rinne an Grúpa €9.1 milliún de chostais phárolla a chaipitliú freisin (2019: €9.3 milliún).

**Gealltanais chaipitil**

| | 2020<br>€'milliún | 2019<br>€'milliún |
|---|---|---|
| Caiteachas caipitil atá ar conradh ach nach bhfuil soláthar déanta ina leith | 48 | 31 |

## 29E. Sócmhainní agus Dliteanais Airgeadais

### An Chuideachta mar Léasaí

Chuaigh an Chuideachta i mbun shocruithe éagsúla léasaithe a bhaineann go ginearálta le foirgnimh, talamh agus sócmhainní teileachumarsáide a ligean ar cíos. Ní dhéantar aon srianta suntasacha nó neamhghnácha a cur i bhfeidhm de réir théarmaí na léasanna seo. Is ar bhonn neamhthuilleamaí atá na socruithe léasa go léir.

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean)

## 29E. Sócmhainní agus Dliteanais Léasa (ar lean)

**Suimeanna arna n-aithint ar an gclár comhardaithe**

*Sócmhainní ceart úsáide*

| | Talamh agus Foirgnimh | Fearas, píblíne agus innealra | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas** | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2019** | 529 | 4,629 | 5,158 |
| Breiseanna | 37 | - | 37 |
| Ar an 31 Nollaig 2019 | 566 | 4,629 | 5,195 |
| Breiseanna | - | - | - |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **566** | **4,629** | **5,195** |
| | | | |
| **Caillteanais fhabhraithe dímheasa agus bearnúcháin** | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2019** | - | - | - |
| Iomlán don bhliain | (97) | (265) | (362) |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | (97) | (265) | (362) |
| Iomlán don bhliain | (97) | (265) | (362) |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **(194)** | **(530)** | **(724)** |
| | | | |
| **Suimeanna glanluacha** | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2019 | 469 | 4,364 | 4,833 |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **372** | **4,099** | **4,471** |
| | | | |
| **Dliteanais léasa** | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2019** | (513) | (3,242) | (3,755) |
| Breiseanna | (37) | - | (37) |
| Costas úis | (6) | (98) | (104) |
| Íocaíochtaí léasa | 100 | 240 | 340 |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **(456)** | **(3,100)** | **(3,556)** |
| Breiseanna | - | - | - |
| Costas úis | (5) | (94) | (99) |
| Íocaíochtaí léasa | 100 | 240 | 340 |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **(361)** | **(2,954)** | **(3,315)** |

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean)

## 29E. Sócmhainní agus Dliteanais Léasa (ar lean)

**Anailísithe mar seo a leanas:**

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Neamh-reatha | (3,068) | (3,221) |
| Reatha | (247) | (335) |
| **Iomlán** | **(3,315)** | **(3,556)** |

Déantar anailís ar aibíocht dliteanas léasa a chur i láthair i nóta 29O. Níl an Chuideachta ag déileáil le riosca leachtach suntasach maidir lena dhliteanais léasa. Déantar monatóireacht ar dhliteanais léasa laistigh de na feidhmeanna gnó ábhartha.

### An Chuideachta mar Léasóir

Téann an Chuideachta isteach i socruithe léasa oibriúcháin chun ceadú do thríú páirtithe codanna den chóras Iompair Líonra Gáis a úsáid. I gcomhréir le polasaí cuntasaíochta an Ghrúpa, meastar gur tuilleadh gach fáltas ó na socruithe sin, mar chuid d'oibríochtaí lárnacha na Cuideachta agus dá réir sin aithnítear an t-ioncam léasa mar ioncam sa ráiteas ioncaim. Leagtar amach thíos próifíl d'ioncam léasa oibriúcháin neamh-inchealaithe neamhlascainithe a bheidh le haithint mar ioncam sna blianta amach romhainn. Bíonn fad de idir 3 agus 11 bliain ag téarmaí neamhéagtha na léasa.

**Anailís ar aibíocht**

| | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Bliain 1 | 12,711 | 13,789 |
| Bliain 2 | 11,360 | 12,711 |
| Bliain 3 | 9,554 | 11,360 |
| Bliain 4 | 8,296 | 9,554 |
| Bliain 5 | 10,671 | 8,296 |
| Bliain 6 ar aghaidh | 87,418 | 98,175 |
| **Iomlán** | **140,010** | **153,885** |

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean) na cuideachta (ar lean)

## 29F. Sócmhainní Doláimhsithe

| | Bogearraí agus eile | Bogearraí i mbun forbartha | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas** | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2019** | 139,142 | 7,099 | 146,241 |
| Breiseanna (forbartha go hinmheánach san áireamh) | - | 7,253 | 7,253 |
| Aistrithe sa bhliain | 6,023 | (6,023) | - |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **145,165** | **8,329** | **153,494** |
| Breiseanna (forbartha go hinmheánach san áireamh) | - | 10,427 | 10,427 |
| Aistrithe sa bhliain | 10,328 | (10,328) | - |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **155,493** | **8,428** | **163,921** |
| **Caillteanais fhabhraithe amúchta agus bearnúcháin** | | | |
| **Ar an 1 Eanáir 2019** | (125,609) | - | (125,609) |
| Amúchadh don bhliain | (5,698) | - | (5,698) |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **(131,307)** | **-** | **(131,307)** |
| Amúchadh don bhliain | (5,723) | - | (5,723) |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **(137,030)** | **-** | **(137,030)** |
| **Méid glanluacha** | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2019 | 13,858 | 8,329 | 22,187 |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **18,463** | **8,428** | **26,891** |

I rith na bliana, rinne an Chuideachta €0.3 milliún de chostais phárolla a chaipitliú (2019: €0.3 milliún).

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean) na cuideachta (ar lean)

## 29G. Infheistíocht i bhFochuideachtaí

| | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Costas** | | |
| Ar an 1 Eanáir | 515 | 515 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **515** | **515** |
| | | |
| **Bearnúchán** | | |
| Ar an 1 Eanáir | - | - |
| **Ar an 31 Nollaig** | **-** | **-** |
| | | |
| **Méid glanluacha** | | |
| Ar an 31 Nollaig | 515 | 515 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **515** | **515** |

Féach ar nóta 25 i gcomhair tuilleadh sonraí fhochuideachtaí na Cuideachta.

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean) na cuideachta (ar lean)

## 29H. Trádáil agus infháltais eile

| | | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| Úsáid infháltas córais - billeáilte | | 1,029 | 1,047 |
| Úsáid infháltas córais - neamhbhilleáilte | | 37,740 | 34,309 |
| Infháltais trádála eile - billeáilte | | 2,043 | 1,529 |
| Infháltais trádála eile - neamhbhilleáilte | | 504 | 447 |
| Infháltais Eile | | 1,459 | 3,495 |
| Méideanna dlite ó fhochuideachtaí | 29U | 129,088 | 158,646 |
| Méideanna dlite ó ghnóthais neamhrialaithe | 29U | 19 | 845 |
| **Fo-iomlán** | | **171,882** | **200,318** |
| Réamhíocaíochtaí | | 2,746 | 2,964 |
| **Iomlán** | | **174,628** | **203,282** |
| | | | |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | | |
| Neamh-reatha | | 128,868 | 158,536 |
| Reatha | | 45,760 | 44,746 |
| **Iomlán** | | **174,628** | **203,282** |

Cuimsítear le hinfháltais trádála agus eile úsáid infháltais córais, infháltais trádála eile agus méideanna dlite ó fhochuideachtaí - féach ar nóta 13 agus 29U le haghaidh níos mó sonraí faoi gach ceann acu siúd.

Níor aithin an Chuideachta aon chaillteanais chreidmheasa ionchais agus níl an Chuideachta ag súil go dtarlóidh aon chaillteanais suntasacha infháltas nach ndearnadh soláthar dóibh.

Cuireann an Chuideachta an cur chuige simplithe IFRS 9 (a úsáideann CCI saoil) i bhfeidhm chun CCI a thomhas le haghaidh infháltas trádála agus eile, ach amháin méideanna áirithe dlite ó fhochuideachtaí, a dhéantar a thomhas agus an cur chuige ginearálta IFRS 9 á úsáid. Sa tábla seo a leanas déantar anailís ar infháltais trádála agus eile ag an gcur chuige um thomhas CCI a chuireann an Chuideachta i bhfeidhm.

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Cur chuige simplithe | 42,794 | 41,672 |
| Cur chuige ginearálta | 129,088 | 158,646 |
| Réamhíocaíochtaí | 2,746 | 2,964 |
| **Iomlán** | **174,628** | **203,282** |

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean) na cuideachta (ar lean)

## 29H. Trádáil agus Infhháltais Eile (ar lean)

### Cur chuige simplithe - Caillteanais Chreidmheasa Ionchais

Féach ar nóta 13 chun tuilleadh sonraí a fháil faoi chur i bhfeidhm an chur chuige simplithe CCI sa Ghrúpa agus sa Chuideachta.

Léiríonn an tábla seo a leanas an ghluaiseacht i liúntas i gcomhair chaillteanas creidmheasa ionchais a aithníodh i gcomhair infháltais trádála agus eile i gcomhréir leis an gcur chuige simplithe mar atá leagtha amach in IFRS 9.

| | Arna measúnú ina aonar | |
|---|---|---|
| | 2020 | 2019 |
| | €'000 | €'000 |
| **Ar an 1 Eanáir** | (507) | (464) |
| Caillteanais bhearnúcháin ar shócmhainní airgeadais | (110) | (65) |
| Liúntas a úsáideadh | 21 | 22 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(596)** | **(507)** |

Léiríonn an tábla seo a leanas aosú infháltas trádála agus eile, glan ar liúntas i gcomhair caillteanais chreidmheasa ionchais, arna thomhas i gcomhréir leis an gcur chuige simplithe mar atá leagtha amach in IFRS 9.

| | Glaninfháltas | Glaninfháltas |
|---|---|---|
| | 2020 | 2019 |
| | €'000 | €'000 |
| Ní thar an dáta dlite | 41,150 | 40,364 |
| 0 – 30 lá thar am | 1,533 | 1,048 |
| 31 – 120 lá thar am | 97 | 125 |
| > 120 lá thar am | 14 | 135 |
| **Iomlán** | **42,794** | **41,672** |

### Cur chuige ginearálta - Caillteanais Chreidmheasa Ionchais

Baineann an cur chuige ginearálta le hinfháltais nach bhfuil incháilithe um chur i bhfeidhm an chuir chuige shimplithe arb iad, le haghaidh na Cuideachta, méideanna áirithe atá dlite ó fhochuideachtaí. Tá measúnú ar dhóchúlacht na mainneachtana i gcomhair na n-infháltas sin leagtha amach thíos.

Faoin gcur chuige ginearálta, ní mór don eintiteas a shocrú cibé acu an bhfuil an tsócmhainn airgeadais i gceann amháin de thrí chéim chun an méid CCI a shocrú atá le haithint;

Is í Céim 1 ná áit nach bhfuil riosca creidmheasa méadaithe go mór ó aithníodh i dtosach é. Le haghaidh sócmhainní airgeadais atá ag céim 1, ceanglaítear ar eintitis CCI 12 mí a aithint agus ioncam úis a aithint ar bhonn ollmhéide – ciallaíonn sé sin go ríomhfar ús ar ollshuim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais sula ndéantar coigeartú i gcomhair CCI.

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean) na cuideachta (ar lean)

## 29H. Trádáil agus Infháltais Eile (ar lean)

Is í Céim 2 ná áit a bhfuil riosca creidmheasa méadaithe go mór ó aithníodh i dtosach é. Nuair a aistríonn sócmhainn airgeadais go céim 2 ceanglaítear ar eintitis CCI saolré a aithint ach leanfar ar aghaidh ag aithint ioncaim ar bhonn ollmhéide.

Is í Céim 3 ná áit a bhfuil an tsócmhainn airgeadais bearnaithe ó thaobh creidmheasa. Is é sin go bunúsach an pointe ag ar tharla caillteanas tabhaithe. Le haghaidh sócmhainní airgeadais ag céim 3, leanfaidh eintitis ar aghaidh ag aithint CCI saolré ach anois aithneoidh siad ioncam úis ar bhonn glanmhéide. Ciallaíonn sé sin go ríomhfar ús bunaithe ar ollshuim glanluacha na sócmhainne airgeadais lúide CCI.

Ar an 31 Nollaig 2020, bhí áiseanna dlite ó fhochuideachtaí de €129.1 milliún ag an gCuideachta (2019: €158.7 milliún). Chun CCI a shocrú (dóchúlacht na mainneachtana agus caillteanas de thoradh mainneachtana) san áireamh, aicmíodh méideanna dlite ó fhochuideachtaí mar infháltais riosca creidmheasa ísle. Ó aithníodh ar dtús iad, ní raibh aon mhéid ann a aicmíodh mar iníoctha ar an éileamh nó a raibh méadú suntasach le brath sa riosca creidmheasa atá ann ina leith. Chun caillteanas creidmheasa measta a shocrú, tugtar aird ar fheidhmíocht stairiúil na hiasachta ábhartha chomh maith le faisnéis chun cinn don fhochuideachta ábhartha, lena n-áirítear réamhaisnéisí sonraithe um shreabhadh airgid lascainithe agus fachtóirí macrai-eacnamaíocha. Anuas ar an measúnú sin, ní aithnítear aon liúntas CCI i dtaobh na méideanna sin amhail an 31 Nollaig 2020 (2019: €nialas) agus níor aithníodh aon CCI i rith na bliana i dtaobh na méideanna sin (2019: €nialas) toisc go ndearnadh CCI a mheas mar mhí-ábhartha.

Léiríonn an tábla seo a leanas infháltais trádála de réir céime, glan ar CCI, a dhéantar a thomhas i gcomhréir leis an gcur chuige ginearálta mar ata leagtha amach in IFRS 9.

| | Glaninfháltas | Glaninfháltas |
|---|---|---|
| | 2020 | 2019 |
| | €'000 | €'000 |
| Céim 1 - CCI 12 Mh (níl sé bearnaithe ó thaobh creidmheasa) | 129,088 | 158,646 |
| Céim 2 - CCI Saolré (níl sé bearnaithe ó thaobh creidmheasa) | - | - |
| Céim 3 - CCI Saolré (bearnaithe ó thaobh creidmheasa) | - | - |
| **Iomlán** | **129,088** | **158,646** |

Is féidir anailís a dhéanamh mar seo a leanas ar an uasnochtadh do riosca creidmheasa le haghaidh infháltas trádála agus eile ar an dáta tuairiscithe de réir réigiúin gheografaigh:

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Éire | 42,794 | 41,672 |
| An RA (Tuaisceart Éireann agus Oileán Mhanann san áireamh) | 129,088 | 158,646 |
| **Iomlán** | **171,882** | **200,318** |

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean) na cuideachta (ar lean)

## 29I. Fardal

| | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Stoc gáis agus ábhair innealtóireachta** | **2,942** | **2,488** |

Níor díscríobhadh aon fhardail chuig glanluach inréadaithe i 2020 (2019: €nialas).

## 29J. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

Coinnítear airgead tirim agus coibhéis airgid thirim chun críocha gealltanais ghearrthéarmacha airgid thirim a chomhlíonadh.

| | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Taiscí ciste gearrthéarmacha | 59,500 | 62,000 |
| Airgead sa bhanc agus airgead ar láimh | 2,706 | 2,032 |
| **Iomlán** | **62,206** | **64,032** |

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Ar an 1 Eanáir** | 64,032 | 80,725 |
| Laghdú ar airgead tirim agus choibhéisí airgid thirim sa ráiteas faoi shreafaí airgid | (1,826) | (16,693) |
| **Ar an 31 Nollaig** | **62,206** | **64,032** |

## 29K. Taiscí Srianta

| | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Reatha | 13,511 | 13,392 |
| **Iomlán** | **13,511** | **13,392** |

Áirítear le taiscí srianta méideanna arna gcoinneáil i dtaobh taiscí urrúis de chuid lastóirí líonra gáis (nóta 29H) agus comhaontuithe áirithe ceangail (nóta 29Q). Déantar measúnú rialta ar an leibhéal d'urrús lastóra atá i bhfeidhm, agus déantar taiscí nó aisíocaíochtaí breise más gá, i gcomhréir le Cód Oibríochtaí Líonraí Gáis Éireann. Coimeádtar urrúis slándála i gcomhair chomhaontuithe ceangail chun an costas caipitil as tionscadail mhóra ceangail a mhaoiniú (fillte ar an gcustaiméir ar bhonn céimnithe thar 2-3 bliana) agus chun íocaíochtaí acmhainne a mhaoiniú (fillte ar an gcustaiméir thar thréimhse de suas le 7 mbliana).

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean) na cuideachta (ar lean)

## 29L. Airgead Tirim Faighte ó Oibríochtaí

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Brabús don bhliain | 74,124 | 85,224 |
| Coigeartuithe le haghaidh: | | |
| Dímheas agus amúchadh | 112,407 | 112,049 |
| Glanchostais airgeadais | 14,799 | 15,725 |
| Costais cáin ioncaim | 12,235 | 13,422 |
| | 213,565 | 226,420 |
| Athruithe ar chaipiteal oibre: | | |
| Athrú ar fhardail | (454) | (869) |
| Athruithe ar infháltais trádála agus eile | (2,181) | (676) |
| Athrú sa trádáil agus suimeanna iníoctha eile | 30,008 | (28,599) |
| Athrú ar ioncam iarchurtha | 7,333 | 637 |
| Athrú ar sholáthairtí | (2,872) | (1,938) |
| **Airgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **245,399** | **194,975** |
| Ús íoctha | (23,783) | (13,847) |
| Cáin ioncaim a íocadh | (13,382) | (14,164) |
| **Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | **208,234** | **166,964** |

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean) na cuideachta (ar lean)

## 29M. Cáin

**Sócmhainní agus dliteanais chánach reatha**

| | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Dliteanais chánach reatha | (1,390) | (805) |

**Sócmhainní agus dliteanais chánach iarchurtha**

| | Ionstraimí airgeadais díorthacha | Dímheas cánach luathaithe[1] | Ús[2] | Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Ar an 1 Eanáir 2019** | 197 | (199,308) | 516 | - | (198,595) |
| Aitheanta sa ráiteas ioncaim | - | 2,092 | (167) | (160) | 1,765 |
| Arna n-aithint i ngnáthscaireanna | (126) | - | - | - | (126) |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **71** | **(197,216)** | **349** | **(160)** | **(196,956)** |
| | | | | | |
| Aitheanta sa ráiteas ioncaim | - | 1,625 | 93 | 15 | 1,733 |
| Arna n-aithint i ngnáthscaireanna | 99 | - | - | - | 99 |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **170** | **(195,591)** | **442** | **(145)** | **(195,124)** |

[1] Tagann an dliteanas cánach chun cinn go príomha mar thoradh ar dhifríochtaí sealadacha trátha ag eascairt ó shócmhainní na Cuideachta a bheith faoi réir liúntas caipitil faoi reachtaíocht chánach (dímheas cánach) thar thréimhse níos giorra ná an tréimhse a chuirtear i bhfeidhm ar dhímheas cuntasaíochta (bunaithe ar shaol úsáideach measta na sócmhainní).

[2] Tagann an tsócmhainn chánach iarchurtha chun cinn go príomha mar thoradh ar dhifríochtaí sealadacha trátha idir an uair a thabhaítear muirir úis áirithe ag an gCuideachta agus nuair a fhaightear an asbhaint ghaolmhar cánach corparáide, ar bhonn íoctha

## 29N. Scairchaipiteal Eisithe

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Údaraithe:** | | |
| 1,000,000 gnáthscair ar €1.00 an ceann | 1,000 | 1,000 |
| **Sannta, glaoite anuas agus íoctha go hiomlán:** | | |
| 1 ghnáthscair ar €1.00 an ceann | - | - |

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean)

## 29O. Iasachtaí agus Fiachas Eile

Sa nóta seo tugtar eolas faoi théarmaí conarthacha na n-iasachtaí úsmhara de chuid an Ghrúpa. Féach ar nóta 29T chun níos mó eolais a fháil faoi nochtadh an Ghrúpa do ráta úis, ráta malairte agus riosca leachtachta.

**Aibíocht iasachtaí agus fiachais eile de réir cineáil (táillí bainteacha san áireamh)**

| | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Bannaí | (919,270) | (918,297) |
| Iasachtaí ó institiúidí airgeadais[1] | (215,129) | (265,668) |
| Dliteanais léasa | (3,315) | (3,556) |
| **Iomlán** | **(1,137,714)** | **(1,187,521)** |

**Iasachtaí agus fiachas eile anailísithe mar seo a leanas:**

| | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Idir aon bhliain amháin agus cúig bliana | (298,487) | (424,847) |
| Níos mó ná cúig bliana | (724,367) | (723,562) |
| **Neamh-reatha** | **(1,022,854)** | **(1,148,409)** |
| | | |
| Níos lú ná aon bhliain amháin | (114,860) | (39,112) |
| **Reatha** | **(114,860)** | **(39,112)** |
| | | |
| **Iomlán** | **(1,137,714)** | **(1,187,521)** |

[1] Iena n-áirítear nótaí socrúcháin príobháideacha.

Áirítear le méid iomlán na n-iasachtaí fiachas ráta chomhlúthaigh de €99.8 milliún (2019: €139.5 milliún), agus €1,034.5 milliún (2019: €1044.5 milliún) d'fhiachas ráta sheasta a tarraingíodh aníos ó iasachtóirí éagsúla.

Coimeádtar iasachtaí áirithe le páirtithe gaolmhara, (féach ar nóta 29U le haghaidh tuilleadh sonraí).

**Glanfhiachas**

| | | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| Iomlán iasachtaí agus fiachas eile | | (1,137,714) | (1,187,521) |
| Lúide fálta luacha chóir aitheanta laistigh d'iasachtaí | 29T | 4,131 | 15,318 |
| Lúide airgead agus coibhéis airgid | 29J | 62,206 | 64,032 |
| **Glanfhiachas** | | **(1,071,377)** | **(1,108,171)** |

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean) na cuideachta (ar lean)

## 29O. Iasachtaí agus Fiachas Eile (ar lean)

Athruithe ar dhliteanais ag eascairt ó ghníomhaíochtaí maoinithe

| | Amhail an 1 Eanáir | Fáltais | Aisíocaíocht | Léasanna nóta 29E) | Athrú ar luach cóir dliteanas airgeadais | Gluaiseacht mhalairte | Neamhairge-ad tirim eile | Amhail an 31 Nollaig |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **2019** | | | | | | | | |
| Bannaí | (619,560) | (298,128) | - | - | - | - | (609) | (918,297) |
| Iasachtaí ó institiúidí airgeadais | (567,044) | (354,695) | 652,592 | - | 8,849 | (4,362) | (1,008) | (265,668) |
| Dliteanais léasa | (3,755) | - | - | 199 | - | - | - | (3,556) |
| **Fo-iomlán iasachtaí seachtracha agus fiachas eile** | **(1,190,359)** | **(652,823)** | **652,592** | **199** | **8,849** | **(4,362)** | **(1,617)** | **(1,187,521)** |
| An máthairghnóthas deiridh[1] | (113,100) | - | 85,000 | - | - | - | - | (28,100) |
| **Dliteanais iomlána ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | **(1,303,459)** | **(652,823)** | **737,592** | **199** | **8,849** | **(4,362)** | **(1,617)** | **(1,215,621)** |
| **2020** | | | | | | | | |
| Bannaí | (918,297) | - | - | - | - | - | (973) | (919,270) |
| Iasachtaí ó institiúidí airgeadais | (265,668) | - | 40,000 | - | 11,187 | - | (648) | (215,129) |
| Dliteanais léasa | (3,556) | - | - | 241 | - | - | - | (3,315) |
| **Fo-iomlán iasachtaí seachtracha agus fiachas eile** | **(1,187,521)** | **-** | **40,000** | **241** | **11,187** | **-** | **(1,621)** | **(1,137,714)** |
| An máthairghnóthas deiridh[1] | (28,100) | - | 23,000 | - | - | - | - | (5,100) |
| **Iomlán na nDliteanas ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | **(1,215,621)** | **-** | **63,000** | **241** | **11,187** | **-** | **(1,621)** | **(1,142,814)** |

[1] Cuirtear dliteanais ó ghníomhaíochtaí maoinithe leis an máthairghnóthas deiridh san áireamh i méideanna atá dlite leis an máthairghnóthas deiridh mar atá nochta i nóta 29S. Féach ar nóta 29U (i) (b) le haghaidh sonraí faoi nádúr an dliteanais amhail an 31 Nollaig 2020.

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean)

## 29P. Deontais Rialtais

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Ar an 1 Eanáir | (30,822) | (34,218) |
| Faighte sa bhliain | (899) | (631) |
| Curtha chun sochair costas oibriúcháin | 291 | 88 |
| Suim amúchta sa bhliain | 3,945 | 3,939 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(27,485)** | **(30,822)** |

**Anailísithe mar seo a leanas:**

| | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Neamh-reatha | (23,413) | (26,916) |
| Reatha | (4,072) | (3,906) |
| **Iomlán** | **(27,485)** | **(30,822)** |

Ar chúinsí áirithe d'fhéadfadh go dtiocfadh deontais chun a bheith in-aisíochta mura gcloítear leis na coinníollacha atá leagtha síos sna comhaontuithe deontais. Ní mheasann an Chuideachta go dtiocfaidh cúinsí den sórt sin chun cinn agus níor aisíocadh aon deontais sa bhliain airgeadais reatha ná sa bhliain airgeadais roimhe.

Bhain deontais infhála do 2020 de €0.9 milliún (2019: €0.6 milliún) le maoiniú deontais ó Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Nuálaíocht agus Líonraí (INEA) don tionscadal Causeway, le haghaidh na dtionscadal um bonneagar Green Connect, Forbairt Beartas, Nósanna Imeachta agus Oiliúna do Theicneolaíocht Oibriúcháin Líonraí Gáis Éireann. Tá roinnt coinníollacha a bhaineann leis an maoiniú deontais sin fós ar siúl ag deireadh na bliana.

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean)

## 29Q. Ioncam Iarchurtha

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Ar an 1 Eanáir | (18,276) | (17,639) |
| Faighte sa bhliain | (12,291) | (6,420) |
| Curtha chun sochar an ráiteas ioncaim | 4,958 | 5,783 |
| **Ar an 31 Nollaig** | **(25,609)** | **(18,276)** |

**Anailísithe mar seo a leanas:**

| | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Neamh-reatha | (16,927) | (8,723) |
| Reatha | (8,682) | (9,553) |
| **Iomlán** | **(25,609)** | **(18,276)** |

## 29R. Soláthairtí

**Soláthairtí**

Féach ar nóta 21 le haghaidh tuilleadh nochtuithe i dtaobh sholáthairtí na Cuideachta.

**Teagmhais**

Tá dliteanais teagmhasacha i dtaobh deontais rialtais nochta i nóta 29P.

I ngnáthchúrsa a cuid gnó, téann an Chuideachta i mbun gealltanas agus tiomantais áirithe chun tríú páirtithe i dtaobh oibleagáidí le comhlíonadh faoi shocruithe conarthacha. Déantar oibleagáidí chun tríú páirtithe a ráthú trí litreacha creidmheasa nó trí bhannaí feidhmíochta arna n-eisiúint ag institiúidí airgeadais. Amhail an 31 Nollaig 2020, chuir an Chuideachta €1.4 milliún (2019: €1.4 milliún) ar fáil mar ráthaíochtaí ag institiúidí airgeadais do thríú páirtithe. Ba é luach cóir na ráthaíochtaí ná €nialas ar an 31 Nollaig 2020 (2019: €nialas).

Bíonn an Chuideachta faoi réir dlíthíochta, éileamh agus díospóidí conartha éagsúla le linn ghnáthchúrsa na n-oibríochtaí. Cé go mbíonn gné éiginnteachta ag gabháil le himeachtaí ar bith den sórt sin, ní mheasaimid go mbeidh drochéifeacht ábhartha ag réiteach na n-imeachtaí sin sa deireadh ar thorthaí na Cuideachta ó oibríochtaí, ar shreafaí airgid oibriúcháin ná ar ghlanseasamh airgeadais.

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean) na cuideachta (ar lean)

## 29S. Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile

| | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Suimeanna trádála iníoctha | (6,137) | (7,583) |
| Fabhruithe | (51,533) | (51,174) |
| Suimeanna iníoctha eile | (22,144) | (22,972) |
| Méideanna dlite leis an máthairghnóthas deiridh | (12,782) | (36,765) |
| Creidiúnaithe cánachais agus árachais sóisialta[1] | (15,501) | (15,018) |
| **Iomlán** | **(108,097)** | **(133,512)** |
| **Anailísithe mar seo a leanas:** | | |
| Neamh-reatha | (9,733) | (8,202) |
| Reatha | (98,364) | (125,310) |
| **Iomlán** | **(108,097)** | **(133,512)** |
| [1]**Cáin agus creidiúnaithe árachais shóisialaigh** | | |
| ÁSPC/ árachas sóisialta | (1,632) | (883) |
| CBL | (13,869) | (14,135) |
| **Iomlán** | **(15,501)** | **(15,018)** |

## 29T. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais

**Luach cóir de réir aicme na hionstraime airgeadais díorthaí**

***Bábhtálacha trasairgeadra ráta úis (CCIRS)***

Chuaigh an Chuideachta isteach i roinnt CCIRS a mheaitseáil próifíl aibíochta na dtráinsí fiachais chun fiachas seasta USD ar Láithriú Phríobháideach USD 2009 a thiontú go gealltanais luaineacha EUR tríd an riosca airgeadra a fhálú chomh maith leis an riosca ráta úis ag eascairt ó ghluaiseachtaí i rátaí úis SAM, arb ionann é agus na nochtuithe gaolmhara do ráta malairte Dollar SAM a thiontú go euro agus na rátaí úis bunúsacha a thiontú go luaineach, i ndáil leis an bhfiachas ráta sheasta.

Meaitseálann an bhabhtáil thrasairgeadra ráta úis próifíl aibíochta an bhunfhiachais Láithrithe Phríobháidigh. Tá téarmaí criticiúla atá cosúil leis an mír fhálaithe ag CCIRS, amhail an ráta tagartha, dátaí íocaíochta, aibíocht agus an méid barúlach. Bíonn tionchar ag gluaiseachtaí i rátaí malairte agus rátaí úis ar luach cóir na mbabhtálacha trasairgeadra. Sainítear babhtáil thrasairgeadra mar ionstraim fhálaithe faoin gcuntasaíocht fhálaithe. Faoin ngaol cuntasaíochta fálaithe déantar an bhabhtáil trasairgeadra a imdhealú in dhá chomhpháirt ar leithligh agus ainmnítear i bpáirt é mar fhálú luacha chóir (FVTPL - ainmnithe) agus fálú sreafa airgid (FVTOCI).

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean) na cuideachta (ar lean)

## 29T. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

Nochtar an Chuideachta don tagarmharc ráta úis seo a leanas ina chuid gaol cuntasaíochta fálaithe, atá faoi réir leasú ar an tagarmharc ráta úis. Rinne an Grúpa breithniú ar an nuashonrú ar IFRS 9 agus rinne sé measúnú ar an leasú ar an Tagarmharc Ráta Úis. Ós rud é go bhfuil an ionstraim le teacht in aibíocht ar an 31 Márta 2021 agus mar gheall ar an ngearrthéarma go dtí aibíocht, measadh nach raibh gá le haon nochtuithe breise.

*Babhtálacha ráta úis*

Chuaigh an Chuideachta i mbun bhabhtálacha ráta úis chun an ráta úis éifeachtach a shocrú ar €111 milliún d'fhiachas Láithrithe Phríobháidigh atá chun teacht in aibíocht i 2021. Cuireann an luach cóir na rátaí seasta, comhlúthacha agus margaidh san áireamh atá i bhfeidhm ag dáta an chlár chomhardaithe agus ní dhearnadh na babhtálacha seo a shainiú chun críocha cuntasaíochta fálaithe.

*Conarthaí i malairt eachtrach agus babhtálacha airgeadra*

Chuaigh an Chuideachta i mbun conarthaí i malairt eachtrach i dtaca le híocaíochtaí soláthraithe (atá i ndollair SAM agus i steirling) agus i dtaca le fálú oibriúcháin atá bunaithe ar steirling. Tá aibíocht ag na conarthaí seo a shíneann chomh fada le 2021. Ní dhearnadh na trádálacha a bhí i bhfeidhm ar an 31 Nollaig 2020 a shainiú chun críocha cuntasaíochta fálaithe.

Comhcheanglaíonn an tábla seo a leanas eolas maidir le:

- aicmí ionstraimí airgeadais bunaithe ar a gcineál agus ar a saintréithe;
- méideanna anonn na n-ionstraimí airgeadais;
- luachanna córa na n-ionstraimí airgeadais (seachas ionstraimí airgeadais nuair atá an méid anonn geall le bheith comhionann lena luach cóir); agus
- leibhéil ordlathais luachanna córa do shócmhainní airgeadais agus do dhliteanais airgeadais ar nochtadh luach cóir ina leith.

Féach ar nóta 24 le haghaidh nochtuithe faoi IFRS 13 maidir le tomhas luachanna córa.

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean) na cuideachta (ar lean)

## 29T. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

| | Ordlathas luachanna córa | FVTPL neam-hainmnithe | FVTPL – ainmnithe | FVTOCI | Iomlán ar chostas amúchta | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | | | | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | | | | |
| Babhtálacha trasairgeadra ráta úis | Leibhéal 2 | - | 5,618 | (1,371) | - | 4,247 |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | Leibhéal 2 | 155 | - | - | - | 155 |
| Trádáil agus infháltais eile[2] | | - | - | - | 171,882 | 171,882 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim[3] | | - | - | - | 62,206 | 62,206 |
| Taiscí srianta | | - | - | - | 13,511 | 13,511 |
| **Iomlán na sócmhainní/(dliteanais) airgeadais** | | **155** | **5,618** | **(1,371)** | **247,599** | **252,001** |
| **Dliteanais airgeadais** | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile [4] | Leibhéal 2 | - | (4,131) | - | (1,133,583) | (1,137,714) |
| Babhtálacha ráta úis | Leibhéal 2 | (132) | - | - | - | (132) |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | Leibhéal 2 | (131) | - | - | - | (131) |
| Iníocthaigh trádála agus eile[1] | | - | - | - | (41,063) | (41,063) |
| **Iomlán na ndliteanas airgeadais** | | **(263)** | **(4,131)** | **-** | **(1,174,646)** | **(1,179,040)** |
| **Glan(dliteanais)/sócmhainní airgeadais** | | **(108)** | **1,487** | **(1,371)** | **(927,047)** | **(927,039)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | | | | | | |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | | | | |
| Babhtálacha trasairgeadra ráta úis | Leibhéal 2 | - | 16,733 | (576) | - | 16,157 |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | Leibhéal 2 | 594 | - | - | - | 594 |
| Trádáil agus infháltais eile[2] | | - | - | - | 200,318 | 200,318 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim[3] | | - | - | - | 64,032 | 64,032 |
| Taiscí srianta | | - | - | - | 13,392 | 13,392 |
| **Iomlán na sócmhainní airgeadais** | | **594** | **16,733** | **(576)** | **277,742** | **294,493** |
| **Dliteanais airgeadais** | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile[4] | Leibhéal 2 | - | (15,318) | - | (1,172,203) | (1,187,521) |
| Babhtálacha ráta úis | Leibhéal 2 | (395) | - | - | - | (395) |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | Leibhéal 2 | (647) | - | - | - | (647) |
| Iníocthaigh trádála agus eile[1] | | - | - | - | (67,320) | (67,320) |
| Iomlán na ndliteanas airgeadais | | (1,042) | (15,318) | - | (1,239,523) | (1,255,883) |
| **Glan(dliteanais)/sócmhainní airgeadais** | | **(448)** | **1,415** | **(576)** | **(961,781)** | **(961,390)** |

[1].Níor cuireadh speansais agus dliteanais chánach fhabhraithe san áireamh toisc nach ndéantar iad seo a aicmiú mar shócmhainní airgeadais.

[2] Níor cuireadh réamhíocaíochtaí san áireamh toisc nach ndéantar iad seo a aicmiú mar shócmhainní airgeadais.

[3] Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadais a fhritháireamh agus léirítear an glanmhéid ar an gclár comhardaithe sa chás, agus sa chás seo amháin, go bhfuil ceart dlíthiúil ag an nGrúpa na méideanna a fhritháireamh agus go bhfuil rún aige na méideanna a shocrú ar bhonn glan nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna. Amhail an 31 Nollaig 2020, tá €30.1 milliún d'airgead tirim (2019: €16.3 milliún), frithchúitithe i gcoinne €27.4 milliún de ró-tharraingtí bainc (2019: €14.2 milliún), agus cuirtear glanseasamh de €2.7 milliún i láthair mar "airgead sa bhanc agus ar láimh" i nóta 29J (2019: €2.1 milliún). Amhail an 31 Nollaig 2020, ní raibh an Grúpa imithe i mbun aon socruithe um mháistir-glanlúachái ná aon chomhaontuithe eile den sórt sin.

[4]Ba é luach cóir na n-iasachtaí agus an fhiachais eile ar an 31 Nollaig 2020 ná €1,214.3 milliún (2019: €1,238.4 milliún).

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean)

## 29T. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

**Seo a leanas luachanna córa na n-ionstraimí airgeadais, agus iad grúpáilte de réir aicme ionstraime:**

| | Acmhainní Neamhreatha | Sócmhainní reatha | Dliteanais neamhreatha | Dliteanais reatha | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Luach cóir na n-ionstraimí airgeadais** | | | | | |
| Babhtálacha ráta úis | - | - | - | (132) | (132) |
| Babhtálacha trasairgeadra | - | 4,247 | - | - | 4,247 |
| Conarthaí malairte eachtraí | - | 155 | - | (131) | 24 |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **-** | **4,402** | **-** | **(263)** | **4,139** |
| | | | | | |
| **Luach cóir na n-ionstraimí airgeadais** | | | | | |
| Babhtálacha ráta úis | - | - | (395) | - | (395) |
| Babhtálacha trasairgeadra | 16,157 | - | - | - | 16,157 |
| Conarthaí malairte eachtraí | 53 | 541 | (52) | (595) | (53) |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | **16,210** | **541** | **(447)** | **(595)** | **15,709** |

**Sócmhainní agus dliteanais díorthacha aitheanta mar fhálta**

Cuireann an Chuideachta na critéir atá sainithe ag IFRS 9 i bhfeidhm agus díorthaigh á n-aicmiú mar fhálta. Ní cháilíonn ach ionstraimí díorthacha atá lasmuigh den Chuideachta le tógáil san áireamh um chuntasaíocht fálaithe.

**Éifeachtúlacht an fhálaithe**

Déantar éifeachtúlacht an fhálaithe a shocrú ag tús na gaolmhaireachta fálaithe agus trí mheasúnuithe tráthúla a dhéanamh ar éifeachtúlacht ionchasach chun a chinntiú go bhfuil gaolmhaireacht eacnamaíoch fós ann idir an mhír fhálaithe agus an ionstraim fhálaithe.

Úsáideann an Chuideachta na catagóirí seo a leanas le haghaidh fálta:

**(i) Fálta luacha chóir (sainithe - FVTPL)**

Déanann na hionstraimí sin fálú ar nochtadh athruithe ar luach cóir sócmhainne nó dliteanais arna thaifeadadh sa chlár comhardaithe, nó gealltanas daingean chun sócmhainn a cheannach nó a dhíol. Ba é cion neamhéifeachtach na bhfálta luacha chóir ná €nialais le haghaidh 2020 (2019: €0.03 milliún). Ba é luach cóir na ndíorthach fálaithe i bhfálú luacha chóir sa chlár comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2020 ná sócmhainn €5.6 milliún (2019: sócmhainn €16.7 milliún).

**(ii) Fálta sreabhaidh airgid (FVTOCI)**

Ba é luach cóir na ndíorthach fálaithe i bhfálú ar an sreabhadh airgid sa chlár comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2020 ná dliteanas €1.4 milliún (2019: dliteanas €0.6 milliún). Déanann na hionstraimí sin fálú ar idirbhearta a bhfuil gach cosúlacht ar an scéal go dtarlóidh siad sa todhchaí áit a ndéantar an éagsúlacht i sreafaí airgid arna nginiúint ag an idirbheart a fhritháireamh ag athruithe ar luach an ionstraim fálaithe. Ba é an méid a aithníodh i mbrabús nó caillteanas de thoradh neamhéifeachtacht ar fhálta sreafa airgid i rith 2020 ná €nialas (2019: €nialas).

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean)

## 29T. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

**Próifíl aibíochta na bhfálta ar an sreabhadh airgid**

Seo a leanas na tréimhsí ina meastar go dtarlóidh fálta ar an sreabhadh airgid agus a mbeidh tionchar acu dá bharr sin ar bhrabús nó caillteanas:

| | <1 bhliain | 1-2 bhliain | 2-5 bliana | <5 bliana | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | | | | | |
| Babhtálacha trasairgeadra ráta úis | (1,371) | - | - | - | (1,371) |
| **Díorthaigh ó fhálú ar an sreabhadh airgid** | **(1,371)** | **-** | **-** | **-** | **(1,371)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | | | | | |
| Babhtálacha trasairgeadra ráta úis | - | (576) | - | - | (576) |
| **Díorthaigh ó fhálú ar an sreabhadh airgid** | **-** | **(576)** | **-** | **-** | **(576)** |

Is í seo a leanas an ghluaiseacht i gcúlchiste fhálú sreabhaidh airgid an Ghrúpa:

| | CCIRS | Iomlán |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Ar an 1 Eanáir 2020** | (576) | (576) |
| Glanathrú ar luachanna córa | (795) | (795) |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | **(1,371)** | **(1,371)** |

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean)

## 29T. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

**Tionchair na cuntasaíochta fálaithe ar staid agus feidhmíocht airgeadais**

| | CCIRS 2020 €'000 | CCIRS 2019 €'000 |
|---|---|---|
| Suim ghlanluacha - sócmhainn amhail an 31 Nollaig | 4,247 | 16,157 |
| Méid bharúlach | 140,000 | 140,000 |
| Aonad barúlach | USD | USD |
| Dáta aibíochta - is luaithe | 31-Márta-21 | 31-Márta-21 |
| Dáta aibíochta - is déanaí | 31-Márta-21 | 31-Márta-21 |
| Cóimheas fálaithe | 1:1 | 1:1 |
| Athrú ar luach cóir na n-ionstraimí fálaithe amuigh ón 01 Eanáir | (11,911) | (9,188) |
| Athrú ar luach cóir na míre fálaithe amuigh a úsáidtear chun éifeachtacht fálaithe a shocrú | 11,187 | 8,848 |
| Meán ualaithe an ráta / phraghais fhálaithe | 6.84/1.259 | 6.84/1.259 |
| Aonad den ráta / phraghas | Ráta úis% / ráta FX | |

Is ionann an cóimheas fálaithe agus méid na n-ionstraimí fálaithe de réir mhéid na míre fálaithe. Deimhnítear an cóimheas fálaithe cuí bunaithe ar thosca sainiúla amhail neamhchosaintí ar rátaí úis.

### Bainistíocht riosca airgeadais

Féach ar nóta 23 le haghaidh níos mó sonraí faoi pholasaithe an Ghrúpa um bainistíocht riosca airgeadais. Glacann an Chuideachta leis na cuspóirí, na polasaithe agus na próisis sin chomh maith.

### (i) Riosca creidmheasa

Freagraíonn méid glanluacha na sócmhainní airgeadais don uasmhéid neamhchosanta creidmheasa. Ba é an t-uasnochtadh do riosca creidmheasa ar dháta an tuairiscithe ná:

| | 31-Noll-20 €'000 | 31–Noll-19 €'000 |
|---|---|---|
| Trádáil agus infháltais eile (gan réamhíocaíochtaí san áireamh) | 171,882 | 200,318 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | 62,206 | 64,032 |
| Taiscí srianta | 13,511 | 13,392 |
| Ionstraimí airgeadais díorthacha | 4,402 | 16,751 |
| **Iomlán** | **252,001** | **294,493** |

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean)

## 29T. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

*(i) (a) Riosca creidmheasa bainteach le ciste*

Féach ar nóta 23 le haghaidh anailíse ar pholasaithe an Ghrúpa maidir le riosca creidmheasa bainteach le ciste. Glacann an Chuideachta leis na cuspóirí, na polasaithe agus na próisis sin chomh maith.

*(i) (b) Riosca creidmheasa bainteach le trádáil*

Féach ar nóta 29H, le do thoil, le haghaidh anailíse ar nochtadh na Cuideachta do riosca creidmheasa bainteach le trádáil.

**(ii) Riosca maoinithe agus leachtachta**

Féach ar nóta 23 le haghaidh sonraí faoi spriocanna, pholasaithe agus phróisis an Ghrúpa chun maoiniú agus riosca leachtacha a bhainistiú agus faoi na modhanna a úsáidtear chun riosca leachtachta a thomhas. Glacann an Chuideachta leis na cuspóirí, na polasaithe agus na próisis sin chomh maith.

Féachann an Chuideachta chuig cinntiú go bhfuil saoráidí tiomanta i bhfeidhm aici chun 120% de riachtanais lárnacha réamh-mheasta a chlúdach thar thréimhse ionchasach d'aon bhliain amháin agus go socraítear saoráidí le cúnaint chuí airgeadais agus oibriúcháin chun cinntiú go bhfuil neart solúbthachta ag an lucht bainistíochta agus a ghnó á oibriú aige. Ar an 31 Nollaig 2020, bhí €1,595.6 milliún de shaoráidí tiomanta ag an gCuideachta (2019: €1,583.2 milliún). Ba é luach na n-iasachtaí (gan léasaí san áireamh) ar an 31 Nollaig 2020 ná €1,134.4 milliún (2019: €1,184.0 milliún).

Is ionann na nithe seo a leanas agus aibíocht chonarthach na ndliteanas airgeadais (agus na sócmhainní den chineál céanna), lena n-áirítear an íocaíocht úis neamhlascainithe a bhaineann le hiasachtaí agus an glansreabhadh airgid neamhlascainithe inchurtha i leith na n-ionstraimí airgeadais. Cuimsíonn an nochtadh insreabhadh agus eis-sreabhadh airgid le haghaidh díorthach a bhfuil ollsocraíocht airgid chomhuaineach ag gabháil leo, e.g. reámhchonarthaí i malairt eachtrach.

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean)

## 29T. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

| | Méid glanluacha | Sreafaí airgid conarthacha | < 1 bhliain | 1-2 bhliain | 2-5 bliana | <5 bliana |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Ar an 31 Nollaig 2020** | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | (1,137,714) | (1,237,179) | (128,745) | (10,314) | (330,663) | (767,457) |
| Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile | (41,063) | (41,063) | (35,875) | (5,188) | - | - |
| **Dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha** | **(1,178,777)** | **(1,278,242)** | **(164,620)** | **(15,502)** | **(330,663)** | **(767,457)** |
| Babhtálacha ráta úis | (132) | (266) | (266) | - | - | - |
| Babhtálacha trasairgeadra ráta úis | 4,247 | 5,628 | 5,628 | - | - | - |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | 24 | 24 | 24 | - | - | - |
| **Glansócmhainní airgeadais díorthacha** | **4,139** | **5,386** | **5,386** | **-** | **-** | **-** |
| **Glandliteanais airgeadais** | **(1,174,638)** | **(1,272,856)** | **(159,234)** | **(15,502)** | **(330,663)** | **(767,457)** |
| **Ar an 31 Nollaig 2019** | | | | | | |
| Iasachtaí agus fiachas eile | (1,187,521) | (1,306,131) | (59,111) | (139,546) | (331,751) | (775,723) |
| Trádáil agus Suimeanna Iníoctha Eile | (67,320) | (67,320) | (62,173) | - | (5,147) | - |
| **Dliteanais airgeadais neamhdhíorthacha** | **(1,254,841)** | **(1,373,451)** | **(121,284)** | **(139,546)** | **(336,898)** | **(775,723)** |
| Babhtálacha ráta úis | (395) | (501) | (353) | (148) | - | - |
| Babhtálacha trasairgeadra ráta úis | 16,157 | 20,353 | 4,488 | 15,865 | - | - |
| Conarthaí ráta malartaithe eachtraigh | (53) | (53) | (53) | - | - | - |
| **Glansócmhainní airgeadais díorthacha** | **15,709** | **19,799** | **4,082** | **15,717** | **-** | **-** |
| **Glandliteanais airgeadais** | **(1,239,132)** | **(1,353,652)** | **(117,202)** | **(123,829)** | **(336,898)** | **(775,723)** |

**(iii) Riosca margaidh**

Féach ar nóta 23 le haghaidh sonraí faoi spriocanna, pholasaithe agus phróisis an Ghrúpa chun riosca margaidh a bhainistiú agus faoi na modhanna a úsáidtear chun riosca margaidh a thomhas. Glacann an Chuideachta leis na cuspóirí, na polasaithe agus na próisis sin chomh maith.

*(iii) (a) Riosca an ráta malairte*

Eascraíonn riosca an ráta malairte ón bhfíric go ndéantar cuid d'oibríochtaí na Cuideachta in airgeadraí eile seachas euro (steirling go príomha). Is é an cuspóir atá i gceist agus riosca ráta malairte á bhainistiú ná brabúsacht a chosaint agus tionchar na n-éagsúlachtaí ábhartha mar gheall ar ghluaiseachtaí sa ráta malairte a íoslaghdú.

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean)

## 29T. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

Baineann an nochtadh féideartha do riosca ráta malairte le nochtadh an idirbhirt agus le fiachas in airgeadra eachtrach mar atá nochta i ráitis airgeadais an Ghrúpa (nóta 23).

### Anailís ar íogaire ráta malairte

Dá n-éireodh an euro níos láidre nó níos laige, mar a léirítear thíos, i gcomparáid le steirling ar an 31 Nollaig, thiocfadh méadú/(laghdú) ar ioncam cuimsitheach eile agus ar bhrabús nó caillteanas den mhéid a thaispeántar thíos. Tá an anailís seo bunaithe ar neamhréireanna sa ráta malairte, a mheas an Grúpa go réasúnach go bhféadfaidís a bheith ann ag an dáta tuairiscithe. Glacann an anailís leis go bhfanann na neamhréireanna eile ar fad, go háirithe rátaí úis, seasta agus déanann sí neamhshuim de thionchar na ndíolachán agus na gceannachán a bhfuiltear ag súil leo.

| | Brabús roimh ghnóthachan/(caillteanas) cánachais | Ioncam Cuimsitheach eile | Brabús roimh ghnóthachan/(caillteanas) cánachais | Ioncam Cuimsitheach eile |
|---|---|---|---|---|
| | 31-Noll-20 | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 | 31–Noll-19 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Láidriú 5% | (199) | - | (259) | - |
| Lagú 5% | 199 | - | 259 | - |

Rinneadh na tuairimí seo a leanas bunaithe ar an anailís íogaireachta thuas:

- bíonn tionchar ag athruithe ar luach anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthacha nach bhfuil i ngaolmhaireacht fhálaithe ar an ráiteas ioncaim amháin, agus
- bíonn tionchar ag athruithe ar luach anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthacha ar fhálta sreabhaidh airgid iad ar ioncam cuimsitheach eile amháin.

*(iii) (b) Riosca an rátaí úis*

Féach ar nóta 23 le haghaidh sonraí faoi spriocanna, pholasaithe agus phróisis an Ghrúpa chun riosca ráta úis a bhainistiú agus faoi na modhanna a úsáidtear chun riosca ráta úis a thomhas. Glacann an Chuideachta leis na cuspóirí, na polasaithe agus na próisis sin chomh maith.

Seo a leanas an céatadán d'fhiachas ráta sheasta agus luainigh na Cuideachta (gan dliteanais léasa san áireamh) ar an 31 Nollaig:

| | 2020 | 2020 | 2019 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | % | €'000 | % |
| Ag rátaí seasta[1] | (1,034,553) | 91.2% | (1,044,495) | 88.2% |
| Ag rátaí comhlúthacha | (99,846) | 8.8% | (139,470) | 11.8% |
| **Iomlán** | **(1,134,399)** | **100.0%** | **(1,183,965)** | **100.0%** |

[1] agus malairtí san áireamh.

Bhí €922.4 milliún d'fhiachas ag ráta sheasta ag an gCuideachta (gan babhtálacha ráta úis san áireamh) ar an 31 Nollaig 2020 (2019: €921.9 milliún).

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean)

## 29T. Bainistíocht Riosca Airgeadais agus Ionstraimí Airgeadais (ar lean)

Ar an 31 Nollaig 2020, bhí US$140 milliún ag an gCuideachta (2019: US$140 milliún) d'fhiachas ráta sheasta gan íoc ag an nGrúpa (coibhéis €111.2 (2019: €111.2 milliún) in idirbheart Láithrithe Phríobháideach dollair Mheiriceá a tugadh chun críche ar 31 Márta 2009. D'fhonn na neamhchosaintí ar rátaí malairte dollair US bainteacha a fhálú agus na bunrátaí úis a thiontú chuig euro comhlúthach, tá babhtáil thrasairgeadra ráta úis ag an gCuideachta a dhéanann próifíl aibíochta an fhiachais a mheaitseáil. Ar an 31 Nollaig 2020, bhí babhtálacha ráta úis gan íoc ag an gCuideachta le príomhshuim bharúlach de €111.2 milliún, rud a thosaigh i H2 2017 agus rinneadh iad a bhabhtáil ar feadh ceithre bliana, rud a dhaingnigh an ionstraim fiachais Láithrithe Phríobháidigh go héifeachtach go dtí go dtiocfadh sí in aibíocht i Márta 2021.

Ar an 31 Nollaig 2020, ba é meánráta úis ualaithe na punainne fiachais seasta ná 1.33% (2019: 1.33%) a chuimsigh trí bhanna de €922.4 milliún agus an Láithriú Príobháideach SAM le coibhéis euro de €111.2 milliún.

Rinneadh rátaí úis ar iasachtaí ráta athraithigh a athshocrú ar bhonn tréimhsiúil ar feadh aon, trí nó sé mhí thar an ngnáthráta margaidh.

*Anailís ar shreabhadh airgid um fhiachas ráta chomhlúthaigh*

Is í aidhm na mbeartas agus na bpróiseas um bainistiú agus rialú riosca ráta úis ná laghdú a dhéanamh ar thionchar luaineachta gearrthéarmacha sa ráta úis ar thuilleamh. Mar sin féin, beidh tionchar ag athruithe fadtéarmacha ar rátaí úis ar thuilleamh na Cuideachta.

Meastar go mbeadh tionchar ag gluaiseacht 50 bonnphointe i rátaí úis ar an 31 Nollaig ar bhrabús roimh chánachas de réir na méideanna atá taispeánta thíos, agus go mbeadh an t-athrú luach cóir ar fhálta sreafa airgid agus a dtionchar ar ioncam cuimsitheach eile mar atá taispeánta thíos:

| | Brabús roimh ghnóthachan/ (chaillteanas) cánachais | | Ioncam Cuimsitheach eile | |
|---|---|---|---|---|
| | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Méadú 50 bp | (499) | (28) | - | - |
| Laghdú 50 bp | 499 | 20 | - | - |

Rinneadh na tuairimí seo a leanas bunaithe ar an anailís íogaireachta thuas:

- fanann gach athróg eile, rátaí airgeadra eachtraigh ach go háirithe, mar an gcéanna,
- ní bhaineann ach le hionstraimí airgeadais díorthacha agus fiachas comhlúthach,
- glactar leis go bhfuil díorthaigh arna sainiú mar fhálta sreafa airgid i gcoinne gluaiseachtaí i rátaí úis éifeachtach go hiomlán, arna dtaifeadadh go hiomlán laistigh de ghnáthscaireanna agus gan aon tionchar acu ar bhrabús ná ar chaillteanas,
- bíonn tionchar ag athruithe ar luach anonn na n-ionstraimí airgeadais díorthacha nach bhfuil i ngaolmhaireacht fhálaithe ar an ráiteas ioncaim amháin, agus
- déileáiltear leis an gcéim chomhlúthach d'aon mhalairt nó aon fhiachas ráta chomhlúthaigh amhail is nach mbeadh aon ráta úis socraithe cheana féin, mar sin bíonn tionchar ag athrú ar rátaí úis ar feadh 12 mí don chion úis fhabhraithe de na ríomhanna íogaireachta.

A mhalairt de thionchar a bhíonn ag méadú/laghdú de 50 bonnphointe ar an ráiteas ioncaim, ach níl sé comhionann ó thaobh méide toisc go mbíonn tionchar freisin ag na hathruithe ráta ar anailís íogaireachta ar na cuair lascaine arna n-úsáid le haghaidh na sreafaí airgid ábhartha do dhíorthaigh ráta úis.

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean)

## 29U. Páirtithe Gaolmhara

Is é Ervia máthairchuideachta deiridh Líonraí Gáis Éireann agus is comhlacht corparáideach é atá bunaithe faoin Acht Gáis 1976. Tá Ervia 100% faoi úinéireacht thairbheach Stát na hÉireann agus dá bharr sin tá Líonraí Gais Éireann ina pháirtí gaolmhar le Rialtas na hÉireann.

Cosúil le go leor eintiteas eile, déileálann an Chuideachta i ngnáthchúrsa a gnó le comhlachtaí eile atá urraithe ag an Rialtas, ar nós an Bord Soláthair Leictreachais, Eirgrid agus Údaráis Áitiúla. Freisin déanann an Chuideachta idirbhearta le bainc Éireannacha áirithe atá rialaithe go hiomlán nó i bpáirt ag Rialtas na hÉireann. Is de réir gnáth-théarmaí tráchtála a dhéantar idirbhearta go léir na Cuideachta leis na bainc sin. Ní raibh aon chomhchruinniú ábhartha iasachtaí ná taiscí ag an gCuideachta le haon bhanc den sórt sin i rith na bliana ná ar an 31 Nollaig 2020.

Ní raibh aon leasanna tairbhiúla ag comhaltaí an Bhoird sa Chuideachta ag aon uair i rith na bliana ná ar an 31 Nollaig 2020.

Tá luachanna idirbhirt ioncaim/(speansais) na bpáirtithe gaolmhara le haghaidh 2020 agus 2019 sonraithe thíos:

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| **Ervia** | (i) | | |
| Costais idirbhirt agus chomhaontú seirbhíse tacaíochta | (i) (a) | (25,993) | (27,074) |
| Díbhinní | (i) (b) | (47,283) | (54,404) |
| | | **(73,276)** | **(81,478)** |
| **Fochuideachtaí** | (iii) | | |
| Costais idirbhirt agus chomhaontú seirbhíse tacaíochta | (iii) (a) | 3,318 | 3,432 |
| Ioncam úis | (iii) (b) | 1,845 | 3,238 |
| Seirbhísí iompair soláthair | (iii) (c) | (41,364) | (42,886) |
| | | **(36,201)** | **(36,216)** |

Tá iarmhéideanna infhaighte/(iníoctha) na bpáirtithe gaolmhara sonraithe thíos:

| | | 31-Noll-20 | 31–Noll-19 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| Ervia | (i) | (12,782) | (36,765) |
| Uisce Éireann | (ii) | 19 | 845 |
| Fochuideachtaí | (iii) | 129,088 | 158,646 |
| | | **116,325** | **122,726** |

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean)

## 29U. Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

**(i) Máthairghnóthas deiridh**

*(a) Costais idirbhirt agus chomhaontú seirbhíse tacaíochta*

Soláthraíonn Grúpa Ervia seirbhísí straitéiseacha, rialála, bainistíochta riosca, seachadta caipitil agus seirbhísí idirbhirt agus tacaíochta do Ghrúpa Líonraí Gáis Éireann, trí rannáin ghnó Ervia; Ionad Grúpa, Réimse Mórthionscadal, Slabhra Soláthair agus Ionad Seirbhísí Gnó. Dearadh an t-Ionad Seirbhísí Gnó chun seirbhísí idirbheartaíochta agus tacaíochta a sholáthar sna réimsí Airgeadas, Soláthar, Saoráidí, Árachas, Bainistíocht Tionscadal, AD agus TF.

*(b) Díbhinní*

Dhearbhaigh agus d'íoc an Chuideachta díbhinn bhliantúil de €47.3 milliún le Ervia le linn 2020 (2019: €54.4 milliún). I 2018, dhearbhaigh an Chuideachta díbhinn bhliantúil de €54.2 milliún agus d'íoc sí €49.1 milliún agus tá €5.1 milliún eile iníoctha i 2023 (le hús cuí). I mí an Mhárta 2021, d'fhaomh an Chuideachta dearbhú agus íoc díbhinne bliantúil de €15.4 milliún le Ervia le haghaidh na bliana airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020, faoi réir Ráitis Airgeadais 2020 de chuid Ervia a bheith tugtha faoi deara ag an Rialtas.

*(c) Costais pinsin*

Oibríonn Ervia scéimeanna pinsin sochair shainithe agus ranníocaíochta sainithe araon. Glacann roinnt fostaithe de chuid na Cuideachta páirt sna scéimeanna sin. Tugtar cuntas i leith na scéime sochair sainithe mar Phlean Grúpa i gcomhréir le IAS 19. Aithníonn Ervia, mar an fostóir urraithe don phlean, an glanchostas sochair sainithe, agus ní aithníonn an Chuideachta ach an costas as ranníocaíochtaí iníoctha don bhliain i dtaobh fhostaithe na Cuideachta. Déantar na ranníocaíochtaí atá iníoctha i dtaobh na Scéime Ranníocaíochta Sainithe de chuid Ervia a mhuirearú ar bhrabús nó ar chaillteanas sna blianta a gcuireann fostaithe na Cuideachta seirbhísí ar fáil lena linn.

Le linn na bliana, ba é méid iomlán na ranníocaíochtaí a bhí iníoctha i dtaobh fhostaithe na Cuideachta ná €5.6 milliún (2019: €5.4 milliún). Tá na costais sin ináirithe i gcostas sochair fostaí na Cuideachta, leagtha amach i nóta 5.

*(d) Costais caiteachais chaipitil tabhaithe ag Grúpa Ervia agus athmhuirearaithe ar Líonraí Gáis Éireann.*

Déanann an Chuideachta idirbhearta le Grúpa Ervia i dtaobh tionscadail chomhfhóntais, a sholáthraítear go lárnach agus a sholáthraítear ag gnó, lena n-áirítear na costais phárolla a thabhaíonn an réimse Mórthionscadal Déantar na costais atá inchurtha go díreach i leith Líonraí Gáis Éireann a athmhuirearú ar bhonn míosúil agus gan aon fhorchostas ná corrlach curtha i bhfeidhm ag Grúpa Ervia. Ba é méid na gcostas caiteachais chaipitil a rinneadh a athmhuirearú ar Líonraí Gáis Éireann i 2020 ná €7.4 milliún (2019: €6.7 milliún).

**(ii) Uisce Éireann**

Meastar gur páirtí gaolmhar leis an gCuideachta é Uisce Éireann (mar atá cur síos air i nóta 26).

*Comhfhiontair*

I ngnáthchúrsa a chuid gnó, déanann Uisce Éireann idirbhirt leis an gCuideachta i dtaobh a gcomhthionscadail fóntais. Ní chuireann na cuideachtaí aon fhorchostas ná corrlaigh i bhfeidhm, agus mar sin déantar costais arna dtabhú a athmhuirearú go díreach. Idirbhearta caipitil atá i ngach idirbheart. Tá iarmhéideanna amuigh i dtaobh na n-idirbheart sin curtha san áireamh sa tábla thuas.

# Nótaí a ghabhann le Ráitis airgeadais na cuideachta (ar lean)

## 29U. Páirtithe Gaolmhara (ar lean)

**(iii) Fochuideachtaí**

Ina theannta sin chuaigh an Cuideachta isteach in idirbhearta le fochuideachtaí i ngnáthchúrsa an ghnó le linn na bliana mar seo a leanas:

*(a) Costais idirbhirt agus chomhaontú seirbhíse tacaíochta*

Féach ar (iv) (b) le haghaidh cur síos ar na seirbhísí arna bhfáil ó Ervia agus arna n-athmhuirearú ar fhochuideachtaí, de réir mar is cuí.

*(b) Ioncam úis*

Bhí ioncam úis ag an gCuideachta ó fhochuideachtaí ag eascairt ó shaoráidí iasachta idirchuideachta.

*(c) Seirbhísí iompair*

Le linn na bliana, cheannaigh an Chuideachta seirbhísí agus soláthairtí de €41.4 milliún san iomlán (2019: €42.9 milliún) ó fhochuideachta Bhain an caiteachas sin le seirbhísí iompair go príomha.

## 29V. Nochtuithe faoi Acht na gCuideachtaí

**(a) Luach Saothair Iniúchóir Cuideachta LGÉ**

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Luach saothair an iniúchóra | | |
| - iniúchadh ar ráitis airgeadais na Cuideachta | (109) | (108) |
| - seirbhísí árachais eile | (27) | (27) |
| – seirbhísí comhairleacha cánach | - | - |
| - seirbhísí eile seachas seirbhísí iniúchóireachta | - | (60) |
| **Iomlán** | **(136)** | **(195)** |

**(b) Nochtuithe Párolla faoi Acht na gCuideachtaí**

I 2020 rinneadh fostaithe áirithe de chuid Líonraí Gáis Éireann a athlonnú chuig Seirbhísí Gnó Ervia (aonad gnó laistigh d'eintiteas reachtúil Ervia). Soláthraíonn Seirbhísí Gnó Ervia seirbhísí tacaíochta láraithe, go Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann go príomha.

I gcomhréir le IAS 19, tuairiscítear ar agus nochtar costais ghaolmhara phárolla agus costais sochair fhostaí eile na ndaoine sin agus nochtar iad i ráitis airgeadais Mháthairchuideachta agus Ghrúpa Ervia agus ní thuairiscítear iad i Ráiteas Ioncaim neamhspleách Líonraí Gáis Éireann.

I gcomhréir le ceanglais Alt 317 d'Acht na gCuideachtaí 2014, áfach, tá an líon gaolmhar fostaithe agus na costais phárolla arna dtabhú ag Seirbhísí Gnó Ervia, ach áit a bhfanann na conarthaí fostaíochta le Líonraí Gáis Éireann curtha san áireamh sa nochtadh thíos. Is é líon na bhfostaithe athlonnaithe i rith 2020 ná 31 (2019: 31) agus is ionann na costais phárolla ghaolmhara atá taifeadta i ráiteas ioncaim Ervia, ach atá nochta thíos ná €3.8 milliún (2019: €3.4 milliún).

## 29V. Nochtuithe faoi Acht na gCuideachtaí

*(i) Sochair chomhiomlána fhostaí*

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Sochair ghearrthéarmacha foirne | (46,970) | (44,012) |

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Sochair iarfhostaíochta | (6,035) | (5,727) |
| Costais árachais sóisialta | (5,089) | (4,794) |
| | **(58,094)** | **(54,533)** |
| Párolla caipitlithe | 9,479 | 9,933 |
| **Costais shochair fostaí arna mhuirearú ar an gcuntas brabúis agus caillteanais** | **(48,615)** | **(44,600)** |

*(ii) Sochair ghearrthéarmacha foirne*

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Pá agus tuarastail | (44,163) | (41,274) |
| Ragobair | (1,125) | (1,058) |
| Liúntais | (698) | (753) |
| Eile[1] | (984) | (927) |
| **Iomlán** | **(46,970)** | **(44,012)** |

[1] Áirítear le sochair ghearrthéarmacha fhostaí eile go príomha sochair bhuana árachais sláinte agus saoil agus liúntais taistil inchánach.

Cuirtear na costais phárolla de €3.8 milliún (2019: €3.4 milliún) atá san áireamh sa nochtadh thuas san áireamh sa speansas sochair fhostaí de chuid Mháthairchuideachta Ervia mar atá €56.3 milliún (2019: €51.9 milliún) mar atá leagtha amach i nóta 26. Déantar na costais sin a athmhuirearú chuig Líonraí Gáis Éireann agus Uisce Éireann mar is cuí i gcomhréir leis an mbonn um chionnroinnt na gcostas oibriúcháin de chuid Mháthairchuideachta Ervia leagtha amach ar bhealach níos sonraí i nóta 26.

Ba é meánlíon na bhfostaithe ag a raibh conradh fostaíochta le Líonraí Gáis Éireann le haghaidh na bliana ná 577 (2019: 563).

Líonraí Gáis Éireann